RTÉ

**Súil Siar ar an mBliain**
Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2020



# fiosrú, tuairiscíocht, léargas, eolas, siamsa & ceiliúradh








# Inniu, amárach, le chéile

Is é RTÉ eagraíocht náisiúnta meán cumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann – ar an teilifís, ar an raidió, ar líne agus ar ghléasraí soghluaiste.

An 60ú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa don mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 arna gcur faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de réir alt 109 agus alt 110 den *Acht Craolacháin 2009*.

**Is féidir leagan Béarla den Tuarascáil a íoslódáil ó www.rte.ie/annualreport**


| | |
|---|---|
| 02 | **Aisling, Misean agus Luachanna** |
| 03 | **RTÉ: Figiúirí na Bliana** |
| 04 | **RTÉ: Buaicphointí na bliana 2020** |
| 16 | **Ráiteas an Chathaoirligh** |
| 18 | **Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra** |
| 20 | **Athbhreithniú Airgeadais** |
| 29 | **RTÉ: Seo Sinne** |
| 30 | **RTÉ: Ábhar na bliana 2020** |
| 50 | **RTÉ: Duaiseanna na bliana 2020** |
| 52 | **RTÉ: Obair na bliana 2020** |
| 64 | **Dáileadh, Digiteach, Soláthar** |
| 70 | **Eolas Staitistice** |
| 78 | **Bord RTÉ** |
| 82 | **An Lucht Feidhmiúcháin** |
| 84 | **Rialachas Corparáide** |
| 92 | **Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird** |
| 93 | **Ráiteas faoi Chúraimí an Bhoird** |
| 94 | **Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách** |
| 96 | **Ráitis Airgeadais** |
| 103 | **Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa** |
| 151 | **Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Polasaithe Cuntasaíochta** |
| 158 | **Gealltúintí Feidhmíochta 2020** |
| 163 | **Eolas Tuairiscithe agus Staitistice Eile** |
| 165 | **Stair Airgeadais** |

# aisling

**A bheith ina chrann seasta do cultúr na hÉireann trí spéis an lucht féachana agus éisteachta a mhealladh is a shásamh le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach; trí iléagsúlacht ildánach dhomhain na tíre a cheiliúradh; agus trí inniúlacht cumas mhuintir na hÉireann a chothú.**

# misean

**Cur le saol na hÉireann le hábhar dúshlánach atá ina lón machnaimh, díospoíreachta, foghlama agus siamsaíochta.**

# luachanna

**Beidh dearcadh oscailte, ilbhreathnaitheach ag RTÉ, an eagraíocht agus na daoine san eagraíocht sin, agus beidh tréithe na cruthaitheachta, an mheasa, na hinmharthanachta agus na freagrachta, na comhoibríochta agus na trédhearcachta ag rith leo, treíthe a léireoidh chomh maith na hiompraíochtaí seo leanas:**

**An Dercadh Ilbhreathnach**
Tuiscint domhain a léiriú ar an lucht éisteachta agus féachana agus ar a gcuid riachtanas. Am agus dua a chaitheamh le súil a choinneáil ar na hathraithe a thagann ar thírdhreach na meán.

**Cruthaitheacht**
A bheith acmhainneach nuálach i mbun lón ábhair a chruthú. A bheith cróga, sásta dul i bhfiontar agus sásta ciall a cheannach nuair nach n-éiríonn le beart.

**Meas**
Déileáil le daoine, baill foirne agus a gcuid páirtnéirí san áireamh, le teann measa, fiú nuair nach é sin is furasta. Muinín a chothú trína bheith cóir, cothrom, macánta maidir le cinntí a dhéantar.

**Inmharthanacht agus Freagracht**
Bainistíocht fhreagrach a dhéanamh ar an ngnó. A bheith freagrach dá chéile taobh istigh de RTÉ agus don lucht éisteachta agus féachana agus do na geallsealbhóirí.

**An Comhar**
Oibriú le chéile agus beocht a chur in eagraíocht 'Aon RTÉ Amháin'. Oibriú i gcomhar le páirtnéirí chun riachtanais lucht féachana agus éisteachta RTÉ a shásamh.

**Trédhearcacht**
Cinntí a dhéanamh ar bhealach trédhearcach oscailte.
Na cúiseanna le bearta a lua go neamhbhalbh.

## RTÉ: Figiúirí na Bliana

### 36%
Tháinig forás 36% ar an úsáid as RTÉ Player agus ceanglaíodh níos mó ná 67.5 milliún sruth.

### 90%
RTÉ a bhí ar an gcéad rogha ag 90% de mhuintir na hÉireann maidir le heolas faoi phaindéim Covid-19 i rith na bliana 2020.

### 100
D'oibrigh RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona le níos mó ná 140 imeacht ealaíon ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus pobail i rith na bliana 2020.

### 271,000
Tá eagrán méadaithe na Nollag den *RTÉ Guide* ina dhíol iontais i saol na foilsitheoireachta in Éirinn i gcónaí agus díoladh beagnach 271,000 cóip.

### 1,400,000
Bhí aird ag 1.4 milliún duine ar *RTÉ Does Comic Relief* agus bailíodh níos mó ná €5.8 milliún.

### 2,004,000
Bhí breis agus 2 mhilliún ag éisteacht le raidió RTÉ gach seachtain i rith na bliana 2020, 51% den lucht éisteachta fásta (15+).

### 4,000,000
Bhí beagnach 4 mhilliún duine nó 90% de lucht féachana teilifíse na hÉireann ag faire ar sheirbhísí teilifíse RTÉ i rith thréimhse tosaigh na paindéime (2 Márta –17 Bealtaine 2020).



# Bhí na mílte i mbun spraoi le *#RTEVirtualParade* ar Lá Fhéile Pádraig.



# Tháinig na mílte eile le chéile le RTÉ chun solas a lonrú do *#ShineALight*.





# Mealladh páistí (agus tuismitheoirí) chuig *RTÉ Home School Hub*.






# Bhreathnaigh 1.7 milliún duine ar *The Late Late Toy Show* ar ardáin RTÉ.





# Cothaíodh dlúthpháirtíocht agus teacht aniar leis an togra ealaíne *Illuminations*.





# B’ábhar mór méala ag RTÉ bás Marian Finucane a fhógairt i mí Eanáir.





# Ráiteas an Chathaoirligh

Bhí cuid mhór codarsnachta ag baint leis an mbliain 2020, bliain na paindéime. An tráth céanna a rabhthas ag aimsiú bealaí chun dul i ngleic leis na deacrachtaí agus na tubaistí a tharraing an víreas, bhí modhanna nua smaointeoireachta, seifteanna nua agus bealaí nua cumarsáide ag teacht chun tosaigh chomh maith le cineálacha nua den chomhpháirtíocht phobail.

Bhí géarghá leis na meáin chumarsáide mar fhoinse eolais; go deimhin, nuair ba dhéine an dianghlasáil, bhí siad ina gcomhluadar riachtanach ag daoine. Is mór an t-ábhar bróid dom gur léir ó na sonraí maidir le lucht féachana agus éisteachta go raibh RTÉ ag croílár tráthanna cinniúnacha náisiúnta ceann i ndiaidh a chéile i rith na bliana, ag tabhairt daoine le chéile, ag tabhairt soiléiriú dóibh agus ag cumasú an phobail tríd an t-ardán ar leith atá ag na meáin chumarsáide phoiblí.

Thug an phaindéim ar RTÉ freisin scrúdú a dhéanamh ar a struchtúir oibriúcháin agus modhanna nua oibre a leagan amach a sheasfadh aon ghéarchéim. Le tacaíocht an Bhoird, lean RTÉ dá phlean chun bonn seasmhach a chur faoi ghnóthaí airgeadais na heagraíochta. Leanadh chomh maith de shainchúram RTÉ a mheas agus muid ag féachaint leis an réimse seirbhísí agus ábhair is fearr is féidir a choinneáil don lucht éisteachta agus féachana in Éirinn i bhfianaise ísliú a bheith tagtha ar mhaoiniú agus ar theacht isteach. Chuir an obair smaointeoireachta seo dlús an athuair le plé a raibh géarghá leis faoin méid atá i gceist le meáin chumarsáide seirbhíse poiblí. Bhí bunús soiléir anois, sa bhfíorshaol, leis na hargóintí ar son infheistíochta, chosaint agus chaomhnú na meán cumarsáide poiblí de bharr na paindéime.

Cé gur cuireadh dlús, mar gheall ar Covid-19, le bearta athraithe agus digitithe, géaraíodh chomh maith ar na dúshláin a bhaineann le hiriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta. De réir mar atáthar ag dul i ngleic le ré nua agus a mbeidh i gceist leis ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, eagarthóireachta agus cruthaitheachta de do na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí, tá sé fíor-thábhachtach a chinntiú go mbeidh tuiscint ag an lucht féachana agus éisteachta, ag lucht reachtaíochta agus ag lucht rialtóireachta ar an ról cinniúnach atá ag na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí aimsir géarchéime náisiúnta agus tá an Bord tugtha i gcónaí don tuiscint sin a chothú. Ní mór do na meáin chumarsáide phoiblí, má tá siad chun teacht slán, solúbthacht agus forbairt leanúnach a léiriú. Ar bhealaí go leor, agus sinn ar tí tabhairt faoin ré iar-Covid, níl an t-athrú ó bhonn seo ach ina thús.

Agus ár n-intinn dírithe ar an méid sin, ní fhéadfadh obair an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán maidir leis na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí in Éirinn a bheith i mbun gnó ag tráth níos cinniúnaí. Beidh an lorg a fhágfaidh na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí ar an nglún atá le teacht agus ar a bhfuil i ndán do RTÉ ag brath ar thoradh athbhreithniú an Choimisiúin. Leanann i gconaí an t-idirphlé leis an gCoimisiún agus táthar ag tnúth le toradh an athbhreithnithe i rith na bliana 2021.

Faraor, bhí ábhar méala ag pobal RTÉ féin i rith na bliana 2020 freisin. An t-am seo anuraidh, agus bás Gay Byrne á thabhairt chun cuimhne, d'áitigh mé nach raibh ceist ach go raibh sé tugtha don tseirbhís phoiblí le linn a shaoil. Tá an rud céanna le rá anois maidir le oidhreacht Marian Finucane, le Larry Gogan agus le Keelin Shanley, ar léirigh an méid ar bhain siad amach agus iad i mbun seirbhíse dúinne, saoránaigh na tíre, agus don náisiún, an tábhacht agus an carachtar ar leith a bhaineann leis na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí dúinn go léir.

Sa bhliain 2020 tháinig bá agus comhthuiscint chun tosaigh an athuair mar bhuntréithe agus mar thréithe sainiúla a aithnítear leis na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí. Léirigh an lucht féachana agus éisteachta, níos soiléire ná riamh, na nithe a bhfuil luach acu orthu, agus gá acu leo ón gcraoltóir náisiúnta. Leanfaidh muid orainn ag forbairt agus ár gcur féin in oiriúint chun na riachtanais sin a shásamh, agus beimid níos láidre fós nuair a bheidh an ghéarchéim curtha dínn againn agus muid ag cinntiú go mbeidh luach saothair ag pobal an náisiúin ar an bhfoighne stócúil atá léirithe acu.

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**“inar tugadh an pobal le chéile, inar cuireadh soiléireacht ar fáil agus ar cumhachtaíodh na daoine mar gheall ar an seasamh ar leith atá ag na meáin chumarsáide phoiblí”**



# Súil Siar an Phríomh-Stiúrthóra

Leagtar cúraimí faoi leith ar RTÉ ina ról mar mheáin chumarsáide náisiúnta seirbhíse poiblí. I gcroílár na gcúraimí sin, tá an dualgas chun seirbhís chuimsitheach neamhchlaonta nuachta a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann, chomh maith le siamsaíocht, eolas agus oideachas a chur ar fáil. Ní raibh na dualgais sin chomh riachtanach ná chomh soiléir riamh agus a bhí i rith na bliana 2020.

Nuair a bhí an tír ar fad i gcruachás, chas gach aoisghrúpa den lucht éisteachta agus féachana ar an gcraoltóir náisiúnta chun eolas, comhairle, siamsaíocht, comhluadar, caitheamh aimsire agus caidreamh chultúir a sholáthar. Tráth a bhfuil míthreoir agus mí-eolas á scaipeadh, chuaigh na milliúin de shaoránaigh na hÉireann i muinín na meán cumarsáide seirbhíse poiblí níos mó ná riamh. Is léir ó thorthaí taighde a rinneadh go neamhspleách gur chuig Nuacht RTÉ a chuaigh 90% de na daoine chun teacht ar eolas ríthábhachtach i rith na bliana 2020; dhearbhaigh taighde B&A go ndúirt ceathrar as gach cúigear a cuireadh faoi shuirbhé go raibh seirbhísí teilifíse nó raidió RTÉ á n-úsáid acu chun eolas a fháil. Thug 76% le fios gur mó iontaoibh a bheadh acu as na foinsí sin ná as aon fhoinse eile.

Agus muid ag breathnú siar anois air, is ábhar iontais gur éirigh le RTÉ sceidil iomlána a choinneáil ar an aer do na seirbhísí ar fad i rith na bliana 2020, agus gur cuireadh leis an gcraoladh nuair a bhí gá leis le cláracha beo sa bhreis agus le cláracha nua freisin. Cé gurbh éigean an obair léiriúcháin ar chláracha áirithe a chur ar athlá nó a laghdú mar gheall ar shrianta sláinte poiblí, rinneadh coimisiúnú ar chláracha ábhartha eile le sprioc amanna fíor-dhochta. Ní raibh sé éasca beag ná mór seasmhacht agus toradh saothair ar an leibhéal sin a thabhairt i gcrích nuair a bhí oiread de dhúshlán i gceist. Is ábhar mór mórtais agam an díograis agus an dúthracht a chaith an lucht foirne agus ár bpáirtnéirí in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha le teacht ar sheifteanna agus ar mhodhanna oibre nua chun a chinntiú gur cuireadh seirbhísí ar fáil do mhuintir na hÉireann le teann cruthaitheachta, samhlaíochta agus díocais.

Léirigh taighde a rinneadh i lár na bliana gur aithin an pobal RTÉ ar an mbranda is mó a thug tacaíocht do mhuintir na tíre le linn ghéarchéim Covid-19. A bhuíochas sin don solúbacht a chleachtaigh RTÉ i rith na bliana 2020. Le *Ireland on Call*, *RTÉ Home School Hub* agus *Illuminations* chomh maith le *#RTEVirtualParade*, *Letters from Lockdown*, *RTÉ Does Comic Relief* i bhfianaise an lucht féachana ab airde riamh don *Late Late Toy Show,* chuir RTÉ ábhar tábhachtach ar fáil don lucht éisteachta agus, go deimhin, ábhar a bhí riachtanach mar thacú dúinn agus muid ag streachailt le bliain nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Léirigh leithéidí *Shine a Light*, an iliomad ceoil a bhí i gceartlár an aonaigh ar an *Late Late Show*, chomh maith leis na taifid a rinneadh in ionaid chultúir ar fud na tíre mar chuid den tsraith *Courage,* agus an fhilíocht agus an scríbhneoireacht nua a craoladh ar an raidió, ar líne agus ar an teilifís, chomh tábhachtach is atá na healaíona dár lucht féachana agus éisteachta, agus léirigh sé chomh mór is a bhí siad ag brath ar na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí chun iad a thabhairt le chéile mar aon phobal amháin agus iad a bhí dírithe ar an sprioc comónta.

Bliain dúshlánach eile ó thaobh airgeadais de ab ea 2020. Cé gur éirigh le RTÉ barrachas a ghnóthú i rith na bliana, bhí an teacht isteach go mór faoi bhun an leibhéil a bhí á thuar. Bhí fáilte mhór roimh an €9 milliún breise de chistíocht phoiblí a d'fhógair an Rialtas i mí na Nollag 2019, ach ídíodh é sin go léir mar gheall ar ísliú a bheith ar dhíolachán ceadúnas teilifíse, rud a d'fhág nach raibh athrú ar bith ar an gcistíocht phoiblí iomlán i rith na bliana. Tháinig titim ghéar ar an ioncam tráchtála le teacht na paindéime agus, cé gur fheabhsaigh cúrsaí ag teannadh le deireadh na bliana, bhí an teacht isteach €11 milliún níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2019. Chloígh RTÉ go daingean leis an iarracht €60m a bhaint den bhonn costais oibriúcháin faoin mbliain 2023 ach mar thoradh go díreach ar shrianta Covid-19, thit costais oibriúcháin níos ísle fós mar gheall ar bhac ar obair léiriúcháin chomh maith le himeachtaí spóirt agus eile a bheith curtha ar ceal. Bhí tionchar díreach aige sin ar an earnáil neamhspleách freisin ó tharla go raibh ísliú ar an gcaiteachas san earnáil sin i gcomórtas leis an mbliain roimhe seo, ainneoin solúbthacht na léiritheoirí maidir le modhanna léiriúcháin a chur in oiriúint do na treoirlínte nua sláinte poiblí.

Chuir pobal na hÉireann cuid mhór muiníne in RTÉ i rith na bliana 2020. Fíoraíonn raon na n-ábhar a cuireadh ar fáil ar ardáin uile RTÉ an mhuinín sin a chuir an pobal ionainn. Is cuid dhlúth de chuspóir phoiblí RTÉ saol na hÉireann, agus saol na nÉireannach, a léiriú: nuair a tarraingíodh an náisiún le chéile i rith na bliana 2020, bhí RTÉ ar an láthair. Ní foláir anois scrúdú a dhéanamh ar a raibh le foghlaim againn fúinn féin, faoin bpobal agus faoin ról cinniúnach atá ag na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí. Is as sin a thiocfaidh an borradh forás atá i ndán dúinn. I gcás RTÉ, beidh gach ar baineadh amach i rith na bliana 2020 ina ábhar spreagtha lena chinntiú go gcuirtear bonn daingean faoin gcistíocht do na meáin chumarsáide phoiblí. Ainneoin barrachas a ghnóthú i rith na bliana 2020, is léir go bhfuil buncheisteanna ó thaobh airgeadais gan réiteach go fóill. Is ceart go mbeadh glór neamhspleách tréan de chuid na hÉireann ar fáil ag na glúnta atá le teacht.

Chonacthas i rith na bliana 2020 a bhfuil ar ár gcumas a bhaint amach le linn géarchéime. Ní mór dúinn anois feidhmiú de réir gach atá foghlamtha againn ón méid sin.

**Dee Forbes**
Príomh-Stiúrthóir, RTÉ

# “seirbhís chuimsitheach neamhchlaonta nuachta a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann, chomh maith le siamsaíocht, eolas agus oideachas”

Féach an réamhrá le Dee Forbes
www.rte.ie/annualreport



# Athbhreithniú Airgeadais

## Torthaí agus Brabús Oibriúcháin

Mar ab amhlaidh le go leor gnónna eile, bhí tionchar mór ag an bpaindéim Covid-19 ar sheasamh airgeadais RTÉ. Bhí laghdú dian agus laghdú dá leithéid nach bhfacthas riamh cheana ar ioncam, ar ioncam tráchtála agus ar ioncam ón táille ceadúnais araon mar thoradh ar an gcéad tionchar a bhí ann de bharr shrianta na paindéime, agus cuireadh stop le gníomhaíochtaí léiriúcháin freisin dá mbarr. Mar fhreagra air sin chur Feidhmeannas RTÉ plean téarnaimh airgeadais láithreach i bhfeidhm chun srian a chur le caiteachas lánroghnach agus airgead tirim a chosaint. D'fhág sin, chomh maith leis an bhfeabhas coibhneasta a tháinig ar ioncam amach i dtreo an dara leath den bhliain 2020 chomh maith leis an gcoigilteas suntasach a bhí mar thoradh ar an srian a cuireadh ar ghníomhaíochtaí léiriúcháin agus imeachtaí spóirt, go raibh barrachas ann don bhliain.

Ba ionann EBITDA RTÉ (Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh) sular tugadh costais maidir le himeachtaí speisialta san áireamh agus €25.9 milliún (2019 €8.4 milliún). Ba ionann an costas a bhain le himeachtaí speisialta i rith na bliana 2020, mar shampla an tOlltoghchán, agus €2.5 milliún a bhí níos ísle ná leibhéal caiteachais na bliana 2019, rud a d'fhág Glan-Bharrachas roimh Mhíreanna Eisceachtúla agus Cháin na bliana cothrom le €9.8 milliún (2019 Easnamh €9.1 milliún). Ba ionann an Glan-Bharrachas i ndiaidh Cánach don bhliain agus €7.9 milliún (2019 Glan-Easnamh €7.2 milliún).

Tháinig laghdú €11.3 milliún ar ioncam tráchtála mar gheall gur laghdaigh an neamhchinnteacht a bhain le Covid caiteachas ar fhógraíocht, cé gur tháinig feabhas air sin sa dara leath den bhliain agus go háirithe sa ráithe deiridh den bhliain. D'fhan ioncam ón gceadúnas teilifíse gan athrú, mar thoradh ar an ardú €9.2 milliún a fuarthas ón DEASP a fógraíodh i mBuiséad 2019, páirtchúiteamh i gcomórtas leis an gciorrú ar mhaoiniú poiblí ón mbliain 2010 anall. Tháinig laghdú ar dhíolachán bunúsach aonaid maidir le táille an cheadúnais teilifíse bliain ar bhliain, d'ídigh sin an maoiniú breise a bhí beartaithe. B'ionann an costas oibriúcháin, an costas maidir le himeachtaí speisialta san áireamh, agus €307.7 milliún, íslíú €30 milliún i gcomórtas le leibhéal na bliana 2019 mar gheall ar an gciorrú suntasach a rinneadh ar ghníomhaíochtaí léiriúcháin agus imeachtaí spórt i rith na bliana.

## Achoimre ar na Buaicphointí Airgeadais

| | 2020<br>€m | 2019<br>€m | Athrú<br>€m |
|---|---|---|---|
| Ioncam Tráchtála | **134.5** | 145.8 | (11.3) |
| Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse | **196.6** | 196.3 | 0.3 |
| Ioncam Iomlán | **331.1** | 342.1 | (11.0) |
| Costais Oibriúcháin (gan Imeachtaí Speisialta a áireamh)* | **(305.2)** | (333.7) | 28.5 |
| **EBITDA** (roimh Imeachtaí Speisialta)** | **25.9** | 8.4 | 17.5 |
| Costais maidir le hImeachtaí Speisialta | **(2.5)** | (4.1) | 1.6 |
| EBITDA | **23.4** | 4.3 | 19.1 |
| Dímheas & Amúchadh | **(13.5)** | (13.8) | 0.3 |
| Gnóthachan ó Dhiúscairt Sócmhainní | **-** | 0.3 | (0.3) |
| Glan (chostas)/ioncam airgeadais | **(0.1)** | 0.1 | (0.2) |
| **Barrachas / (Easnamh) roimh Mhíreanna Eisceachtúla & Cáin** | **9.8** | (9.1) | 18.9 |
| Gnóthachtáil ó Dhíol Talún lúide Costais Tionscadail a ghabh leis an Díolachán | **-** | 0.2 | (0.2) |
| **Barrachas/(Easnamh) roimh Cháin** | **9.8** | (8.9) | 18.7 |
| **Cáin** | **(1.9)** | 1.7 | (3.6) |
| **Barrachas/(Easnamh) Glan don Bhliain** | **7.9** | (7.2) | 15.1 |

* Costais Oibriúcháin roimh Dhímheas & Amúchadh agus gan costais incriminteacha maidir le hImeachtaí Speisialta a áireamh.

** EBITDA: Tuilleamh roimh Ús, Cánachas, Dímheas, Amúchadh agus míreanna Eisceachtúla.

## Ioncam Tráchtála

Is ionann ioncam tráchtála €134.5 milliún na bliana 2020 agus laghdú 7.8% ar fhigiúr na bliana 2019 €145.8m. Tá sé soiléir gurb é tionchar Covid-19 an chúis ba mhó leis an laghdú, a bhí le sonrú ní ba shuntasaí i R2 2020 agus bhí tionchair éagsúla aige ar shruthanna ioncaim aonair i rith na bliana.

| | 2020 v 2019<br>Athrú<br>€m | Athrú<br>% |
|---|---|---|
| **Ioncam Tráchtála 2019** | **145.8** | |
| Trádáil - Teilifís | (6.7) | -8.1% |
| Trádáil - Raidió | (0.8) | -3.4% |
| Trádáil - Digiteach | - | - |
| Ioncaim Eile Neamh-Thráchtála | (3.8) | -11.6% |
| Gluaiseacht Bliain ar Bhliain | **(11.3)** | -7.8% |
| **Ioncam Tráchtála 2020** | **134.5** | |

Tháinig laghdú 6.3%, i gcomórtas leis an mbliain 2019, ar ioncam ón ranníocóir is mó maidir le hioncam tráchtála, Mír na Teilifíse, bhí an fheidhmíocht níos fearr ná an titim 10% a bhí measta ar an margadh. Ba ionann an laghdú ba shuntasaí agus 35% i Ráithe 2, ba iad na catagóirí Dí, Mótar, Taistil & Iompair agus Miondíola ba chúis leis sin. Léiríodh laghdú 5% bliain ar bhliain i Ráithe 3 agus tháinig athrú dearfach air sin go dtí +12% i Ráithe 4. D'fhág an leibhéal ard lucht féachana a bhain RTÉ amach ó Mhárta ar aghaidh go ndearnadh leithdháiltí buiséid cliaint incriminteacha chuig Teilifís RTÉ sa gcuid deiridh den bhliain.

Thit ioncam iomlán trádála teilifíse, lena n-áirítear Urraíocht agus Suíomh Táirgí 8.1% ar an iomlán. Níor déanadh roinnt urraíochtaí a bhíothas ag súil leo mar gheall ar na hathruithe a rinneadh ar sceideal na gclár agus roinnt léiriúchán a raibh moill orthu.

Bhí an-bhliain go ginearálta ag tráchtáil raidió, lena n-áirítear mír, urraíocht agus promóisin, bhí laghdú 3.4% bliain ar bhliain i gceist. Ba é an laghdú in urraíocht an chúis, go pointe áirithe, a bhí leis an laghdú sin ach tharla sé den chuid is mó de bharr laghdú nach mór 70% a bheith ar ioncam promóisean raidió, mar gheall gur cuireadh craoltaí seachtracha agus ceolchoirmeacha ar fad ar ceal.

D'éirigh thar a bheith go maith le mír raidió in 2020 agus d'fhás faoi 43% i gcomórtas le 2019. Is fabhrach an leibhéal fáis bliain ar bhliain é sin i gcomórtas le margadh a mheastar laghdú 7% a bheith tagtha air. Cé gur tháinig laghdú ar chatagóirí cosúil le catagóir na teilifíse thuas, chúitigh méadú ar chaiteachas Rialtais go mór iad sin. Cé gurbh ionann caiteachas iomlán Rialtais agus 9% d'ioncam iomlán do mhír raidió in 2019, is ionann figiúr inchomórtais na bliana 2020 agus 21%.

Bhí ioncam trádála i ndáil le réimsí digiteacha ag teacht le hioncam na bliana roimhe sin. Tháinig méadú 3.3% bliain ar bhliain ar ioncam VOD digiteach agus ní raibh an oiread céanna tionchair air agus a bhí ar chúrsaí teilifíse mar gur lean cuid de na cliant dá gcuid bhfeachtas digiteach chun leibhéal láithreachta a choinneáil. De réir meastacháin margaidh bhí méadú 8% ar ioncam ó físeáin dhigiteacha in 2020 ach bhí titim 4% ar VOD craoltóra. Tharla laghdú 3.6% bliain ar bhliain ar an ioncam maidir le taispeántas ar bhonn digiteach ar fud rte.ie.

Bhí tionchar mór ag an bpaindéim ar shruthanna ioncaim neamh-thráchtála eile agus bhí siad 11.6% níos ísle bliain ar bhliain. Bhí ioncam ón gCeolfhoireann 78% níos ísle bliain ar bhliain mar gheall nach raibh aon imeachtaí beo ann ach go háirithe.

Thit ioncam ó PIC (Comórtais Idirghníomhacha Chláracha) 24% bliain ar bhliain, mar gheall, den chuid is mó, ar an gcinneadh eagarthóireachta a glacadh gan comórtais a reáchtáil don lucht féachana ar *The Late Late Show* ó Mhárta ar aghaidh. Ina áit sin bhailigh an clár airgead gach seachtain do charthanachtaí aonair.

Bhí an-bhliain ag The *RTÉ Guide* i dtéarmaí díolacháin agus é níos lú ná 3% níos ísle bliain ar bhliain. Ba ionann díolachán iomlán na gcóipeanna agus 1.86m agus áirítear méadú 4% ar an bhfigiúr a díoladh den eagrán Nollag suaitheanta, ar díoladh 270,990 cóip de. Bhí drochthionchar ar ioncam ó fhógraíocht áfach, ag teacht leis an drochthionchar ar an margadh clódóireachta, agus ba ionann sin agus laghdú 31% ar bhliain 2019.

### Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse

Ós craoltóir seirbhíse poiblí démhaoinithe RTÉ ar a leagtar réimse leathan cúraimí faoin reachtaíocht, tá buntábhacht leis an leibhéal maoinithe poiblí a fhaightear chun ról na heagraíochta a chomhlíonadh. An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) atá freagrach as an airgead ceadúnais teilifíse a bhailiú, ó An Post (an t-aon ghníomhaire amháin maidir le ceadúnais teilifíse a dhíol) agus ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) i ndáil le ceadúnais teilifíse "saor in aisce". Tugann an DTCAGSM ansin deontas do RTÉ as an airgead maidir le táillí ceadúnais a bailíodh.

As an €223.6 milliún a bailíodh maidir le ceadúnas teilifíse sa bhliain 2020, fuair RTÉ €196.6 milliún (88%) de. Baineadh úsáid as an gcuid eile den airgead ón táille ceadúnais, €27 milliún, chun na costais bailiúcháin agus muirir ghaolmhar ag An Post a íoc agus chun airgead a chur ar fáil don scéim Fís & Fuaim a ritheann an tÚdarás Craolacháin. Ní raibh an t-ioncam ón táille ceadúnais a fuarthas sa bhliain 2020 ach €0.4 milliún níos airde ná leibhéal na bliana 2019, d'ainneoin an t-ardú €10 milliún a bhí ar an tsuim a fuarthas ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i ndáil le ceadúnais teilifíse 'saor in aisce', athrú i bpáirt maidir leis na ciorruithe a cuireadh ar an maoiniú poiblí ón mbliain 2010 anuas. Faraor, níor baineadh leas as an maoiniú sin de bharr an laghdú a tháinig ar dhíolachán aonaid maidir le táille an cheadúnais teilifíse le linn na bliana mar gheall ar an tionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar ghníomhaíocht chigire an cheadúnais teilifíse agus ar chúrsaí eacnamaíochta teaghlach.

De réir an ríomh is deireanaí ag DTCAGSM ar na figiúirí, tá an leibhéal seachanta don bhliain 2019 cothrom le 13% de na teaghlaigh agus de na háitribh ghnó a mbeadh an táille le gearradh orthu. Tá an ráta seachanta in Éirinn i bhfad níos airde ná mar atá sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha eile san Eoraip agus tá an costas bailiúcháin níos mó ná dhá oiread an chostais ag Craoltóirí Seirbhíse Poiblí eile san Eoraip. Tá An Post, DTCAGSM agus RTÉ ag obair i gcónaí ag dul i ngleic leis an ráta seachanta.

Ábhar buartha an t-ardú ar líon na dteaghlach nach bhfuil teilifíseán den ghnáthchineál acu. Tá ardú seasta ag teacht ar an bhfigiúr sin le blianta beaga anuas de réir an *Nielsen Establishment Survey* agus é cothrom le 13% faoin tráth seo (Eanáir 2021), ardú níos mó ná 1% le bliain anuas. De réir mar atá athrú i gcónaí faoi na modhanna ina dtapaítear ábhar na meán cumarsáide, agus sin ag éirí níos casta, is lú a thiocfaidh táille an cheadúnas teilifíse leis an gcaoi a dtapaíonn daoine ábhar seirbhíse poiblí. Tá sin ar an gcúis is mó leis an athrú ar an gcóras atá á thabhairt isteach i dtíortha eile, ionas gur táille maidir leis na meáin chumarsáide nó modh eile atá iontu anois seachas táille a bhaineann le gaireas de chineál faoi leith.

# Athbhreithniú Airgeadais
## (ar lean)

D'ainneoin mholadh Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) go ndéanfaí méadú láithreach €30 milliún ar mhaoiniú poiblí, moladh a rinneadh in 2018 mar chuid d'athbhreithniú an BAI ar straitéis RTÉ 2018-2022, níl ach méadú c.€8 milliún tagtha ar mhaoiniú poiblí RTÉ ó shin. Tá an gá le méadú ar mhaoiniú poiblí chomh géar anois agus a bhí riamh, d'ainneoin faoiseamh sealadach a bheith ar chúrsaí airgeadais RTÉ a bhí mar thoradh ar an gciorrú a bhí ar ábhar agus ar chúrsaí léiriúcháin in 2020. Bhunaigh an Rialtas an Coimisiún um Thodhchaí na Meán chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo agus táthar ag súil le moladh an choimisiúin in 2021.

Leagtar amach faoin gceannteideal 'An Úsáid as gach Táille Ceadúnais Teilifíse a bailíodh' (féach leathanaigh 26-27) an úsáid a bhaintear as an táille ón gceadúnas le hinfheistíocht á dhéanamh i seirbhísí agus i mbeartaíocht RTÉ ar 84% d'iomlán na dtáillí ceadúnais. Déantar an 16% fuílligh a infheistiú i mbearta neamh-RTÉ, lena n-áirítear Ciste Fuaime & Físe an Údaráis Craolacháin, an asbhaint agus an cúnamh a bhaineann le TG4 agus na táillí bailiúcháin a íoctar le An Post.

### Costais Oibriúcháin

Ba ionann costais iomlána oibriúcháin na bliana 2020 agus €307.7 milliún, ísliú €30.1 milliún ar leibhéil na bliana 2019. Le linn 2020, bhain RTÉ leas as Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá an Rialtais ar feadh cuid den bhliain 2020.

Ba ionann costas na n-imeachtaí speisialta in 2020 agus €2.5 milliún agus áiríodh clúdach ar an Olltoghchán agus imeachtaí eile sa chostas sin.

Ba mar thoradh ar mheascán fachtóirí a thit costais oibríochta, gan imeachtaí speisialta san áireamh, faoi €28.5 milliún:

- An drochthionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar léiriúcháin inmheánacha agus léiriúcháin choimisiúnaithe.
- An ciorrú a bhí ar imeachtaí spórt.
- Baineadh coigilteas amach mar gheall ar na srianta a cuireadh i bhfeidhm ar thaisteal agus mar gheall go raibh fostaithe ag obair ó chian an chuid is mó den bhliain.
- Mar chuid de Straitéis Leasaithe 2020-2024 RTÉ, a foilsíodh i ndeireadh na bliana 2019, thug RTÉ tiomantas coigilteas €60 milliún a bhaint amach sna trí bliana ó 2020-2022. Ba ionann an sprioc-choigilteas don bhliain 2020 agus €10 milliún agus baineadh sin amach trí mheascán de phá, ábhar agus tionscnaimh chineálacha coigiltis.

| | 2020 v 2019 Athrú €m |
|---|---|
| **Costais Oibriúcháin 2019** | **337.8** |
| Laghdú ar Chostais Oibriúcháin | (28.5) |
| Laghdú ar Chostais maidir le hImeachtaí Speisialta | (1.6) |
| Laghdú Bliain ar Bhliain (Imeachtaí Speisialta san áireamh) | **(30.1)** |
| **Costais Oibriúcháin 2020** | **307.7** |

### Líon na bhFostaithe

B'ionann líon an bhfostaithe ar an 31 Nollaig 2020 agus 1,866 (2019: 1,831) agus bhí 240 (2019: 240) acu sin ar mba fostaithe ar bhonn páirtaimseartha / ócáideach iad. B'ionann coibhéis líon na bhfostaithe lánaimseartha amhail an 31 Nollaig 2020 agus 1,758 (2019: 1,714). Tháinig méadú ar líon na bhfostaithe le linn na bliana mar gheall gur tugadh daoine aonair a bhí fostaithe mar chonraitheoirí nó a bhí fostaithe thrí ghníomhaireachtaí chun rialtachta chomh maith le gur tháinig daoine aonair ar ais ó thréimhsí saoire gan pá.


### Costas Glan Airgeadais

Bhí caiteachas glan airgeadais €0.1 milliún i gceist sa bhliain 2020 (€0.1 milliún sa bhliain 2019), mar seo a leanas:

B'ionann an t-ioncam airgeadais iomlán sa bhliain 2020 agus €1.6 milliún, i gcomórtas le €1.3 milliún sa bhliain 2019. Tugtar san áireamh ioncam glan úis €1.4 milliún maidir le scéim pinsin shochair shainithe IAS 19 (2019: €1.0 milliún); agus ioncam infheistíochta €0.2 ó chomhfhiontar (2019: €0.3 milliún).


Is ionann an costas airgeadais i leith na bliana 2020 agus €1.7 milliún, i gcomórtas le costas €1.2 milliún sa bhliain 2019. Tugtar san áireamh leis an gcostas €1.7 milliún an t-ús atá le híoc ar iasachtaí, costais athmhaoinithe, ús ar chostais athstruchtúraithe agus caillteanas ar luach cothrom i ndáil le conarthaí maidir le díorthach airgeadra eachtraigh.

## TÁILLÍ CEADUNAIS 2020 – RÁTAÍ SEACHANTA





Foinse: Tuarascáil de chuid an EBU maidir le Táillí Ceadúnais 2020 - Rátaí Seachanta 2019 san áireamh

## LÍON NA BHFOSTAITHE




## COSTAIS OIBRIÚCHÁIN RTÉ €M 2008 – 2020



# Athbhreithniú Airgeadais
## (ar lean)

### Cánachas
Tharla creidmheas cánach €1.9 milliún sa bhliain 2020 (2019 creidmheas cánach €1.7 milliún). Tagann muirear cánach chun cinn sa bhliain mar gheall ar an mbarrachas a ghintear. Áirítear i muirear cánach an Ráitis Ioncaim creidmheas iarchurtha cánach €0.2 milliún a eascraíonn ó iomrall tráthanna maidir le liúntais chaipitil a éileamh agus dímheas a chur de mhuirear.

### Sreabhadh Airgeadais agus Iasachtaí
B'ionann iarmhéid iomlán an airgid thirim amhail an 31 Nollaig 2020 agus €87.2 milliún (2019: €69.1 milliún), méadú €18.1 milliún a tharla, den chuid is mó, mar gheall ar thorthaí oibríochta feabhsaithe don bhliain. Is féidir achoimre i ndáil leis an ngluaiseacht ó thaobh iarmhéideanna airgid thirim i rith na bliana 2020 a leagan amach mar seo a leanas:

**Ráiteas Achoimre faoi Shreabhadh Airgid**

| | 2020 €m | 2019 €m |
|---|---|---|
| EBITDA | **23** | 4 |
| Sreabhadh airgid maidir le cúrsaí Oibriúcháin: | | |
| – (méadú)/ísliú maidir le Caipiteal Oibriúcháin | **(2)** | 3 |
| Sreabhadh airgid athstruchtúraithe: | | |
| – Íocaíochtaí | **(1)** | (3) |
| Beartaíocht Infheistíochta: | | |
| – Caiteachas Caipitil | **(6)** | (13) |
| – Cáin a aisíocadh ar Shócmhainní a Dhíol | **-** | 2 |
| Sreabhadh airgid maidir le cúrsaí airgeadais: | | |
| – Iasachtaí a tarraingíodh anuas | **5** | 10 |
| – Ús Íoctha | **(1)** | (1) |
| **Ardú glan maidir le hAirgead Tirim agus Infheistíocht i Sócmhainní Leachtacha** | **18** | 2 |

I bhfianaise ar tháinig de bhrú maidir le cúrsaí airgeadais le bliana beaga anuas, tá béim níos géire ar an mbainistíocht ar airgead tirim agus ar chistíocht. Lean sé seo de bheith ina phríomhthosaíocht bainistíochta airgeadais i rith na bliana 2020, go háirithe i bhfianaise na neamhchinnteachta a bhí ann don timpeallacht trádála de bharr Covid-19. Cé go rabhthas ag súil gur diúltach a bheadh an chéad tuar i ndiaidh srianta maidir le Covid a thabhairt isteach, léirigh an seasamh deiridh iarmhéideanna airgid thirim feabhsaithe de réir mar a tháinig laghdú ar chaiteachas don bhliain mar thoradh ar an gciorrú ar ghníomhaíocht.

Bhí iasachtaí bainc iomlána €65 milliún ag RTÉ, amhail an 31 Nollaig 2020 (2019: €60 milliún) mar seo a leanas;

- Tá Saoráid Club €60 milliún ag 2rn, fochuideachta tarchuradóireachta RTÉ, le Barclays agus le Banc na hÉireann. Baineann €45 milliún den tsaoráid sin le cistiú tionscadail don bhonneagar tarchuradóireachta agus dáileacháin a theastaíonn don líonra maidir le Teilifís Trastíre Dhigiteach, agus tá sin gan íoc amhail an 31 Nollaig 2020. Ta saoráid iasachta téarma breise dar luach €15 milliún i bhfeidhm, €10 milliún de sin a bhí tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2020.
- Tá saoráid €20 milliún ag RTÉ le Banc na hÉireann, lena n-áirítear saoráid €10 milliún de chreidmheas imrothlach agus iasacht téarma €10 milliún. Amhail an 31 Nollaig 2020 tá an iasacht téarma €10 milliún tarraingthe anuas.

### Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais
Is é Bord RTÉ a leagann síos polasaithe cistíochta an Ghrúpa, a chlúdaíonn iasachtaí, bainistíocht ar airgead tirim, riosca maidir le creidmheas chontrapháirtithe, riosca leachtachta, riosca maidir le rátaí úis agus riosca maidir le malartú eachtrach. Tá easpa cosanta RTÉ faoi gach ceann de na rioscaí sin leagtha amach i nóta 23 leis na ráitis airgeadais.

### Deontais Chaipitil
Fuarthas deontas caipitil ón DTCAGSM maidir le socrú do ghlanadh bhanna minicíochta Speictream 700 MHz de réir shainordú an AE. Déantar deontais caipitil a lua mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a thabhairt san áireamh leis an Ráiteas Ioncaim ar bhonn atá ag teacht leis an bpolasaí dímheasa maidir leis na sócmhainní bunaidh.

### Caiteachas Caipitil
B'ionann caiteachas ioncaim iomlán RTÉ ar thionscadail caipitil i rith na bliana 2020 agus €7.5 milliún (2019: €15.6 milliún), ina raibh infheistíocht i gcúrsaí teicneolaíochta, ar athnuachaintí ar líonra 2rn agus ar thionscadal maidir le Speictream 700 MHz san áireamh. Tá caiteachas caipitil tabhaithe ag RTÉ maidir le roinnt tionscadail caipitil a bhfuil mórthábhacht straitéiseach leo agus é aontaithe ag Bord RTÉ go ndéanfar iad a mhaoiniú ón bhfáltas glan ón díolachán talún sa bhliain 2017.

B'ionann an caiteachas caipitil ar an tionscadal maidir le hathrú ó 700 MHz i rith na bliana 2020 agus €0.7 milliún (2019: €1.6 milliún). Na seirbhísí craolacháin a athrú ón mbanda minicíochta 700 MHz faoin mbliain 2020 a bhí i gceist leis an tionscadal seo agus tá an chuid is mó den chiste lena aghaidh á chur ar fáil ag DTCAGSM.

Tá tús curtha leis an gcaiteachas ar thionscadail caipitil áirithe a bhfuil tábhacht straitéiseach leo agus é aontaithe ag Bord RTÉ go ndéanfar iad a mhaoiniú ón bhfáltas mar gheall ar dhíol na talún. Áirítear orthu sin obair fhorfheabhsúcháin ar an gcóras Bainistithe maidir le Cainéil agus Cearta, Ardán nua Stórála, obair fhorfheabhsúcháin ar Stiúideonna Raidió, córas nua ERP agus forfheabhsú maidir leis na córais Iarléiriúcháin.

## Tuairiscíocht Idirdhealaithe agus Leithroinnt Costais

Déantar anailís idirdhealaithe RTÉ a ullmhú i gcomhréir le caighdeán IFRS 8 *Réimsí Dealaithe Oibriúcháin* a leagtar amach i nóta 2(d). Is iad na ranna éagsúla na príomhréimsí dealaithe ag RTÉ agus rinneadh iad a leagan amach ar an 1 Eanáir 2018 faoin tionscadal atheagair Aon RTÉ Amháin. Mar gheall ar an athrú ar an struchtúr eagrúcháin agus an méadú ar ábhar neamhlíneach le cláracha breise á dtaispeáint den chéad uair ar mheáin dhigiteacha agus athrú go dtí cur chuige 'digiteach ón tús' i ndáil le cúrsaí nuachta ach go háirithe, rinne RTÉ na modhanna oibre maidir le leithroinnt costais a leasú i rith na bliana 2018 i riocht is go mbeadh an struchtúr nua le sonrú orthu. Rinneadh iad sin a chur i bhfeidhm go seasta leanúnach i rith na bliana 2020 faoi mar a leagtar amach i Nóta 2 maidir le Tuairiscíocht Idirdhealaithe.

## Cúrsaí Rialála

Tagann RTÉ faoi an BAI maidir leis na dualgais mar chomhlacht craolacháin seirbhíse poiblí. Oibríonn RTÉ (faoi mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009*) leis an BAI i ndáil leis an athbhreithniú bliantúil agus leis an athbhreithniú cúig bliana ar an maoiniú poiblí a dhéanann an BAI faoi alt 124 an Achta. I mí Dheireadh Fómhair 2017 chuir RTÉ an straitéis cúig bhliana 2018–2022, *Athnuachan RTÉ don Chéad Ghlúin eile* faoi bhráid lena bhreithniú. I mí Dheireadh Fómhair 2018, d'aontaigh an tÚdarás Craolacháin plean straitéiseach RTÉ agus mhol *"ar a laghad ar bith, gur chóir do RTÉ méadú €30m a fháil ar an maoiniú poiblí bliantúil a fhaigheann sé gach bliain".* I ndeireadh na bliana 2019, d'fhoilsigh RTÉ Straitéis Leasaithe 2020-2024, plean lena dtugtar meáin chumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann ar chaoi inmharthanachta agus lena ndírítear ar chuid mhór de na réimsí deacrachta a chuirtear roimh RTÉ. Tá RTÉ rannpháirteach go hiomlán leis an BAI maidir leis na hathbhreithnithe bliantúla ina dhiaidh sin agus tá rannpháirteach go hiomlán freisin leis an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán maidir lena ról leasú a mholadh ar shamhail mhaoinithe thodhchaí na meán seirbhíse poiblí.

Ag teacht le coinníollacha de chuid an Rialtais agus de chuid an BAI, déantar Polasaí agus Nós Imeachta Cóirthrádála RTÉ a fhoilsiú ar RTÉ.ie. Leagtar creatchóras amach sa cháipéis atá bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Deighilt ghlan idir an bheartaíocht tráchtála agus an tseirbhís phoiblí
- Trádáil chothrom de réir phrionsabail an mhargaidh
- Follasacht agus freagracht

D'ainmnigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg), roimhe seo, RTÉ agus 2rn mar chomhlachtaí a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh (SMP) acu sna margaí a bhaineann le seirbhísí tarchuradóireachta agus dáileacháin a chur ar fáil do chraoltóirí Raidió agus don oibritheoir Ilphléacs DTT chomh maith le hiarsholáthar seirbhísí Ilphléacs DTT do chraoltóirí.

Is é toradh a tháinig de bharr na breithe sin go leagtar dualgais áirithe ar RTÉ (Margadh B) agus ar 2rn (Margadh A). Déantar cuntais dheighilte lena mbaineann cuntais rialáilte maidir le Margadh A agus Margadh B faoi seach chomh maith le buncháipéisíocht cuntasaíochta a fhoilsiú de réir na gcoinníollacha faoin rialáil.

Tháinig reachtaíocht an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018. Tá cearta nua ag an duine aonair faoin rialachán GDPR agus leagtar dualgais nua agus breis freagrachta ar eagraíochtaí a dhéanann próiseáil sonraí nó rialaitheoireacht sonraí, mar shampla RTÉ. Leagtar freisin cumhacht nua fhorleitheadach ar an rialtóir príobháideachta, an Coimisiún Cosanta Sonraí. Comhlíonann RTÉ reachtaíocht an rialacháin GDPR go huile agus go hiomlán.

## Cúrsaí Pinsin

Tá trí cinn de scéimeanna pinsin ar bun ag RTÉ do na fostaithe: scéim pinsin le sochair shainithe (DB), scéim pinsin le ranníocaíochtaí sainithe (DC) agus scéim hibrideach (scéim a mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC araon léi).

**Scéim Aoisliúntais RTÉ**

Is scéim pinsin mhaoinithe, ranníoca, le sochair shainithe, arna cur ar bun faoin reachtaíocht agus faoi urraíocht ag RTÉ, atá i Scéim Aoisliúntais RTÉ. Níor ligeadh aon fhostaithe nua isteach faoin scéim ón mbliain 1989 i leith. Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 98 fostaí ag RTÉ (2019: 119) a bhí ina gcomhaltaí den scéim.

Amhail an 31 Nollaig 2020, ba ionann luach shócmhainní na Scéime ar an margadh agus €1,096 milliún (2019: €1,091 milliún). Ba ionann dliteanais na Scéime, arna ríomh de réir IAS 19 maidir le *Sochair Fostaithe*, agus €949 mhilliún (2019: €984 milliún). Mar a éilítear de réir IAS 19, luaitear an farasbarr nó an t-easnamh idir sócmhainní agus dliteanais na Scéime mar shócmhainn ar ráiteas RTÉ faoin seasamh airgeadais. Dá réir sin, luaitear sócmhainn pinsin €147 milliún i leith na Scéime amhail an 31 Nollaig 2020 (2019: €107 milliún). Tháinig ardú ar an bhfarasbarr mar gheall ar thoradh maith ar an infheistíocht agus mar gheall ar an laghdú ar na boinn tuisceana básmhaireachta i rith na bliana 2020.

Tá barrachas ag baint leis an scéim faoi thástáil luachála chaighdeán an chiste íosta (MFS) agus na riachtanais leachtachta á sásamh faoi na cúlchistí riosca agus, dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

# Athbhreithniú Airgeadais
## (ar lean)

**Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe RTÉ**
Is socrú ranníocaíochtaí sainithe maoinithe í an Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe atá oscailte do chomhaltaí nua ó 1989. Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 1,252 fostaí ag RTÉ (2019: 1,220) a bhí ina gcomhaltaí den scéim.

**Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ**
Scéim mhaoinithe, ranníocach, hibrideach atá i Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ lena mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC agus atá faoi urraíocht RTÉ. Cuireadh tús leis an scéim seo ar an 1 Meán Fómhair 2010 mar shocrú pinsin roghnach d'fhostaithe atá ina theideal. Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 385 fostaí de chuid RTÉ ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ (2019: 366).

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí luach €28.3 milliún ar an margadh le sócmhainní roinn DB na Scéime. Ba ionann na dliteanais faoi IAS 19 i ndáil leis an roinn DB agus €24.3 milliún, rud a fhágann barrachas €4.0 milliún (barrachas na bliana 2019: €3.4 milliún). Luaitear sin mar shócmhainn sa ráiteas maidir le seasamh airgeadais RTÉ.

Tá barrachas ag baint le roinn DB na Scéime faoi thástáil MFS agus na riachtanais leachtachta á sásamh faoi na cúlchistí riosca agus, dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

### Árachas
Coimeádtar coimirce cuí árachais in aghaidh réimse rioscaí inárachais ábhartha, lena n-áirítear mórthubaiste, faoi réir asbhaintí agus eisiaimh iomchuí.

### Imeachtaí Dlí
Tá RTÉ agus fochuideachtaí dá chuid ina bpáirtithe in imeachtaí éagsúla dlí agus tá éileamh i leith RTÉ nó fochuideachtaí dá chuid ag baint le roinnt acu sin cé nach bhfuiltear cinnte cén toradh a bheidh ar na himeachtaí. Tá RTÉ den tuairim, de réir na comhairle a fuarthas, go bhfuil bearta riachtanacha déanta chun a chinntiú nach mbeadh drochthionchar fadtéarmach suntasach ag torthaí na n-imeachtaí sin, arna dtabhairt le chéile, ar riocht airgeadais, ar thorthaí ná ar leachtacht RTÉ.

### Breathnú Romhainn
- Ag an tráth scríofa tá an phaindéim Covid-19 fós ag cur isteach ar ghnéithe de shochaí na hÉireann. Tá srianta Leibhéal 5 fós i bhfeidhm sa tír. Mar gheall ar na srianta seo, tá ioncam tráchtála agus ioncam ó tháillí ceadúnais ag rianú faoi bhun leibhéil 2020, ag imshocrú an laghdaithe ar ioncam a bhí ann sa bhliain 2020. Mar ab amhlaidh sa bhliain 2020, tá deacrachtaí ann cláracha a dhéanamh sa chéad chuid den bhliain 2021 mar gheall ar na srianta agus ciorraíodh imeachtaí spóirt dá mbarr chomh maith. Cé go bhfuil an caillteanas ar ioncam á fhritháireamh ag laghduithe ar chostais, tá an cás fós an-mhíshocair agus tá sé deacair é a thuar.
- Leanann RTÉ de na spriocanna coigiltis a chur i bhfeidhm sa Straitéis Leasaithe 2020-2024. Táthar ag díriú ar choigilteas €20 milliún a bhaint amach sa bhliain 2021.

### An Leas a Bhaintear as an Táille Ceadúnais a íoctar
Tugtar tuairisc i nóta 2 leis na ráitis airgeadais ar an leas a bhaintear as an airgead ón táille ceadúnais a fhaigheann RTÉ chun seirbhísí poiblí RTÉ a mhaoiniú.

Leagtar amach i nóta 2(c) an bunús ar a gcuirtear an táille ceadúnais i leith chainéil agus sheirbhísí faoi leith. Cuirtear maoiniú poiblí i leith sheirbhísí faoi leith ar bhealach atá i gcomhréir le costas glan na seirbhíse poiblí. Ríomhtar costas glan na seirbhíse poiblí tríd an gcionroinnt ó bheartaíocht tráchtála a dhealú ón ollchostas a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí a thabhairt i gcrích.

### An Leas a Bhaintear as an Táille Ceadúnais a íoctar


Féachtar leis an úsáid a bhaintear as aon táille ceadúnais teilifíse amháin a leagan amach sa tábla seo a leanas, arna thabhairt san áireamh nach le RTÉ amháin a íoctar an t-airgead a chruinnítear ó tháillí ceadúnais teilifíse:

#### An Úsáid as gach Táille Ceadúnais a Bailíodh

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| RTÉ One | **48.72** | 47.46 |
| RTÉ2 | **26.45** | 27.37 |
| Teilifís RTÉ | **75.17** | 74.83 |
| | | |
| RTÉ Radio 1 | **14.04** | 12.69 |
| RTÉ 2fm | **2.71** | 2.39 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta (RnaG) | **8.14** | 8.33 |
| RTÉ lyric fm | **3.62** | 4.24 |
| Raidió RTÉ | **28.51** | 27.65 |
| | | |
| Ceolfhoirne RTÉ | **7.98** | 9.15 |
| Seirbhísí ar líne | **10.74** | 8.31 |
| Cainéil agus Seirbhísí Eile | **8.30** | 9.39 |
| Muirir Rialachais agus Cistíochta | **2.75** | 3.30 |
| Cúrsaí DTT | **0.64** | 0.91 |
| Gníomhaíochtaí RTÉ | **134.09** | 133.54 |
| | **84%** | 83% |
| Cúnamh RTÉ do TG4 | **5.31** | 5.44 |
| Tobhach BAI | **1.30** | 1.23 |
| Ciste Fuaime agus Físe BAI | **10.59** | 10.55 |
| Costais Bailiúcháin An Post agus Táillí Gaolmhara | **8.71** | 9.24 |
| Beartaíocht Neamh-RTÉ | **25.91** | 26.46 |
| | **16%** | 17% |
| Costas an Cheadúnais Teilifíse | **160** | 160 |

Tugtar achoimre leis an bpíchairt thíos ar an dáileadh a rinneadh ar an ioncam ó tháillí an cheadúnais teilifíse a fuair RTÉ i rith na bliana 2020 i ndáil le gné na seirbhíse poiblí de ghníomhaíocht RTÉ.

### LEITHROINNT AR AN IONCAM ÓN GCÉADÚNAS TEILIFÍSE A FUAIR RTÉ IN 2020




* Áirítear in Eile muirir airgeadais agus rialaithe, a bhaineann le DTT agus cainéil eile

# Athbhreithniú Airgeadais
## (ar lean)

### An Costas in aghaidh na hUaire Craolacháin

Mar chuid den Ráiteas Bliantúil faoi na Gealltanais Feidhmiúcháin, foilsíonn RTÉ an meánchostas in aghaidh na huaire a bhain leis na cláracha a craoladh ar na cainéil éagsúla. Leagtar amach sa tábla thíos an t-eolas sin i ndáil leis an mbliain 2020 chomh maith le figiúirí inchomórtais leo i leith na bliana 2019.

| 2020 | RTÉ One €'m | RTÉ2 €'m | RTÉ Radio 1 €'m | RTÉ 2fm €'m | RTÉ lyric fm €'m | RTÉ RnaG €'m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costais** | | | | | | |
| Cláracha a dhéantar in Éirinn | 98.7 | 31.4 | 27.9 | 5.0 | 3.9 | 9.9 |
| Cláracha a Ceannaíodh – in Éirinn | 2.9 | 0.6 | - | - | - | - |
| – Thar Lear | 13.2 | 9.3 | - | - | - | - |
| Oibriúcháin Ghinearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta | 12.1 | 8.3 | 5.4 | 4.2 | 0.6 | 0.5 |
| Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta | 2.2 | 2.1 | 1.9 | 1.1 | 1.1 | 1.1 |
| | **129.1** | **51.7** | **35.2** | **10.3** | **5.5** | **11.5** |
| **Uaireanta** | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta |
| Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh) | **8,784** | **8,784** | **8,845** | **8,784** | **8,784** | **8,784** |
| **Meánchostas Foriomlán in aghaidh na hUaire Craolta – 2020** | € | € | € | € | € | € |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | **14,700** | **5,900** | **4,000** | **1,200** | **600** | **1,300** |

| 2019 | RTÉ One €'m | RTÉ2 €'m | RTÉ Radio 1 €'m | RTÉ 2fm €'m | RTÉ lyric fm €'m | RTÉ RnaG €'m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costais** | | | | | | |
| Cláracha a dhéantar in Éirinn | 105.8 | 44.5 | 28.6 | 5.2 | 4.8 | 10.1 |
| Cláracha a Ceannaíodh – in Éirinn | 2.0 | 1.2 | - | - | - | - |
| – Thar Lear | 12.8 | 8.9 | - | - | - | - |
| Oibriúcháin Ghinearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta | 12.8 | 9.4 | 5.2 | 4.2 | 0.6 | 0.5 |
| Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta | 2.2 | 2.2 | 2.0 | 1.1 | 1.1 | 1.1 |
| | **135.6** | **66.2** | **35.8** | **10.5** | **6.5** | **11.7** |
| **Uaireanta** | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta |
| Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh) | **8,760** | **8,760** | **8,855** | **8,760** | **8,760** | **8,760** |
| **Meánchostas Foriomlán in aghaidh na hUaire Craolta – 2019** | € | € | € | € | € | € |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | **15,500** | **7,600** | **4,000** | **1,200** | **700** | **1,300** |
| **Gluaiseacht i rith na bliana** | | | | | | |
| **% d'Athrú ar an gCostas in aghaidh na hUaire[1]** | | | | | | |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | (5.1)% | (22.1)% | (1.3)% | (2.9)% | (15.7)% | (2.6)% |

1. Déantar an costas in aghaidh na huaire a shlánú go dtí an céad Euro is gaire. Déantar an céatadán d'athrú a ríomh de réir chostas na huaire sula n-oibrítear an slánúchán.

Tarlaíonn athrú ar an meánchostas in aghaidh na huaire craolacháin mar gheall ar thosca éagsúla a dtagann ardú agus ísliú maidir le costais cláir dá mbarr, mar shampla athrú ar chineálacha agus ar mheascán na gclár, an leibhéal cómhaoiniúcháin, an líon uaireanta an chloig d'ábhar atá á chraoladh den chéad uair agus líon na n-uaireanta athchraolta.

# Seo RTÉ

**Teilifís**

RTÉ ONE

RTÉ ONE +1

RTÉ 2

RTÉ 2 +1

rtéjr

RTÉ News

**Raidió**

RTÉ RADIO 1

RTÉ 2FM

RTÉ lyric fm

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

RTÉ 2XM

RTÉ pulse

RTÉ RADIO 1 EXTRA

RTÉ GOLD

rtéjr RADIO

RTÉ radioplayer

**Nuacht & Cúrsaí Reatha**

RTÉ News & Current Affairs

**Spórt**

RTÉ Sport

**Digiteach**

RTÉ.ie

RTÉ PLAYER

RTÉ AERTEL

RTÉ Archives

RTÉ News

**Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir**

RTÉ NATIONAL SYMPHONY ORCHESTRA

RTÉ Concert Orchestra

RTÉ PHILHARMONIC CHOIR

RTÉ Cór na nÓg

RTÉ CÓR LINN

RTÉ GUIDE

SAORVIEW

2rn

# Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ

Ba bhliain í nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, in Éirinn agus ar fud an domhain, agus bliain inar dhírigh níos mó daoine ar RTÉ maidir le Nuacht agus Cúrsaí Reatha ná in aon bhliain eile go dtí seo. RTÉ a bhí ar an gcéad rogha ag 90% de mhuintir na hÉireann maidir le heolas faoi phaindéim Covid-19 (Taighde Amárach thar ceann na Roinne Sláinte).

Cuireadh tús leis an mbliain le hOlltoghchán 2020 agus bhí sraith de ghnéithe tionscantacha i gceist le tráchtaireacht RTÉ ar an toghchán. Le cur chuige 'digiteach ó thús', tugadh tuairiscí go comhuaineach ar *Campaign Daily* ar líne agus ar na meáin shóisialta agus ar an gcéad shraith de *Bryan Dobson Interviews...*, ceistíodh ceannairí na bpríomhpháirtithe, beo agus go mion, faoina raibh á ghealladh i manifesto an pháirtí. Chuaigh RTÉ i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh maidir le Díospóireacht na gCeannairí ar *Claire Byrne Live* a chraoladh le níos mó ná 300 duine sa lucht féachana ag ceistiú seachtar ceannairí páirtí beo ar an láthair. Laethanta beaga roimh an gcéad toghchán le beagnach céad bliain a eagraíodh ar an deireadh seachtaine, craoladh an díospóireacht dheireanach de chuid RTÉ ar *Prime Time*, le ceannairí Fhine Gael, Fhianna Fáil agus Shinn Féin ag freagairt na gceisteanna ó Miriam O'Callaghan agus ó David McCullagh.

Tharla buaicleibhéal de lucht éisteachta agus féachana ag roghnú RTÉ maidir le torthaí *Election 2020* i mí Feabhra. Den chéad uair riamh, agus deireadh ag teacht leis an vótáil oíche Dé Sathairn, bhí RTÉ News ar an aer le réamhthuar ar thorthaí an toghcháin de réir phobalbhreith díreach tar éis vótála a reáchtáladh i gcomhar leis an *Irish Times*. Is é a bhí le tuiscint ó thorthaí na suirbhéireachta go raibh cothromaíocht idir trí pháirtí agus an bhearna róchúng go bhféadfaí aon toradh faoi leith a thuar go fóill. De réir mar a bhí an comhaireamh ag dul ar aghaidh, bhí buaicleibhéil nua á dtabhairt faoi deara maidir le suim an phobail i gcúrsaí polaitíochta ar fud sheirbhísí RTÉ. Ar an teilifís, bhí níos mó ná 2.5 milliún duine ag faire ar chláracha *Election 2020* faoin gcomhaireamh agus ar thuairiscí nuachta ar RTÉ One ar feadh 31 uair a chloig de chraoladh beo teilifíse in imeacht trí lá.

Cothaíodh buaicleibhéil spéise in ábhar RTÉ News ar líne chomh maith le hardú 30% i gcomparáid le holltoghchán na bliana 2016 ar líon na ndaoine a thapaigh an t-ábhar. Cheangail líon iomlán 3.4 milliún duine faoi leith le RTÉ News ar líne as 202 tír ar fud an domhain, an Ghraonlainn, Sead, Cathair na Vatacáine agus an Tuircméanastáin ina measc. Bhí, ach go háirithe, aird ag dreamanna níos óige den lucht féachana ar ábhar cláir de chuid RTÉ. Roghnaigh 51% de na daoine idir 15–34 bliana d'aois a bhí ag faire na teilifíse ag an am féachaint ar an gclár speisialta faoin bpobalbhreith tar éis vótála ar RTÉ One.

Chuir RTÉ níos mó ná 20 uair a chloig de thráchtaireacht i nGaeilge ar thorthaí an toghcháin ar fáil beo do TG4 chomh maith leis na feasacháin rialta ag *Nuacht* ar RTÉ One. Seoladh seirbhís Gaeilge ar líne de chuid RTÉ i rith *Election 2020* leis na tuairiscí nuachta agus na torthaí ba dheireanaí á gcur ar fáil beo. Bhí níos mó ná 30 iriseoir ar an láthair ag RTÉ dírithe go sonrach ar ábhar nuachta a chur ar fáil i nGaeilge ó ionad comhairimh na dtoghcheantar éagsúla, daoine de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta agus de chuid *Nuacht RTÉ*.

Bhí caidreamh i rith *Election 2020* ag RTÉ freisin le hábhar iriseoirí na hÉireann. Trí oibriú i gcomhar le hollscoileanna ar fud na tíre, cheangail 39 mac léinn iriseoireachta le meithle RTÉ News sna hionaid comhairimh éagsúla agus tuairisciú faoi gach ceann den 39 toghcheantar in Éirinn á chur ar fáil beo.

Tráth a raibh an vótáil ar bun ar an 8 Feabhra, cailleadh Keelin Shanley, láithreoir *Six-One*, a raibh ailse ag dul di. Bhí níos mó ná 20 bliain caite aici i mbun iriseoireachta agus craoltóireachta ar chláracha de leithéid *Prime Time Investigates*, *Crime Call* agus *Morning Edition*, nuair a ceapadh í féin agus Caitríona Perry sa bhliain 2018 ar an gcéad fhoireann láithreoireachta ar chlár nuachta ar an teilifís in Éirinn ar beirt bhan a bhí iontu. Bhí meas agus cion ag a cuid comhghleacaithe agus ag an lucht féachana ar Keelin agus is mór an t-ábhar méala í a bheith imithe uainn. Ar dheis Dé go raibh a hanam.

Roinnt seachtainí dár gcionn, bhí athrú ar shaol na hÉireann mar gheall ar Covid-19. De thoradh ar phleanáil fhorleitheadach do chásanna gan choinne, cinntíodh go raibh ar chumas RTÉ na cláracha buntábhachtacha nuachta agus cúrsaí reatha a choinneáil ar siúl agus d'oibrigh meithleacha éagsúla i rith na paindéime chun tuairisciú agus tráchtaireacht ar na scéalta nuachta a chur i láthair. In ionad mórshiúlta mar ábhar ar Lá Fhéile Pádraig, d'oibrigh foireann Nuachta RTÉ ionas gur chinnte go bhféadfadh an Taoiseach labhairt díreach le muintir na hÉireann – an ócáid is mó riamh a raibh daoine ag breathnú uirthi ó cuireadh tús le craoladh teilifíse in Éirinn.

Bhí dianscrúdú á dhéanamh ar *Prime Time* agus ar *Claire Byrne Live* ar an gcás géarchéime ar fud an domhain agus cuireadh síneadh le gnáthshéasúr an dá chlár sin amach i séasúr an tsamhraidh. Den chéad uair le deich mbliana, léiríodh *Prime Time* ar feadh na bliana ar fad agus tarraingíodh go minic aird líon níos mó daoine ná tráth ar bith eile ó tosaíodh ar an gclár a chraoladh 28 bliain ó shin. Chuir RTÉ News tús le podchraoladh speisialta, *Pandemic*. Léiríodh 75 eagrán go dtí seo agus cíoradh á dhéanamh ar ghéarchéim na paindéime in Éirinn agus thar lear – le modhanna cianoibre in úsáid ó thús deireadh.

Le hathchóiriú mór i rith an fhómhair ar an stáisiún raidió is mó lucht éisteachta in Éirinn, RTÉ Radio 1, tháinig Áine Lawlor agus Mary Wilson ag obair leis an gclár raidió is mó a mbítear ag éisteacht leis sa tír, *Morning Ireland*, agus tá am lóin á fhágáil faoi *RTÉ News at One with Bryan Dobson*. Tháinig ardú 62,000 duine ar lucht éisteachta *Morning Ireland* i rith na bliana 2020 le 491,000 ag biorú na gcluas gach maidin – an líon éisteoirí is mó ag clár raidió ar bith in Éirinn le beagnach 20 bliain i leith. Tháinig ardú 50,000 go dtí 370,000 gach lá ar lucht éisteachta *News at One*.

**Léiríodh *Prime Time* ar feadh na bliana ar fad agus tarraingíodh go minic aird líon níos mó daoine ná tráth ar bith eile ó tosaíodh ar an gclár a chraoladh 28 bliain ó shin.**



# Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ
## (ar lean)

Tharla athrú freisin ar an gclár nuachta is mó lucht féachana in Éirinn nuair a chuaigh David McCullagh i mbun láithreoireachta le Caitriona Perry ar *Six-One* i mí Meán Fómhair. Cuireadh athraithe eile pearsanra i bhfeidhm ar RTÉ One freisin nuair a ceapadh Ray Kennedy ar an bpríomhláithreoir nuachta ag an deireadh seachtaine agus nuair a insealaíodh Eileen Whelan ina láithreoir buan ar an *One O'Clock News*.

Tháinig méadú faoi dhó i 2020 ar líon na gcuairteanna chuig suíomh ar líne RTÉ News le 2.267 billiún amhairc leathnaigh. Seoladh leagan athchóirithe d'aip RTÉ News ionas gur cinntíodh forfheabhsú ar an sásamh atá ag daoine as an úsáid agus suntas breise le hábhar beo agus le hábhar físeáin chomh maith le hathbhrandáil ionas go mbeadh an bhrandáil ar an aip i gcomhréir le príomhbhanda RTÉ News agus cainéal teilifíse RTÉ News.

Chuir RTÉ tús leis an gcéad chéim d'fheachtas nua margaíochta d'fhonn aird a dhíriú ar cheisteanna maidir le mí-eolas agus ar an tábhacht atá le nuacht ó fhoinsí iontaofa.

I rith na bliana 2020, ceapadh Ailbhe Conneely ina Comhfhreagraí Gnóthaí Sóisialta & Reiligiúnda agus tháinig an láithreoir is nua de chuid RTÉ News, Mícheál Ó Scannáil atá ceithre bliana is fiche, i mbun oibre le *news2day*.

Cuireadh tús le sraith nua podchraoltóireachta, *States of Mind*, arna chur i láthair uair sa tseachtain ag Brian O'Donovan, Comhfhreagraí RTÉ i Washington, agus Jackie Fox, iriseoir le RTÉ. Rinneadh criathrú mion d'fhonn tuairiscí claonta agus ábhar míthreorach maidir le Toghchán Uachtaránachta 2020 sna Stáit Aontaithe a dhealú ó fhírinne an scéil agus tugadh léargas grinn do lucht éisteachta na hÉireann ar an vótáil a d'fhéadfadh tarlú sna Stáit Aontaithe chomh maith le plé a dhéanamh ar cheisteanna a mbeadh tábhacht ar leith leo don tír seo. Rinne RTÉ tuairisceoireacht chuimsitheach freisin ar thorthaí an toghcháin ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne i mí na Samhna. Bhí ardú 55% ar líon an lucht éisteachta agus féachana in Éirinn i gcomparáid le toghchán uachtaránachta na bliana 2016.

Bhí tús áite ag RTÉ le dhá phríomhaidhm: an tseirbhís don lucht éisteachta agus féachana a choinneáil sa tsiúl go gcoinneofaí an lucht foirne slán sábháilte. Chuaigh meithleacha ar fud Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ in oiriúint do éilimh na linne agus athraíodh na modhanna oibre ionas go gcinnteofaí go bhféadfaí tuairiscí agus ainilís iontaofa a chur ar fáil atá lán d'eolas agus léargas. A bhuíochas de dhúthracht agus de ghairmiúlacht na foirne raidió, teilifíse, agus ar líne, b'é RTÉ céad rogha do mhuintir na hÉireann do nuacht agus cúrsaí reatha i rith na bliana 2020.

### RTÉ Investigates

Tharraing *RTÉ Investigates*, cláracha iriseoireachta sárchaighdeáin RTÉ, aird lucht ceannlínte arís sa bhliain 2020 le tuairiscí tionscantacha den scoth. I rith mhí Meithimh agus mhí Iúil, craoladh an tsraith trí cinn de chláracha *Inside Ireland's Covid Battle* ar a bhfacthas a raibh ag titim amach in Ospidéal San Séamas i mBaile Átha Cliath agus an fhoireann leighis ag strachailt chun na hothair a choinneáil beo. Tugadh léargas den chéad uair sa tsraith sin ar a ghéire a bhí Covid-19 ag dul i bhfeidhm ar na hothair, ar an lucht leighis, ar theaghlaigh agus ar chóras sláinte na tíre.


Sa chéad chlár den tsraith, *Covid: Life & Death* feictear Aonad Dianchúraim (ICU) an ospidéil agus cloistear tuairiscí ó bhéal na ndochtúirí agus na n-altraí féin. Tá cur síos ag ábhar altraí ar a n-aistriú go tobann as seomraí léachtaí go dtí an líne tosaigh agus paindéim ag réabadh tríd an domhan ar fad. Tugann othair léargas ar an anonn agus anall a bhaineann le Covid-19. Tugann teaghlaigh cuntas ar an gcrá croí agus iad gan a bheith ábalta cuairt a thabhairt ar a ngaolta san ospidéal agus iad ag fanacht go himníoch sa bhaile go mbuaileann an teileafón leis an scéal is deireanaí gach lá. Cloistear scéalta dóchais agus áthais freisin ó othair a tháinig slán ó Covid-19 agus iad ar ais ina gcónaí lena muintir féin arís.

Ar *Covid: Survival & Recovery*, scrúdaítear conas ionfhabhtú a chosc agus an tionchar leathanréimseach is féidir a bheith ag aon chás amháin ar leithligh ar chóras an ospidéil. Feictear an fháilte a chuireann othair, a ngaolta agus foireann an ospidéil roimh dea-scéal dhuine atá á bhaint den aerálaí. Sin ráite, don bhfurmhór, níl in fhágaint an Aonaid Dianchúraim ach an chéad chéim ar thuras fada theacht aniar. Beidh laethanta, seachtainí agus míonna go fóill sara dtagann siad go hiomlán chuchu féin ón víreas. Trí labhairt le daoine a tháinig slán, léirítear ar an gclár gur féidir le daoine, ach an cúnamh cuí a fháil, dul ar ais i mbun an saol a chaitheamh mar a mhairidís roimh ré. Sa chlár clabhsúir – *Covid: Future Healthcare* – scrúdaítear an t-ábhar mór dúshláin a chuirtear roimh an gcóras sláinte ag féachaint le 'gnáthsheirbhísí sláinte' a chur ar fáil nuair atá Covid-19 ag bagairt an t-am ar fad.

Eagraíodh tionscadal leitheadach digiteach agus ar líne a ghabhann leis an tsraith agus cíoradh á dhéanamh ar na scéalta dáiríre a bhí ceangailte leis an ábhar lom staitisticí maidir le Covid-19 a bhí ar fáil gach lá. Bhí deis freisin ar líne eolas a chur ar na daoine a oibríonn in Ospidéal San Séamas i sraith portráidí faoin teideal *The Face Behind the Mask*.

Ar *Whistleblowers: Fighting to be Heard*, bhí léargas le fáil ar an saol atá ag sceithirí éagsúla in Éirinn agus chaill siad go pearsanta toisc gur labhair siad amach, roinnt acu a d'inis a scéal den chéad uair. I mí na Samhna, tugadh le fios ar *Barrister & Conman – The Patrick Russell Story* an bealach a bhí ag duine de na caimiléirí ba mhó in Éirinn leis na milliúin euro a fháil ó níos mó ná 60 fear agus bean ar fud na tíre. Labhair *RTÉ Investigates* le breis agus 20 duine a d'fhulaing caillteanas a dúirt gur thug siad tuairisc faoi Russell do na Gardaí. Ainneoin sin, d'éirigh leis ionchúiseamh a sheachaint ar feadh beagnach deich mbliana is fiche.

Trí lá roimh na Nollaig, i 1972, maraíodh beirt dhéagóirí agus gortaíodh naonúr eile nuair a phléasc carrbhuama gan choinne gan rabhadh roimh ré i mBéal Tairbirt, Co. an Chabháin. Ar *RTÉ Investigates: Belturbet – A Bomb That Time Forgot* foilsíodh fianaise nua go raibh fórsaí slándála na Breataine siléigeach maidir le gníomh a dhéanamh nuair a bhí faisnéis inchreidte ar fáil acu agus gur lig sin do dhílseoirí míleata feidhmiú gan srian i ndeisceart Fhear Manach. Mar gheall ar an gclár, chuir an Garda Síochána a gcuid fiosrúcháin ar bun in athuair agus tá roinnt daoine curtha faoi agallamh acu ó shin.



**Bhain tuairiscí ceannródaíocha *RTÉ Investigates* na ceannlínte amach arís. Tugadh léargas dúinn i Meitheamh agus in Iúil sa tsraith trí chlár *Inside Ireland's Covid Battle* ar fhoireann sláinte Ospidéal San Séamas i mBaile Átha Cliath agus iad ar a ndícheall othair a choinneáil beo.**

# RTÉ: Ábhar na bliana 2020

# Fíorasach

De réir mar a bhí paindéim Covid-19 ag dul i bhfeidhm, chuaigh meithleacha léiriúcháin ar fud RTÉ agus earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in oiriúint do na deacrachtaí a bhí á gcur rompu agus tugadh faoi mhodhanna nua oibre chun leanúint de chláracha ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus chun cláracha nua ar fad a thabhairt chun cinn a shásódh an t-athrú ar éileamh an lucht féachana agus éisteachta. Bhí dreamanna líonmhara den lucht féachana agus éisteachta an-tógtha leis an dá chineál a cuireadh ar fáil.

## Cuidiú, Cothú, Cuimhne

Choimisiúnaigh RTÉ dhá shraith i rith laethanta tosaigh an chéad tréimhse dianghlasála, an chéad sraith acu *Ireland on Call*, á chraoladh beo faoi dhó sa tseachtain ón Roinn Sláinte, Katie Hannon agus Brendan Courtney á láithriú. Ardán eolais iontaofa a bhí in *Ireland on Call* chomh maith le bearta tairbheacha an phobail i rith na paindéime a léiriú. Seoladh *Operation Transformation: Keeping Well Apart* i mí Aibreán 2020 agus cuireadh an t-eolas ba dheireanaí maidir leis an tsláinte phoiblí i láthair chomh maith le teaghlaigh éagsúla a thaispeáint ag dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhain leis an gcéad tréimhse dianghlasála. Chun freastal ar an ngá le teacht a bheith ar sheirbhísí eaglasta, d'oibrigh RTÉ le ChurchServices.tv chun Aifreann sruthchraolta a chur ar fáil beo gach lá ar chainéal RTÉ News. Bhí treoir spioradálta ar fáil i rith na paindéime do dhaoine a bhaineann le creideamh mionlaigh ar *With You in Spirit*, sraith de ghearrscannáin a craoladh gach lá ar bhealach RTÉ News. D'oibrigh RTÉ go dlúth freisin le pobal na Moslamach chun tráchtaireacht ar cheiliúradh stairiúil Eid a chur ar fáil as Páirc an Chrócaigh. Cuireadh fóram cuí ar fáil chun cuimhneamh orthu sin a fuair bás i rith na paindéime leis an tsraith *Ireland Remembers*.

Bhí na daoine sin a fuair bás i rith na dianghlasála i gceist chomh maith ar *Love and Loss in a Pandemic*, clár faisnéise ar leith a thug ardán do dhaoine a chaill gaolta agus cairde i rith na paindéime. Dhein sé iad a chomóradh is a thabhairt chun cuimhne. Clár faisnéis as féin a bhí i gceist freisin le *A Big Week in September*, inar tugadh tuairisc ar an dícheall náisiúnta ba ghá chun daltaí na tíre a ligean ar ais ar scoil. Chuidigh meitheal na gcláracha fíorasacha freisin le saol na bliana 2020 a thuiscint leis an tsraith *Letters from Lockdown* ar RTÉ Player agus na meáin shóisialta. Chuaigh scéal Margaret Lynch, 100 bliain d'aois, a scríobh litir chuig iarua mic nuabhreithe léi, i gcion ar chuid mhór agus breathnaíodh ar sin níos mó ná dhá mhilliún uair ar fud na n-ardán ar fad.

Ba í an phaindéim ba chionsiocair freisin le trí cinn eile de chláracha a coimisiúnaíodh lena chasadh timpeall gan mhaoill. Bhí lón comhairle ar *Back to Business* ag gnólachtaí ar fud na tíre agus iad ag ullmhú le daoine a fháiltiú isteach an doras in athuair; bhí *Gardening Together* ag teacht le meon mhuintir na tíre nuair a tharla aimsir bhreá an tráth a raibh siad ag fanacht sa bhaile; agus b'iontach tráthúil an t-ábhar ar *Summer at Seven* nuair a bhí an samhradh ag teacht.

Lean RTÉ den chéad chraoladh a dhéanamh i sceideal RTÉ One ar bhreis sraitheanna faisnéise. Craoladh *Redress: Breaking the Silence* oícheanta i ndiaidh a chéile i mí Feabhra 2020 agus tarraingíodh aird mhór agus moladh. Leanadh ina dhiaidh sin le *The Boys in Green* agus *Burnt by the Sun*, sraitheanna dhá chlár an ceann, a tharraing lucht féachana fairsing chomh maith. Ag teannadh le deireadh na bliana, cuireadh insint dhearfa ar scéal aimsir an drochshaoil in Éirinn i láthair den chéad uair ar an teilifís i sraith mórshuntais eile dar teideal *The Hunger*.

## Daoine Nua, Glórtha Úra

Chomh maith le cuid mhór cláracha a mbíonn tóir orthu a thabhairt ar ais arís, bhí an díograis maidir le formáidí nua-cheaptha Éireannacha a fhorbairt chun daoine nua cumasacha a aimsiú. Bhí an-aird ar *The Style Counsellors*, á chur i láthair ag Eileen Smith agus Suzanne Jackson a bhfuil cáil na comhairle faisin ar Instagram orthu. Bhí Maggie Molloy, a bhfuil aithne mhór uirthi ar na meáin shóisialta á cur i láthair lucht féachana na teilifíse in Éirinn den chéad uair sa chlár *Cheap Irish Homes*. Daoine aitheanta ab ábhar d'fhormáid nua eile a craoladh den chéad uair i rith na bliana – chonacthas seisear daoine cáiliúla i gcuideachta Brendan Courtney ar *Keys to My Life* agus scéal a saoil á ríomh acu de réir mar a tugadh cuairt ar na tithe inar chaith siad sealanna ina gcónaí. Thaitin an clár seo freisin go mór leis an lucht féachana.

Bhí Deich mBliana Chomóradh an Chéid go mór chun tosaigh arís ag plé le cúrsaí staire. Ar *Cogadh ar Mhná*, tugadh léargas géar ar ainghníomhartha agus foréigean gnéis a d'imir an dá thaobh ar mhná ar fud na hÉireann i rith ré na réabhlóidíochta. Leagadh amach ar *74 Days: The Hunger Strike of Terence MacSwiney* an toradh míochaine agus síceolaíochta a bhíonn ag stailc ocrais ar an duine chomh maith le míniú a thabhairt ar an úsáid a bhaintear as mar ghníomh ceannairce. Rinneadh trácht go mín stuama ar cheann de na himeachtaí ba shuntasaí a raibh comóradh an chéid á dhéanamh orthu i rith na bliana ar *Bloody Sunday 1920*, clár faisnéise sárléirithe inar cóiríodh do mhionghnéithe a bhaineann leis an eachtra a léiriú chomh maith leis an macalla a leanann anuas go dtí glúnta na linne seo.

Rinneadh ceiliúradh ar cheann de na hiománaithe is fearr riamh i *Christy Ring - Man and Ball*. Rinne an Taoiseach ceiliúradh ar an ócáid i gCorcaigh ag searmanas speisialta i Halla na Cathrach agus úsáid á bhaint as ábhar de chuid an chláir mar lón físeáin. Cineál eile spóirt a bhí i gceist ar *The John Delaney Story*, clár faisnéise ar leith maidir le hathruithe sa saol ag iarcheannaire Chumann Peile na hÉireann.

### RTÉ Radio 1

Leanadh d'ábhar iontais agus eolais go seasta rialta sa tsraith *Documentary on One* ar RTÉ Radio 1 i rith na bliana 2020, bliain chomh maith inar thosaigh meitheal na sraithe ag plé le réimse na sraitheanna podchraoltóireachta. Ríomhadh scéal Kieran Kelly, Éireannach a cheaptar ina amhrastach é mar dhúnmharfóir srathach, ar ocht gclár na sraithe *The Nobody Zone*. Bhí moladh go fada fairsing ag lucht léirmheastóireachta ar an tsraith agus ceanglaíodh níos mó ná dhá mhilliún nasc éisteachta leis i rith na bliana. Is léir ó shonraí faoin lucht éisteachta go raibh mórchuid na ndaoine a d'éist leis an tsraith ar líne faoi bhun 45 bliana d'aois, tuar dóchais maidir le rath leanúnach ar sheánra an chlár faisnéise fuaime.

**Bhí an-aird ar *The Style Counsellors*, á chur i láthair ag Eileen Smith agus Suzanne Jackson a bhfuil cáil na comhairle faisin ar Instagram orthu.**



## RTÉ: Ábhar na bliana 2020

# Drámaíocht agus Greann

### RTÉ Drama on One

Fostaíodh 20 scríbhneoir, 60 aisteoir, ceathrar stiúrthóirí, beirt chumadóirí ceoil agus beirt dhearthóirí fuaime ar Drama on One ar RTÉ Radio 1 i rith na bliana 2020 i mbun 20 dráma nua raidió de chuid na hÉireann a chraoladh. Ar na scríbhneoirí a bhí páirteach san obair, áirítear Liz Nugent, Michele Forbes, Tracy Martin, Caitríona Ní Mhurchú, Niamh Campbell, Vincent Woods, Stephen Jones, Bernard Farrell, Aidan Mathews, Alan McMonagle, Patrick McCabe agus John Boorman. I rith na bliana freisin, coimisiúnaíodh saothar nua ó scríbhneoirí na hÉireann le haghaidh *Long Story Short*, sraith eile de chuid Drama on One ag díriú ar shaol na paindéime.

Rinneadh den chéad uair riamh, léiriú iomráiteach raidió ar *Ulysses* le James Joyce a rinne compántas RTÉ Players sa bhliain 1982 faoi stiúir William Styles, a chur ar fáil mar ábhar podchraoltóireachta, chomh maith le hábhar breise ar shuíomh idirlín, aistí, cláracha, grianghraif agus ábhar míniúcháin agus eile san áireamh. Craoladh an léiriú raidió ina iomláine, 29 uair a chloig as a chéile, ar RTÉ Radio 1 Extra ar Bloomsday. Íoslódáladh an podchraoladh 100,000 uair agus bhí sé ag Uimhir 1 ar chairt iTunes na hÉireann.

D'oibrigh Drama on One i gcomhar freisin le Stage Beyond, compántas amharclannaíochta i nDoire do dhaoine a bhfuil riachtanais foghlama ar leith acu, chun taifeadadh cianbheartaithe a dhéanamh ar *Hamlet, Prince of Derry*, arna chóiriú ag Colin Murphy agus arna léiriú ag Conall Morrison le scór ceol an chumadóra Si Schroeder. Cuireadh an léiriú stáitse a bhí beartaithe ar dtús ar athló mar gheall ar Covid-19 agus ba dhíol suntais arís eile an ról lárnach atá ag an raidió i saothrú an chultúir, fiú nuair a bhí na srianta ba dhéine de bharr Covid-19 i réim.

Bronnadh cuid mhór gradaim ar léiriúcháin de chuid Drama on One, ina measc an chéad áit ag gradaim IMRO do *Leaba an Bháis* le Darach Mac Con Iomaire, an chéad dráma Gaeilge ar ar bronnadh an duais náisiúnta seo. Ar na gradaim eile, áirítear duaiseanna éagsúla de chuid New York Festivals Radio Awards. Bronnadh 2020 Chuallacht Scríbhneoirí na hÉireann ('ZeBBies') don script raidió is fearr ar *You Better Sit Down* le Nyree Yergainharsian.

Ba é Robert Barrett, le *Nothing Ever Happens Around Here*, a bhuaigh comórtas scríbhneoireachta RTÉ Drama on One, Gradam PJ O'Connor. Thug Drama on One faoi cheardlann agus faoi bhearta caidrimh ar bhonn cianoibre le hOllscoil na Banríona i mBéal Feirste agus le Coláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath.

### Éire ar an Scáileán

Mar a chéile le drámaí eile teilifíse, b'anróiteach an bhliain í ag *Fair City*. Nuair a d'fhág srianta sláinte gur ghá léiriú na sraithe a chur ar athló, bhí obair mhór le déanamh ag cur prótacail shábháilteachta ar bun a d'fhágfadh go bhféadfadh an fhoireann léiriúcháin agus na haisteoirí dul i mbun taifeadta arís. Chuir meitheal dhíograiseach an obair bainistíochta i gcrích a chinntigh go mbeadh *Fair City* ar an gcéad clár scripte sa tír a bhí ar ais i mbun léiriúcháin ó theacht na paindéime agus trí chlár in aghaidh na seachtaine á gcur ar fáil acu.

Tharraing *Normal People* agus *Young Offenders* leibhéil iontacha lucht féachana ní amháin in Éirinn ach go hidirnáisiúnta.

Trí oibriú i gcomhar le páirtnéirí comhléiriúcháin idirnáisiúnta agus ag teacht i dtír ar foinsí eile cistíochta tríd an tÚdarás Craolacháin agus Fís Éireann, cuireadh go mór leis an saothar drámaíochta agus grinn i rith na bliana 2020. Críochnaíodh 51 uair a chloig de dhrámaíocht coimisiúnaithe/comhléiriúcháin agus de dhrámaíocht grinn agus cuireadh tús leis an scannánaíocht ar 23 uaire a chloig breise. Rinneadh comhléiriú le Acorn TV (An Ríocht Aontaithe, Éire, Meiriceá Thuaidh agus an Astráil agus an Nua-Shéalainn) agus le City TV (Ceanada) ar *Dead Still*, sraith bleachtaireachta 6 × 60' suite sna 1880idí. Rinneadh *The Southwesterlies,* sraith 6 × 60' suite in iarthar Chorcaí, comhléiriú le Acorn TV & TV2 (An Iorua), ZDF Enterprises, an tÚdarás Craolacháin agus Fís Éireann. Tharraing an clár píolótach sciar 30% den lucht féachana agus coinníodh sin ar feadh na sraithe.

Maidir le hábhar a bhaineann le réimse an ghrinn, cuireadh dhá shraith nua den chlár iomráiteach *The Tommy Tiernan Show* ar fáil i rith na bliana 2020 agus rinneadh comhléiriú ar chláracha breise *All Round to Mrs Brown's*, Clár Speisialta Nollag san áireamh. Tharraing clár speisialta *Callan Kicks the Year* lucht éisteachta an-líonmhar agus tá beartaithe níos mó de sin a chur ar fáil.

### RTÉ Player

Chas buaiclíon daoine ar ábhar grinn agus drámaíochta chucu féin ar RTÉ Player i rith na bliana 2020. Bhí *Normal People* ar an gclár ba mhó lucht féachana riamh ar RTÉ Player. Ghnóthaigh siad breis agus 5 milliún sruth a cheangal 600,000 goireas ar leith leis an Player. B'ionann sin agus breis is aon mhilliún uair a chloig breathneachta. Chun comóradh a dhéanamh ar dheich mbliana *Love/Hate* i rith na bliana 2020, d'oibrigh RTÉ Player in éineacht leis an bhfear grinn Darren Conway, a bhain taitneamh ollmhór as an tsraith, chun daoine a thabhairt siar bóithrín na smaointe nuair a chuir sé a rogha féin de bhuaicphointí na sraithe i láthair.

Bhí súil ghéar shearbh ar imeachtaí na bliana 2020 ag Doireann Garrihy ar *Reeling in the Fears*, idir agallaimh Zoom a chuaigh in aimhréidh agus tráth na gceist teaghlaigh a nocht rúin na dianghlasála. Ar *Seriously, Sinéad?,* d'aimsigh Sinead Quinlan pobal ar líne in ionad na sluaite a thagann chuig an seó stáitse.

Is sraith grinn anamúlachta í *Your One Nikita* a chruthaigh Aoife Dooley agus a thug ardán i 2020 do chomhrá náisiúnta an phobail.

**Is sraith grinn anamúlachta í *Your One Nikita* a chruthaigh Aoife Dooley agus a thug ardán i 2020 do chomhrá náisiúnta an phobail.**



# Siamsaíocht agus Ceol

### An Comhluadar Náisiúnta

Bhí tús breá láidir le hobair na bliana le sraith eile de *Dancing with the Stars* (ShinAwiL); bhuaigh an láithreoir Lottie Ryan sraith na bliana 2020 díreach agus tús á chur leis an dianghlasáil. Le linn reimsí éagsúla dianghlasála lean an *Late Late Show* ag insint scéalta an phobail, fiú gan slua i láthair sa stiúdió. Thug an seó ardán sábháilte chuige sin le linn na paindéime ar fad chun lón eolais, foghlama agus siamsaíochta a chur ar fáil dúinn i rith an athrú saoil. Cuireadh saothar earnáil na carthanachta sa lárstáitse soiléir ar an gclár agus bailíodh níos mó ná €7.5 milliún trí fheachtais an chláir ar mhaithe le cúiseanna éagsúla, mar shampla cosc ar féinmharú, taighde ar ailse agus cás iad siúd gan dídean. Bailíodh €6.7 eile leis an *Toy Show Appeal* do leanaí a bhí i bpriacal ar fud na tíre.

Bhain *RTÉ Does Comic Relief* gáire chroíúil as muintir na hÉireann chomh maith leis na milliúin a bhailiú do charthanais – d'oibrigh léiritheoirí inmheánacha RTÉ agus léiritheoirí neamhspleácha le chéile chun ábhar nua a chruthú a mbeidh cuimhne go buan orthu, mar shampla an sceitse maidir le *Normal People* agus Hozier i bPáirc an Chrócaigh agus an áit folmha. Ar *Deirdre O'Kane Talks Funny*, rinne an bhean grinn chlúiteach cíoradh ar shaol roinnt de na hoirfidigh is mó cáil. Tháinig an tír ar fad le chéile níos faide amach sa bhliain chun dul siar ar bhóithrín na smaointe le Zig, Zag agus Dustin nuair a thug siad faoi athléiriú speisialta le Ray D'Arcy ar *The Den,* an tsraith do pháistí a mbíodh gean agus tóir air.

### Ceiliúradh ar Chumas Phearsana Aitheanta agus Phearsana Nua

*Tugadh deis thábhachtach le RTÉ Does Comic Relief* do chuid mhór daoine aitheanta agus daoine nua teacht i láthair ar an teilifís, ina measc Pat Shortt, The 2 Johnnies, Foil Arms and Hog, agus Aisling Bea. Bhí ábhar gáire agus amhránaíochta ag The 2 Johnnies (Straywave Media) freisin ar chlár speisialta Nollag a raibh ráchairt mhór air.

### Aontaithe trí Cheol

I dtús na bliana 2020, bhí *Other Voices* (South Wind Blows) ar ais le 10 n-uaire an chloig de thogha an cheoil as an Daingean agus níos faide ó bhaile. I mí Márta, rinne RTÉ ceiliúradh ar ghradaim ceoil RTÉ Choice as Sráid Vicar i mBaile Átha Cliath. 'Hello My Love' le Westlife a bhuaigh an Gradam d'Amhrán na Bliana agus bronnadh Gradam Albam na Bliana ar 'The Livelong Day' le Lankum. Mar aisfhreagra ar an bpaindéim, cuireadh dhá shraith de cheolchoirmeacha beo sruthchraolta ar fáil ar *Other Voices: Courage* agus dhá shraith teilifíse a lean a ghlac oirfidigh cruthanta in ionaid cháiliúla, mar shampla Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus an Leabharlann Náisiúnta. Cuireadh go mór le héifeacht na láthair sin de bharr go rabhadar iomlán folamh. Tráth a raibh ísliú tubaisteach ar an teacht isteach ag cuid mhór daoine i rith na bliana 2020, bailíodh airgead a raibh géarghá leis le *Songs from an Empty Room* (ShinAwiL) do na cistí Minding Creative Minds agus an Association of Irish Stage Technicians' Hardship Fund (AIST).

### RTÉ 2fm

Ábhar trua ag 2fm i dtús mhí Eanáir 2020 an scéal go raibh Larry Gogan, an láithreoir iomráiteach, tar éis bháis. I mí na Nollag 2020, rinne a gharchlann comóradh air nuair is iad a sheinn an chéad amhrán Nollag do shéasúr na bliana ar an stáisiún, nós a bhíodh ag Larry féin lena linn.

Thug 2fm Rising ardán do cheoltóirí a bhí ag teacht chun cinn, ina measc, Nealo, Moncrieff, Denise Chaila agus Aimee. Tráth a raibh féilte curtha ar ceal, rith 2fm feachtas *Epic Summer* dá chuid féin le sraith féilte éagsúla le téamaí faoi leith deireadh seachtaine. Chuir Electric Picnic clabhsúr leis an tsraith féilte agus taifeadadh beo de choirmeacha ceoil le leithéid Arctic Monkeys agus Sam Smith ó chartlann Electric Picnic na mblianta seo d'imigh.

Choinnigh 2fm an lucht éisteachta óg ar an eolas faoi Covid-19 i rith na bliana le feachtais eolais. I mí na Nollag, bailíodh níos mó ná €120,000 le codladh amuigh chlár am bricfeasta 2fm ar mhaithe le Cumann Naomh Uinseann de Pól.

**Cuireadh dhá shraith de cheolchoirmeacha beoshruthaithe agus sraith teilifíse i láthair le *Other Voices: Courage,* ina raibh ealaíontóirí den scoth páirteach agus a taifeadadh i láthair aitheanta gan aon duine i láthair, lena n-áirítear Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.**



# RTÉ: Ábhar na bliana 2020

# Na hEalaíona agus Cultúr

Lean RTÉ i rith na bliana 2020, sular tháinig an phaindéim agus le linn srianta a bheith i bhfeidhm, d'ábhar ealaíne agus cultúir a chur ar fáil a raibh lón anama ann ag daoine. Chuathas in oiriúint, mar ba ghá, do na deacrachtaí praiticiúla agus do na srianta oibre a bhaineann le Covid-19. Coinníodh bunsraith sceideal craoltóireachta na gcláracha Ealaíon agus Cultúir ar siúl trí mhodhanna nua oibre a leagan amach go sásúil, léiriúchán craoltóireachta ilardáin san áireamh freisin, ionas go mbeadh ábhar spreagtha, ábhar sóláis agus lón intinne ag an lucht féachana agus éisteachta.

## Teilifís

Coimisiúnaíodh dhá shraith breise de *The Works* le craoladh ar RTÉ One, portráidí agallaimh i ngach sraith acu le cúigear d'ealaíontóirí suntasacha na hÉireann agus tá beim ar conas mar a chuaigh Covid-19 i gcionn ar shaol agus ar shaothar na n-ealaíontóirí sin sa dara sraith. Áirítear ar na buaicphointí eile i rith na bliana:

*HERSTORY: Ireland's EPIC Women*, sraith ceannródaíochta sé chlár a léiríodh i gcomhar leis an Údarás Craolacháin agus EPIC lena ngabhann ábhar podchraolta agus acmhainní digiteacha eile freisin, ina gcuirtear i láthair scéalta roinnt de na ceannródaithe mná ba shuntasaí de bhunadh na hÉireann a rinne dul chun cinn cinniúnach i réimsí na tráchtála, na polaitíochta, na heolaíochta, na healaíne, na heitleoireachta agus na teicneolaíochta.

*Creative Kids*, le cistíocht ó Éire Ildánach, clár faisnéise teilifíse aon uair a chloig a spreagadh ag Scoileanna Ildánacha, tionscnamh píolótach dírithe ar an gcruthaitheacht agus ar chúrsaí ealaíne i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal ar fud na hÉireann.

*O'Casey in the Estate*, inar díríodh ar shaol na linne seo i gceantair foirgníochta in Éirinn faoi anáil shaothar iomráiteach dhuine de dhrámadóirí móra na tíre.

*Making a Museum: The Story of MoLI,* clár faisnéise sa stíl faire maidir leis an obair dearthóireachta agus tógála ar Mhúsaem Litríochta na hÉireann.

Cruthaíodh chomh maith eagrán fíorúil de *An Post Irish Book of the Year* agus tosaíodh sraith nua, *Soundtrack of My Life,* a chur ar bun le Nicky Byrne i mbun láithreoireachta agus aíonna speisialta i mbun oirfidíochta le Ceolfhoireann Coirme RTÉ.

## Raidió

Lean RTÉ lyric fm den sceideal rialta craoltóireachta a chur ar fáil ainneoin oiread de na coirmeacha ceoil beo a bheith curtha ar ceal. Áirítear ar an obair, cláracha i rith an lae dírithe ar an lucht éisteachta le míreanna téamatúla faoi ghnéithe den chultúr neadaithe iontu. Bhí réimse cláracha faisnéise agus sraitheanna bunaithe ar sheánraí faoi leith tráthnóna agus ar an deireadh seachtaine chomh maith ar lyric fm. Smaoiníodh ar mhodhanna tionscantacha chun coirmeacha ceoil beo ceolfhoirne a chur i láthair do lucht éisteachta níos fairsinge le sruthchraoladh beo agus craoladh beo ar an raidió á dhéanamh ar cheolchoirmeacha de chuid Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ a leagadh amach go speisialta chuige sin, arna gcur i láthair i gcomhar le www.rte.ie/culture agus le bealach teilifíse RTÉ One.

Tionscnaíodh sraith nua ceolchoirmeacha a craoladh ón RDS le Ceolfhoireann Coirme RTÉ ag seinm in éineacht le réimse leathan aíonna. Rinneadh sruthchraoladh físeáin orthu seo ar líne. Leanadh den cheoldrámaíocht a chur i láthair ar lyric agus ar www.rte.ie/culture, ainneoin oiread den léiriúchán beo a bheith á chur ar ceal. Mar chuid den chomhar páirtnéireachta speisialta le Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman, do craolachán agus ábhar ar líne, rinneadh an chéad chraoladh riamh ar *What Happened to Lucrece* le Andrew Synott.


Leanadh gan stad leis na cláracha ealaíon agus cultúir ar RTÉ Radio 1 agus cuireadh réimse leathan iléagsúil de chláracha ceoil agus litríochta ar fáil. Bhí an-tábhacht leis an irischlár ealaíon *Arena* ag trácht ar an tionchar tubaisteach a bhí ag an bpaindéim ar earnáil na n-ealaíon. Ríomhadh an scéal maidir le deireadh iomlán nach mór a bheith le teaspeántas poiblí os comhair lucht éisteachta nó féachana agus an tseiftiúlacht a bhain le cuid mhór a thapaigh deiseanna teicneolaíochta chun ceangal le pobal éisteachta agus féachana ar líne. Cuireadh sraith podchraoltóireachta leis an gclár ceoil traidisiúnta *The Rolling Wave*, rud a chothaigh caidreamh breise a cheangal an lucht éisteachta leis an gclár. Tugadh faoi thogra coimisiúnaithe freisin agus iarradh ar dheichniúr cumadóirí saothar nua sa cheol traidisiúnta a chumadh a bheadh bunaithe ar a dtaithí féin ar shaol bhliain an Covid-19.

Leanadh de bhunábhar nua-cheaptha scríbhneoireachta a chraoladh ar *Sunday Miscellany* agus, rinne *Writing on One*, dréachta a choimisiúnú ó scríbhneoirí éagsúla, Afric McGlinchey, Siobhán McSweeney, Selina Guinness, Martina Devlin agus Cathy Sweeney ina measc, ag trácht ar shaothar scríbhneoirí eile na linne. Craoladh scríbhneoirí iomráiteacha ar RTÉ Radio 1 ag léamh sleachta as a gcuid saothair féin. Ina measc Edna O'Brien i mbun leagan sainchóirithe de *James and Nora: A Portrait of a Marriage* á léamh aici. Ar *Book on One*, léigh Joseph O'Connor sleachta as *Shadowplay*, Sinéad Gleeson as *Constellations*, thug Rosita Boland dúinn sleachta as *Elsewhere*, Sara Baume sleachta as *handiwork* agus Doireann Ní Ghríofa sleachta as *A Ghost in the Throat.*

Sular tháinig an dianghlasáil i bhfeidhm i mí Márta, bhí sraith speisialta de *Simply Folk* as New Orleans le háireamh ar na buaicphointí ceoil ar Radio 1 chomh maith leis na ceolchoirmeacha *The Songs of Leonard Cohen* le Ceolfhoireann Choirme RTÉ, nár fágadh oiread agus ticéad gan díol, a craoladh as Amharclann Bord Gáis Energy. Réimeas eile a bhí i bhfeidhm níos deireanaí sa bhliain ach cuireadh i láthair *Sounds of Summer* le Ceolfhoireann Choirme RTÉ agus leagan faoi leith i mí na Samhna de *RTÉ Radio 1 Folk Awards* a chuireadh i láthair go fíorúil.

## Na Ceolfhoirne

Bhí ceolchoirmeacha agus craoltaí ar siúl ag Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus ag Ceolfhoireann Choirme RTÉ beo os comhair lucht éisteachta i dtús na bliana sular tháinig an t-athrú mór mar gheall ar shrianta sláinte poiblí ó mhí Márta ar aghaidh ba chúis le hathshamhlú ó



**Coimisiúnaíodh dhá shraith breise de *The Works* le craoladh ar RTÉ One, portráidí agallaimh i ngach sraith acu le cúigear d'ealaíontóirí suntasacha na hÉireann. Léiríodh freisin mar a chuir Covid-19 isteach ar shaol agus ar shaothar na n-ealaíontóirí sin sa dara sraith.**

# RTÉ: Ábhar na bliana 2020

# Na hEalaíona agus Cultúr
**(ar lean)**

bhonn ar an tairbhe a d'fhéadfadh na ceolfhoirne a dhéanamh. I rith thréimhsí na dianghlasála, baineadh leas ildánach as taifeadadh ciandeighilte agus, de réir mar ab fhéidir i bhfianaise na moltaí sláinte agus sábháilteachta, tháinig líon teoranta ceoltóirí le chéile san aon ionad amháin, faoi eagar scartha, chun ceol a sheinm don craolachán.

Chuir Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ sraith de 14 ceolchoirm faoin bpríomhstiúrthóir Jaimie Martin ar siúl beo as an gCeoláras Náisiúnta i rith an fhómhair le haíonna speisialta, Claudia Boyle, soprán, ina measc. Craoladh na ceolchoirmeacha seo beo ar lyric fm chomh maith le sruthchraoladh beo a dhéanamh ar www.rte.ie/culture. Roghnaíodh 10 gcinn de na coirmeacha ina dhiaidh sin lena léiriú ar bhealach teilifíse RTÉ One.

I rith an fhómhair chomh maith, chuir Ceolfhoireann Choirme RTÉ sraith de choirmeacha ceoil ilardáin le chéile inar seinneadh réimse leathan den cheol mór-ráchairte le haíonna speisialta. Léiríodh oícheanta a bhí bunaithe ar cheol John Lennon, ar an gceoldrámaíocht agus ar théamaí séasúracha ar dhul an Nollaig Mhór agus an Nollaig Bheag. Anuas ar sin bhí *The Burning of Cork*, saothar le Paul Frost ceangailte le comóradh an chéid, á sheinm go poiblí den chéad uair riamh.

### Ar líne

Ar cheann de na torthaí a tháinig ar an gcosc sealadach ar imeachtaí beo, bhí an borradh faoin gceangal ar líne agus tharla buaicleibhéil caidrimh le www.rte.ie/culture, 1 milliún leathanach in aghaidh na míosa a thapú agus méadú 120% ar líon na gcuairteoirí in imeacht na bliana. Bhí tábhacht bhreise leis an leathanach Cultúir, ní hamháin maidir le himeachtaí ilardáin de chuid RTÉ féin a chur i láthair – mar shampla, dánlann *Illuminations*, an tsraith ceolchoirmeacha beo *Other Voices: Courage* agus sraith ceolchoirmeacha an fhómhair le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ – ach d'fhonn ardán a sholáthar freisin ag imeachtaí móra tábhachtacha ealaíon agus cultúir eile, mar shampla *Dear Ireland* le hAmharclann na Mainistreach, *20 Shots of Opera* le Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta na hÉireann, ina raibh Ceolfhoireann Choirme RTÉ páirteach, agus *Solar Bones* le Féile Ealaíon Chill Chainnigh agus Compántas Amharclannaíochta Rough Magic. Chuaigh an t-ábhar ar líne i gcion go mór freisin ar ardáin na meán sóisialta, mar is léir ón gcaoi ar éirigh le dán Imelda May, *You Don't Get to Be Racist and Irish*, a ghnóthaigh breis agus milliún féachaint ar leathanach Cultúir Facebook, san am gcéanna ina raibh sí ar an leathanach ba mhó féachana ar fud RTÉ.ie - éacht as an gnáth.

### Imeachtaí speisialta

Mar gheall ar na deacrachtaí a bhain leis an dianghlasáil, ba cheannródaíoch an chaoi inar éirigh le tionscnaimh nua ilardáin a bheadh ina ábhar sóláis agus spreagtha. Áirítear orthu sin *Shine Your Light*, sraith imeachtaí bunaithe ar théama an tsolais a chuir RTÉ chun cinn ar fud na n-ardán ar fad, tráthnóna Domhnach Cásca, nuair a moladh don uile dhuine coinneal a lasadh mar chomhartha dóchais.

Lean an tionscadal ar feadh na bliana ón nóiméad sin i mí Aibreáin le healaíontóirí agus a gcuid saothair á gcur os comhair an phobail díreach nuair a bhí an ceangal sin le pobal in easnamh orthu. Ar *Shine Summer Concert*, a taifeadadh don teilifís i nGairdíní Uíbh Eachach, sa Cheoláras Náisiúnta agus in RTÉ, bhí ceoltóirí agus ealaíontóirí reacaireachta, ina measc Dermot Kennedy, Denise Chaila, Villagers, Celine Byrne, Cormac Begley, Anna Mieke agus John Boyne; agus ar chlár eile ag gabháil leis an gceann sin, *Shine On*, bhí Dermot Kennedy agus Denise Chaila in éineacht le Ceolfhoireann Choirme RTÉ le feiceáil ar an RTÉ Player; dánlann ar líne a bhí i gceist le *Illuminations* le bunsaothair ceoil, litríochta, reacaireachta agus dearcealaíne a coimisiúnaíodh lena aghaidh; agus cuireadh clabhsúr le *Shine Your Light: Solstice*, arna léiriú i gcomhar leis an gclár Éire Ildánach, le clár speisialta d'ábhar ceoil agus focal ar RTÉ One le saothar coimisiúnaithe de chuid Marina Carr, Moya Cannon agus Manchán Magan agus ceol le Christy Moore, Sharon Shannon, Damien Dempsey, Erica Cody agus Clannad.

Nuair nach bhféadfadh lucht féachana a bheith i láthair beo ar an láthair, rinneadh athcheapadh freisin ar an ngnáthchur chuige maidir le hOíche Chultúir a cheiliúradh i mí Meán Fómhair agus léiríodh *Nationwide: Culture Night Special* le cabhair ón gComhairle Ealaíon. Taispeánadh ar an gclár sin rogha samplach de na bearta a bhí ar siúl ar fud na tíre don Oíche Chultúir agus cuireadh ábhar breise ar fáil ar rte.ie/culture agus ar RTÉ Radio 1. Mar bhuaicphointe clabhsúir leis an gclár teilifíse ar RTÉ One, léiríodh *I am Ireland*, bunsaothar nuacheaptha damhsa ar coimisiún ón gcóiréagrafaí Emma Martin agus a compántas damhsa United Fall.

### Na Réimsí Digiteacha

I mí Dheireadh Fómhair 2020, cuireadh ábhar speisialta as clár imeachtaí Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman 2020 ar fáil ar RTÉ Player, ionas go bhféadfaí ceangal le sruthchraoladh beo nó le nasc ar atráth, as áit ar bith ar fud an domhain. I measc an ábhair a cuireadh ar fáil, bhí na *Falstaff Chronicles* agus *What Happened to Lucrece*, agus rinneadh craoladh beo ón bhféile ar *Petite Messe Solennelle* le Rossini, Ceolchoirm ag Am Dinnéir le Celine Byrne, Ceolchoirm le Claudia Boyle agus Pietro Adaini, agus imeachtaí eile.

*Formáid faoi leith maidir le ceolchoirmeacha a bhí i gceist le Other Voices: Courage* a rinneadh a shruthchraoladh beo ar chainéal YouTube *Other Voices* agus a foilsíodh an lá dár gcionn ar RTÉ Player. Ar an réimse éagsúil ceoltóirí agus bannaí a léiríodh, bhí Ye Vagabonds, Lisa Hannigan, Denise Chaila, Kodaline, Fontaines D.C., Mick Flannery agus Susan O'Neill, agus eile.

**Cuireadh clár d'imeachtaí speisialta i láthair ar an RTÉ Player ó Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman 2020, a fhéadhfaí a shruthú ar fud an domhain beo agus ar éileamh.**



# RTÉ: Ábhar na bliana 2020

# Spórt RTÉ

Ba anróiteach an bhliain maidir le cúrsaí spóirt í an bhliain 2020 nuair ba bheag nár chuir Covid-19 deireadh go hiomlán le féilire na n-imeachtaí spóirt, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireadh na comórtais mhóra sacair san Eoraip, na Cluichí Oilimpeacha agus craobhchomórtais CLG ar atráth agus d'fhág sin cuid mhór deacrachtaí lóistíochta, eagarthóireachta, airgid agus sceidle. Cé go raibh taitneamh le baint as ábhar cartlainne, níorbh ionann é agus imeachtaí spóirt beo. Rinne na heagraíochtaí spóirt go maith ag dul in oiriúint do chúinsí na linne agus ag leagan amach pleananna teagmhais.

Eascraíonn deiseanna nua as gach cruachás agus b'fhíor sin faoin mbliain 2020. Nuair nach bhféadfadh sluaite agus lucht leanúna a bheith i láthair, bhí sruthchraoladh imeachtaí spóirt ar an rogha ab fhearr ag roinnt eagraíochtaí. Trí theacht le chéile Chumann Peile na hÉireann, Chumann Lúthchleas Gael agus RTÉ, éascaíodh an deis don tseirbhís WatchLOI a thabhairt chun cinn agus níos mó ná 80 cluiche i Sraith na hÉireann a chur ar fáil don lucht féachana. D'eascair sruthchraoladh ar chluichí sraithe agus ar chluichí craoibhe CLG as sin, arna gcur ar fáil don lucht féachana in Éirinn agus thar lear. Bhí Spórt RTÉ i lár an aonaigh maidir leis an tseirbhís phoiblí seo agus is ábhar mór mórtais gurbh fhéidir a leagtar de chúram ar an eagraíocht a chomhlíonadh ar an gcaoi seo.

Rinneadh na hócáidí mórthábhachtacha i rith na bliana a léiriú le barr measa agus dínite, mar ba léir go háirithe maidir leis an gcomóradh céad bliain ar Dhomhnach na Fola i bPáirc an Chrócaigh, tráth a raibh craobhchomórtas srianta CLG ar siúl. Comóradh maorga corraitheach a bhí sa tseirbhís ar eachtra mhórshuntasach staire.

Is cinnte go mbainfidh deacrachtaí ilghnéitheacha leis an mbliain 2021, idir cúrsaí airgid agus gnéithe domhanda den uile chineál. Táthar ullamh chun tabhairt faoi gach dúshlán a shárú.

**Spórt na mBan**

Bhí an chosúlacht air gur bliain ríshuntasach a bheadh sa bhliain 2020 maidir le spórt na mban. Ainneoin Covid-19, rinneadh bearta suntasacha maidir le hionadaíocht na mban in ábhar RTÉ. B'ábhar mórtais do RTÉ seasamh leis an tionscnamh 20×20 Spórt na mBan agus tugadh bearta faoi leith i gcrích den chéad uair riamh, ina measc trácht ar chluiche ceannais Shraith Curadh na mBan agus dhá chluiche ceannais náisiúnta a chraoladh, i sacar na mban agus sa chamógaíocht, ar an aon Sár-Shatharn amháin i mí na Nollag. Ar RTÉ Player, taispeánadh buaicphointí haca na mban, cluichí rugbaí na mban i gComórtas na Sé Náisiún, camógaíocht agus comórtas rámhaíochta na hEorpa, chomh maith le hagallaimh le lúthchleasaithe cáiliúla ban.

**Ar RTÉ Player, taispeánadh buaicphointí haca na mban, cluichí rugbaí na mban i gComórtas na Sé Náisiún, camógaíocht agus comórtas rámhaíochta na hEorpa, chomh maith le hagallaimh le lúthchleasaithe cáiliúla ban.**



# RTÉ: Ábhar na bliana 2020

# Daoine Óga

Cuireadh tús leis an mbliain 2020 le sceideal lán d'ábhar beo beathach agus d'ábhar beochana ar TRTÉ agus RTÉjr. D'fhill sraitheanna de leithéid *RTÉjr Goes Dancing with the Stars, Body Brothers* agus *Bright Sparks*, a mbíonn an-tóir orthu, a chuir ábhar spéise, eolais agus siamsaíochta ar fáil don sciar is óige den lucht féachana.

Seoladh *HERSTORY* i mí Feabhra agus choimisiúnaigh Cláracha do Dhaoine Óga scannáin nuacheaptha ó earnáil na mbeochana ina n-inseofaí scéalta mhná ceannródacha na hÉireann. I mí Márta, bhí RTÉ i riocht cúnamh a thabhairt do dhaltaí scoile na tíre agus dá gcuid tuismitheoirí chun déileáil leis an éiginnteacht a d'eascair ón bpaindéim trí sceideal rialta d'ábhar oideachais ar ardchaighdeán a chur ar fáil lá i ndiaidh lae: tháinig *Home School Hub* ar an bhfód. Idir mí Márta agus mí Meithimh, léirigh Macalla Teoranta níos mó ná 60 uair a chloig d'ábhar spreagúil a chuidigh leis na leanaí agus lena gcuid tuismitheoirí an ghéarchéim a chur díobh.

De réir mar a tháinig an fómhar agus réimis éagsúla dianghlasála, choimisiúnaigh Roinn na gClárachа do Dhaoine Óga sraith eile a ghabhfadh leis an gcéad sraith *Home School Hub*. Craoladh *After School Hub* tráthnóna ar RTÉ2 idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag agus coinníodh spéis na leanaí le réimse leathan gníomhartha tar éis na scoile arna gcur i láthair ag na múinteoirí céanna a bhí ar *Home School Hub*.

### TRTÉ

*Tháinig Martin's Shed* (Fusion Films), sraith de chláracha 'mídhleathacha' arna gcur i láthair ag Martin, an cat crainn agus ag MC (Mary Claire Fitzpatrick), ina réabadh ar an scáileán i mí Lúnasa. Bhí sé á chraoladh as ionad rúnda faoi cheilt i gContae Laoise, lán le hamhráin, le spleodar agus le straoisíl ghháire. Gairid ina dhiaidh, tháinig sraith drámaíochta grinn, ábhar nua-cheaptha ainneoin an teideal *Blasts from the Past*, arna chur ar fáil ag Firebrand Productions. Insítear ann na heachtraí a tharlaíonn do Emily Blast, (Eleanor O'Brien i mbun aisteoireachta), gnáthdhéagóir a bhfuil ar a cumas léim ó thráth go chéile i stair na hÉireann.

*Gamer Mode* (Roundstone Media) an chéad chlár teilifíse faoi chúrsaí cluichíochta in Éirinn, á léiriú ag lucht cluichíochta do lucht na cluichíochta. Bhí *Squad Goals* (Kite Entertainment) ar ais le haghaidh an dara sraith agus ionad nua, cluichí nua agus óstach nua aige, Anna Geary. D'fhill *Ace My Space* (Tailored Films) chomh maith, agus deis á thabhairt aige do pháistí athmhaisiú ar a seomraí leapa a bhuachan. Bhí na réaltaí YouTube Sean Treacy agus MC (Mary Claire Fitzpatrick) ar ais agus iad ag déanamh athrú ó bhonn ar sheomraí leapa ar fud na hÉireann.

*Tina Times Two*, an saothar drámaíochta is deireanaí de chuid Dyehouse Films. Baineann an scéal le cailín óg deas, Tina, agus í ag teacht in inmhe. Tarlaíonn mar is mian léi nuair a bhuaileann sí le cara draíochta a bhfuil an chuma cheannann céanna uirthi atá uirthi féin. Déantar scéal uafáis den scéal iontais nuair is mian lena leathchailín tabhairt faoi shaol dá cuid féin.

*Sraith cláracha faisnéise do leanaí atá in My Story* ina ndéantar cíoradh ar scéalta a théann i gcion go díreach ar an duine óg. Cuireadh scannáin éagsúla ar fáil sa tsraith i rith na bliana: *From Sheriff Street to Delphi* (Dyehouse Films) maidir le dream daoine óga as Baile Átha Cliath ar lá dá saol atá i dturas eachtraíochta go Contae Mhaigh Eo ag foghlaim conas breith ar bhreac; *Tajus the Kickboxer* (Ronin Films), scéal faoi Tajus, 12 bliain d'aois a bhfuil cáil air ar na meáin shóisialta agus ar bhreá leis a bheith ina chicdhornálaí gairmiúil; agus *Dillon's Adventures* (Little Road Productions), faoi Dillon Lynch, buachaill óg 12 bliain d'aois ar gnách leis códóireacht, siúlóid agus eachtraíocht faoin aer a dhéanamh agus a thugann anois faoin ngníomh dúshláin is mó fós.

Craoladh an tsraith bheochana *Dorg Van Dango*, arna chruthú ag Cartoon Saloon agus WildBrain, den chéad uair ar RTÉ. Ríomhtar ann eachtraí a tharlaíonn do ghnáthdhéagóir atá ag éirí aníos i mbaile mór Normill. Tagann cor sa saol nuair a éiríonn le ceithre cinn de neacha draíochta éalú as Area 52. Tuirlingíonn siad ar chúl an tí. Tugann Dorg aire dóibh agus cuireann sé faoi cheilt iad faoi chuma ghnáthdhéagóirí – má chuireann féin, ní gnáthdhéagóirí beag ná mór na cairde nua seo atá aige!

### RTÉjr

Cuireadh meascán d'ábhar le gnáthphearsain agus d'ábhar beochana ar fáil mar lón siamsa do na daoine is óige sa lucht féachana i rith na bliana 2020. Bhí an clár eolaíochta agus damhsa *Body Brothers* (stop.watch) ar ais ar RTÉjr le fíricí faoi ainmhithe agus cleasa damhsa. Bhí *Bright Sparks* ar ais freisin le spraoi, drámaíocht agus ábhar gáire as scéalta faoi mhíthapa nó eachtra a bhí ag titim amach i measc mhuintir Bright's Park.

Scannán tréan faoi chailín ocht mbliana, Sophie Corley, atá ag ullmhú don seó chinn bhliana sa Glee Club atá in *My Story: Sophie* (Fubar Films). Bhí spraoi agus spórt na Nollag ar *Donncha's Two Talented Christmas Special* (Adare Productions) i ndeireadh na bliana: rinne ógánaigh chumasacha meantóireacht ar Brian Redmond, moltóir ar *Dancing with the Stars*, Maclean Burke, aisteoir ar *Fair City*, Róisín Ingle iriseoir de chuid an *Irish Times* & Cliona Hagan, amhránaí ceol tíre, chun cuidiú leo amhráin Nollag a chrochadh suas agus a chanadh amach.

Ar na buaicphointí maidir le hábhar beochana do leanaí réamhscoile, bhí sraith nua dar teideal *Hungry Bear Tales* arna léiriú ag Treehouse Republic i gcomhar le Bionaut Animation, ina bhfeictear na dlúthchairde Ned agus Mikey. In eachtraí nua de chuid *Pablo* (Paper Owl Films) agus Ainmhithe an Leabhair, sáraíodh deacrachtaí an tsaoil, agus bhí *Ollie*, leis an stiúideo Ink and Light, ar ais le scéalta beaga faoi cheisteanna móra maidir le foghlaim, cairdeas, uaigneas agus an tábhacht atá leis na rudaí beaga sa saol a ríomh.

Tháinig athrú suntasach i rith na bliana 2020 ar Cláracha do Dhaoine Óga nuair a thosaigh meitheal na roinne ar ábhar a choimisiúnú d'Ógánaigh Fásta. Fadscannán faisnéise arna léiriú ag Brick Films atá in *Growing Up at the End of the World* ina ríomhtar scéal thriúr déagóirí ar feadh bliain go leith agus iad i mbun feachtasaíochta maidir leis an athrú aeráide ag éileamh go dtagann athrú ar mhaithe leis an saol a bheidh le caitheamh acu féin san am atá rompu.

**Raidió & Podchraoltaí**

Tháinig an podchraoladh go mór chun tosaigh i mbliana agus gá breise le hábhar a chur ar fáil don lucht éisteachta óg agus do na tuismitheoirí gnóthacha a bhí ag féachaint le hoibriú agus múinteoireacht a dhéanamh sa bhaile. Ba é an clár podchraolta *Home School Hub* an leathchúpla fuaime leis an gclár teilifíse, le hábhar sainchóirithe nuacheaptha (*The Living Library, 2K from Home, Adventures in Time, Inside the Orchestra*) chomh maith le hábhar catalóige. Bhí sé ag teacht leis an *After School Hub*, agus seinneadh é beagnach 60,000 uair i rith na bliana.

Seoladh *We Love Books* i mí Feabhra, comórtas náisiúnta scéalaíochta do leanaí idir 8–12 bliana d'aois agus tháinig iarratais ina gcéadta. Léiríodh mír maidir le Dochtúir na Leabhar don dara séasúr i gcomhar le Leabhair Pháistí na hÉireann agus Leabharlanna Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Rinneadh taifeadadh ar *Mothertongues* – clár podchraolta ilteangach do leanaí ina ndéantar ceiliúradh ar a dteanga agus a gcultúr dúchais féin ionas go léirítear an iléagsúlacht spéisiúil atá in Éirinn – le linn srianta dianghlasála a bheith i bhfeidhm agus ligeadh do na teaghlaigh féin a theacht chun tosaigh. Pléadh ceisteanna casta eolaíochta, nach mbeadh tuismitheoirí ar bith in ann chucu agus iad sáinnithe sa bhaile, ar *Let's Dive In*, arna chur i láthair ag Phil Smyth agus Julie Gould. Sraith deich gcinn de chláracha a bhí in *Movies Are Magic* maidir le scannáin a dhéanamh agus a bhreathnú inar tugadh léargas ar chúl téarmaí ar an ní a spreagann daoine chun dul i mbun scannánaíochta agus ar na modhanna oibre a chleachtann siad. Le haghaidh RTÉ maidir leis an Aeráid a cruthaíodh *Ecolution* sa bhliain 2019 agus cuireadh eagráin nua arna léiriú sa bhaile ar fáil gach coicís amach go dtí lár an tsamhraidh. Bronnadh Gradam Airgid IMRO sa chatagóir don Chlár Podchraolta is Fearr ar an gclár.

## Bhí an clár eolaíochta agus damhsa *Body Brothers* (stop.watch) ar ais ar RTÉjr le fíricí faoi ainmhithe agus cleasa damhsa.



# RTÉ: Ábhar na bliana 2020

# An Ghaeilge

Thug RTÉ geallúint go gcraolfaí ar a laghad 530 uair a chloig d'ábhar Gaeilge ar fud ceithre chainéil teilifíse líneacha RTÉ ón mbliain 2020 amach, ardú níos mó ná 400 uair a chloig. Áirítear ar an ábhar sin meascán d'ábhar arna léiriú go hinmheánach, d'ábhar coimisiúnaithe agus d'ábhar ceannaithe ó TG4. Faoi mhí na Nollag 2020, bhí níos mó ná 700 uair a chloig d'ábhar Gaeilge craolta ag RTÉ ar an teilifís, níos mó ná 1,100 uair a chloig ar RTÉ Player agus beagnach 9,000 uair a chloig ar an raidió.

### Teilifís

Ainneoin ar bhain de dheacrachtaí le Covid-19, chuir meitheal inmheánach na gCláracha Gaeilge réimse breá éagsúil ábhair ar fáil agus leanadh i mbun léiriúcháin ar an ngnáthráta oibre ainneoin cúinsí anróiteacha na bliana ionas gur cuireadh 25 clár leathuaire ar fáil don sceideal. Pléadh réimse fairsing scéalta sa tsraith *Scannal* a bhí ar ais arís agus a mbíonn tóir ag an lucht féachana air, scéal an Bertie Bowl, scéal tragóideach Philip Cairns agus an cosc ar tobac ina measc. Tharraing an tsraith sciar 22% den lucht féachana ar an meán. Rinneadh comóradh sa tsraith *Cloch le Carn* ar shaol agus ar shaothar Big Tom, Feargal Quinn, Larry Gogan, Jack Charlton agus Brendan Bowyer agus tharraing an tsraith sin ollsciar 28% ar an meán den lucht féachana

I mí Aibreáin, chuathas thar an tairseach in árais chónaithe na tíre ar *Ar Scáth a Chéile*, clár speisialta arna chruthú ag an lucht úsáide, muintir an bhaile, ionas go bhfuarthas léargas ar an gcaoi a raibh daoine eile ag maireachtáil trí ghéarchéim Covid-19. I mí Meithimh, tugadh cuireadh do dhaoine aitheanta suí sa chathaoir ar *Saoi sa Chathaoir*, eachtraí tábhachtacha agus pointí cinniúnacha ina saol a thabhairt chun cuimhne agus a phlé. Craoladh sraith trí cinn de chláracha faoin ainm *Cosc* i rith an fhómhair ag díriú ar an toirmeasc a cuireadh ar an leabhar *Country Girls* le Enda O'Brien, ar stair an snagcheoil agus ar an scannán mórchlú *Casablanca*. Craoladh dhá chlár speisialta aon uaire chomh maith: *Guth Vibrations* i rith Sheachtain na Gaeilge, agus *Laochra Cois Laoi* mar cheiliúradh ar chothrom 30 bliain ó bhuaigh Corcaigh Craobh na hÉireann sa pheil agus san iománaíocht in aon bhliain amháin.

Cuireadh leis an ábhar le toradh breá saothair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Tharraing *An Teach Seo Againne* (C.C.G/Below the Radar Films), sraith ceithre chlár faisnéise ina ndearnadh faire ar shaol theaghlaigh aonthuismitheora ar fud na hÉireann, moladh na léirmheastóirí. Cuireadh tús leis an scannánaíocht ar thrí cinn de shraitheanna eile i rith na bliana 2020: *My Tribe: Mo Threibh* (Mind the Gap Films), sraith dhátheangach ceithre chlár a bhfuil cúnamh airgid ina leith ón Údarás Craolacháin, ina ríomhtar go deimhnitheach scéal threibheanna ceoil na hÉireann; *Iarnród Enda* (Sonas Productions/C.C.G) ina leanann an t-iar-Thaoiseach, Éanna Ó Coinnigh, seanbhealaí an bhóthair iarainn ar fud na hÉireann - tá cúnamh airgid maidir leis an tsraith a chraolfar i mí Aibreáin ón gCiste Craoltóireachta Gaeilge; *Ar an Sliabh* (Strident Media), comhléiriú le BBC Thuaisceart Éireann ina léirítear an saol atá ag muintir an tsléibhe sa lá atá inniu ann.

### Ar líne

Tháinig ardú 61% le himeacht bliana ar an gceangal a rinneadh le hábhar Rte.ie/gaeilge agus réimse leathan fairsing ábhair ar fáil chun daoine de gach aoisghrúpa a shásamh. Craoladh níos mó ná 130 eagrán den chlár podchraolta *Beo ar Éigean* ó cuireadh ar bun é agus tosaíodh i rith na bliana 2020 den chlár, a chuireann Siún Ní Dhuinn, Sinéad Ní Uallacháin agus Áine Ní Bhreisleáin i láthair, a chraoladh ar RTÉ Radio 1 chomh maith le heagráin speisialta sa bhreis a chur ar fáil ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

### RTÉ Raidió na Gaeltachta

Chuir RTÉ Raidió na Gaeltachta sceideal iomlán ar fáil i rith na bliana 2020 ainneoin Covid-19, ionas go raibh deis meon mhuintir na Gaeltachta agus lucht na Gaeilge a chur i láthair go tréan tráth an chruacháis.

Lean RTÉ Raidió na Gaeltachta, i rith na bliana seo nuair is ábhar nuachta agus cúrsaí reatha ba mhó a bhí i gceist, de sheirbhís náisiúnta, idirnáisiúnta agus áitiúil a chur ar fáil. Le cláracha de leithéid *Adhmhaidin, Nuacht a hAon, Tús Áite* agus *An tSeachtain le Máirín Ní Ghadhra*, chomh maith leis na feasacháin nuachta éagsúla agus na hirischláracha áitiúla, coinníodh an lucht éisteachta ar an eolas le hábhar rialta.

De réir mar a maolaíodh na srianta i rith an tsamhraidh, chuaigh *An Saol Ó Dheas* amach i measc na ndaoine i mbailte ar fud Chiarraí. Ceol, amhránaíocht, scéalta agus ábhar grinn a tháinig dá bharr sin. Rinneadh craoladh cuimsitheach ar Raidió na Gaeltachta ar chraobhchomórtais CLG agus bhí Aifreann an Domhnaigh ina chuid thábhachtach de sceideal na bliana 2020. De réir mar a bhí á iarraidh ar dhaoine fanacht ag baile, cinntíodh go mairfeadh ceangal na ndaoine leis an bpobal.

De réir mar a maolaíodh na srianta i rith an tsamhraidh, chuaigh *An Saol Ó Dheas* amach i measc na ndaoine i mbailte ar fud Chiarraí. Ceol, amhránaíocht, scéalta agus ábhar grinn a tháinig dá bharr sin.



Den chéad uair ón mbliain 2008 i leith, bronnadh gradam Stáisiún Raidió na Bliana ar RTÉ Radio 1 ag Gradaim na Meán Ceilteach 2020 agus bronnadh an gradam don chlár cúrsaí reatha is fearr ar ghéarscrúdú scáfar RTÉ ar thionscal rásaí na gcon in Éirinn.

Bronnadh 30 gradam ardsuntais ar chláracha de chuid RTÉ ag Gradaim Idirnáisiúnta Teilifíse, Scannánaíochta agus Raidió New York Festivals 2020.

Bronnadh seacht gcinn de Ghradaim Órga ar RTÉ ag Gradaim Raidió IMRO 2020 i mí Dheireadh Fómhair.

**Bronnadh gradaim de chuid an Association for Women in Communications in the United States ar *Laura Brennan: This is Me* agus ar *RTÉ Documentary on One*, gan aon ghradam eile a bhronnadh ar léiritheoir taobh amuigh de na Stáit Aontaithe.**

**Bronnadh an gradam craoltóireachta ag gradaim iriseoireachta Travel Xtra ar chlár de chuid *Nationwide* faoi chúrsaí turasóireachta i nDoire agus ceiliúradh ar 400 bliain de mhúrtha na cathrach.**

**Bronnadh an chéad duais ar RTÉ i dtrí cinn de chatagóirí ag Gradaim Meán Cumarsáide Headline 2020 atá dírithe ar an tsláinte mheabhrach agus ar thráchtaireacht den scoth ar cheisteanna ina leith.**

Leis an ábhar agus leis na cláracha, leis na seirbhísí agus leis na daoine, sheas RTÉ le cultúr na hÉireann, le muintir na tíre, leis an oileán agus leis an iléagsúlacht.

# Cothú na Cruthaitheachta

### 1. Comórtas Gearrscéalaíochta RTÉ

Tháinig buaiclíon nua iarratais chuig RTÉ i mbliana maidir le Comórtas Gearrscéalaíochta RTÉ, ceann de na duaiseanna litríochta is seanbhunaithe agus is suntasaí in Éirinn atá ainmnithe in ómós do Francis MacManus. Athraíodh i mí an Mhárta, an riail a bhíodh i bhfeidhm go dtí seo maidir le hiarratais ar an bpost amháin, ionas go mbeadh glacadh le hiarratais ar líne mar gheall ar na srianta a bhí i bhfeidhm maidir le Covid. Faoin dáta deiridh iarratais i mí Bealtaine, bhí 4,073 tagtha – i bhfad níos mó ná an 2,300 iarratas sa bhliain 2019. Ar 'Flower Wild', gearrscéal le Shane Tivenan, a bronnadh an duais i ndeireadh báire.

### 2. Junk Kouture: Faoi thiomáint RTÉ

Comórtas uile-oileáin maidir le cúrsaí faisin agus cúrsaí inmharthanachta is ea Junk Kouture a cuireadh ar fud an domhain sa bhliain 2020 tar éis 10 mbliana ag múscailt chumas na ndaoine óga saothar haute couture a chruthú as ábhar dramhaíola agus tar éis samhlaíocht 100,000 d'óige na hÉireann a spreagadh abhus. Tar éis deich mbliana den dearthóireacht ar an leibhéal náisiúnta, beartaíodh Junk Kouture a thabhairt ar Chuairt an Domhain ar fud sheacht mhór-roinn na cruinne idir mí Eanáir agus mí Lúnasa gach bliain. Bheadh Babhta Craoibhe an Domhain ag deireadh mhí Meán Fómhair. Lean tacaíocht RTÉ do Junk Kouture i rith na bliana 2020.

### 3. Gradam Ceoil Ógra na hÉireann

Ba chúis áthais ag 2fm oibriú i gcomhar arís le hObair d'Ógra na hÉireann ar Ghradam Ceoil Ógra na hÉireann (IYMA) a bhí le heagrú i bPáirc an Chrócaigh ar an Lá Náisiúnta don uile aoisghrúpa an 9 Bealtaine. Ócáid fhíorúil a bhí i gceist faoin tráth ar eagraíodh Lá Náisiúnta Ghradam Ceoil Ógra na hÉireann le mol leathanréimseach oideachais, ranganna máistreachta agus ceardlanna á gcur ar fáil ag daoine den chuid is iomráití den lucht gairme in Éirinn, ionas go raibh deis ag daoine óga foghlaim faoi thionscail na cruthaitheachta chomh maith le ceol agus amhránaíocht a chloisteáil nach mbeadh ar fáil ag an bpobal i gcoitinne.

### 4. "Create, Don't Contaminate"

Bhí Kodaline, an Script, Picture This, na Coronas agus Lottie Ryan i measc na ndaoine a sheol an feachtas seo de chuid RTÉ 2fm a tharraing aird mhór agus a spreag daoine óga lena gcion a dhéanamh chun scaipeadh an choróinvíris a chosc agus saothar a chruthú ina n-áit chónaithe féin.

### 5. Cruinniú na Óg

Eagraíodh Cruinniú na nÓg 2020, lá náisiúnta bearta cruthaitheachta saor in aisce do leanaí agus do dhaoine óga faoi bhun 18 bliana d'aois, Dé Sathairn, an 13 Meitheamh 2020 le daoine óga á spreagadh le páirt a ghlacadh ann agus tabhairt faoi bhearta cruthaitheachta ar líne. Bhí imeachtaí uile Chruinniú na nÓg 2020 ar fáil ar líne agus rogha áirithe ar fáil freisin ar chainéil agus ar ardáin de chuid RTÉ, ina measc RTÉ2, RTÉjr, podchraoltóireacht RTÉjr, *RTÉ Home School Hub*, RTÉ.ie/Learn agus RTÉ.ie/Culture. Is togra i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an clár Éire Ildánach, na húdaráis áitiúla agus RTÉ atá i gCruinniú na nÓg.

### 6. Spleodar Ionrach

Samhradh ar leith a bhí ann sa bhliain 2020. Fágadh ceoltóirí agus lucht ealaíon gan ceangal go díreach le lucht éisteachta agus féachana. Lean RTÉ leis an dúthracht a bhí léirithe don aos ealaíon ó thús na paindéime agus, i mí Lúnasa, tugadh oirfidigh le chéile i nGairdíní Uíbh Eachach lena saothar a chur i láthair mhuintir na tíre. Cuireadh uair a chloig spleodrach d'ábhar ceoil agus reacaireachta ar fáil ar *Shine* tar éis cúpla lá scannánaíochta i nGairdíní Uíbh Eachach, sa Cheoláras Náisiúnta agus in RTÉ.

### 7. *This Is Art!*

D'oibrigh RTÉ agus an clár Éire Ildánach le chéile arís sa bhliain 2020 chun *This Is Art!* – ceiliúradh ar na n-amharc-ealaíona a chur ar siúl. Tugadh cuireadh d'ealaíontóirí 18 bliana d'aois agus faoina bhun, saothar ealaíne a chruthú, dá stuaim féin nó i meitheal, a chuirfí ar taispeáint i ndánlann ar líne do na glúnta atá le theacht. Rinneadh ar an gcaoi sin, saothrú na healaíne a chur chun cinn i measc daoine óga, beart a spreag féith na samhlaíochta, na cruthaitheachta agus an léiriúcháin iontu.



Tá RTÉ tugtha do cheannródaíocht a spreagadh maidir le cúrsaí ilchineálachta agus uileghabhálachta.

# Ilchineálacht Bhreise, Uileghabh-álaíocht Bhreise

| Inscne | Líon Nollaig 2020 | % |
|---|---|---|
| Mná | 897 | 48 |
| Fir | 969 | 52 |
| Iomlán | 1,866 | 100 |

### 1. Oiliúint agus Feabhsú

D'oibrigh RTÉ i gcomhar le Screen Producers Ireland i rith na bliana chun ceardlann ar líne a eagrú faoin leatrom neamhfhiosach, an toradh a bhíonn claontacht a scrúdú chomh maith le modhanna oibre chun aon tionchar chun dochair i measc mheithle léiriúcháin a mhaolú. D'eagraigh RTÉ ceardlanna eile freisin dírithe ar ghnáis earcaíochta den uileghabhálaíocht. Cuireadh oiliúint feasachta faoi mhíchumas ar fáil chomh maith d'fhonn oideachas a chur ar na rannpháirtithe faoi conas na príomhreimsí a aithint is conas caitheamh i gceart leo.

### 2. DiversiTea

Fiontar fóirne chun idirphlé fhónta a chothú idir dhaoine ó chineálacha éagsula dúchais is ea DiversiTea. Idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna, bhí aíonna i láthair a tháinig chun cónaithe inár measc ón Liotuáin, an tSiombáib, an India, Hong Cong, an Mhacadóin Thuaidh, Gána, an Bhrasaíl, an Éigipt, an Rómáin, an Nigéir, an Bhealarúis, an Pholainn, an Ghearmáin, an Afganastáin agus as an Libia. Pléadh ilchineálacht agus uileghabhálaíocht i rith chomhrá na seisiún le Graham Clifford ón tionscnamh Together Ireland Community Integration a bhí ina fhear an tí.

### 3. Herstory

D'oibrigh RTÉ i bpáirt leis an Údarás Craolacháin, le Herstory, le EPIC Iarsmalann Imirce na hÉireann, agus le Underground Films chun scéalta roinnt de na banlaochra atá ligthe i ndearmad a chur i láthair. Cuirtear i láthair in *HERSTORY: Ireland's EPIC Women* scéalta roinnt de na mná a bhí ina gceannródaithe i réimsí na trachtála, na polaitíochta, na heolaíochta, na healaíne, na heitleoireachta agus na teicneolaíochta.

### 4. Blazing a Trail

Ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, d'eagraigh RTÉ an taispeántas Blazing a Trail: Lives and Legacies of Irish Diaspora Women a rinne iniúchadh ar 21 ban den uile chineál a rinne a mbealach sa tsaol mar chuid de diaspora sa 19ú is sa 20ú céad. Rinne RTÉ ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan freisin le feachtais, ábhar agus imeachtaí éagsúla, ina measc ócáid speisialta don lucht foirne i Stiúideo 5 le Claire Byrne ina láithreoir le painéal de mhná cáiliúla.

### 5. Ábhar Mórtais

Rinne RTÉ ceiliúradh ar an gcomhar páirtnéireachta le Mórtas Digiteach Bhaile Átha Cliath agus #virtualprideparade 2020 trí dheireadh seachtaine speisialta a eagrú ar an aer agus ar líne, lenar bhain dhá lá de cheol, d'agallaimh agus d'ábhar siamsa ar RTÉ 2fm, agus ceolchoirm speisialta de chuid Cheolfhoireann Choirme RTÉ. Go hinmheánach, d'eagraigh RTÉ réimse imeachtaí foirne, ina measc ceardlann Empowered Allies, inar scrúdaíodh modhanna inar féidir dúshlán ár réamhthuiscintí a thabhairt agus inar féidir an t-ionad oibre a neartú le ceiliúradh ar an éagsúlacht. Tháinig an t-ábhar ceiliúrtha faoi anáil obair ShoutOut leis na mílte daoine óga, ionas gur cuireadh dearcadh beo bríomhar ar fáil don uile dhuine ar riachtanais dhaoine LADTA+ sa lá atá inniu ann. Labhair Evgeny Shtorn – fear feachtais, eagraíochta agus taighde LADT as an Rúis – faoi dhaoine LADT a mhaireann faoin gcóras Soláthar Díreach.

### 6. *Black and Irish*

Ar an tsraith podchraolta *Black and Irish,* arna chur i láthair ag Femi Bankole, Leon Diop, Amanda Ade agus Boni Odoemene, scrúdaíodh an saol a bhíonn ag daoine ag éirí aníos mar chuid de dhream mionlaigh, ag déileáil le ceisteanna ciníochais in Éirinn. Pléadh conas cúrsaí a athrú agus a chur i gcrích. Is leathnú an podchraoladh ar an ábhar a bhíonn ar an gcuntas Instagram @black_andIrish, a bhfuil beagnach 45,000 duine de lucht leanúna aimsithe aige ó seoladh é.

### 7. Dualgas Comhlachtaí Poiblí

Ag teacht le príomhluachanna na heagraíochta, tá RTÉ dúthrachtach maidir leis an dualgas faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Leagtar de dhualgas faoi Alt 42 an Achta ar chomhlachtaí poiblí an comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna an uile dhuine lena mbíonn caidreamh – an lucht foirne, lucht úsáide seirbhísí agus páirtithe leasmhara – a chosaint. I rith na bliana 2020, cuireadh meitheal oibre idir-rannach ar bun in RTÉ chun bearta forfheidhmiúcháin maidir leis an Dualgas Earnála Poiblí seo a thabhairt chun cinn. Ag eascairt uaidh sin, agus mar dhlúthchuid den phróiseas oibre maidir le pleanáil straitéiseach, tá dréacht de Thuairisc Measúnóireachta maidir le Dualgas Comhlachtaí Poiblí agus de Phlean Gníomhaíochta á leagan amach agus tabharfar tuairisc ina leith sin sa Tuarascáil Bhliantúil as seo amach.



Tá RTÉ tugtha d'fheabhas a chur ar sheirbhísí áisiúlachta agus do dheiseanna tairbheacha oideachais a chur ar fáil do shaoránaigh na hÉireann.

# Breis Áisiúlachta, Breis Foghlama

### 1. Áis ag an Uile Dhuine

Cruthaíodh deacrachtaí mar gheall ar phaindéim Covid-19 do dhaoine in Éirinn atá bodhar agus bhí éileamh ar theachtaireachtaí tábhachtacha, eolas agus cláracha a chur ar fáil ar RTÉ. I rith na bliana 2020, chuir meitheal na Seirbhísí Áisiúlachta seirbhísí i dTeanga Comharthaíochta na hÉireann (TCÉ) ar fáil ar fud chainéil agus ardáin éagsúla de chuid RTÉ, ina measc RTÉ News, RTÉ One, RTÉ2, RTÉ Player agus cuntais RTÉ ar na meáin shóisialta. Rinneadh gach tuairisc de chuid an rialtais mar gheall ar Covid-19 a chraoladh le leagan i dTeanga Comharthaíochta na hÉireann ar RTÉ News agus ar RTÉ Player.

### 2. Oideachas le Chéile

Chuir RTÉ 78 uair a chloig de *RTÉ Home School Hub* ar fáil le seirbhís TCÉ, agus naoi n-uaire a chloig de *After School Hub*. Craoladh an *Late Late Toy Show* le TCÉ den dara huair sa bhliain 2020. Chomh maith leis an bhfíseán feasachta TCÉ 'Because', chruthaigh RTÉ trí cinn d'fhíseáin TCÉ Nollag le leanaí ó Scoil an Teaghlaigh Naofa do na Bodhair, agus Daidí na Nollag a rinne comharthaíocht láimhe ar RTÉ News agus ar RTÉ Player i rith na sosanna fógraíochta nuair a bhí an *Late Late Toy Show* ar siúl. Rinneadh comhchraoladh freisin ar an gclár sin le hidirtheangaire TCÉ.

### 3. Breis Áisiúlachta

Taobh amuigh den soláthar i dTeanga Comharthaíochta na hÉireann, bhí fotheidil ar fáil le 94% den ábhar cláir ar fad ar RTÉ One, 86% de na cláracha ar RTÉ2 agus 54% den ábhar cláir ar RTÉjr.

### 4. Seirbhís Dhomhanda Covid-19

Tionscnamh i gcomhar idir RTÉ, Nasc agus Éire le Chéile a bhí i Seirbhís Dhomhanda Covid-19 chun físeáin sláinte phoiblí maidir le Covid-19 a chur ar fáil i dteangacha éagsúla. Cuireadh físeáin sláinte phoiblí ar fáil i líon is mó ná 40 teanga sa bhliain 2020 agus cuidíodh le tuiscint a chothú ar an ngá atá le hábhar eolais a chur ar fáil go háisiúil agus go hilteangach do phobal na n-imirceach agus do dhreamanna mionlaigh in Éirinn. Ba ábhar mórtais ag RTÉ seasamh leis an tionscnamh seo.

### 5. Seachtain na hEolaíochta

Bhí Seachtain na hEolaíochta ar bun arís ar RTÉ sa bhliain 2020 le réimse leathan d'ábhar spéisiúil le téama na heolaíochta á chur ar fáil do dhaoine den uile aoisghrúpa ar na hardáin ar fad. Rinneadh feachtas fógraíochta ar an teilifís, ar an raidió, ar líne agus ar na meáin shóisialta mar gheall ar an tseachtain d'ábhar speisialta a eagrú le Fondúireacht Eolaíochta Éireann.


aclaiocht
ag imirt
yoga
Cispheil
Gymnastics

Tá RTÉ tugtha do chúnamh taca a thabhairt don phobal i gcomharsanachtaí logánta a gcuid scéalta a chur in iúl, a gcuid cruthaitheachta a thabhairt chun cinn agus a gcuid tuairimí féin a chur i láthair.

# Cúnamh Taca don Phobal

**1. *What in the World?***
Tá scannánaíocht déanta faoin tráth seo don tsraith teilifíse *What in the World?* i mbreis agus 50 tír ar fud an domhain. D'fhonn comóradh a dhéanamh ar an éacht sin, agus ar bheagnach fiche bliain ar an aer, choimisiúnaigh RTÉ agus Cúnamh Éireann taispeántas cuairte nua, 50 Tír, 50 Scéal. Tugadh leis sin réimse leathan scéalta le chéile den chéad uair, scéalta spreagúla dóchais chomh maith le scéalta chur faoi chos agus cos ar bolg. Rinneadh cíoradh sa taispeántas ar scéalta bochtaineachta agus dearóile agus ar réimse leathan ceisteanna casta sóisialta agus polaitíochta i dtíortha ar fud an domhain atá i mbéal forbartha.

**2. Cothú na Cruthaitheachta**
I ndeireadh na bliana 2020, chuaigh RTÉ i gcomhar le hÉire Ildánach ag cuidiú le 15 eagraíocht ealaíne, cultúir agus pobail chun 24 fógra teilifíse agus gearrscannán a léiriú ar mhaithe le hearnáil na healaíne a bhí go mór faoi bhrú. Faoi dheireadh na bliana, bhí na físeáin feicthe níos mó ná 1,000,000 uair ar chainéil RTÉ ar na meáin shóisialta. Chuidigh RTÉ le breis agus 100 imeacht ealaíne áitiúil freisin, an chuid is mó acu sin á gcur ar siúl ar bhealach fíorúil sa bhliain 2020.

**3. Gaillimh abú**
I rith na bliana 2018, d'fhógair RTÉ comhar páirtnéireachta nua le na meáin chumarsáide do Gaillimh 2020, ag cuidiú le himeachtaí ar na hardáin go léir agus ag obair in éineacht le TG4. Rinne RTÉ, i rith na bliana 2020, feachtas leathanréimseach dírithe ar thomhaltóirí a léiríodh agus a cuireadh ar an aer faoi Aththionsciú Gaillimh 2020 i rith an fhómhair nuair a bhí sraith imeachtaí sábháilte fíorúla á gcur ar bun de bharr na srianta dianghlasála a bheith i bhfeidhm.

**4. Saol na tuaithe**
Cuireadh an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ar ceal sa bhliain 2020 ach rinne RTÉ an bealach go dtí láthair an chomórtais i gCeatharlach chun clár speisialta a léiriú a taispeánadh ar RTÉ Player. Ar *Plough on with Nuala Carey*, pléadh leosan a d'eagair an comórtas, agus le muintir na háite an buille a bhí ann dóibh nuair a cuireadh an comórtas ar ceal, agus an dóchas atá acu san am atá le teacht.

**5. Fleadh Cheoil na hÉireann**
Cuireadh Fleadh Cheoil na hÉireann 2020 ar ceal chomh maith; dá ainneoin sin, d'oibrigh RTÉ go dlúth le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, an lucht eagair, agus seoladh RTÉ Virtual Fleadh. Ghlac na míle ceoltóirí páirt i gcruthú spiorad na fleidhe ar líne.

**6. Bláth na Maitheasa**
Ó tharla nach bhféadfadh RTÉ filleadh ar Pháirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath ar dheireadh seachtaine fada mhí Mheithimh 2020, chruthaigh RTÉ agus Bord Bia in éineacht tionscnaimh fhíorúla #BloomWithRTE agus #BloomAtHome. Bhí siad sin, mar aon le #RTEVirtualParade ar Lá Fhéile Pádraig, le háireamh i measc na ngníomhartha ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar na meáin shóisialta i rith na bliana.



Tá RTÉ tiomanta do inbhuanaitheacht fadtéarmach na timpeallachta.

# Domhan an uile dhuine

I rith na bliana 2020 RTÉ, rinne RTÉ na córais bainistíochta maidir le cúrsaí fuinnimh a thabhairt chun cinn agus rinneadh iad a dheimhniú ar chaighdeán ISO50001 – beartas nach bhfuil déanta ag aon chraoltóir eile ar fud na hÉireann ná sa Bhreatain. Bhí sábháil fuinnimh 51% i gcomórtas le bonnlíne na bliana 2009 tugtha i gcrích roimhe sin ag RTÉ, rud a fhágann go bhfuil an eagraíocht chun tosaigh ar spriocleibhéil na bliana 2020 faoi mar a leagtar síos faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP).

### 1. Astaíocht Charbóin

Lean RTÉ, ag seasamh leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta don aeráid, ag díriú ar a n-aistíochtaí ghinearálta charbóin a ísliú. Síníodh Pleidse Ghnólachtaí i measc an Phobail maidir le bheith hÉadrom ó thaobh Carbóin sa bhliain 2019, rud a cheanglaíonn ísliú 50% le hídiú carbóin ar an eagraíocht faoin mbliain 2030. Oibríonn comhaltaí den ghrúpa sin as lámha a chéile in earnálacha éagsúla, ag roinnt faisnéise agus ábhar saineolais ar a chéile, ar mhaithe le brostú le hísliú ar an astaíocht charbóin ar an leibhéal náisiúnta.

### 2. Bainistíocht Dramhaíola

Bronnadh gradam Pakman don athchúrsáil gnólachta ar RTÉ roimhe seo agus táthar ag obair ar chaighdeán ceannródaíochta ó shin ag díriú ar bhearta éifeachtúla athchúrsála agus ar sheachaint na dramhaíola bliain i ndiaidh bliana. Ní bhíonn aon ábhar dramhaíola de chuid RTÉ á chur in ionad líonadh talún níos mó agus tá ísliú 30% ar leibhéal na dramhaíola sa bhliain 2020.

### 3. Gníomh maidir le hÁbhar Plaistigh

I rith na mblianta 2018 agus 2019, chuir RTÉ deireadh le hábhar plaistigh aon úsáide sna bialanna, agus i rith na bliana 2020 tugadh beartas chomhoibritheach nua isteach leis na solatharóirí uisce óil ionas nach gcuirtear cupáin plaistigh ar fáil. Tá beartaithe leanúint le gníomhartha breise in aghaidh ábhar plaistigh a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2021 agus as sin amach.

### 4. Cúrsaí Bithéagsúlacht

Mar léiriú ar ár dtiomantas don inbhuanaitheacht, d'éirigh le RTÉ i rith na bliana 2020 cochal atá feiliúnach don phailniú a chruthú ar phríomh-láthair an chomhluchta i mBaile Átha Cliath. Leanadh freisin den chuidiú le hobair taighde atá ar bun i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath trí ionaid tástála éagsúla a chruthú ar fhearann na heagraíochta ionas gur féidir nósmhaireacht na mbeach ar dhroim na talún a scrúdú maidir le cineálacha éagsúla ithreach, agus rinneadh socrú nach ndéanfaí an féar a ghearradh chomh mór agus chomh minic i réimsí imeallacha chun coinníollacha fábharach don bpailniú a chruthú. Is ball deimhnithe RTÉ de Phlean Phailneoirí Uile-Éireann.

### 5. Marc Ghnó

Tar éis dul faoi iniúchadh neamhspleách, rinneadh athnuachan go hoifigiúil i rith na bliana 2020 ar an Marc do Ghnólachtaí Cúramacha faoin scéim Gnó i measc an Phobail ("Business in the Community Responsible Business Mark"). Tá RTÉ le háireamh ar an líon beag 60 comhlacht sa tír a ndeimhnítear freagracht shóisialta corparáide ar an gcaighdeán sin ina leith.

### 6. Ceannródaíocht i measc Lucht Tionscail

Tá grúpa Craoltóirí Inmharthana ar bun ag RTÉ le cuid mhór blianta ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí seachtracha agus le páirtnéirí eile d'fhonn an toradh is fearr a thabhairt i bhfeidhm. I rith na bliana 2020, d'oibrigh RTÉ i gcomhar leis an Údarás Craolacháin agus tugadh gealltanas seasamh le Treochlár Inmharthanachta an Údaráis Craolacháin trína dtabharfar an sárchleachtas is aoirde chun chríche in earnáil na craoltóireachta.

### 7. An Scáileán Glas

Chuir RTÉ tús i rith na bliana 2020 le feimhmiú céimneach Tionscadal Albert, clár inbhuanaitheachta atá mar aidhm aige bonn treise a chur faoi obair léiriúcháin ar bhealaí níos fadmharthanaí.

### 8. Uisce

Féachann RTÉ le hoiread éifeachtúlachta agus is féidir a bheith ag baint le húsáid an uisce; úsáidtear foinsí malartacha, mar shampla uisce báistí a shábháil, méadrú cruinn beacht agus bearta caomhnúcháin eile. Tá ísliú 10% bainte amach le ceithre bliana anuas ar an méid uisce príomhphíblinne a úsáidtear.



Bailíodh níos mó ná €20 milliún do charthanais ar RTÉ i rith na bliana 2020.

# An Chóir a Chúiteamh

### 1. Tús le carthanacht ... ar an *Late Late Show*

De réir mar a bhí an tír ag streachailt le deacrachtaí éagsúla i ngeall ar Covid-19, bhí constaicí móra á gcur roimh chuid mhór de charthanais na hÉireann maidir le deiseanna airgead a bhailiú chun seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil. Rinneadh iarrachtaí speisialta ar an *Late Late Show* chun cuidiú le carthanais náisiúnta a oibríonn ar son daoine gan dídean, le cúram sláinte, tacaíocht don tsláinte meabhrach, carthanais a thugann cúnamh airgid do na boicht, agus carthanais a thugann tacaíocht dheireadh saoil. A bhuíochas le flaithiúlacht an lucht féachana, bailíodh níos mó ná €6.7 milliún ag tráthanna éagsúla do charthanais ar dhul Pieta House, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Fondúireacht Laura Lynn, Fondúireacht Hope, Focus Ireland agus Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála.

### 2. *RTÉ Does Comic Relief*

Beartaíocht ab ea í seo i gcomhar le Kite Productions agus The Community Foundation for Ireland agus bhí roinnt de na daoine is mó a mbíonn tóir ag an bpobal orthu den lucht grinn agus aisteoireachta in Éirinn, ina measc Dara Ó Briain, Andrew Scott, Daisy Edgar Jones, Hozier, Niall Horan agus Paul Mescal páirteach ann. A buíochas le maoiniú meaitseála Rialtas na hÉireann, bailíodh €5.8 milliún san iomlán.

### 3. Cúnamh do dhaoine dearóile

Bhí leanaí faoi mhíchumas, daoine breoite agus daoine ar imríodh foréigean teaghlaigh orthu le háireamh orthu sin a raibh tairbhe acu as an €5.8 milliún a bailíodh. Rinne The Community Foundation for Ireland 672 deontas éagsúil, idir €900 agus €180,000 a dháileadh ar eagraíochtaí ar fud na hÉireann ar fad, cistí faoi leith do Thuaisceart Éireann san áireamh. I mí na Nollag, bailíodh €1.2 milliún le feachtas buscadóireachta do dhaoine gan dídean ar an *Late Late Show*.

### 4. Achainí an *Late Late Toy Show*

Ar chlár ar ceiliúradh atá ann ar leanaí iontacha na hÉireann, bailíodh €6.78 milliún leis an gcéad Achainí de chuid an *Late Late Toy Show* a bhuíochas de fhlaithiúlacht an lucht féachana in Éirinn agus thar lear. Bhí níos mó ná 1.7 milliún duine a bhreathnaigh ar an gclár i rith an deireadh seachtaine, ceann de na rátaí féachana is airde maidir le haon chlár teilifíse ar aon chainéal amháin riamh.

### 5. Raidió Fial Flaithiúil

Rinne seirbhísí raidió RTÉ fónamh faoi leith freisin d'iarrachtaí bailiú airgid an phobail – chuidigh feachtas *Liveline* ar mhaithe le Fondúireacht Laura Lynn i mí Lúnasa 2020 le €400,000 a bhailiú agus cruinníodh beagnach €100,000 i mí na Nollag le feachtas 2fm ar mhaithe le Cumann Naomh Uinseann de Pól.

### 6. Cúnamh do Lucht Ealaíne

I mí Iúil, cuireadh seó speisialta beo ar fáil do lucht an cheoil in Éirinn nuair a chuir bannaí as gach cuid den tír le chéile ar mhaithe le Minding Creative Minds agus ciste géarchéime AIST. Bhí roinnt de na ceoltóirí is cumasaí sa tír le feiceáil agus le cloisteáil ar *Songs from An Empty Room* arna léiriú do RTÉ ag ShinAwiL.

### 7. Cuidiú le Gnólachtaí Beaga

Ar eagrán speisialta den *Late Late Show* i mí Deireadh Fómhair, léiríodh réimse táirgí agus seirbhísí atá ar fáil in Éirinn, de réir mar a bhí fiontair bheaga agus meánmhéide ag streachailt leis an tionchar a bhí ag an dianghlasáil agus ag na srianta tráchtála. Cuireadh chun cinn gnólachtaí éagsúla de chuid na hÉireann a bhí ag streachailt le teacht slán tríd an ngéarchéim ach a bhfuil buntábhacht leo don phobal i gcomharsanachtaí ar fud na tíre.

### 8. Comhghuaillíocht Práinne na hÉireann

Le haird orthu siúd is mó a ndeachaigh Covid-19 i bhfeidhm orthu i dtíortha neamhfhorbartha, b'ábhar mórtais do RTÉ cuidiú le hobair Chomhghuaillíocht Práinne na hÉireann: tháinig sé cinn de charthanais mhóra na hÉireann maidir le cúnamh thar lear le chéile chun díriú ar na deacrachtaí a bhain leis an bpaindéim i gcuid de na tíortha is boichte ar domhan agus i measc na ndreamanna is dearóile.



# Dáileadh

## Saorview

I rith na bliana 2020, díríodh ar 50% de na háitribh le feachtas Saorview maidir le haistriú ón mbanda 700MHz chun freastal do chinneadh an Rialtais réimse den speictream craolacháin teilifíse UHF a chur ar fáil le húsáid maidir le seirbhísí fón 5G san am atá romhainn. Fágann sin go bhfuil gá le hathchóiriú nó athrú trealaimh ionas gur féidir Saorview a fháil i gcónaí. Cinntíodh an cur isteach is lú is féidir ar lucht féachana Saorview leis an bhfeachtas seo.

Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí Saorview ar fáil i 655,000 áras cónaithe ina bhfuil teilifíseán, nó ag 38% den lucht féachana teilifíse iomlán i bPoblacht na hÉireann. In 201,000 nó 12% de na hárais sin, roghnaítear Saorview ar an aon mhodh amháin maidir le glacadh le craolachán teilifíse (Nielsen 2021). Is comhartha sin go bhfuil tábhacht mhór i gcónaí ag lucht féachana teilifíse na hÉireann le Saorview mar rogha seirbhíse, ainneoin a raibh de dheacrachtaí margaíochta i gceist leis an bpaindéim agus tuairiscí go raibh borradh faoi bhreathnú ábhair ar líne. Tugadh faoi chuid mhaith feachtasaíochta d'fhonn aird ar bhranda Saorview a chothú i rith na bliana 2020, rud a threisigh leis an seasamh ar an margadh.

## 2rn

2rn, fochuideachta faoi úinéireacht iomlán RTÉ, a dhéanann an obair chothabhála, an bhainistíocht agus an fhorbairt ar chóras tarchuradóireachta na hÉireann do chraoltóirí uile an oileáin agus a chuireann seirbhísí infreastruchtúir ar fáil do thionscal na teileachumarsáide. 2rn atá i bhfeighil chóras craolacháin agus tarchuradóireachta náisiúnta na hÉireann, á chinntiú go mbíonn an tír ceangailte i gcónaí agus cinntíodh iontaofacht 99.9% ar fud na seirbhísí tarchuradóireachta teilifíse agus raidió arís i rith na bliana 2020.

I dtús na bliana 2017, tháinig 2rn agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar shocrú maidir le seirbhísí craolacháin a athrú ón mbanda minicíochta 700MHz faoin mbliain 2020. B'éigean dá réir sin athruithe a dhéanamh ag láithreacha tarchuradóireachta éagsúla de chuid 2rn agus dhá láthair nua tarchuradóireachta a thógáil. Tugadh an obair maidir le haistriú córais chun críche sa bhliain 2019 agus, tar éis leanúint i mbun craolacháin ar an dá chóras tráth a raibh an lucht féachana á chur ar an eolas faoin aistriú, tugadh an t-athrú i bhfeidhm i mí Márta 2020.

Leanadh, trí sheirbhísí Saorview agus Saorsat, de sheirbhísí teilifíse agus raidió seirbhíse poiblí a chur ar fáil saor in aisce i ngach teach sa Stát, le seirbhís ardchaighdeáin físe agus fuaime. As 1.68 milliún teaghlach in Éirinn a mbítear ag faire ar an teilifís, bhí Saorview ag 655,000 acu i rith na bliana 2020. Bhí 201,000 teaghlach nach raibh aon bhealach eile seachas Saorview acu chun breathnú ar chraoladh teilifíse.

Bhí gá, nuair a tháinig Covid-19 chun cinn, le hathrú ar na gnáis agus na próisis oibre chomh maith le hoiliúint bhreise ar an lucht foirne ionas go bhféadfaí an obair a raibh gá léi a dhéanamh go sábháilte chun iontaofacht na seirbhísí a chaomhnú agus idirbheartaíocht a dhéanamh le soláthraithe agus le custaiméirí. De thoradh ar na hathruithe sin, níor tharla aon chur isteach ábhartha maidir le toradh feidhmíochta iomlán 2rn i rith na bliana.

Chruthaigh 2rn ioncam €26.5 milliún sa bhliain 2020, ísliú beag ar leibhéal na bliana 2019 agus sin le cur i leith ísliú ar an ioncam rialaithe ó na seirbhísí náisiúnta craolacháin. Tríd is tríd, is léiriú toradh na bliana ar sheasmhacht a bheith tugtha i gcrích ar an margadh craolacháin agus gur cruthaíodh go maith ar an margadh maidir le crainn agus túir ar cíos.

Níor tháinig aon athrú suntasach ar an margadh raidió áitiúil agus réigiúnach, ó tharla na réimsí ar fad atá ar fáil ar an mbanda FM a bheith in úsáid anois a bheag nó a mhór. Tá comhdhlúthú líonraí na seirbhísí fón póca tagtha chun aibíochta faoin tráth seo agus tá dúshlán ag baint i gcónaí le seasmhacht ioncaim bliain i ndiaidh bliana a thabhairt i gcrích i ngnó na teileachumarsáide.

## *RTÉ Guide*

Bhí an *RTÉ Guide* ar an iris ba mhó díol in Éirinn arís i rith na bliana 2019 agus ar an cúigiú foilseachán is tábhachtaí sa tír. Cinntíodh, trí bhéim leanúnach ar an ábhar eagarthóireachta, go raibh gnóthachtáil ioncaim ag RTÉ as an iris i gcónaí agus cothaíodh spéis dhaoine níos óige chomh maith leis an bpríomhbhonn léitheoirí a chaomhnú.

Bhí ísliú beag 2.9% ar an ioncam dáiliúcháin i gcomparáid leis an mbliain 2019 ag teacht leis an ísliú bliain ar bhliain ar an margadh foilsitheoireachta tríd is tríd, le géarú ar an tionchar i réimse an mhiondíolacháin mar gheall ar chur isteach Covid-19 ar líon na siopadóirí. Tá eagrán méadaithe na Nollag den *RTÉ Guide* ina dhíol iontais i gcónaí i saol na foilsitheoireachta in Éirinn agus gnóthaíodh ardú 4% i gcomparáid le toradh na bliana seo caite, eisceacht maidir le gnáthphátrúin an mhargaidh.



# Digiteach

## RTÉ Player

Bhain an lucht éisteachta agus féachana leas as RTÉ Player maidir le hábhar eolais agus siamsaíochta i rith na bliana. D'fhág an réimse leathan, boscra drámaíochta, bunábhar RTÉ Player, nuacht agus spórt beo, *RTÉ Home School Hub* agus cláracha faisnéise agus siamsaíochta a bhaineann le hÉirinn go háirithe, tháinig forás 36% ar an úsáid agus ceanglaíodh níos mó ná 67.5 milliún sruth i rith na bliana 2020.

Ábhar boscra de chuid na hÉireann, chomh maith le drámaí agus sobaldrámaí a ceannaíodh isteach, a bhí i gceist le tuairim agus aon tríú de shruthanna uile RTÉ Player i rith na bliana 2020, agus chaith an lucht féachana níos mó ama ná riamh roimhe seo ag breathnú ar na cláracha is fearr leo, eagráin as a chéile. Mar gheall ar an athrú ar ghnás féachana na ndaoine, cuireadh níos mó ná 20 boscra drámaíochta agus siamsaíochta ar fáil i rith na bliana trí chearta ar líne amháin a cheannach nó trí shíneadh a chur le cearta craolacháin. Baineadh buaiclíon nua maidir le sraith drámaíochta de chuid na hÉireann ar RTÉ Player amach le *Normal People*, le breis agus 5 milliún sruth. Tharraing *Love/Hate* lucht féachana líonmhar arís eile le 3 mhilliún sruth i rith na bliana 2020. Cuireadh ábhar eile ar fáil ar bhonn eisiach, boscra uilechuimsitheach – *The West Wing*, *Frasier*, *ER* agus *Seinfeld* san áireamh.

I rith na bliana rinneadh bunábhar de chuid RTÉ Player Originals a fhorbairt, a léiriú agus a fhoilsiú chun freastal ar éileamh an lucht féachana de réir mar is mó a bhí siad sa bhaile. Áirítear ar an ábhar sin, *Seriously, Sinéad?* seó nua grinn le Sinéad Quinlan, *Reeling in the Fears* le Doireann Garrihy, arna scríobh i gcomhar le Joanne McNally, agus *Go Outside and Play: Local Adventures with Carl Mullan*.

Ba ghné thábhachtach de shaothar RTÉ Player i rith na bliana 2020 an tsruthchraoltóireacht bheo. Ceanglaíodh 955,000 sruth le cluichí craoibhe CLG agus níos mó ná leathmhilliún sruth i gcéad tír ar fud an domhain le *RTÉ Does Comic Relief*. Fearadh fáilte abhaile ar RTÉ Player le muintir na hÉireann ar fud an domhain ar an oíche is speisialta den bhliain nuair a chuir Ryan Tubridy *The Late Late Toy Show* i láthair. Ceanglaíodh níos mó ná 500,000 sruth i 138 tír leis an gclár sin agus baineadh amach buaiclíon nua sruthanna in aon tseachtain amháin le RTÉ Player an chéad seachtain de mhí na Nollag le 688,000 duine faoi leith agus 2.34 milliún sruth.

D'fhág seirbhís seinnte níos fearr a thabhairt i bhfeidhm maidir le hardáin RTÉ Player gurbh fhéidir feabhas teicniúil a chur ar a seirbhísí maidir le fotheidil agus cuntas fuaime. Cuireadh sruthanna beo i dTeanga Comharthaíochta na hÉireann (TCÉ) ar fáil maidir le tuairiscí barrthábhachtacha an Rialtais faoi Covid-19 agus bhí roghanna maidir le TCÉ feiceálach agus cuntas fuaime ar fáil don leagan is mó seirbhísí áisiúlachta den *Late Late Toy Show* a craoladh go dtí seo.

Cuireadh *RTÉ Home School Hub* ar fáil ar gach bealach féachana a thapaíonn leanaí agus teaghlaigh – ar an teilifís, ar RTÉ Player agus ar RTÉ YouTube. Ba é an clár ba mhó lucht féachana do leanaí é i rith na bliana le breis agus 100,000 uair a chloig á bhreathnú agus 700,000 sruth á gceangal.

### Guth na ndaoine i rith Covid-19

Rinne RTÉ Player beart go luath sa phaindéim agus leis na srianta dianghlasála le réimse cláracha arna léiriú ar líne ón tús. Ba léiriú ar an gcás ina rabhamar go léir *Letters from Lockdown* – sraith gearrscannán, gach ceann bunaithe ar litir ó dhuine faoi leith go dtí duine eile. Bhain *Love Is in the Air* le daoine ag cur aithne ar a chéile faoin aer, an t-aon rogha amháin i rith na bliana 2020 agus ba clár nua geandála ar líne *Love in Isolation* a cruthaíodh go speisialta maidir le ré na dianghlasála.

Rinne Neil Jordan, stiúrthóir, scríbhneoir scripte agus úrscéalaí a bhfuil gradam Oscar buaite aige, cíoradh in *Throes* ar chathair Bhaile Átha Cliath i rith na dianghlasála, le portráid spreagúil de chathair i sáinn. Cuireadh daoine iomráiteacha i mbun Thráth na gCeist as a gcuid tithe féin ar *The Big House Quiz*. Chuir Kevin McGahern, láithreoir teilifíse, fear grinn, aisteoir agus ealaíontóir smeadar péinteála leis an gcomhrá ar *Kevin Paints*.

Ar *From the Same Cloth*, cuireadh athrú mór ar bhaill éadaigh gur cruthaíodh earraí cuimhneacháin astu agus ar *Marty in the Shed*, chonacthas cé eile, ach Marty Morrissey, agus é ina dhuine as féin ó chúl an tí in iarthar an Chláir. Ar *Owen Colgan Around the Fire*, chuir an Colgánach, ar mar gheall ar a chuid aisteoireachta i bpáirt Buzz McDonnell ar *Hardy Bucks* is fearr aithne air, a chuid grinn i bhfeidhm ar an gclár comhrá. Ar *Agony OAPs*, sraith nua sé cinn de chláracha ar RTÉ Player, chonacthas seisear de na saoránaigh aosta is deisbhéalaí in Éirinn ag cur comhairle ar lucht Gen Z maidir leis na deacrachtaí is géire atá le sárú acu.


OWEN COLGAN
Around the Fire

# Digiteach
## (ar lean)

### RTÉ.ie
Bliain mhór foráis a bhí sa bhliain 2020 ag RTÉ.ie agus béim arís ar an gcuid is fearr d'ábhar RTÉ ar fud na n-ardán agus na seánraí ar fad a chaomhnú agus a chur i láthair. Tháinig ardú 73% ar líon na leathanach a osclaíodh i gcomparáid leis an mbliain 2019 agus ardú 56% ar líon na n-úsáideoirí go dtí meánlíon 13.5 milliún in aghaidh na míosa.

Tháinig ardú 85% freisin ar líon na bhfíseán a tapaíodh ar an suíomh nuair a ceanglaíodh 28.2 milliún sruth i rith na bliana. Tarraingíodh dream níos óige agus lucht féachana nua ar an suíomh le *RTÉ Home School Hub* ar rte.ie/learn, le bileoga gníomhaíochta agus acmhainní eile á gcur ar fáil do dhaltaí bunscoile i rith ré na dianghlasála.

Covid-19, torthaí an toghcháin agus bás truaimhéileach Keelin Shanley, iriseoir nuachta agus láithreoir de chuid RTÉ, na scéalta is mó a tharraing aird na ndaoine i rith na bliana. Ar na buaicphointí maidir le seánraí eile, bhí '*You don't get to be racist and Irish*' - saothar reacaireachta le Imelda May, '*Why are Russian military aircraft flying in Irish airspace?*' agus '*8 things you never knew about dogs*'.

### Cartlann RTÉ
Ba bhliain thábhachtach an bhliain 2020 ag Cartlann RTÉ de réir mar a cuireadh spéis sa bhreis in ábhar cartlannaíochta closamhairc agus san oidhreacht chultúir ar líne agus ar ardáin uile na meán cumarsáide. Bhí an-tóir ag léiritheoirí ar ábhar teilifíse agus fuaime, ar ghrianghraif, ar cháipéisí agus ar scríbhinní, chomh maith le hábhar gaolmhar taighde, le húsáid maidir le tograí léiriúcháin in Éirinn agus thar lear.

Aimsíodh réimse leathan ábhair as bailiúcháin RTÉ, ábhar léiritheoirí neamhspleácha agus cláracha inmheánacha san áireamh, a cuireadh ar fáil don lucht féachana agus éisteachta ar ardáin teilifíse, raidió agus ar líne RTÉ, sraitheanna mór-ráchairte de leithéid *Killinascully* san áireamh. Ainneoin na srianta maidir le hoibriú ar an láthair, chinntigh foireann Chartlann RTÉ gur coinníodh seirbhís iomlán ar bun do na léiritheoirí inmheánacha agus do léiritheoirí seachtracha i rith na bliana chun a gcuid riachtainais craolacháin a shásamh. Bhí ábhar cartlainne go mór chun tosaigh i gcláracha mórthábhachta, mar shampla *After a Woman's Heart* agus an clár ómóis do Marian Finucane a craoladh i mí Eanáir 2021.

Bhí barrthábhacht i rith na bliana leis an bhfoireann a choinneáil sábháilte an tráth céanna a dtabharfaí an bhunobair chartlannaíochta ar shaothar RTÉ ar fud na seirbhísí ar fad i gcrích lá i ndiaidh lae. Cuireadh seirbhís iomlán, obair ar an láthair agus obair i gcéin, i gcrích seacht lá na seachtaine maidir le cartlannaíocht ar an ábhar iomlán nuachta agus cúrsaí reatha, seirbhísí réigiúnacha san áireamh, a craoladh. Rinneadh cartlannaíocht agus catalógú ar 1,074 uair a chloig de thuairiscí físeáin nuachta i rith na bliana, ardú 193 uair a chloig i gcomparáid leis an mbliain 2019. Cuireadh an téarma 'Covid-19' sa chatalóg 3,515 uair, buaiclíon maidir le haon téarma amháin a lua sa chatalóg in imeacht aon bhliain ar bith.

Rinneadh dul chun cinn maidir leis an obair pleanála agus feidhmiúcháin maidir le hábhar cartlannaíochta a aistriú go dtí meáin dhigiteacha faoi thionscadail éagsúla, ina measc an tionscadal mór digitiúcháin maidir le hábhar nuachta 1961–1969 ar scannán, le páirtmhaoiniú faoi Scéim Cistíochta de chuid an Údaráis Craolacháin maidir le Cartlannaíocht, a thabhairt chun críche.

Tháinig ardú 46% i rith na bliana ar léiriú spéise an phobail agus ar chuairteanna ar shuíomh gréasáin Chartlann RTÉ, www.rte.ie/archives. Cuireadh físeáin á seinnt 2.6 milliún uair, ardú 28% ón mbliain 2019, agus ábhar fuaime 106,010 uair, ardú 31% ón mbliain 2019. Rinneadh 1,119 scéal cartlannaíochta a fhoilsiú as an nua ar an suíomh gréasáin i roinn scéal cartlainne an lae. Foilsíodh 12,530 tuairisc as Bailiúchán Nuachta Chartlann RTÉ ionas go bhfuil 18,110 físeán ar fáil faoin tráth seo agus teacht iomlán inchuardaithe ag an bpobal ar thuairiscí nuachta ó na blianta idir 1985 agus 1990.

I mí Deireadh Fómhair, rinne Cartlann RTÉ ceannródaíocht maidir leis an gcéad chomhdháil fhíorúil i gcomhar idir an dá chumann is mó maidir le gairm lucht cartlannaíochta ábhar craoltóireachta físeáin agus fuaime, FIAT/IFTA (www.fiatifta.org) agus IASA (www.iasa.org), a eagrú. Cheangail níos mó ná 1,500 toscaire gairmiúil leis an gcomhdháil ceithre lá, le cúnamh taca ó RTÉ agus BBC Thuaisceart Éireann araon, lenar bhain rannpháirtíocht idirghníomhach, páipéir, físeáin agus ceardlanna ó shaineolaithe in earnáil na meán cumarsáide agus na gcartlann closamhairc ar fud an domhain. Thug Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir RTÉ, an aitheasc tosaigh ag an gcomhdháil. Tháinig deireadh i rith na comhdhála céanna le téarma uachtaránachta ceithre bliana Bhríd Dooley, Ceannasaí Cartlannaíochta RTÉ, ar FIAT/IFTA.



# Staitisticí

## AN 10 CLÁR IS MÓ LUCHT FÉACHANA 1 EANÁIR-31 NOLLAIG 2020
## GACH CAINÉAL - NÁISIÚNTA, AONAIR, COMHDHLÚITE AOIS 4+


| Ord | Clár | Cainéal | Lá | Dáta | Tráth | Rátáil | 000s | Sciar % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | The Late Late Toy Show | RTÉ One | Dé hAoine | 27-11-2020 | 21:37-00:08 | 38.97 | 1,717 | 77.09 |
| 2 | Ráiteas ón Taoiseach Leo Varadkar | RTÉ One | Dé Máirt | 17-03-2020 | 21:00-21:11 | 36.50 | 1,599 | 65.49 |
| 3 | RTÉ News: Nine O'Clock | RTÉ One | Dé Máirt | 17-03-2020 | 21:12-21:39 | 29.76 | 1,304 | 61.70 |
| 4 | RTÉ News: Six One | RTÉ One | Dé Céadaoin | 30-12-2020 | 18:01-18:41 | 24.19 | 1,066 | 72.30 |
| 5 | Cluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann – Baile Átha Cliath v Maigh Eo | RTÉ2 | Sath | 19-12-2020 | 17:00-18:41 | 19.90 | 877 | 59.56 |
| 6 | The Late Late Show | RTÉ One | Dé hAoine | 27-03-2020 | 21:52-23:29 | 20.00 | 876 | 59.00 |
| 7 | Guinness 6 Nations: An Fhrainc v Éireann | Virgin Media One | Sath | 31-10-2020 | 20:03-21:55 | 19.30 | 850 | 48.17 |
| 8 | RTÉ News Special | RTÉ One | Dé hAoine | 27-03-2020 | 20:28-21:07 | 18.93 | 829 | 46.89 |
| 9 | Room To Improve: Dermot's Home | RTÉ One | Domh | 05-01-2020 | 21:30-22:28 | 17.73 | 777 | 50.95 |
| 10 | Cluiche Ceannais Sinsir Iománaíochta na hÉireann – Luimneach v Port Láirge | RTÉ2 | Domh | 13-12-2020 | 15:30-17:07 | 16.18 | 713 | 61.39 |




Foinse: TAM Ireland ltd/Nielsen TAM
Aon Lá Aon Am - An eipeasóid is fearr arna rangú in ord rátála (TVR) (tugtar chun aire go mbíonn athrú faoi thrí gach bliain ar an ollréimse)
15 nóiméad íosfhad cláir

**SCIAR COMHDHLÚITE NÁISIÚNTA AN CHAINÉIL AR FEADH AN LAE MAIDIR LE DAOINE AONAIR 4+ (%)**

■ 2020 □ 2019




Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM

# Staitisticí

## UAIREANTA D'ÁBHAR DE DHÉANTÚS NA hÉIREANN A CRAOLADH AR THEILIFÍS RTÉ LE LINN BUAICTHRÁTHANNA DE RÉIR SEÁNRA


■ 2020 □ 2019




Foinse: RTÉ

---

## UAIREANTA TEILIFÍSE LE FOTHEIDIL




Foinse: RTÉ

## NA 10 GCLÁR RAIDIÓ IS MÓ ÉISTEACHTA AR FEADH NA SEACHTAINE NÁISIÚNTA - DAOINE FÁSTA 15+ SCIAR BLOC AMA I GCÁS STÁISIÚIN TRÁCHTÁLA NÁISIÚNTA DEIREADH FÓMHAIR 2019 – MEÁN FÓMHAIR 2020*

| Ord | Clár | Stáisiún | Tráth de Lá | Laethanta na Seachtaine | Sciar na nDaoine Fásta 15+ | Líon Daoine Fásta 15+ (000) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Morning Ireland | RTÉ Radio 1 | 07:00-09:00 | Luan-Aoine | 12% | 491 |
| 2 | Liveline | RTÉ Radio 1 | 13:45-15:00 | Luan-Aoine | 10% | 404 |
| 3 | The Marian Finucane / Brendan O'Connor Show | RTÉ Radio 1 | 11:00-13:00 | Sath | 10% | 382 |
| 4 | The Ryan Tubridy Show | RTÉ Radio 1 | 09:00-10:00 | Luan-Aoine | 10% | 381 |
| 5 | The Business | RTÉ Radio 1 | 10:00-11:00 | Sath | 10% | 376 |
| 6 | News at One | RTÉ Radio 1 | 13:00-13:45 | Luan-Aoine | 9% | 370 |
| 7 | Today with Sean O'Rourke / Sarah McInerney / Claire Byrne | RTÉ Radio 1 | 10:00-12:00 | Luan-Aoine | 9% | 369 |
| 8 | Playback | RTÉ Radio 1 | 09:00-10:00 | Sath | 9% | 362 |
| 9 | The Marian Finucane / Brendan O'Connor Show | RTÉ Radio 1 | 11:00-13:00 | Domh | 9% | 352 |
| 10 | Sunday with Miriam | RTÉ Radio 1 | 10:00-11:00 | Domh | 8% | 318 |





Foinse: JNLR /Ipsos MRBI 2020/3

* Nóta: Is ar cheistneoir duine le duine atá an suirbhé JNLR/Ipsos MRBI bunaithe. Mar gheall ar shrianta COVID-19 go náisiúnta, ní rabhthas ábalta tabhairt faoin suirbhé maidir le ráithe a ceathair, 2020 Mar sin is ar an tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2019 go Meán Fómhair 2020 atá na torthaí a thuairiscítear bunaithe.

# Staitisticí

## SCIAR NÁISIÚNTA DE LUCHT ÉISTEACHTA RAIDIÓ 2020 – LÁ NA SEACHTAINE/BUAICTHRÁTH DEIREADH FÓMHAIR 2019 – MEÁN FÓMHAIR 2020*




Foinse: JNLR / Ipsos MRBI 2020/3

* Nóta: Is ar cheistneoir duine le duine atá an suirbhé JNLR/Ipsos MRBI bunaithe. Mar gheall ar shrianta COVID-19 go náisiúnta, ní rabhthas ábalta tabhairt faoin suirbhé maidir le ráithe a ceathair, 2020. Mar sin is ar an tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2019 go Meán Fómhair 2020 atá na torthaí a thuairiscítear bunaithe.

## UAIREANTA RAIDIÓ DE RÉIR SEÁNRA





Foinse: RTÉ
Tabhair ar aird: Áirítear sa chatagóir 'Eile' Reiligiún, Daoine Óga, Oideachas agus Drámaíocht

## AN LÍON LEATHANACH AR AN MEÁN A TAPAÍODH SA MHÍ AR FUD NA SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA (MILLIÚIN)





Foinse: RTÉ

## SCIAR A BHAINEANN LEAS AS SEIRBHÍS DHIGITEACH RTÉ SA TSEACHTAIN




Foinse: RTÉ


## SRUTHANNA AR AN SEINNTEOIR RTÉ PLAYER - 2020




Foinse: RTÉ


# Staitisticí

## TAIBHITHE CHEOILFOIRNE RTÉ




Foinse: RTÉ

## FREASTAL CHEOLFHOIRNE RTÉ




Foinse: RTÉ



Ag deireadh na bliana, ba mná iad 50% de Bhord RTÉ agus ba fir iad 50%.



**1. Moya Doherty, Cathaoirleach**
**Téarma oifige: 4 Samhain 2014 –6 Samhain 2022 *(Athcheaptha don dara téarma ar an 6 Samhain 2017)***

Tá an amharclannaíocht chomh maith le tionscal na cruthaitheachta, léiriú agus láithriú ar raidió agus ar teilifís, in Éirinn agus thar lear, le lua le saol oibre Moya Doherty. Chuir sí cláir ealaíon, gnéchláir agus cláir fhaisnéise i láthair ar RTÉ. Ina léiritheoir feidhmiúcháin di, léirigh Moya roinnt telethon carthanachta, Comórtas Amhránaíochta an Eurovision agus an léiriú teilifíse ar shearmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta a bhí ar siúl in Éirinn sa bhliain 2003. Ba í Moya a rinne an coincheap do *Riverdance* a fhorbairt agus bhí sí ina Léiritheoir Coimisiúnaithe ar Chomórtas Amhránaíochta an Eurovision sa bhliain 1994.

Tá sí ina stiúrthóir ar Tyrone Productions, ceann de na comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha is mó le rá in Éirinn a chuireann cláir drámaíochta, faisnéise agus siamsaíochta ar fáil don teilifís. Bhí sí ina stiúrthóir tionscanta ar an stáisiún raidió Today FM.

Bhí sí ina comhalta boird ar roinnt bord a bhain le cúrsaí ealaíon, lena n-áirítear cathaoirleach ar Fhéile Amharclannaíochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath ar feadh seacht mbliana, ar bhord Amharclann na Mainistreach, The Ark Children's Theatre i mBaile Átha Cliath, chomh maith le Business to Arts agus Walnut Hill Arts School i Massachusetts.

Is iomaí gradam a bronnadh ar Moya, ina measc Gradam Veuve Clicquot do Bhean Gnó na Bliana agus Gradam Ernst & Young d'Fhiontraí na Bliana. Bronnadh céimeanna onóracha dochtúireachta uirthi freisin ó Ollscoil Uladh agus ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann mar aitheantas ar an tiomantas leanúnach a léiríonn sí maidir le saol na n-ealaíon in Éirinn.



**2. Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir**
**Comhalta ex officio de bhun an cheapacháin ina Príomh-Stiúrthóir an 11 Iúil 2016.**

Ceapadh Dee Forbes ina Príomh-Stiúrthóir ar RTÉ le héifeacht ón 11 Iúil 2016. I Londain a bhí Dee Forbes lonnaithe sula ndeachaigh sí i mbun oibre le RTÉ, áit ar chaith sí níos mó ná 27 bliain ag obair do chraoltóirí agus don ghníomhaireacht fógraíochta Young and Rubicam.

An post deiridh a bhí aici roimhe seo ná ina hUachtarán agus ina Stiúrthóir Bainistíochta i Discovery Networks Northern Europe. Thosaigh Dee ag obair le Discovery in 2010 mar Cheann oibríocht na Ríochta Aontaithe/na hÉireann agus chuir sí lena cuid freagrachtaí de réir a chéile go dtí go raibh sí i gceannas ar réigiún Thuaisceart na hEorpa, ina raibh 18 margadh agus 27 gcainéal, idir chinn saor-go-haer agus síntiúis, a bhí ag craoladh chuig breis is 276 milliún líon tí ar fud Thuaisceart na hEorpa gach mí.

Sula ndeachaigh sí le Discovery, stiúir Dee gnónna Turner Broadcasting sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, ina raibh seacht gcainéal siamsaíochta, ina measc Cartoon Network, Boomerang agus TCM. Chaith sí roinnt blianta ag obair le Turner i róil éagsúla tráchtála, ina measc Bainisteoir Ginearálta ar réigiún Nordach/Lár na hEorpa, Oirthear na hEorpa agus na réigiúin EMEA. Ba í Ceann na nDíolachán Fógraíochta don Eoraip freisin í.

Bhí Dee ina stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin ar bhord *The Irish Times* tráth agus tá sí ar bhord Munster Rugby faoi láthair. I nDrom Dhá Liag in iarthar Chorcaí a rugadh Dee agus bhain sí céim sa stair agus sa pholaitíocht amach i UCD.



### 3. Deborah Kelleher

**Téarma oifige: 4 Samhain 2014 –6 Samhain 2022 *(Athcheaptha don dara téarma ar an 6 Samhain 2017)***

Ceapadh Deborah Kelleher ina Stiúrthóir ar Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann (RIAM) i mí Dheireadh Fómhair 2010. Bhí bunpháirt aici i gcúrsaí for-rochtana, i gcúrsaí cianfhoghlama agus i gcúrsaí acadúla a chur ar bun san Acadamh le roinnt blianta anuas.

Bhí páirt thábhachtach aici freisin le bunchéim shaindírithe sa chumadóireacht, an chéad chúrsa i dteicneolaíocht an cheoil san Acadamh agus cuid mhór cúrsaí don fhorbairt ghairmiúil ar mhúinteoirí ar fud na tíre, a chur ar siúl. Rinneadh Coláiste Comhlach de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath de Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 2013. Rinne Deborah maoirseacht ar an athrú suntasach sin.

Rinne Deborah staidéar ar an gceol i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus bronnadh céimeanna Máistreachta uirthi sa cheoleolaíocht (An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath) agus i riarachán gnó (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath). Aithnítear go bhfuil Deborah ar dhuine de na ceoltóirí pianó is fearr dá glúin in Éirinn agus shaothraigh sí ar feadh na mblianta ina Ceannasaí ar Roinn na Ceoltóireachta sa Cheol-Acadamh Ríoga.

Dhírigh sí go mór ar sheinm le hamhránaithe le blianta beaga anuas agus d'oibrigh sí le Ailish Tynan, Mairéad Buicke, Tara Erraught agus Bernadette Greevy nach maireann, i measc roinnt oirfideach eile. Tá sí ina comhalta de bhord Chomórtas Idirnáisiúnta Pianó Bhaile Átha Cliath, de bhord Cheolfhoireann Náisiúnta na nÓg agus de bhord Lyric Opera. Rinne sí fónamh ar Phainéal Piarmheastóireachta don Chomhairle Ealaíon chomh maith.

Tá Deborah ina Leas-Uachtarán ar an dáréag comhalta ar Chomhairle Chumann Ardscoileanna Ceoil na hEorpa (AEC), scáthghrúpa do bhreis agus 280 ardscoil ceoil.



### 4. Ian Kehoe

**Téarma oifige: 9 Deireadh Fómhair 2018-8 Deireadh Fómhair 2023**

Iriseoir, údar agus craoltóir é Ian Kehoe a bhfuil gradaim buaite aige. In 2014, nuair a bhí sé 34 bliana d'aois, ceapadh ina Eagarthóir ar an nuachtán *The Sunday Business Post* é, agus bhí an post sin aige ar feadh ceithre bliana. Le linn na tréimhse sin, ceapadh chuig bord an nuachtáin sin é chomh maith lena cheapadh chuig gnó clódóireachta bainteach eile.

Ina dhiaidh sin, bhí Ian na chomhbhunaitheoir ar Currency Media Limited, a fhoilsíonn an tseirbhís ghnó ar líne, The Currency. Bhí Ian ina láithreoir agus ina iriseoir roimhe seo ar chlár *Prime Time RTÉ*, agus tá líon mórchlár faisnéise teilifíse déanta aige - *Who's Buying Ireland* agus *The Great Irish Sell-Off* ina measc.

Tá Iriseoir na Bliana maidir le Gnó agus Eacnamaíocht buaite faoi dhó aige agus bronnadh Gradam Miriam Hederman O'Brien air de bharr an méid atá curtha aige le beartas fioscach na hÉireann. Is é comhúdar an leabhair Citizen Quinn é, leabhar mórdhíola faoi éirí agus faoi thitim an tionsclaí Seán Quinn.

Is as Inis Córthaidh i gCo. Loch Garman ó dhúchas é agus tá BA bainte amach aige in Iriseoireacht agus MA i gCaidrimh Idirnáisiúnta ó DCU.



### 5. Connor Murphy

**Téarma oifige: 19 Márta 2020-18 Márta 2025**

Fiontraí teicneolaíochta é Connor Murphy a bhfuil cúlra aige i gcaipiteal fiontair, i sainchomhairleoireacht bhainistíochta agus i ríomheolaíocht. Tá sé ina chomhalta den fhoireann Techstars Venture Partner i láthair na huaire agus bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar chlár Techstars SAP.iO i mBeirlín roimhe sin. Tacaíonn sé le clár Techstars in Melbourne, Súl, Bangalore, Singeapór, Osló, Liospóin, Amstardam, München agus i mBeirlín. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeanach agus ina Bhunaitheoir tráth ar Datahug, a ghlac Callidus Cloud, atá liostaithe ar Nasdaq (Nasdaq:CALD), seilbh air agus atá mar chuid anois de SAP.

Roimh a thréimhse le Datahug, d'oibrigh Connor le PA Consulting Group i Londain, i Nua-Eabhrac agus in Washington, DC. Bhain sé céim chéadonóracha amach sa ríomheolaíocht i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.



### 6. Dr P.J. Mathews

**Téarma oifige: 4 Samhain 2014–3 Samhain 2024 *(Athcheaptha don dara téarma ar an 10 Nollaig 2019)***

An Dr P.J. Mathews ina Chomh-Ollamh i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta sa gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Baineann a shaothar go speisialta le litríocht agus le cultúr an hÉireann. Is é a scríobh an saothar Revival (arna fhoilsiú ag Field Day\Cork UP sa bhliain 2003) maidir le tréimhse athbheochan chultúr na hÉireann; a rinne eagarthóireacht ar an saothar *Cambridge Companion to J.M. Synge* (2009); agus comheagarthóireacht ar *A Handbook of the Irish Revival* (arna fhoilsiú ag Amharclann na Mainistreach sa bhliain 2015).

Is é P.J. a bhunaigh agus atá ina Stiúrthóir ar an bpodchraoltóireacht acadúil le UCD scholarcast (www.ucd.ie/scholarcast).

Bhí sé ina stiúrthóir ar Scoil Samhraidh Parnell idir 2002 - 2005 agus ceapadh ina Chomhalta Naughton agus ina Chomh-Ollamh Cuairte sa Bhéarla é in Ollscoil Notre Dame sa bhliain 2007-8. Tá sé ina *membre extérieur* de Mheitheal Léann na hÉireann in Université Sorbonne Nouvelle-Paris 3, agus ina chomhthionólaí ar Chraobhchóras Taighde Dochtúireachta Léann na hÉireann.



### 7. Anne O'Leary

**Téarma oifige: 4 Samhain 2014–3 Samhain 2024 *(Athcheaptha don dara téarma ar an 10 Nollaig 2019)***

Tá taithí mhór ag Anne O'Leary ina Feidhmeannach Gnó. Réimsí spéise ina bhfuil cumas faoi leith léirithe aici is ea cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí bealaí nua a aimsiú chuig an margadh agus leas a bhaint as deiseanna teicneolaíochta d'fhonn acmhainneacht a thapú. Tá tuiscint ghéar ghrinn ag Anne ar rialachas corparáide agus ar chúrsaí comhlíonta. Ina comhalta di d'Institiúid na Stiúrthóirí, tá tuiscint aici ar na coinníollacha reatha maidir le boird phríobháideacha agus boird chomhlachtaí Stáit.

Is fiontraí cruthanta í a rinne tionscnamh agus forás ar ghnólacht teicneolaíochta de scoth an domhain sular dhíol sí é, agus bíonn béim láidir aici ar pháirtnéireacht straitéiseach, ar bhainistíocht díolacháin, ar mhargaíocht, ar fhorbairt táirgí agus ar bhainistíocht maidir le caidreamh inmheánach - seachtrach.

Tá taithí leathanréimseach ag Anne ar earnálacha gnó. Is léir a cumas maidir le fáthmheas, pleanáil straitéiseach, soirbhiú do mheithle agus do dhaoine aonair agus méadú inbhuanaithe ar theacht isteach airgid.



### 8. Robert Shortt

**Téarma oifige: 29 Bealtaine 2018–3 Samhain 2024 *(Athcheaptha don dara téarma ar an 10 Nollaig 2019)***

Thosaigh Robert Shortt ag obair in RTÉ ina iriseoir ar an gclár *News at One* sa bhliain 1998. Tá sé ag obair ó shin i leith ar go leor clár sa rannán Nuachta & Cúrsaí Reatha. Bhí sé ina Chomhfhreagraí Gnó agus bhí sé ina chuid den fhoireann a bhunaigh *The Business* ar RTÉ Radio 1. Chaith sé ceithre bliana ina Chomhfhreagraí i Washington sula ndeachaigh sé le *Prime Time* sa bhliain 2009. Tá Gradam Iriseoireachta Gnó Smurfit buaite faoi dhó aige as a chuid tuairisceoireachta.

Sular thosaigh sé in RTÉ, bhí sé ag obair do nuachtán airgeadais na Seapáine, *an Nikkei* agus don BBC. Toghadh ina chéad chathaoirleach ar Fhochraobh RTÉ NUJ agus d'fhóin sé ina Leas-Chathaoirleach ar Ghrúpa Ceardchumainn RTÉ (TUG) ar feadh trí bliana. Bhain sé BA i mBéarla agus Eacnamaíocht amach i UCD agus MSc san Eacnamaíocht amach i Scoil Staidéar an Oirthir agus na hAfraice in Ollscoil Londan.

Is é Robert Comhfhreagraí Eacnamaíochta RTÉ faoi láthair.

## Freastal ar Chruinnithe an Bhoird

Tionóladh ocht gcruinniú de Bhord RTÉ i rith na bliana 2020. Leagtar amach thíos freastal chomhaltaí an Bhoird ar na cruinnithe sin:

| | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh |
|---|---|---|
| **An Bord mar a bhí an 31 Nollaig 2020** | | |
| Moya Doherty | 8 | 6 |
| Dee Forbes | 8 | 8 |
| Ian Kehoe | 8 | 8 |
| Deborah Kelleher | 8 | 8 |
| Dr P.J. Mathews | 8 | 8 |
| Connor Murphy | 6 | 6 |
| Anne O'Leary | 8 | 8 |
| Robert Shortt | 8 | 8 |
| **Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den Bhord sa bhliain 2020** | | |
| Eoin McVey | 2 | 2 |
| Shane Naughton | 2 | 2 |
| Fionnuala Sheehan | 2 | 1 |
| Margaret E. Ward | 2 | 2 |

Féach an tuairisc faoi Rialachas Corparáide ar leathanach 84 maidir le tuilleadh mionsonraí faoin athrú i gcomhaltas an Bhoird sa bhliain 2020.

## Coistí an Bhoird

### An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tionóladh seacht gcruinniú i rith na bliana 2020, a ndearnadh freastal mar seo a leanas orthu:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Anne O'Leary (Cathaoirleach) | 7 | 7 | 27 Samhain 2014 |
| Ian Kehoe | 6 | 6 | 13 Feabhra 2020 |
| Robert Shortt | 7 | 7 | 13 Meán Fómhair 2018 |
| **Comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige le linn 2020** | | | |
| Eoin McVey | 1 | 1 | 26 Eanáir 2017 |

D'éirigh Shane Naughton as a bheith ina chomhalta den Bhord ar an 30 Nollaig 2019 sular tháinig deireadh lena théarma oifige.

### Coiste na gClár

Tionóladh ceithre chruinniú de Choiste na gClár i rith na bliana 2020. Is mar seo a leanas a freastalaíodh orthu:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Deborah Kelleher (Cathaoirleach) | 4 | 4 | 27 Samhain 2014 |
| An Dr P.J. Mathews | 4 | 4 | 27 Samhain 2014 |
| Robert Shortt | 4 | 4 | 31 Bealtaine 2018 |
| **Comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige le linn na mbliana 2020** | | | |
| Margaret E Ward | 1 | 0 | 19 Feabhra 2015 |

### An Coiste Bunathraithe Straitéise

Tháinig an Coiste Bunathraithe Straitéise le chéile trí huaire le linn na bliana 2020, agus is iad seo a leanas na daoine a bhí i láthair:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Ian Kehoe (Cathaoirleach) | 3 | 3 | 5 Nollaig 2019 |
| An Dr P.J. Mathews | 3 | 3 | 5 Nollaig 2019 |
| Anne O'Leary | 3 | 3 | 5 Nollaig 2019 |

### An Coiste maidir le Cóirthrádáil

Tionóladh dhá chruinniú i rith na bliana 2020, agus bhí na comhaltaí go léir i láthair ag gach cruinniú:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Deborah Kelleher (Cathaoirleach) | 2 | 2 | 24 Meán Fómhair 2015 |
| Ian Kehoe | 1 | 1 | 16 Iúil 2020 |
| **Comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige le linn 2020** | | | |
| Fionnuala Sheehan | 1 | 1 | 24 Meán Fómhair 2015 |

### An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Níor reáchtáladh aon chruinniú den choiste le linn na bliana 2020. Is iad Moya Doherty (Cathaoirleach) agus Anne O'Leary, a ceapadh chuig an gCoiste an 22 Eanáir 2015, comhaltaí an Choiste.

### Freastal ar Chruinnithe Fhochoiste Bhord RTÉ

Is do fhreastal chomhaltaí an Bhoird ar chruinnithe de Bhord RTÉ agus d'fhochoistí an Bhoird a thagraítear leis an eolas a fhoilsítear thuas. Anuas air sin, bhí Moya Doherty agus Ian Kehoe ina gcomhaltaí freisin ar Bhoird fhochuideachtaí de chuid RTÉ, agus déanann siad freastal ar na cruinnithe Boird de réir sceidil na bhfochuideachtaí sin.

# Feidhmiúchán



### Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir

Féach an nóta beathaisnéise ar leathanach 78.



### Richard Collins

**Príomhoifigeach Airgeadais**

Tháinig Richard ag obair in RTÉ i mí Eanáir 2020. Tá sé ina stiúrthóir ar DAC Fiontair Thráchtála RTÉ agus DAC Líonra Tarchuradóireachta RTÉ.

Sular thosaigh sé ag obair le RTÉ, chaith Richard 13 bliana ag obair san earnáil miondíola, áit a bhfuair sé taithí leathan ar airgeadas agus oibríocht, bhí sé i gceannas ar líon olltionscadal comhlánaithe agus athchóiriúchán. Le déanaí bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais i Dunnes Stores áit a raibh ról tábhachtach aige i bhforbairt straitéise agus córais a nuachóiriú. Roimhe sin ba é Stiúrthóir Airgeadais Superquinn é agus ba é a rinne an comhcheangal le Musgrave Group a stiúradh.

Bhí róil airgeadais sinsearacha ag Richard anseo in Éirinn agus thar lear in eagraíochtaí mar Dell Computer Corporation agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhain sé céim amach i gColáiste na Tríonóide agus thraenáil sé le bheith ina chuntasóir cairte le KPMG.



### Rory Coveney

**Stiúrthóir Straitéise**

Tá Rory ag obair le RTÉ ón mbliain 2007 agus is iomaí ról a bhí aige ó shin. Ón mbliain 2011, ina Chomhairleoir Straitéiseach don Phríomh-Stiúrthóir, tá Rory lárnach i bpleanáil straitéiseach na heagraíochta. Ina Stiúrthóir Straitéise, treoróidh sé feidhm straitéise nua ina gcuimseofar straitéis chorparáideach, fiontair agus nuálaíocht nua, gnóthaí poiblí agus bainistiú straitéiseach riosca.

Sular thosaigh sé in RTÉ, bhí Rory ag obair do Chúnamh Éireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha. Is céimí de chuid UCC é Rory áit ar bhain sé BA i Stair amach. Bhain sé MA sna Meáin Idirghníomhacha amach in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath chomh maith.



### Eimear Cusack

**Stiúrthóir, Acmhainní Daonna**

Ceapadh Eimear ina Stiúrthóir Acmhainní Daonna sa bhliain 2017. Tá taithí ag Eimear ar oibriú le cúrsaí dlí, baincéireachta, seirbhísí gairmiúla agus TEC i rith a saol oibre agus ceapadh ina Ceannasaí Acmhainní Daonna maidir leis an Ríocht Aontaithe agus Éirinn le Ericsson í sa bhliain 2013, áit a ndearna sí cláir fhorleathana athrúcháin a leagan amach agus a chur i bhfeidhm. Lena bhfuil de thaithí aici ar straitéisí nuálaíochta i leith dhaoine, tá béim ag Eimear ar an gcaidreamh leis an bhfostaí, ar dhaoine cumasacha a mhealladh chun na heagraíochta agus ar bhainistíocht ina leith, agus ar chúrsaí foghlamtha agus forbartha.

Sular thosaigh sí ag obair le RTÉ, bhí straitéisí éagsúla idirathraithe, athchóiriúcháin agus comhtháite tugtha i gcrích ag Eimear i ndáil le seirbhísí bainistithe agus cásanna éadála.



### Adrian Lynch

**Stiúrthóir, Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht**

Thosaigh Adrian ag obair in RTÉ in 2014 agus bhí sé ina Cheannasaí Cainéil le haghaidh RTÉ One agus RTÉ2 roimhe sin. Nuair a bhí sé sa phost sin, sheol sé sceidil uaillmhianacha nua do na seirbhísí. Ina Cheannasaí Cainéil dó ar RTÉ One agus ar RTÉ2, thug Adrian réimse leathan d'ábhar cláir den iliomad seánra ar an scáileán agus is suntasach mar a d'éirigh le *Dancing with the Stars*, *RTÉ 1916*, agus cláir faisnéise de leithéid *My Homeless Family* ar bronnadh gradaim orthu chomh maith.

Sular thosaigh sé le RTÉ, bhíodh Adrian ina Stiúrthóir Bainistíochta agus ina úinéir ar Animo Television, ceann de na comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha is fearr ar éirigh leis in Éirinn. Ba é a bhí freagrach as roinnt de na cláir is iomráití ar RTÉ One i rith a chuid ama le Animo, sraitheanna faisnéise ar bronnadh gradaim orthu ina measc, mar shampla *Freefall – The Night the Banks Failed.*



### Paula Mullooly

**Stiúrthóir, Cúrsaí Dlí**

Ceapadh Paula ina Stiúrthóir ar Chúrsaí Dlí sa bhliain 2019. Sainaturnae meáin í Paula a bhfuil taithí os cionn 25 bliain aici sna meáin chraoltóireachta agus sa dlí príobháideach aici. Chuir sí comhairle ar réimse leathan cliaint meán le linn a gairme agus rinne sí ionadaíocht thar a gceann chomh maith, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta araon, agus tá léachtaí tugtha aici ar dhlí na meáin. Cheap an Rialtas í ina ball ar an nGrúpa Oibre um Leasú Clúmhillte, a chuir tuarascáil ar fáil in 2003 trína ndearnadh leasuithe a mholadh agus dréacht-reachtaíocht a chur i láthair. Rinne sí fónamh chomh maith ar Choiste Comhlíontais Údarás Craolacháin na hÉireann ó 2010 go dtí 2018 agus bhí sí ina Cathaoirleach ar an mBord Achomhairc um Scrúdóireacht Foilseachán ó 2004 go dtí 2012.









### Geraldine O'Leary

**Stiúrthóir Tráchtála**

Thosaigh Geraldine le RTÉ in 1997 ina Bainisteoir, Díolacháin Teilifíse, agus fuair sí ardú céime go dtí Stiúrthóir, Díolacháin agus Margaíocht sa bhliain 1999. In 2003, ceapadh ina Stiúrthóir Tráchtála, Teilifís RTÉ, í agus bhí ról mór aici maidir le feidhm tráchtála RTÉ. Ceapadh ina Stiúrthóir Tráchtála, RTÉ í in Eanáir 2018 agus is í atá freagrach as gach ball foirne agus gach oibríocht tráchtála in RTÉ a threorú. Is Comhalta í Geraldine de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann, Stiúrthóir Bunaitheach TAM Ireland agus is comhalta í de Chumann Margaíochta na hÉireann chomh maith le bheith ina Comhalta Boird de EGTA (Grúpa na hEorpa maidir le Fógraíocht Teilifíse). Bhí sí ina hUachtarán ar Bhord EGTA idir 2009 agus 2011.

### Jim Jennings

**Stiúrthóir, Ábhar**

Ceapadh Jim ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Raidió RTÉ i mí na Samhna 2013. Déanann sé maoirseacht freisin maidir leis an mbainistíocht ar Cheolfhoirne, Cheathairéad agus Chóir RTÉ. Roimhe seo, bhí Jim ina cheannasaí ar RTÉ Radio 1, a thosaigh sé ag obair ar dtús ann sa bhliain 1985, ag obair le gnéchláir agus cúrsaí reatha ar chláir de leithéid *Today at Five* agus *The Pat Kenny Show*.

D'athraigh sé sa bhliain 1989 go dtí Teilifís RTÉ, mar a raibh roinnt post sinsearach aige, ina measc Léiritheoir Feidhmiúcháin ar *The Late Late Show*, *Election 2012* agus searmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta. D'oibrigh sé freisin ina eagarthóir ar Léargas. Rinneadh Stiúrthóir Ábhair de Jim mar chuid den athstruchtúrú ar an eagraíocht sa bhliain 2017.

### Richard Waghorn

**Stiúrthóir, Oibríochtaí, Teicneolaíocht agus Athchóiriúchán**

Thosaigh Richard le RTÉ ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta i mí Feabhra 2012. Ceapadh Richard ina stiúrthóir ar RTÉ Transmission Network DAC i rith na bliana 2013. Tá céim MBA ag Richard ó Henley Management College agus is céimí de chuid an University of Leeds é.

Bhí Richard ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta leis an South African Broadcasting Corporation idir na blianta 2009 agus 2011. Roimhe sin, chaith Richard ceithre bliana ina Stiúrthóir Dáiliúcháin leis an BBC agus é i mbun ceannródaíochta maidir leis an athrú go dtí córais dhigiteacha. D'oibrigh sé ar fud roinnt réimsí éagsúla leis an BBC, straitéis, meáin chumarsáide nua, dáiliúchán agus léiriúchán raidió ina measc. Bhí Richard ina stiúrthóir boird ag Freesat agus ina bhainisteoir tionscadail maidir le seoladh Freeview sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2002.

Ghlac Richard ceannasaíocht ar ghníomhaíochtaí teicneolaíochta agus athchóiriúcháin RTÉ sa bhliain 2017, agus ghlac bainistíocht ar an rannán oibríochta sa bhliain 2019, mar chuid den atheagar ar an eagraíocht.

### Jon Williams

**Stiúrthóir, Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ**

Tháinig Jon ag obair in RTÉ i mí Eanáir 2017. Bhíodh sé ina Eagarthóir Bainistíochta, Nuacht Idirnáisiúnta roimhe sin ag ABC News i Nua-Eabhrac mar ar mhúnlaigh sé tráchtaireacht na heagraíochta sin ar an nuacht idirnáisiúnta agus an straitéis ina leith sin. Bhí Jon i gceannas ar thuairisceoireacht an ABC ar an gcogadh san Úcráin agus ar ghéarchéim na ndídeanaithe san Eoraip, chomh maith le tuairisciú a dhéanamh ar ionsaithe sceimhlitheoireachta ISIS san Eoraip. Chuir sé an nuálaíocht chun cinn chomh maith, lena n-áirítear físeáin 360 agus an réadúlacht fhíorúil a úsáid.

Idir 2006 agus 2013, bhí Jon ina Eagarthóir maidir le Nuacht an Domhain ag an BBC, i mbun bainistíochta ar fhoireann 200 duine i 30 tír. Rinne sé maoirseacht ar an tuairisciú ar chogadh Iosrael agus na Liobáine sa bhliain 2006 ar bronnadh gradam idirnáisiúnta Emmy ina leith. Bronnadh an dara gradam Emmy air sa bhliain 2013 mar gheall ar thráchtaireacht an BBC ar an gcogadh cathartha sa tSiria. Ba é Jon Eagarthóir Nuachta na Ríochta Aontaithe ag an BBC tráth ar tharla ionsaithe sceimhlitheoireachta 7/7 ar an gcóras iompair i Londain agus Leaseagarthóir an Six O'Clock News ag an BBC tráth ar tharla 9/11. Ghnóthaigh sé an tríú gradam Emmy sa bhliain 2017 mar gheall ar thráchtaireacht an ABC ar ghéarchéim na ndídeanaithe sa tSiria.

# Rialachas Corparáide
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

Tá comhaltaí Bhord RTÉ tiomanta maidir leis na caighdeáin is airde a choinneáil ar bun maidir leis an rialachas corparáide agus leis an iompar i mbun gnó. Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* go mbeadh taithí nó cumas ag comhaltaí i gcúrsaí atá iomchuí don mhaoirseacht ar chraoltóir seirbhíse poiblí (Alt 82). Ní mór do chomhaltaí uile an Bhoird freisin a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach lena gcinntítear go ndéantar obair RTÉ, de bhun na gcuspóirí faoin reachtaíocht, go héifeachtach agus go críochnúil (Alt 87).

Cloíonn RTÉ leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ("an Cód Cleachtais").

Leagtar amach sa Chód Cleachtais na prionsabail maidir le rialachas corparáide a gceanglaítear ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit iad a chomhlíonadh. Áirítear orthu sin gnáis agus nósanna rialachais maidir le raon leathan réimsí, mar shampla, ról an Bhoird; cóid iompair agus nochtadh leasa; tuairisciú gnó agus airgeadais; bainistíocht i ndáil le réimsí baoil agus rialú inmheánach; caidreamh leis an Oireachtas agus leis an Roinn rialtais a dtagann an comhlacht faoina coimirce; agus gnáis rialála faoi leith maidir le raon réimsí eile. Leagtar amach tuilleadh eolais ar na réimsí sin sa chuid eile den chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil.

Éilítear ar Chathaoirleach an Bhoird gach bliain a dheimhniú leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go bhfuil na cleachtais agus nósanna imeachta rialachais in RTÉ ag teacht leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Comhlíonann RTÉ freisin an ceanglas maidir le rialachas corparáideach agus ceanglais eile arna bhforchur ag an *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus ag an *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001* agus an *tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éilithe), 2018*.

Tá a Chód Iompair féin glactha ag an mBord chomh maith, ina leagtar amach an cur chuige atá aige i leith iompar gnó freagrach agus eiticiúil.

### Bord RTÉ


**Comhdhéanamh**

Ceaptar Comhaltaí Bhord RTÉ faoi Alt 81 *d'Acht Craolacháin 2009* ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bhliana. Foráiltear faoin Acht do Bhord ar a bhfuil dáréag comhalta, arna gceapadh ag an Rialtas mar seo a leanas:

- Seisear comhalta a cheaptar ar ainmniúchán an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán;
- Déanann an Comhchoiste Oireachtais um Meáin, Turasóireacht, Ealaíona, Cultúr, Spórt agus Gaeltacht ceathrar comhaltaí a mholadh leis an Aire;
- Is comhalta ex-officio Príomh-Stiúrthóir RTÉ; agus
- Ceaptar duine amháin d'fhoireann RTÉ tar éis toghcháin.

Ceapann an rialtas duine de na comhaltaí chun gníomhú mar Chathaoirleach. Foráiltear faoin *Acht Craolacháin 2009* freisin do chothromaíocht idir na hinscní maidir le comhaltas an Bhoird, trína éileamh go mbeadh ar na comhaltaí líon fear nach lú ná cúigear agus líon ban nach lú ná cúigear. Amhail an 31 Nollaig 2020, ceathrar ban agus ceathrar fear atá ar Bhord RTÉ.

**Iléagsúlacht an Bhoird ó thaobh cúrsaí Inscne**




Tháinig athrú ar chomhaltaí Bhord RTÉ i rith na bliana.


Tháinig deireadh le téarma oifige ceathrar comhaltaí Boird an 15 Feabhra 2020. Luaitear ainmneacha na gcomhaltaí sin i dtaifead tinrimh an Bhoird ar leathanach 81. Ceapadh Connor Murphy chuig an mBord le héifeacht ón 19 Márta 2020, líon sin folúntas a tháinig chun cinn i lár na bliana 2019.

Amhail dheireadh na bliana 2020, bhí an Comhchoiste Oireachtais um Meáin, Turasóireacht, Ealaíona, Cultúr, Spórt agus Gaeltacht i mbun ceithre fholúntas Boird a líonadh, tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ba é an 17 Nollaig 2020 an dáta deiridh a glacadh le hiarratais ó dhaoine cuícháilithe ón bpobal. Déanfaidh an Comhchoiste iarrthóirí d'ainmniúchán an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus do cheapachán an Rialtais chuig Bord RTÉ a mholadh.

Ní raibh aon athrú eile ar chomhaltaí Bhord RTÉ i rith na bliana.

Leagtar amach sonraí beathaisnéise faoi ochtar comhaltaí den Bhord, mar a bhí ar an 31 Nollaig 2020, ar leathanaigh 78 go 80 agus mionsonraí faoi théarmaí oifige san áireamh.

**Ilėagsúlacht an Bhoird maidir le Seilbh Oifige**



**Ról**
Leagtar amach dualgais chomhaltaí an Bhoird in Alt 87 *d'Acht Craolacháin 2009*. Tugann comhaltaí an Bhoird treoir faoi stiúir chorparáideach agus straitéis RTÉ agus seasann siad ar son leasa an lucht féachana agus an lucht éisteachta, arna chinntiú go gcomhlíonann RTÉ na dualgais faoin reachtaíocht ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Cuireann gach comhalta breithiúnas neamhspleách i bhfeidhm trí dhúshlán an lucht Feidhmeannais a thabhairt ar bhealach tairbheach agus trí chuidiú le cuspóirí straitéise RTÉ a thabhairt chun cinn.

Tá éagsúlacht ag baint le cúlra, scileanna agus taithí chomhaltaí an Bhoird maidir le raon leathan réimsí gnó a bhaineann le hábhar maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chraoltóir seirbhíse poiblí. Leagtar síos na critéir maidir le comhaltacht ar an mBord in Alt 82 den *Acht Craolacháin 2009*. Luaitear i measc na gcritéar nithe mar seo a leanas: gnóthaí meán cumarsáide, craoltóireacht seirbhíse poiblí, ábhar craoltóireachta a léiriú, teicneolaíocht do mheáin dhigiteacha, gnó agus gnóthaí tráchtála, cúrsaí dlí agus gnóthaí rialúcháin agus nithe a bhaineann leis an nGaeilge a thabhairt chun cinn.

Déantar deighilt shoiléir ó thaobh freagrachtaí idir post Chathaoirleach an Bhoird, ar cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin atá ann, agus post an Phríomh-Stiúrthóra.

Glacann an Príomh-Stiúrthóir, i gcomhar leis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, freagracht as cúrsaí oibriúcháin ó lá go lá in RTÉ. Áirítear ar fhreagracht an Chathaoirligh ceannasaíocht a dhéanamh ar an mBord, clár oibre an Bhoird a dheimhniú, éifeachtúlacht an Bhoird a chinntiú agus freastal do rannpháirtíocht iomlán a bheith ag gach comhalta den Bhord.

Bíonn cruinnithe go minic ag Cathaoirleach an Bhoird agus an lucht bainistíochta feidhmiúcháin leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun cúrsaí maidir le feidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais RTÉ a phlé.

Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar struchtúir agus feidhmíocht an Bhoird féin agus tá an Bord ag fanacht le go gceapfar ceathrar comhaltaí nua sula ndéantar athbhreithniú ar chomhaltas choistí buana an Bhoird. Cuireadh measúnú an Bhoird ar fheidhmíocht an Bhoird féin siar freisin ar feitheamh na gceapachán sin.

## Nósanna Imeachta an Bhoird
Cuirtear cáipéisí mionteagaisc faoi RTÉ agus cúrsaí oibriúcháin RTÉ ar fáil do gach comhalta den Bhord ar a gceapadh. Tagann an Bord le chéile de réir sceideal cruinnithe rialta agus bíonn cruinnithe ann tráthanna eile freisin de réir mar a mheastar gá leis sin. Bíonn teacht iomlán go tráthúil ag gach comhalta den Bhord ar an eolas a theastaíonn chun cur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Seoltar páipéir an Bhoird chuig gach comhalta den Bhord in am tráth roimh chruinnithe an Bhoird agus bíonn aon pháipéar nó eolas sa bhreis air sin ar fáil go héasca ag gach comhalta Boird ar a iarraidh.

Bíonn san áireamh le páipéir an Bhoird a sheoltar chuig comhaltaí an Bhoird miontuairiscí gach cruinniú coiste a tionóladh ón gcruinniú Boird roimhe sin nó, sa chás nach mbíonn miontuairiscí ar fáil an tráth a ndéantar na páipéir a dháileadh, tugtar cuntas ó bhéal ag cruinniú an Bhoird.

Bíonn teacht ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí Ghrúpa RTÉ atá freagrach as cinntiú go ndéantar de réir nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis an mBord de réir mar is gá. Is féidir le comhalta aonair den Bhord comhairle lucht gairme a fháil agus dul faoi oiliúint ghairmiúil, más gá, ar chostas RTÉ. Tá polasaí árachais i bhfeidhm ag an mBord trína slánaítear comhaltaí an Bhoird sa chás go dtabharfaí imeachtaí dlí ina n-aghaidh le linn a gcuid dualgas mar chomhaltaí den Bhord.

Tá sceideal foirmeálta leagtha síos maidir le cineálacha ábhair a choimeádtar don Bhord amháin maidir lena meas agus cinneadh a dhéanamh ina leith. Tagann réimsí buntábhachtacha de ghnó RTÉ faoi scáth an sceidil sin:
- Pleananna straitéise, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a aontú;
- Bearta móra infheistíochtaí, tionscadail chaipitil agus iasachtaí a aontú;
- Sócmhainní suntasacha a éadáil, a dhiúscairt nó a ligean i léig;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht ó thaobh cúrsaí oibriúcháin agus cúrsaí airgeadais;
- An polasaí cistíochta agus polasaithe maidir le bainistíocht i leith riosca;
- Leibhéil údaráis tharmligthe, conarthaí móra a aontú san áireamh;
- An Príomh-Stiúrthóir agus an Rúnaí Grúpaí a cheapadh (de réir Alt 89 den *Acht Craolacháin 2009*);
- Cathaoirleach/Stiúrthóirí/Iontaobhaithe Fhochuideachtaí agus Scéimeanna Pinsin RTÉ a cheapadh; agus
- Athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Déantar ábhair áirithe eile a tharmligean le coistí de chuid an Bhoird, mar a leagtar amach thíos.

Bíonn Cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt agus ceisteanna a fhreagairt faoi imeachtaí an choiste ag na cruinnithe Boird, de réir mar is gá.

## Coistí an Bhoird
Tá cúig cinn d'fhochoistí buana ar bun ag an mBord an 31 Nollaig 2020 chun cuidiú leis an bhfeidhmiúchán i leith na bhfreagrachtaí. Is iad sin an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, Coiste na gClár, an Coiste Bunathraithe Straitéise nuabhunaithe agus an Coiste maidir le Cóirthrádáil.

Leagtar amach ar leathanach 81 na comhaltaí atá ar gach coiste agus sonraí faoin bhfreastal a rinneadh ar na cruinnithe a tionóladh i rith na bliana 2020. Feidhmíonn Rúnaí Ghrúpa RTÉ ina Rúnaí ar gach Coiste.

Tugadh obair fhochoiste Straitéise an Bhoird chun críche ag deireadh na bliana 2019 agus maoirseacht déanta ag an bhfochoiste ar fhorbairt Straitéis Leasaithe RTÉ 2020-2024, ag obair i ndlúthpháirt leis an bPríomh-Stiúrthóir agus an lucht Feidhmiúcháin.

D'fhéadfaí coistí sealadacha a bhunú ó am go chéile chun déileáil le hábhair faoi leith de réir téarmaí tagartha sainiúla. Níor bunaíodh aon choistí sealadacha i rith na bliana 2020.

**An Coiste Iniúchta agus Riosca**
Tá triúr de chomhaltaí an Bhoird ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca, agus comhaltaí iad beirt acu a mheastar a bheith ina gcomhaltaí neamhspleácha. Bhí folúntas amháin ar an gCoiste ar feitheamh ceapacháin Boird in 2021. Tá téarmaí tagartha an choiste, a nuashonraíodh i mí na Nollag 2020, ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ.

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh ar chruinnithe an choiste, agus freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha de réir mar is gá. Foráiltear faoi théarmaí tagartha an choiste gur féidir cuireadh a thabhairt do chomhaltaí eile den Bhord, d'fheidhmeannaigh agus do dhaoine eile freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú ar bith. Bíonn teacht go hiomlán, go díreach agus go neamhshrianta tráth ar bith ag an gCeannasaí Iniúchta Inmheánaigh agus ag na hiniúchóirí seachtracha araon ar Chathaoirleach an choiste. Anuas ar an méid sin, bíonn plé ar a laghad uair sa bhliain ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca le hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, gan daoine den lucht bainistíochta feidhmiúcháin i láthair, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon ábhar buartha gan socrú.

Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar na nithe seo a leanas i rith na bliana 2020:

***Tuairisciú airgeadais***

- Ráitis airgeadais bhliantúla an ghrúpa, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta é. Bhí athbhreithniú an choiste dírithe go háirithe ar shreafaí airgid tuartha an Ghrúpa don tréimhse amach anseo, lena n-áirítear ar dhifríochtaí a d'fhéadfadh a bheith sna tuartha sin, i gcomhthéacs ghnóthas leantach an Ghrúpa a mheas. Áiríodh beartais chuntasaíochta, ar réimsí a dteastaíonn breithiúnas ina leith, a shoiléire agus a bhí nochtadh á dhéanamh agus cúrsaí comhlíonta maidir leis na caighdeáin chuntasaíochta agus dlí is infheidhme in athbhreithniú an choiste chomh maith.
- Tuarascáil bhliantúil Léiriúchán Neamhspleách, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta í

***Buiséadú agus gnóthaí airgeadais***

- Buiséad bliantúil Ghrúpa RTÉ, sula gcuirtear ar aghaidh go foirmiúil chuig an Bord é
- An tionchar sreabhaidh airgid a bhfuiltear ag súil leis de bharr Covid-19 ar ghnóthaí airgeadais an Ghrúpa
- Tuairiscí rialta faoi fheidhmíocht an Ghrúpa ó thaobh cúrsaí airgeadais, gnóthaí pinsean san áireamh chomh maith leis an mbainistíocht riosca maidir le hathruithe ar rátaí malairte eachtraí
- Socruithe agus saoráidí baincéireachta RTÉ, lena n-áirítear sainorduithe cistíochta
- Nuashonruithe maidir leis an tionscnamh chun réiteach Pleanála Acmhainní Fiontair (ERP) nua a chur i bhfeidhm

***Rialú inmheánach agus bainistiú riosca***

- Tuairiscí gach ráithe maidir le hábhar baoil agus athruithe i rith na bliana a mheas maidir leis na príomhbhaoil chorparáideacha
- Tuairisc mhion ón Urra Feidhmiúcháin maidir le roinnt de na príomhréimsí baoil do ghnó na corparáide
- Éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus tuairisc ar na torthaí a thabhairt don Bhord
- Pleanáil theagmhasach i leith an Bhreatimeachta
- Pleananna leanúnachais gnó a bhainistiú agus a nuashonrú

***Rialachán agus comhlíonadh***

- Cúrsaí comhlíonta maidir le Rialachas Corparáide, comhlíonadh an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* san áireamh
- Nuashonrú rialta maidir le GDPR agus maidir le cúrsaí dlí
- Iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise
- Socruithe maidir le hábhar buartha a chur in iúl (sceithireacht)

***Iniúchadh inmheánach***

- An Plean don Iniúchadh Inmheánach
- Tuairiscí maidir le hIniúchadh Inmheánach agus an dul chun cinn maidir le bearta a shonraítear sna tuairiscí a chur i bhfeidhm. Cuireann an Ceannasaí Iniúchta Inmheánach tuairisc i láthair ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus Riosca, ina dtugtar cuntas achomair ar obair a rinneadh ó bhí an cruinniú deireanach ann agus ar thorthaí na hoibre sin, chomh maith leis na réimsí a lua a mbeifear ag díriú orthu don chéad tréimhse eile.

***Iniúchadh seachtrach***

- An plean don iniúchadh seachtrach, scóip na hiniúchóireachta, de réir mar a leagtar amach sa Litir Fostaíochta, agus éifeachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta
- Tuairisc ón iniúchóir seachtrach tar éis iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus plé ar na ceisteanna a d'eascair uaidh sin.

Cuireadh seisiúin eolais ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca i rith na bliana 2020 faoi chora nua i réimsí éagsúla maidir le rialachas corparáide, bainistiú riosca agus caighdeáin chuntasaíochta agus tugadh faoi athbhreithniú sceidealaithe ar théarmaí tagartha an Choiste.

Tá bearta cúraim curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar neamhspleáchas agus ar oibiachtúlacht fheidhm na hiniúchóireachta seachtraí. Déantar athbhreithniú go tráthrialta ar na bearta cúraim sin. Anuas air sin, tá deimhnithe ag na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca go leanann siadsan de nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ionas nach bhféadfadh tarlú go gcuirfí isteach ar a gcuid neamhspleáchais ná ar a gcuid oibiachtúlacht.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca an leibhéal seirbhísí neamhiniúchta a chuireann iniúchóirí seachtracha ar fáil agus na táillí a ghabhann leo a bhreithniú gach bliain i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iniúchóirí neamhspleácha mar chuid d'athbhreithniú an choiste ar leordhóthanacht agus ar oibiachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta seachtraí. Leagtar amach mionsonraí maidir le cineál na seirbhísí i rith na bliana reatha/i rith na mblianta roimhe seo nár bhain le hiniúchóireacht, agus maidir leis na táillí a bhaineann leo sin, i nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

**Coiste na gclár**

Triúr de chomhaltaí an Bhoird atá ar Choiste na gClár agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha beirt acusan. Breithníonn an coiste seo bearta forbartha agus pleananna mórthábhachtacha maidir le hábhar agus sceidil RTÉ. Ag gach ceann de na cruinnithe, buaileann an coiste leis na feidhmeannaigh atá freagrach as an ábhar a léirítear agus a chuirtear ar fáil agus leis an lucht bainistíochta sinsearaí (lena n-áirítear lucht déanta cláir neamhspleácha go hinmheánach agus go seachtrach, de réir mar is gá) chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar cláir atá á chur ar fáil agus ar na straitéisí agus na pleananna atá á leagan amach.

Maidir le riosca eagarthóireachta, tugann Coiste na gClár agus an Coiste Iniúchta agus Riosca a gcuid clár oibre le chéile ionas go gcinntítear maoirseacht agus bainistíocht éifeachtúil maidir le baol ó chúrsaí eagarthóireachta. Tugann an Bord riosca eagarthóireachta i gceist i gcomhthéacs riosca go ginearálta, mar a mhínítear níos mine maidir le rialú inmheánach agus bainistiú riosca thíos.

**An Coiste Bunathraithe Straitéise**

Tháinig an Coiste Bunathraithe Straitéise nuabhunaithe le chéile den chéad uair in 2020 agus triúr de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha iad ar fad.

Is é ról an choiste an dul chun cinn agus an méid atá bainte amach ag RTÉ i dtaobh na bpleananna atá leagtha amach i straitéis 2020-2024 RTÉ a thomhais agus maoirseacht a dhéanamh ina leith. Is ionann an straitéis agus plean bunathraithe lena dtugtar meáin chumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann ar chaoi inbhuanaitheachta agus lena ndírítear ar chuid mhór de na réimsí deacrachta a chuirtear roimh RTÉ. Áirítear mórchlár atheagrúcháin sa phlean atá dírithe ar laghduithe i gcostas agus athchóiriú a sholáthar thar thréimhse trí bliana.

**An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta**
Triúr de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, meastar gur comhaltaí neamhspleácha an bheirt. Tá téarmaí tagartha an choiste ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ. Áirítear na bearta seo a leanas a bheith ag baint le ról agus freagracht an choiste:

- Ceapachán, spriocanna, feidhmíocht agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra a mheas agus moltaí a dhéanamh leis an mBord sula n-iarrtar aontú an Rialtais. Déantar an t-athbhreithniú sin i gcomhthéacs pholasaí ábhartha an Rialtais. (Déanann téarmaí tagartha an choiste foráil freisin do ról an Leas-Phríomh-Stiúrthóra, nó aon duine arna cheapadh go sealadach chuig ról an Phríomh-Stiúrthóra de réir Alt 89 (8) den *Acht Craolacháin 2009*);
- Comhairliúchán a dhéanamh leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir le pacáiste luach saothair don lucht bainistíochta feidhmiúcháin, le haird ar pholasaí an Rialtais maidir le luach saothair an lucht bainistíochta sinsearaí i gcomhlachtaí Stáit tráchtála;
- Comhairliúchán a dhéanamh leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir leis na conarthaí do chonraitheoirí “sárchumais”; agus
- Breithniú a dhéanamh ar luach saothair aon chomhaltaí Boird d’fhochuideachtaí RTÉ nár cheap an Rialtas.

Bíonn cúnamh ag an gcoiste, de réir mar a bhíonn gá leis sin, ó dhuine a ainmníonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is de réir pholasaí an Rialtais a shocraítear luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus, dá bhrí sin, ní ábhar sin a thagann faoi scáth bhreithniú an Choiste seo go sonrach.

**An Coiste maidir le Cóirthrádáil**
Tá an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Pholasaí Cóirthrádála RTÉ. Beirt de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gcoiste agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha gach comhalta den choiste. Seo a leanas feidhmeanna an choiste:


- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí ón Oifigeach Cóirthrádála;
- Maoirseacht a dhéanamh, agus athbhreithniú nuair is gá, ar na gnáis agus ar an nós oibre inmheánach, an nós oibre maidir le gearáin san áireamh; agus
- Athbhreithniú a choimisiúnú ó am go chéile ar ghnáis cóirthrádála RTÉ.

Tá Polasaí Cóirthrádála, chomh maith le Nós Imeachta maidir le Gearáin faoi chúrsaí Cóirthrádála, ag RTÉ agus cuirtear an dá cháipéis sin ar fáil ar shuíomh gréasáin RTÉ.ie. Bhí an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh i leith an pholasaí sin i rith na bliana. I gcomhréir leis an bpolasaí sin, d’aontaigh an coiste tuarascáil maidir leis an bPolasaí Cóirthrádála agus a chur i bhfeidhm agus tá sin ar leathanach 163.

## Neamhspleáchas Chomhaltaí an Bhoird

Bíonn breithiúnas, ceistiú agus díograis neamhspleách á gcur i bhfeidhm ag gach comhalta Boird maidir leis an ábhar a phléann an Bord. Tá meastóireacht déanta ag an mBord ar neamhspleáchas na gcomhaltaí de réir na gcritéar neamhspleáchais a leagtar amach faoi Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe, an Cód maidir le Rialachas Corparáide atá i bhfeidhm maidir le cuideachtaí atá liostaithe ar Euronext, Baile Átha Cliath.

**Iléagsúlacht an Bhoird maidir le cúrsaí Neamhspleáchais**




Le haird ar ionracas, dianseasmhacht agus oibiachtúlacht chomhaltaí an Bhoird, meastar go bhfuil gach comhalta den Bhord neamhspleách faoi na critéir sin. Ina ainneoin sin, is fostaithe de chuid RTÉ iad Dee Forbes agus Robert Shortt agus ní féidir dá bhrí sin, agus ar an gcúis sin amháin, iad a mheas mar chomhaltaí neamhspleácha den Bhord ar an 31 Nollaig 2020 de réir chritéir Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe.

Mar a luaitear níos mionsonraithe i nóta 26 (Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara), tharla idirbhearta gnó idir RTÉ agus comhaltaí áirithe den Bhord, nó daoine gar gaoil leo, le linn gnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020. Ainneoin idirbhearta mar sin, tá deimhnithe ag an mBord go bhfuil na comhaltaí Boird sin neamhspleách ina dtréithe agus ina mbreithiúnas. Agus an Bord ag teacht ar an gcomhairle sin, rinneadh an t-ábhar seo a leanas a mheas:

Bhí cás amháin lenar bhain cláir a bheith á gcoimisiúnú ag RTÉ ó chuideachta léiriúcháin atá faoi úinéireacht / rialú dhuine muinteartha chomhalta den Bhord. Chuir an Bord san áireamh sna cásanna sin gurb ann do Threoirlínte agus Nósanna Imeachta foirmeálta den fhollasacht maidir le Coimisiúnú, go bhfoilsítear iad ar láithreán gréasáin RTÉ agus go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad maidir leis na coimisiúin uile. Anuas air sin, is ar an lucht bainistíochta feidhmiúcháin atá an fhreagracht maidir le gach cinneadh ar leith maidir le coimisiún, déantar a mheas de réir chritéir mheasúnaithe shoiléire agus is de réir ghnáth-théarmaí agus ghnáthchoinníollacha tráchtála i ngach cás a thugtar conarthaí i ngach cás. Ní ábhar an cinneadh maidir le coimisiún aon chlár faoi leith le tabhairt faoi mheas agus faoi bhreithniú an Bhoird. D’fhonn an fhollasacht a léiriú, déantar iniúchadh neamhspleách ar nósanna imeachta coimisiúnaithe áirithe freisin gach bliain agus cuirtear tuarascáil bhliantúil faoi Léiriúchán Neamhspleách faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de réir Alt 116 (9) *d’Acht Craolacháin 2009*.

Bhreithnigh an Bord freisin ceist maidir le comhalta den Bhord, nó duine gar gaoil leo, a bheith á fhostú ag RTÉ faoi chonradh Ealaíontóra maidir le páirt a ghlacadh i gclár. Daoine den lucht eagarthóireachta agus bainistíochta líne a shocraíonn ar rannpháirtí nó láithreoir a fhostú do chlár, agus an aird chuí ar riachtanais an chláir agus ar scileanna agus taithí an duine atá á fhostú. Thug an Bord ar aird freisin gur ar na gnáth-théarmaí tráchtála a gceanglaítear conarthaí agus iad ag teacht le polasaí RTÉ maidir le daoine a fhostú. Níor tharla fostú ar bith a bhainfeadh le hábhar i rith na bliana 2020.

### Rialú Inmheánach agus an Bhainistíocht maidir le Riosca

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córais an Ghrúpa don rialú inmheánach agus le hathbhreithniú ar a éifeachtúla agus atá siad. Is chun bainistíocht a dhéanamh maidir le riosca nach mbainfí amach cuspóir gnó seachas chun an baol sin a chur ar neamhní ar fad atá na córais sin leagtha amach agus is dearbhú réasúnta a thugtar leo nach dtarlóidh míráiteas ábhartha nó caillteanas agus ní dearbhú absalóideach.

Deimhníonn an Bord go raibh próiseas leanúnach ar bun ar feadh na bliana agus go dtí dáta cheadú na ráiteas airgeadais chun rioscaí suntasacha a bhainfeadh le RTÉ a shonrú, a mheas agus a bhainistiú. Tá an próiseas seo ag teacht leis an *Treoir faoi Bhainistíocht Riosca*, *faoi Rialú Inmheánach agus faoi Thuairisciú ar Chúrsaí Airgeadais agus Gnó a Ghabhann leis sin* agus *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú na Comhairle*. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht i leith an phróisis.

Glacann an Coiste Iniúchta agus Riosca leis gur cuid lárnach de chlár oibre an choiste an bhainistíocht i ndáil le riosca agus táthar díograiseach maidir le bainistíocht fhónta a dhéanamh ar an mbaol a mbeadh RTÉ ann agus maolú oiread agus is féidir ar an gcur isteach a bheadh aige ar na cuspóirí gnó a bhaint amach.

**An Creatchóras Bainistíochta maidir le Cúrsaí Riosca**

Tá creatchóras bainistíochta maidir le cúrsaí riosca ar bun ag RTÉ atá bunaithe ar struchtúir; freagracht i ndáil le réimsí baoil a leagan ar dhaoine; próisis agus córais trína dtugtar ábhar baoil chun suntais, trína ndéantar a mheas agus trína dtugtar tuairisc air; agus monatóireacht ar éifeachtúlacht na mbearta maolúcháin. Déanann an Stiúrthóir Straitéise, maoirseacht ar an gcreatchóras bainistíochta maidir le cúrsaí riosca agus déanann tuairisciú ina leith chuig an bPríomh-Stiúrthóir.

Bhí próiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca i bhfeidhm ag RTÉ i rith na bliana atá leagtha amach chun na réimsí riosca mórthábhachtacha a mbeadh an gnóthas ina mbaol a thabhairt chun suntais agus tuairisc a thabhairt don Bhord agus don Choiste Iniúchta agus Riosca ar na bealaí ina bhfuil bainistíocht á déanamh maidir leis na rioscaí. Díríonn an Bord go háirithe ar na cineálacha riosca a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do straitéis RTÉ nó rioscaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'inmharthanacht fhadtéarmach nó do dhea-chlú RTÉ. Mar a mhínítear níos mine thíos, tá dhá chéim i gceist leis an bpróiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca – meastóireacht straitéiseach ar an ábhar baoil a dhéanann Feidhmeannas RTÉ agus beart measúnachta áitiúil ar an mbaol a dhéanann an lucht bainistíochta líne sna rannóga.

Déanann lucht Fheidhmeannas RTÉ an t-ábhar baoil a thabhairt chun suntais a thiocfadh roimh straitéis RTÉ a thabhairt i gcrích. Luaitear Urra Feidhmiúcháin agus Úinéir Riosca le gach réimse a mheastar a bheith ina bhaol mórthábhachta agus coinnítear iad sin faoi athbhreithniú agus faoi mhonatóireacht leanúnach i rith na bliana. Coinníonn an tÚinéir Riosca súil ar na nithe ba chionsiocair leis an riosca agus coinnítear tuairisc ar na bearta rialála a dhéantar chun an baol a mhaolú. Déantar chomh maith táscairí baoil a shonrú a chuideodh leis an monatóireacht ar athrú maidir lena mhinice a bheadh an baol ann. Tugtar cuntas comhdhlúth ar an mbeartaíocht sin i gcáipéis maidir le rioscaí straitéiseacha. Tá feidhm maidir le riosca a dhéanann maoirseacht agus athbhreithniú ar an obair seo anois agus ceangal cothaithe idir sin agus an próiseas pleanála straitéiseach faoi réimsí níos leithne ná sin ar fad. Cuirtear an cháipéis maidir le rioscaí straitéiseacha faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus faoi bhráid an Bhoird mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras don rialú inmheánach. Tugtar tuairisc reatha gach ráithe i rith na bliana freisin don Choiste Iniúchta agus Riosca faoi stádas na rioscaí éagsúla, faoi athruithe maidir le táscairí baoil agus faoi bhearta maolúcháin.

Ag teacht leis an bpróiseas straitéiseach a mhínítear thuas i ndáil le réimsí baoil a mheas, déantar cláir baoil áitiúla a choinneáil d'fhonn ábhar baoil a mheas, an dóigh go dtarlóidh nó nach dtarlóidh na príomhtheagmhais a mbeifí ina mbaol a mheas agus an tionchar is dócha a bheadh ag na teagmhais dá dtitfidís amach. Déantar tuairisc ar na bearta bainistíochta a dhéantar maidir le gach baol.

**Na Príomhréimsí Baoil agus Éiginnteachta**

Mar chuid den phróiseas a mhínítear thuas maidir le hábhar baoil a shonrú, tá na príomhréimsí baoil leagtha amach a d'fhéadfadh a bheith ina gcur isteach dochrach ar ghnó, ar riocht airgeadais, nó ar thorthaí an Ghrúpa. Tugtar cuntas achoimre thíos ar na réimsí baoil sin agus ar na bearta maolúcháin ina leith. Níl i gceist gur anailís uilechuimsitheach seo ar gach ábhar baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn an gnó a sheoladh. Déantar na príomhréimsí baoil a mheas ar bhonn leanúnach agus cuireann an lucht bainistíochta tuairisc ar athruithe suntasacha maidir leis an ábhar baoil a thugtar chun suntais, nó ar an tábhacht a bheadh leis an mbaol sin, faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca.

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Maolúcháin |
|---|---|
| **Comhlíonadh** | |
| **Cúrsaí Eagarthóireachta**<br>D'fhéadfadh damáiste do chlú RTÉ sa chás go dtarlódh teip thromchúiseach cloí leis na caighdeáin eagarthóireachta nó le coinníollacha eile maidir le cothroime, neamhchlaonadh agus príobháideachas cur isteach ar leibhéal muiníne an lucht féachana agus éisteachta, dochar a dhéanamh don bhranda agus a bheith ina chúis le himeachtaí dlí. | • Treoirlínte Iriseoireachta & Ábhair RTÉ 2020<br>• Slabhra bainistíochta sainsonraithe agus struchtúir eagarthóireachta<br>• Oiliúint ar an lucht foirne<br>• Comhairle dlíodóra de réir mar a bhíonn gá leis<br>• Próiseas gearáin faoin reachtaíocht |
| **Leasú ar an Dlí/Rialachán agus Comhlíonadh**<br>Athrú ar bith ar rialacháin nó ar dhlí na hÉireann nó an AE a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chúrsaí oibriúcháin RTÉ, lena n-áirítear inter alia reachtaíocht an chraolacháin, cóipcheart, caighdeáin fógraíochta, an táille ceadúnais, cosaint sonraí, cóid cleachtais maidir le gnóthaí airgeadais chomh maith le haon damáiste do chlú RTÉ mar gheall ar neamhchomhlíonadh réimse leathan ceanglas faoin dlí agus faoi rialacháin | • Aighneachtaí a chur faoi bhráid chomhlachtaí a bhaineann le hábhar ina leagtar amach cás RTÉ i ndáil leis an toradh a bheadh ar athrú ar an reachtaíocht nó ar rialacháin<br>• Treoirlínte agus polasaithe leasaithe agus iad a chur i bhfeidhm<br>• Cumarsáid rialta agus oiliúint ar an lucht foirne<br>• Córas sainsonraithe maidir le rialachas corparáide agus rialáil oibriúcháin<br>• Coistí ceadaithe corparáide maidir le beartaíocht tráchtála<br>• Slabhra bainistíochta sainsonraithe maidir le cúrsaí |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Maolúcháin |
|---|---|
| **Cúrsaí Airgeadais** | |
| **Acmhainní Airgeadais**<br>Ábhar baoil a bhaineann le leithroinnt bainistíocht straitéiseach ar acmhainní airgid ionas go ndéantar an infheistíocht is fearr a d'fhéadfaí in ábhar dúchasach/seirbhísí nua feabhsaithe agus caipiteal (sa ghnó); smacht agus ísliú ar an gcostas oibriúcháin agus luach ar an airgead a thabhairt i gcrích ar fud na seirbhísí go léir.<br><br>Tagann i gceist leis seo freisin an bhainistíocht leanúnach ar chúlchistí airgid thirim agus ar chistíocht bainc ionas go mbíonn ciste leordhóthanach ar fáil maidir leis an airgead tirim a theastaíonn do chúrsaí leanúnacha oibriúcháin, agus chun infheistíocht a dhéanamh sa ghnó | • Tionscnaimh laghdaithe costais straitéise leasaithe a chur i bhfeidhm<br>• Próiseas buiséadaíochta ar bun maidir leis an mbuiséad bliantúil.<br>• Cuntais bhainistíochta agus meastacháin ar bhonn míosúil, lena ngabhann an tuairisciú ar an teacht isteach agus ar an gcaiteachas i gcomórtas leis an mbuiséad<br>• Próiseas buiséadaíochta caipitil agus Coiste Caipitil ar leith<br>• Réimse feidhme maidir le cistíocht agus bainistíocht ar airgead tirim a oibríonn de réir pholasaí cistíochta aontaithe<br>• Meastacháin airgid meántéarmacha ilbhlianta<br>• Teorainneacha ceadaithe bainistíochta agus údaráis |
| **Maoiniú Poiblí**<br>Leibhéil neamhdhóthanacha maidir le cistíocht phoiblí agus easpa athchóiriúcháin ar chúrsaí maoinithe sa chaoi is go gcuirtear teorainn le hacmhainn RTÉ na haidhmeanna seirbhíse poiblí a leagtar síos faoin reachtaíocht a chomhlíonadh. | • Rannphairtíocht leanúnach le príomhlucht cinntí agus le príomhpháirtithe leasmhara maidir le hathchóiriú ar mhaoiniú poiblí<br>• Comhairle eacnamaíochta agus dlí a fháil, nó tuarascálacha / anailís tagarmharcála a choimisiúnú, de réir mar is gá<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna maidir le táillí ceadúnais a bhailiú, ar na staitisticí maidir le teaghlaigh agus ar na rátaí seachanta<br>• Comhoibriú leanúnach le An Post agus le DTCAGSM maidir le bailiú an táille ceadúnais agus gnóthaí gaolmhara |
| **Ioncam Tráchtála**<br>Teip bearta nua a dhéanamh i ndáil leis héilimh atá ag gníomhaireachtaí agus ag lucht fógraíochta, éilimh atá ag athrú, agus foinsí nua ioncaim a fhorbairt. | • Cuntas agus tuairisciú maidir leis an lucht féachana agus éisteachta<br>• Monatóireacht maidir le gnóthachtáil ioncaim agus tuar leanúnach ar an teacht isteach atá i ndán gach ráithe: Déanann Feidhmeannas RTÉ monatóireacht gach coicís ar thuairiscí ioncaim, lena ngabhann tráchtaireacht ar chúrsaí an mhargaidh agus na heacnamaíochta<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar na tionchair reatha agus ar na tionchair atá ag teacht chun cinn ar staid airgeadais RTÉ de bharr an Bhreatimeachta, Covid-19 agus fachtóirí eacnamaíochta seachracha eile agus na tionchair sin a mheas<br>• Tionscnaimh thráthúla oiriúnacha i ndáil le cúrsaí díolacháin agus ilmheáin maidir le timpeallacht iontaofa RTÉ chun dul i ngleic leis an ísliú ioncaim<br>• Roinn tráchtála athstruchtúrtha le dul i ngleic le riachtanais lucht fógraíochta, riachtanais atá ag athrú, agus foinsí nua ioncaim a fhorbairt |
| **Réimsí Straitéiseacha** | |
| **Tacaíocht Pháirtithe Leasmhara Seachtracha**<br>Gníomh ó aon pháirtí leasmhar as réimse de pháirtithe leasmhara (lena n-áirítear polaitiúil, sochaí, tionscal, cultúr, tráchtála, etc.), a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chumas RTÉ an plean straitéise leasaithe a thabhairt i gcrích. | • Rannpháirtíocht rialta, réamhghníomhach leis an BAI agus leis an DTCAGSM chomh maith le páirtithe leasmhara eile, agus aighneachtaí chuig próisis chomhairleoireachta<br>• Rannphairtíocht leis an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán<br>• Páipéir RTÉ a sheoladh chuig an DTCAGSM maidir le Ciste Ábhar agus Feiceálacht atá beartaithe |
| **Athrú Eagrúcháin**<br>Is é seo an baol nach n-éireoidh le RTÉ bainistíocht éifeachtúil a dhéanamh ar an athchóiriú bunúsach ar an eagraíocht chun an straitéis leasaithe & an modh oibriúcháin; agus bonn costais iomchuí a thabhairt i gcrích. | • Straitéis leasaithe RTÉ a éascú - tionscnaimh athraithe a chur i bhfeidhm, i gcomhthéacs na dtionchar de bharr Covid-19, tionchair atá ag athrú<br>• Athbhreithniú agus athrú ar an struchtúr eagrúcháin; ag díriú ar Áit, Cuspóir, Ábhar, Samhlacha Léiriúcháin; Eagraíocht<br>• Athruithe maidir le nósanna oibre chun obair i meithle, solúbthacht, soghluaisteacht agus éifeachtacht a chur chun cinn |
| **Cúrsaí Dáileacháin**<br>D'fhéadfadh teip a chinntiú go bhfuil teacht ar ábhar agus ar sheirbhísí RTÉ agus go bhfuil na seirbhísí feiceálach ar ardáin ábhartha nó infheistíocht a dhéanamh maidir leis na pátrúin a thiocfaidh chun cinn i gcúrsaí teicneolaíochta, ceangal RTÉ le lucht féachana agus éisteachta, agus na spriocanna a leagtar síos ina leith, a chur i mbaol. | • Monatóireacht agus anailís leanúnach ar chora nua sa teicneolaíocht agus ar nósmhaireacht an lucht féachana agus éisteachta ar an margadh<br>• Rannpháirtíocht le príomhlucht na gcinntí agus le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an BAI agus an Rialtas maidir le feiceálacht PSM<br>• Straitéis ar bun maidir le cúrsaí dáiliúcháin agus cearta ábhair |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Maolúcháin |
|---|---|
| **Branda & Clú**<br>Má theiptear branda RTÉ a bhainistiú, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar dhearcthaí na bpáirtithe leasmhara. Bheadh tionchar dá réir ansin ar an leibhéal muiníne agus tionchar b'fhéidir ar an éileamh reatha agus ar an éileamh amach anseo ar sheirbhísí RTÉ.<br><br>D'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfaí dochar do chlú RTÉ dá dtiocfadh aon cheann de phríomhréimsí baoil RTÉ chun cinn agus go mbainfeadh sin ón tacaíocht i leith straitéis RTÉ. | • Treoirlínte atá curtha in iúl go soiléir agus cloí le polasaithe<br>• A chinntiú go mbaineann RTÉ agus gníomhaireachtaí seachtracha úsáid as rialuithe sábháilteachta branda<br>• Leagan amach brandála nua agus cur in iúl na cruthaitheachta do RTÉ<br>• Infheistíocht i dtionscnaimh margaíochta chun ábhair a chur chun cinn agus luach a léiriú<br>• Tionscnaimh Fhreagracht Sóisialta na Corparáide (CSR)<br>• Próiseas chun cásanna a chur faoi bhráid dhaoine níos sinsearaí sa chóras agus pleanáil maidir le bainistíocht ar chásanna géarchéime |
| **Cúrsaí Oibriúcháin** | |
| **Ábhar**<br>Teip ábhar atá sách tábhachtach agus sách spéisiúil a shonrú agus a thabhairt chun cinn, go háirithe do dhaoine óga agus do dhreamanna den lucht féachana agus éisteachta ar lú an freastal a dhéantar orthu – an gá atá le dul i bhfiontar ó thaobh cúrsaí cruthaitheachta. | • Cuntas agus tuairisciú maidir leis an lucht féachana agus éisteachta<br>• Tionscnaimh i ndáil le hábhar freagrúil<br>• Deiseanna comhchistíochta agus foinsí eile airgid a scrúdú a chuireann le hinfheistíocht RTÉ agus a thugann tionchar níos mó i gcrích as infheistíocht níos ísle<br>• Earnáil láidir léiritheoirí neamhspleácha |
| **Daoine/Scileanna**<br>An baol go dtarlódh easnamh, ó thaobh straitéis leasaithe RTÉ a thabhairt i gcrích, maidir le taithí agus scileanna ar fud na ndisciplíní. Tagann i gceist leis sin an baol nach bhféadfaí baill foirne a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, go háirithe maidir le róil shainspeisialta, agus easpa iléagsúlachta. | • Pleanáil straitéise lena n-áirítear straitéis slánchóirithe acmhainní daonna<br>• Plean gníomhaíochta maidir le hiléagsúlacht d'fhonn iléagsúlacht foirne a chothú agus baill foirne a choinneáil<br>• Pleanáil comharbachta<br>• Straitéis foghlama agus forbartha ar leibhéal na heagraíochta |
| **Pleanáil Leanúnachais Gnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste Covid-19**<br>An baol a bhaineann le Covid-19 nó le himeacht force majeure a chuireann isteach ar leanúnachas agus ar tháirgeacht gnó, nó teip ar theicneolaíocht ríthábhachtach, ar bhonneagar nó ar shlándáil, nó ar ghníomhaíochtaí tríú páirtí (m.sh. cur isteach ar sheirbhísí mar gheall ar chibirionsaí / ionsaí víris, gníomhaíocht soláthróra). | • Pleananna leanúnachais gnó agus bainistíochta géarchéime athnuaite<br>• Prótacail don Chianobair Eatramhach agus d'Obair go Sábháilte ar an láthair<br>• Meitheal sinsearach bainistíochta ghéarchéim Covid-19 (teagmhas eagarthóireachta) i bhfeidhm le cruinnithe rialta<br>• Buanseasmhacht agus iomarcacht a bheith ina gcuid chóirithe de na próisis ghnó: Gnáis cóipeanna taca TE; seachfhreastalaithe; gné iomarcachta maidir leis an gcóras tarchuradóireachta náisiúnta don chraolachán; srl.<br>• Plean teicneolaíochta i bhfeidhm |

**Rialú Inmheánach**
Tá creatchóras rialaithe inmheánach curtha ar bun ar bhonn docht d'fhonn rialú inmheánach den éifeacht a thabhairt i gcrích, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas:

- Struchtúr eagrúcháin atá leagtha amach go soiléir, lena mbaineann saindealú foirmeálta maidir le teorainneacha údaráis agus córais tuairiscithe le leibhéil bainistíochta níos airde agus leis an mBord;
- Ráiteas maidir le cinntí forchoimeádta don Bhord lena mbreithniú agus le cinneadh a ghlacadh ina leith;
- Cóid iompair maidir leis an ngnó do chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe ina leagtar amach na caighdeáin eitice a bhfuil súil leo agus duine i mbun gnó;
- Nósanna imeachta atá leagtha síos chun riosca mórthábhachta a chuirfeadh isteach ar an ngnó a thabhairt chun aire, a smachtú agus a thuairisciú;
- Córais chuimsitheacha do bhuiséid le buiséid airgeadais bhliantúla á gceadú ag an mBord;
- Próiseas pleanála do gach rannóg agus pleananna straitéiseacha fadtéarmacha arna gceadú ag an mBord;
- Tuairisciú tráthúil de réir na míosa, leis na torthaí iarbhír á lua i gcomparáid leis an mbuiséad agus sin á bhreithniú ag an mBord gach mí;
- Polasaí maidir le Tuairisciú de Mheon Macánta (Sceithireacht) trína gcuirtear córas ar fáil don lucht foirne lenar féidir tuairisc a thabhairt faoi rún agus, más gá, gan ainm a lua, mar gheall ar ábhar buartha; agus
- Beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha a bhaineann le bearta rialála i gcúrsaí oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear gealltanais agus caiteachas caipitil. Bíonn ceadú an Bhoird riachtanach maidir le tionscadail mhóra caipitil.

Déanann Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú de réir córais ar na bearta rialála seo ag cur chuige ar bhonn riosca. Deimhníonn an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais agus an dáta sin san áireamh.

Bhí ag baint leis an bpróiseas ar ghlac an Bord leis chun tabhairt faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Breithniú a dhéanamh ar an údarás, ar na hacmhainní agus ar chomhordú na ndaoine a bhfuil baint acu le rioscaí suntasacha a mbeadh RTÉ ina mbaol a shonrú, a mheas agus a bhainistiú;
- Athbhreithniú agus meastóireacht ar thoradh an phróisis mheasúnaithe agus bhainistíochta maidir le riosca;
- Monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha riosca ón lucht bainistíochta;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibre don iniúchadh inmheánach agus na príomhthorthaí a bhreithniú; agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha, a dhéanann, mar chuid dá ngnáthnósanna imeachta, scrúdú ar ghnéithe de na córais don rialú inmheánach agus tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúchta agus Riosca ar aon easnamh suntasach.

## Gnóthas Leantach

Bhreithnigh comhaltaí an Bhoird sreabhadh airgid, leachtacht agus gníomhaíochtaí gnó an Ghrúpa. Bhreithníodar sreabhadh airgid tuartha an Ghrúpa maidir le chomh fada agus is intuartha agus na héagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na tuartha sin a mheas. Tar éis na fiosrúcháin sin a dhéanamh, tá ionchas réasúnach ag comhaltaí an Bhoird go bhfuil acmhainní dóthanacha ag RTÉ chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó oibriúcháin chomh fada agus is intuartha. Mar gheall air sin, leanann siad de ghlacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Déan tagairt do Nóta 1 (iv) sna ráitis airgeadais chun tuilleadh sonraí a fháil.

## Táillí Chomhaltaí an Bhoird[1]

Cloíonn RTÉ le polasaí an Rialtais maidir le táillí a íoc le cathaoirligh agus stiúrthóirí chomhlachtaí Stáit, faoi mar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

I mí na Samhna 2019, i gcomhthéacs tionscnamh laghdaithe costais a aithníodh mar chuid de straitéis leasaithe RTÉ 2020-2024, d'fhógair comhaltaí an Bhoird go raibh sé i gceist acu a gcuid táillí a tharscaoileadh, le feidhm ón 1 Eanáir 2020, Dá thoradh sin, níor fhabhraigh comhaltaí aon táillí in 2020.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird an 31 Nollaig 2020** | | |
| Moya Doherty | - | 19 |
| Dee Forbes | - | - |
| Ian Kehoe | - | 16 |
| Deborah Kelleher[4] | - | - |
| An Dr P.J. Mathews[4] | - | - |
| Connor Murphy | - | - |
| Anne O'Leary | - | 16 |
| Robert Shortt[2] | - | 16 |
| **Íocaíochtaí le hiarchomhaltaí[3]** | | |
| Eoin McVey | - | 16 |
| Shane Naughton | - | 16 |
| Fionnuala Sheehan | - | 16 |
| Margaret E. Ward | - | 16 |
| Frank Hannigan | - | 8 |
| | - | 139 |

1. Is comhaltaí neamhfheidhmiúcháin comhaltaí uile an Bhoird, seachas an Phríomh-Stiúrthóir, Dee Forbes, a dhéanann fónamh mar chomhalta ex officio agus Robert Shortt, a ceapadh i ndiaidh toghchán foirne
2. Chomh maith leis na táillí Boird, rinneadh Robert Shortt a íoc ina fhostaí de chuid RTÉ
3. D'éirigh Frank Hannigan as a bheith ina chomhalta den Bhord an 18 Meitheamh 2019, roimh an dáta a raibh sé beartaithe aige deireadh a chur lena théarma oifige (i mí na Samhna 2019). Tháinig deireadh le téarma oifige ceathrar comhaltaí den Bhord, atá liostaithe sa tábla thuas, an 15 Feabhra 2020.
4. I gcomhréir leis an bprionsabal "aon tuarastal amháin d'aon duine amháin", níl fostaithe sa tseirbhís phoiblí atá ag suí ar bhoird stáit i dteideal táillí boird breise

## Costais Chomhaltaí an Bhoird[1]

Ag teacht leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, ní mór an foilsiú seo a leanas a dhéanamh i ndáil le costais a íocadh le comhaltaí den Bhord:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Taisteal – míleáiste | **2** | 9 |
| Liúntais chothabhála | **2** | 17 |
| | **4** | 26 |

1. Baineann costais chomhaltaí an Bhoird thuas leis an bhfónamh ar an mBord amháin agus ní thugtar san áireamh costais chomhaltaí ina gcáil mar fhostaithe de chuid RTÉ

## Luach Saothair an Phríomh-Stiúrthóra

Tá an luach saothair don Phríomh-Stiúrthóir ag cloí le polasaí an Rialtais faoi luach saothair phríomhoifigeach feidhmiúcháin na gcomhlachtaí Stáit tráchtála a shocrú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus arna cheadú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. I gcomhlíonadh an cheanglais nochtaithe atá sa *Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus in Alt 305 *d'Acht na gCuideachtaí 2014*, tá luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra comhdhéanta de:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Luach Saothair: | | |
| – Buntuarastal | **225** | 250 |
| – Liúntas gluaisteáin | **25** | 25 |
| Luach Saothair Iomlán | **250** | 275 |
| Ranníocaíochtaí Sochair Scoir[1] | **56** | 63 |
| | **306** | 338 |

1. An méid a d'íoc RTÉ le scéim pinsin ranníoca sainithe RTÉ

Thabhaigh Dee Forbes costais dar suim iomlán €1,562 (2019: €4,871) i mbun dhualgais phost an Phríomh-Stiúrthóra a dhéanamh.

D'aontaigh comhaltaí an Fheidhmeannaigh laghdú 10% ar thuarastal a ghlacadh roimh thús na paindéime domhanda. Níor deonaíodh ná níor íocadh aon phá de réir feidhmíochta maidir leis an mbliain 2020 ná leis an mbliain 2019.

# Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

Cuireann comhaltaí Bhord RTÉ an tuarascáil bhliantúil maille le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 i láthair.

### Príomhbheartaíocht
Is é RTÉ an craoltóir seirbhíse poiblí in Éirinn agus cuirtear seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer ar fáil don lucht féachana agus éisteachta. Chomh maith leis sin foilsíonn an *RTÉ Guide*, oibrítear seirbhís teilitéacs agus cuirtear raon leathan seirbhísí ar líne atá bunaithe ar an ngréasán ar fáil saor in aisce. Tríd an bhfochuideachta, RTÉ Transmission Network DAC, atá faoi lán-úinéireacht ag RTÉ agus atá ag trádáil mar 2rn, cuirtear córas tarchuradóireachta líonra analógach agus digiteach agus áiseanna crann craolta ar fáil do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile. Ina theannta sin, ritheann RTÉ Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ, mar aon le grúpaí oirfide eile.

### Athbhreithniú ar an nGnó
Leagtar amach athbhreithniú mionsonraithe ar an bhfeidhmíocht i rith na bliana 2020 agus forbairtí don todhchaí san athbhreithniú ar chúrsaí Oibriúcháin ó leathanach 30 go dtí leathanach 76 agus san athbhreithniú ar chúrsaí Airgeadais ó leathanach 20 go dtí leathanach 28. Tugtar san áireamh leis na bearta athbhreithnithe sin na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta os comhair an Ghrúpa agus déantar anailís ar na príomhtháscairí feidhmíochta, idir tháscairí a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus táscairí eile. Déantar athbhreithniú ó leathanach 158 go dtí leathanach 162 ar fheidhmíocht RTÉ maidir le maith a dhéanamh de na gealltanais bhliantúla don lucht féachana agus éisteachta, arna leagan amach sa Ráiteas Bliantúil maidir le Gealltanais Feidhmíochta don bhliain 2020.

### Torthaí na Bliana
Leagtar amach torthaí na bliana don Ghrúpa sa Ráiteas faoin Ioncam ar leathanach 96 agus sna nótaí a ghabhann leis an Ráiteas sin.

### Comhaltaí an Bhoird
Leagtar amach ó leathanach 78 go dtí leathanach 80 ainmneacha na ndaoine a bhí ag fónamh ina gcomhaltaí ar an mBord ar an 31 Nollaig 2020.

### Rialachas Corparáide
Leagtar amach socruithe RTÉ maidir le cúrsaí rialachas corparáide sa tuarascáil bhliantúil mar seo a leanas:

- Rialachas corparáide leathanaigh 84 go dtí 91
- Próifílí chomhaltaí an Bhoird leathanaigh 78 go dtí 80
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Bhoird leathanach 93

### Comhlíontas na Stiúrthóirí
Tugtar isteach faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, a bhfuil feidhm leis maidir le fochuideachtaí RTÉ, coinníoll go ndéanfadh stiúrthóirí comhlíonadh na ndualgas ábhartha (faoi réir mar a shainmhínítear sin in Alt 225(1) an Achta) atá ar chuideachta a chinntiú sa chás go dtagann méid na cuideachta le critéir áirithe a leagtar síos san Acht.

Tá bearta curtha i bhfeidhm ag RTÉ ionas go gcinntítear, sa chás go bhfuil feidhm leis, go gcomhlíonann na fochuideachtaí gach a n-éilítear maidir le ráitis comhlíontais ó stiúrthóirí faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*.

### Taifid Chuntasaíochta
Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go ndéantar leabhair agus taifid chuntasaíochta a choimeád go cuí. Áirítear ar na bearta a dhéantar maidir leis sin córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, lucht cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla agus an saineolas cuí acu a fhostú agus dóthain acmhainní a chur i leith fheidhm na gcúrsaí airgeadais. Is i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath 4 a choimeádtar leabhair cuntasaíochta an Ghrúpa.

### Cuntais a Íoc
Admhaíonn comhaltaí an Bhoird an fhreagracht a leagtar orthu maidir lena chinntiú go gcomhlíontar forálacha *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála), 2012* arna leasú le *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála), Rialachán 2016* ("na Rialacháin"), maidir le gach gné ábhartha. Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm ionas go sonraítear gach dáta ar a mbíonn dlite sonrasc le híoc agus go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht faoin dáta faoi leith sin. Cuirtear ar fáil le nós imeachta den chineál sin dearbhú réasúnach nach dtarlódh neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na Rialacháin. Ba é a bhí de pholasaí íocaíochta i rith na bliana faoi chaibidil ná coinníollacha na Rialachán a shásamh.

### Cuideachtaí an Ghrúpa
Tugtar eolas maidir le gnóthais fhochuideachta agus gnóthais ghaolmhara i nóta 20 leis na ráitis airgeadais.

### Ionstraimí Airgeadais
Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca maidir le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin. Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Tá siad leagtha amach i nóta 23 leis na ráitis airgeadais.

### Iniúchóir
Leanfaidh na hiniúchóirí, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnóthas Iniúchóireachta Reachtúil, in oifig de réir Alt 383 (2) *d'Acht na gCuideachtaí, 2014*.

### Síntiúis Pholaitíochta
Ag tagairt *d'Acht Toghcháin, 1997*, ní thugann RTÉ aon síntiús polaitíochta.

### Faisnéis a bhaineann le hÁbhar na hIniúchóireachta
Is é tuairim chomhaltaí an Bhoird go ndearnadh gach beart is gá ionas go mbeidís ar an eolas faoi aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta agus gur cinntíodh go raibh iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh mór agus is eol sin do na Stiúrthóirí, níl aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas mar gheall air.

Thar ceann an Bhoird

| **Moya Doherty** | **Anne O'Leary** | **Dee Forbes** |
|---|---|---|
| Cathaoirleach | Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca | An Príomh-Stiúrthóir |

29 Aibreán 2021

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

Tá de fhreagracht ar chomhaltaí Bhord RTÉ ("Bord RTÉ") an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* ("reachtaíocht an chraolacháin") ar Bhord RTÉ ráitis airgeadais don Ghrúpa agus do RTÉ a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht sin, tá roghnaithe ag Bord RTÉ ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Ní cheadaíonn Bord RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa mura bhfuil sé sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ á ullmhú, déanann comhaltaí Bhord RTÉ:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama;
- A rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir IFRS faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an grúpa agus RTÉ i mbun gnó.

Tá Bord RTÉ freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas an Ghrúpa agus RTÉ agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ullmhaithe de réir IFRS infheidhme, faoi mar atá glactha leo ag an AE agus go gcomhlíonann siad forálacha reachtaíocht an chraolacháin agus forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*. Tá Bord RTÉ freagrach go ginearálta as gach beart is féidir go réasúnach a dhéanamh d'fhonn sócmhainní RTÉ agus an Ghrúpa a chaomhnú agus d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a thabhairt chun suntais. Tá Bord RTÉ freagrach freisin as Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird a ullmhú a chomhlíonann forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas faoi rialachas corparáideach ar leathanaigh 84 go dtí 91 go gcomhlíonann an *Grúpa Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.*

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as caomhnú agus sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

| **Moya Doherty** | **Anne O'Leary** | **Dee Forbes** |
|---|---|---|
| Cathaoirleach | Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca | An Príomh-Stiúrthóir |

29 Aibreán 2021

# Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ

## Tuarascáil ar an iniúchóireacht maidir leis na ráitis airgeadais

**Tuairim ar ráitis airgeadais RTÉ**

Is é ár dtuairim go dtugann ráitis airgeadais Ghrúpa RTÉ (an Grúpa) agus Eintiteas RTÉ (an tEintiteas):

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar bhrabús an Grúpa don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais cuí agus, go háirithe, de réir cheanglais *Acht Craolacháin 2009*.

Tá na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta againn orthu comhdhéanta de:

Ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa;
- Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach;
- Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais;
- Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe i gCothromas;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 28, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

Ráitis airgeadais an Eintitis:

- Ráiteas ar an Staid Airgeadais;
- Ráiteas faoi Athrú ar Chothromas;
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid;
- na nótaí gaolmhara 1 go 28, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

*An tAcht Craolacháin 2009* agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach (IFRSanna arna nglacadh ag an AE) ("an creat tuairiscithe airgeadais cuí") an creat tuairiscithe airgeadais cuí a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis á n-ullmhú.

**Bunús leis an tuairim**

Rinneadh an t-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí infheidhme. Tugtar cuntas thíos ar a bhfuil de fhreagracht orainn faoi na caighdeáin sin faoin gceannteideal *"Freagracht na n-iniúchóirí i ndáil le hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais"* sa tuarascáil seo.

Tá na hiniúchóirí neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an Eintiteas i gcomhréir leis na coinníollacha eitice a bhaineann leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eitice san áireamh arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta na hÉireann maidir le hIniúchóireacht agus Cuntasaíocht agus rinneamar gach freagracht eitice a chomhlíonadh i gcomhréir leis na coinníollacha sin. Is é ár dtuairim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuaireamar leordhóthanach agus oiriúnach mar bhunús lenár dtuairim.

**Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach**

Tá cinnte againn, agus iniúchadh déanta ar na ráitis airgeadais, go bhfuil an úsáid a bhaineann na stiúrthóirí as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon neamhchinnteachtaí ábhartha aitheanta againn maidir le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh, bíodh sin ar bhonn aonair nó go comhpháirteach, ar chumas an Ghrúpa agus an Eintitis leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó thugtar údarú na ráitis airgeadais a eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach i gcodanna ábhartha den tuarascáil seo.

**Eolas eile**

Tá an t-eolas eile déanta suas den eolas atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa, seachas an t-eolas atá sna ráitis airgeadais agus i dtuarascáil an iniúchóra. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa. Ní bhaineann an tuairim a thugaimid faoi na ráitis airgeadais leis an eolas eile agus, seachas a mhéid a luaitear go sainráite sa tuarascáil, ní luaimid dearbhú d'aon sórt ina leith sin.

Is é atá de fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh agus, ar a dhéanamh sin dúinn, a mheas cibé, bunaithe ar an obair iniúchóireachta, an bhfuil an t-eolas ansin ina mhíráiteas ábhartha nó ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó ag teacht leis an eolas atá againne ón iniúchóireacht. Má thugaimid aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, éilítear orainn a chinneadh cibé an míráiteas ábhartha sin sna ráitis airgeadais nó an míráiteas ábhartha é san eolas eile. Má chinnimid, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i leith an eolais eile seo, tá dlite orainn sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

**Freagrachtaí na stiúrthóirí**

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith cinnte go dtugtar léargas fíor cóir iontu agus go bhfuil siad ag cloí seachas sin le *hAcht Craolacháin 2009*, agus as an rialú inmheánach sin a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé an calaois nó earráid ba chúis lena leithéid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as acmhainn an Ghrúpa agus an Eintitis leanúint i mbun gnó mar ghnóthas leantach a mheas, as nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh de réir mar is gá agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil de rún ag na stiúrthóirí an Grúpa agus an Eintiteas a leachtú nó éirí as an ngnó, nó nach bhfuil aon rogha eile ag na stiúrthóirí le fírinne ach sin a dhéanamh.

**Freagracht na nIniúchóirí i ndáil le hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais**
Is é a bhíonn de chuspóir againn dearbhú réasúnach a thabhairt maidir leis na ráitis airgeadais tríd is tríd a bheith saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé ar calaois nó earráid ba chúis lena leithéid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim ina chuid de. Is dearbhú ar leibhéal ard dearbhú réasúnach ach níl ráthaíocht i gceist leis go dtabharfar chun suntais i ngach cás míráiteas ábhartha sa chás gur ann dá leithéid ar iniúchadh a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin ISA (Éire). D'fhéadfadh míráiteas a theacht de bharr calaoise nó earráide agus meastar gur ábhartha míráiteas sa chás go bhféadfaí le réasún a cheapadh go mbeadh tionchar acu, ar a cheann amháin a thabhairt san áireamh as féin nó iad ar fad a thabhairt san áireamh in éineacht, ar chinneadh eacnamaíochta a dhéanfadh lucht a n-úsáide bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna (Éire), úsáidimid breithiúnas gairmiúil agus fanaimid amhrasach go gairmiúil le linn an iniúchta. Déanaimid chomh maith:


- An baol a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais a aithint agus a mheas, cibé más mar gheall ar chalaois nó earráid é, leagan amach agus nósanna imeachta feidhmíochta iniúchta a fhreagraíonn don bhaol sin, agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur ar fáil dár dtuairim. Tá an baol nach níos n-aimseofar míráiteas ábhartha de bharr calaoise níos airde seachas dá mba de bharr earráide é, de bharr go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist leis.
- Tuiscint a fháil ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun na nósanna imeachta iniúchta atá oiriúnach sna cúinsí sin a leagan amach, ach nach bhfuil chun críocha tuairim ar éifeachtacht rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa ná an Eintitis a chur in iúl.
- Oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara a rinne na stiúrthóirí a mheas.
- Cinneadh a dhéanamh maidir le chomh oiriúnach is a bhí an úsáid a bhain na stiúrthóirí as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa agus an Eintitis leanúint ar aghaidh ina ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a tharraingt ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais i dtuarascáil an iniúchóra nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleor, an tuairim atá againn a leasú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaighimid suas go dtí dáta thuarascáil an iniúchóra. Ach, d'fhéadfadh imeachtaí amach anseo nó coinníollacha a d'fhéadfadh deireadh a chur leis an Eintiteas nó nuair is cuí, an Grúpa leanúint de bheith ina ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na bun-idirbhirt agus imeachtaí ar bhealach trína mbaintear léargas cothrom amach.
- Fianaise leordhóthanach chuí iniúchta maidir le heolas airgeadais ghníomhaíochtaí an ghnó laistigh den Ghrúpa a fháil chun tuairim ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite a chur in iúl. Tá an t-iniúchóir grúpa freagrach as an iniúchadh grúpa a threorú, maoirsiú a dhéanamh air agus as an bhfeidhmíocht. Is é iniúchóir an ghrúpa a bheidh iomlán freagrach as an tuairim iniúchta.

Déanaimid cumarsáid leo sin a bhfuil dualgas orthu i leith rialachais, i measc ábhar eile, scóip agus comhuainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach arna n-aithint ag an iniúchóir le linn an iniúchta.

## Tuarascáil ar Cheanglais Eile Dlí agus Rialála

**Nithe a bhfuil dlite orainn tuairisc a thabhairt orthu trí eisceacht**
Faoin *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* (Lúnasa 2016) ("an Cód Cleachtais") tá dlite orainn tuairisc a thabhairt duit mura léirítear leis an ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód Cleachtais mar atá mar chuid den Ráiteas faoi Rialachas Corparáide comhlíontas an Ghrúpa le halt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó sa chás nach bhfuil sé ag teacht le faisnéis a bhfuil eolas againn air mar gheall ar an obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

**Úsáid na tuarascála seo**
Déantar an tuarascáil sin a chur faoi bhráid Chomhaltaí Bhord RTÉ agus leo sin amháin de réir *Acht Craolacháin 2009*. Rinneadh an obair iniúchóireachta sa chaoi is go bhféadfaimis na nithe sin a lua i ráiteas le Comhaltaí Bhord RTÉ a gceanglaítear orainn iad a lua leis i dtuarascáil iniúchóra agus ní chun críche aon ní eile. A mhéid a cheadaítear sin faoin dlí, ní dhéanaimid freagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin i leith aon duine eile seachas Comhaltaí Bhord RTÉ as an obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar ar thángamar.



**Richard Howard**
Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúchóireachta Reachtúil
Deloitte & Teach Touche, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

29 Aibreán 2021

# Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí Leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 2 | **331,142** | 342,085 |
| Costais oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh agus gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt agus míreanna eisceachtúla) | 3 | **(307,691)** | (337,773) |
| **EBITDA[1] roimh ghnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt agus míreanna eisceachtúla** | | **23,451** | 4,312 |
| Glandímheas agus amúchadh | 5 | **(13,543)** | (13,803) |
| (Caillteanas) / Gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt | 5 | **(8)** | 288 |
| Míreanna eisceachtúla[2] | 6 | **-** | 256 |
| **Gnóthachtáil /(Caillteanas) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **9,900** | (8,947) |
| Ioncam airgeadais | 4 | **1,603** | 1,283 |
| Costas airgeadais | 4 | **(1,702)** | (1,226) |
| **Barrachas / (Easnamh) roimh Cháin Ioncaim** | 5 | **9,801** | (8,890) |
| (Costais) / creidmheas ó cháin ioncaim | 8 | **(1,863)** | 1,689 |
| **Barrachas / (Easnamh) don Bhliain** | | **7,938** | (7,201) |

1 EBITDA: Tuilleamh (brabús oibriúcháin) roimh ús, cháin, dímheas agus amúchadh

2 Míreanna eisceachtúla: Costas tionscadail ionas go bhféadfaí an díolachán a dhéanamh maidir le talamh a dhiúscairt, athstruchtúrú agus muirir eile

# Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas / (Easnamh) don Bhliain | | **7,938** | (7,201) |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile** | | | |
| **Nithe nach ndéanfar a athrangú chuig brabús nó caillteanas riamh** | | | |
| Gnóthachan atomhais ar an scéim pinsin shochair shainithe | 21 | **39,077** | 60,296 |
| Gnóthachan atomhais ar an scéim pinsin '50/50' riosca i bpáirt | 21 | **872** | 397 |
| Cáin iarchurtha ghaolmhar maidir le sócmhainní pinsin | 22 | **(5,051)** | (7,606) |
| | | **34,898** | 53,087 |
| **Nithe a dhéantar nó a d'fhéadfaí a athrangú chuig brabús nó caillteanas** | | | |
| Fálú ar an sreabhadh airgid - athrangaithe go dtí an Ráiteas Ioncaim | 4 | **-** | 104 |
| Gnóthachan ar luach cóir maidir le fálú sreabhadh airgid | 19 | **-** | 104 |
| Cánachas iarchurtha maidir leis an bhfálú ar an sreabhadh airgid | 22 | **-** | (13) |
| Cáin iarchurtha ar chaillteanais | 22 | **-** | 13,801 |
| | | **-** | 13,892 |
| **Iomlán an bharrachais chuimsithigh eile i leith na bliana** | | **34,898** | 66,979 |
| **Iomlán an bharrachais chuimsithigh i leith na bliana** | | **42,836** | 59,778 |

# Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais
## amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 9 | **60,982** | 71,028 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 10 | **4,772** | 6,311 |
| Sócmhainní Airgeadais | 20 | **582** | 346 |
| Sócmhainn phinsin | 21 | **150,816** | 110,404 |
| **Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha** | | **217,152** | 188,089 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardail | 11 | **26,669** | 27,689 |
| Nithe infhaighte agus réamhíocaíochtaí | 12 | **70,924** | 62,839 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 13 | **10,000** | 29,000 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 14 | **77,165** | 40,149 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 23 | **3** | 326 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **184,761** | 160,003 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **401,913** | 348,092 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **198,144** | 155,308 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 15 | **65,000** | 60,000 |
| Sochair fhostaithe | 18 | **8,852** | 11,557 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 16 | **4,560** | 2,533 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 22 | **7,114** | 2,230 |
| Deontais chaipitil | 25 | **4,408** | 4,518 |
| Dliteanas Léasa | 27 | **1,972** | 2,688 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 23 | **79** | 10 |
| **Iomlán na nDliteanas Neamhreatha** | | **91,985** | 83,536 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 16 | **77,038** | 85,230 |
| Cánachas agus leas sóisialach | 17 | **13,062** | 9,541 |
| Deontais chaipitil | 25 | **403** | 3,386 |
| Dliteanas Léasa | 27 | **467** | 436 |
| Sochair fhostaithe | 18 | **20,473** | 10,655 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 23 | **341** | - |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **111,784** | 109,248 |
| **Dliteanais Iomlána** | | **203,769** | 192,784 |
| **Iomlán Cothromais agus Dliteanais** | | **401,913** | 348,092 |

Thar ceann an Bhoird

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Dee Forbes**
An Príomh-Stiúrthóir

29 Aibreán 2021

# Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe i gCothromas
## amhail an 31 Nollaig 2020

| | Tuilleamh coinnithe €'000 | Cúlchiste maidir le fálú sreabhadh airgid €'000 (Nóta 19) | Iomlán iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020** | **155,308** | **-** | **155,308** |
| Barrachas don bhliain | 7,938 | - | 7,938 |
| Barrachas cuimsitheach eile | 34,898 | - | 34,898 |
| **Iomlán an chaillteanais chuimsithigh** | **42,836** | **-** | **42,836** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020** | **198,144** | **-** | **198,144** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019 | 95,621 | (91) | 95,530 |
| Easnamh don bhliain | (7,201) | - | (7,201) |
| Barrachas cuimsitheach eile | 66,888 | 91 | 66,979 |
| Iomlán an chaillteanais chuimsithigh | 59,687 | 91 | 59,778 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019 | 155,308 | - | 155,308 |

# Ráiteas RTÉ faoi Athrú ar Chothromas
## amhail an 31 Nollaig 2020

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Tuilleamh coinnithe** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **47,127** | (5,861) |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | **1,766** | (13,900) |
| Barrachas cuimsitheach eile | **34,898** | 66,888 |
| Iomlán an chaillteanais chuimsithigh | **36,664** | 52,988 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **83,791** | 47,127 |

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreabhadh Airgid
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | | **7,938** | (7,201) |
| Coigeartaithe maidir le: | | | |
| Dímheas maoine, innealra agus trealaimh | 5 | **12,265** | 12,670 |
| Amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe | 5 | **1,278** | 1,133 |
| Lagú maidir le sócmhainní doláimhsithe | 10 | **1,870** | - |
| Gnóthachan ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt | | **8** | (288) |
| Míreanna eisceachtúla | | **-** | (256) |
| Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | | **903** | 839 |
| Costas Glan Airgeadais | | **336** | 232 |
| Costas / (creidmheas) cháin ioncaim | 8 | **1,863** | (1,689) |
| | | **26,461** | 5,440 |
| Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail | | **1,062** | 363 |
| Athrú ar nithe infhaighte agus réamhíocaíochtaí | | **(8,431)** | (3,436) |
| Athrú ar nithe iníoctha trádála agus eile | | **(5,248)** | 7,215 |
| Athrú ar chánachas agus leas sóisialach | | **1,491** | 1,786 |
| Athrú ar shochair fhostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile | | **7,225** | (3,343) |
| **Airgead Tirim Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **22,560** | 8,025 |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Fáltais ó mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol | | **20** | 305 |
| Deontais Chaipitil | | **170** | (41) |
| Éadáil ar mhaoin, innealra agus trealamh | | **(6,434)** | (11,256) |
| Éadáil ar shócmhainní doláimhsithe | | **(1,744)** | (3,031) |
| **Airgead Tirim Glan ionsúite ag Gníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(7,988)** | (14,023) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí | 15 | **5,000** | 10,000 |
| Ús a íocadh | | **(830)** | (1,046) |
| Íocaíochtaí airgid thirim maidir le príomhchuid den dhliteanas léasa | | **(675)** | (708) |
| Íocaíochtaí airgid thirim maidir leis an gcuid den dhliteanas léasa a bhaineann le hús | | **(51)** | (60) |
| Ísliú / (méadú) ar infheistíochtaí leachtacha | 13 | **19,000** | (29,000) |
| **Airgead Tirim Glan arna ghiniúint/(ionsúite) ag Gníomhaíochtaí Airgeadais** | | **22,444** | (20,814) |
| Méadú / (laghdú) glan ar airgead tirim agus coibhéis airgid thirim | | **37,016** | (26,812) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | | **40,149** | 66,961 |
| **Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig** | 14 | **77,165** | 40,149 |

Thar ceann an Bhoird

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Dee Forbes**
An Príomh-Stiúrthóir

29 Aibreán 2021

# Ráiteas RTÉ ar an Staid Airgeadais
## amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 9 | **16,049** | 20,311 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 10 | **4,772** | 6,298 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | 20 | **65,827** | 65,827 |
| Sócmhainn phinsin | 21 | **150,816** | 110,404 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha | 22 | **-** | 1,090 |
| **Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha** | | **237,464** | 203,930 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardail | 11 | **26,589** | 27,580 |
| Nithe infhaighte agus réamhíocaíochtaí | 12 | **62,372** | 53,767 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 13 | **10,000** | 29,000 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 14 | **64,487** | 33,194 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 23 | **3** | 326 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **163,451** | 143,867 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **400,915** | 347,797 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **83,791** | 47,127 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Sochair fhostaithe | 18 | **8,679** | 11,413 |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 15 | **10,000** | 5,000 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 16 | **4,560** | 2,533 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | 22 | **4,006** | - |
| Dliteanas Léasa | 27 | **657** | 1,146 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 23 | **79** | 10 |
| **Iomlán na nDliteanas Neamhreatha** | | **27,981** | 20,102 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 16 | **257,695** | 261,200 |
| Dliteanas Léasa | 27 | **241** | 214 |
| Cánachas agus leas sóisialach | 17 | **10,462** | 8,541 |
| Sochair fhostaithe | 18 | **20,404** | 10,613 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | **341** | - |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **289,143** | 280,568 |
| **Dliteanais Iomlána** | | **317,124** | 300,670 |
| **Iomlán Cothromais agus Dliteanais** | | **400,915** | 347,797 |

Thar ceann an Bhoird

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Dee Forbes**
An Príomh-Stiúrthóir

29 Aibreán 2021

# Ráiteas RTÉ faoi Shreabhadh Airgid
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas / (easnamh) i leith na bliana tar éis cánachais | | **1,766** | (13,900) |
| Coigeartaithe maidir le: | | | |
| Dímheas maoine, innealra agus trealaimh | 9 | **7,150** | 6,340 |
| Amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe | 10 | **1,264** | 1,119 |
| Lagú maidir le sócmhainní doláimhsithe | 10 | **1,870** | - |
| Gnóthachan ar mhaoin, innealra agus trealamh a dhiúscairt | | **(6)** | (304) |
| Míreanna eisceachtúla | | **-** | (256) |
| Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | | **903** | 839 |
| Glanioncam airgeadais | | **(355)** | (452) |
| Costas / (creidmheas) cháin ioncaim | | **277** | (1,536) |
| | | **12,869** | (8,150) |
| Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail | | **1,034** | 326 |
| Athrú ar nithe infhaighte agus réamhíocaíochtaí | | **(8,713)** | (3,119) |
| Athrú ar sholáthairtí agus nithe iníoctha trádála eile | | **(467)** | 24,991 |
| Athrú ar chánachas agus leas sóisialach | | **1,688** | 1,753 |
| Athrú ar shochair fhostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile | | **7,169** | (3,235) |
| **Airgead Tirim Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **13,580** | 12,566 |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Fáltais ó mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol | | **6** | 304 |
| Éadáil ar mhaoin, innealra agus trealamh | | **(3,902)** | (7,313) |
| Éadáil ar shócmhainní doláimhsithe | | **(1,744)** | (3,031) |
| **Airgead Tirim Glan ionsúite ag Gníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(5,640)** | (10,040) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Fáltais maidir le hiasachtaí | 15 | **5,000** | - |
| Ús a íocadh | | **(172)** | (231) |
| Íocaíochtaí airgid thirim maidir le príomhchuid den dhliteanas léasa | | **(456)** | (457) |
| Íocaíochtaí airgid thirim maidir leis an gcuid den dhliteanas léasa a bhaineann le hús | | **(19)** | (25) |
| Ísliú / (méadú) ar infheistíochtaí leachtacha | 13 | **19,000** | (29,000) |
| **Airgead Tirim Glan arna ghiniúint/(ionsúite) ag Gníomhaíochtaí Airgeadais** | | **23,353** | (29,713) |
| Méadú / (laghdú) glan ar airgead tirim agus coibhéis airgid thirim | | **31,293** | (27,187) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | | **33,194** | 60,381 |
| **Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig** | 14 | **64,487** | 33,194 |

Thar ceann an Bhoird

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Dee Forbes**
An Príomh-Stiúrthóir

29 Aibreán 2021

# Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa

## 1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha

**(a) Bunús na cuntasaíochta**

Tá ár bpríomhbheartais chuntasaíochta leagtha amach thíos. Tá liosta iomlán de na beartais chuntasaíochta ar fáil san aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ar leathanaigh 151 go 157. Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ, ach amháin na caighdeáin nua agus na leasuithe ar na caighdeáin a luaitear san aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa.

**(i) Eintiteas tuairiscithe**

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht Craolacháin, 1960* agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amhail an 31 Nollaig 2020 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 comhdhéanta an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialaíonn sé (dá dtagraítear in éineacht mar an "Grúpa").

**(ii) Ráiteas maidir le comhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSs) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha *Acht na gCuideachtaí 2014* a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin tá ráiteas mháthairchuideachta RTÉ maidir le staid airgeadais, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus an ráiteas maidir le hathruithe ar chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a d'éileodh *Acht na gCuideachtaí 2014* de ghnáth. Tá leasú déanta ar Ráiteas Ioncaim Grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

**(iii) Bunús an ullmhaithe**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

I euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000) a hullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSanna ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na mbeartas cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar díobh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi. Le luacháil ar an scéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna beartais chuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

**(iv) Gnóthas Leantach**

Agus gnóthas leantach an Ghrúpa maidir leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 á mheas, tá sreabhadh airgid, leachtacht agus gníomhaíochtaí gnó an Ghrúpa breithnithe ag comhaltaí an Bhoird. Amhail an 31 Nollaig 2020, ba ionann infheistíochtaí airgid agus leachtacha an Ghrúpa agus iarmhéideanna €87 milliún agus €15 milliún saoráidí iasachta a bhí ar fáil nár tarraingíodh.

Bunaithe ar thuartha an Ghrúpa don tréimhse amach anseo, ina n-áirítear an tionchar sreabhaidh airgid a bhfuiltear ag súil leis de bharr Covid-19, atá bonn gnóthais leantaigh glactha ag comhaltaí an Bhoird agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú. Tá an measúnú seo déanta acu tar éis sreabhadh airgid tuartha an Ghrúpa maidir leis an tréimhse amach anseo chomh fada agus is intuartha, ina gcuimsítear na héagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an tuar sin a mheas, a bhreithniú. Creideann comhaltaí an Bhoird, nuair a ghlactar acmhainní airgid atá ann faoi láthair san áireamh, go mbeidh acmhainní airgid leordhóthanacha ag an nGrúpa chun a dhliteanais a shásamh mar atá siad dlite.

**(v) Caighdeáin nua agus athchóirithe a ghlacadh**

Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa don bhliain reatha á n-ullmhú, ghlac an Grúpa le roinnt leasuithe nua maidir le caighdeáin. Ní raibh tionchar ábhartha ag na leasuithe ar nochtuithe maidir leis na ráitis airgeadais.

**(vi) Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós**

Tá liosta iomlán de chaighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo go dtí 2021 nó ina dhiaidh sin fós san áireamh sna beartais chuntasaíochta go léir in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil. Ní mheasann na stiúrthóirí go mbeidh tionchar ábhartha ag glacadh na gcaighdeán nua ar ráitis airgeadais an Ghrúpa sna tréimhsí amach anseo, seachas maidir le IFRS 16.

# Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa
## (ar lean)

### 1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha (ar lean)

**Príomhbheartais Chuntasaíochta**

**(b) Aitheantas ioncaim**

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascainí socraíochta nó lascainí ó thaobh méid.

Tá IFRS 15 i bhfeidhm i ndáil le gach sruth ioncaim an Ghrúpa seachas ar ioncam ón táille ceadúnais a thagann faoin IAS 20 *Cuntasaíocht maidir le Deontais ón Rialtas agus Cúnamh ón Rialtas a Nochtadh*. Déantar na sruthanna ioncaim eile, mar atá leagtha amach thíos, a aithint nuair a aistrítear na seirbhísí nó earraí atá geallta chuig na custaiméirí. Tá cur chuige 5 chéim glactha ag an nGrúpa maidir le tráthú aitheantais ioncaim bunaithe ar oibleagáidí feidhmíochta i gconarthaí custaiméirí. Is éard atá i gceist leis seo an conradh le custaiméirí a aithint, na hoibleagáidí feidhmíochta a aithint, praghas an idirbhirt a ríomh, an praghas a leithroinnt chuig na hoibleagáidí feidhmíochta laistigh den chonradh agus ioncam a aithint nuair atá na hoibleagáidí feidhmíochta bainte amach.

**(i) Ioncam ón Táille Ceadúnais**

Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) mar ghníomhaire bailithe na táille ceadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón Táille Ceadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DTCAGSM, glan ó chostais bailiúcháin. Ina theannta sin, íocann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta (DEASP) ioncam ón táille ceadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse 'saor in aisce'. Íocann an DEASP an t-ioncam seo chuig an DTCAGSM gach mí.

Mar a fhoráiltear in Alt 123 den *Acht um Údarás Craolacháin 2009* arna leasú le hAlt 69 den *Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist)* 2011 íocann an DTCAGSM "deontas i gcabhair" neamh-inaisíoctha le RTÉ ó na táillí ceadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón DEASP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bailiúcháin agus tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta arna chinneadh ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón táille ceadúnais atá iníoctha ag an DEASP. Déantar an t-ioncam eile ar fad ón táille ceadúnais a áireamh ar thuairisc a fháil ó An Post ar líon na gceadúnas a ceannaíodh i rith an tréimhse.

**(ii) Ioncam fógraíochta agus urraíochta**

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin ghníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl.

**(iii) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó áiseanna**

Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus áiseanna ón úsáid a bhaineann an tríú pháirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

**(iv) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí**

Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an *RTÉ Guide* a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus bíonn sé luaite glan ó tháillí dlite don dáileoir agus don mhiondíoltóir deiridh. Ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Ceolfhoirne RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlite.

## 1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha (ar lean)

**(v) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar**
Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

**(c) Tuairisciú Rannóige**
Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán *IFRS 8 Rannóga Oibriúcháin* a leagan amach i nóta 2(d). Is iad na rannóga príomhrannóga tuairiscithe ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i sceideal 2(e).

I nóta 2(d), déantar an t-ioncam tráchtála a lua maidir leis an roinn Tráchtála den chuid is mó. Tuairiscítear ioncam 2rn sa Rannóg Líonraí. Luaitear an t-ioncam ó dhíolachán na cartlainne agus na leabharlainne sa rannán Ábhair. Luaitear ioncam ó sheirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil agus roinnt cineálacha beaga eile ioncaim maidir le réimsí eile. Is feidhm é tuairisciú an ioncaim ón táille ceadúnais laistigh de gach rannóg den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh.

Déantar costais arna dtabhú ag rannóg agus ar son rannóige a lua taobh istigh den rannóg sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na rannóga sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail cuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláracha teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar na rannáin maidir le hÁbhar agus Nuacht & Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Tá RTÉ ag cur lena aschur neamhlíneach agus is ar na hardáin dhigiteacha atá níos mó clár á gcraoladh den chéad uair anois agus le haistriú chuig cur chuige ar líne ar dtús i ndáil le clúdach nuachta. Chun an straitéis ar líne ar dtús seo a léiriú, leithroinntear cuid chuí den costas maidir leis an ngnáthbhonneagar bailithe nuachta a leithroinnt ar na seirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláir chraolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

**(d) Fardail clár**
Déantar fardail cláracha a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail clár dúchasach is cláracha a dhéanann RTÉ intí nó cláracha a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc cláracha in-tí costais dhíreacha cláracha lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc cláracha coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gcláracha dúchasacha go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail cláracha faighte agus cláracha agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardal cláracha faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcraoltóir. Gearrtar fardail cláracha faighte chuig an Ráiteas Ioncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Gnéchláracha: | 75% ar an gcéad tarchur |
| | 25% ar an dara tarchur |
| Sraitheanna: | 99% ar an gcéad tarchur |
| | 1% ar an dara tarchur |

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal chearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gceart. Sa chás go n-eisíonn RTÉ focheadúnais maidir le cearta spóirt don tríú páirtí, déantar an t-ioncam agus an costas a ghabhann leis sin a lua ar bhonn glan sa Ráiteas faoin Ioncam. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas Ioncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á gcraoladh.

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Faisnéis Rannóige

**(a) Príomhghníomhaíochtaí**

Is eagraíocht neamhbhrabúis é RTÉ. Is í an phríomhghníomhaíocht seirbhíse poiblí aige raon cuimsitheach cainéal agus sceideal teilifíse agus raidió a chraoladh saor go haer, chomh maithe le seirbhísí ar líne. Cuirtear deiseanna eile ar fáil le teacht ar ábhar seirbhíse poiblí RTÉ via na cainéil RTÉ One+1, RTÉ2+1 agus RTÉjnr. Déanann na seirbhísí seo freastal ar gach catagóir déimeagrafach de shochaí na hÉireann de bharr an réimse leathan aschur agus seánra atá ar fáil, beag beann ar an lucht féachana a tharraingítear go tráchtála de, agus de bharr béim shonrach ar chláracha a dhéantar sa mbaile. Áirítear i measc ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile RTÉ Ceolfhoirne RTÉ.

Bíonn an costas ar RTÉ maidir leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin cuid mhór sa bhreis ar an gciste poiblí a fhaightear i bhfoirm ioncaim ón táille ceadúnais. Dá réir sin téann RTÉ i mbun gníomhaíochta tráchtála coimhdeacha freisin chun bonn taca breise a chur faoin ngníomhaíocht seirbhíse poiblí. Áirítear ar na bearta tráchtála sin fógraíocht agus urraíocht a dhíol, an *RTÉ Guide* a fhoilsiú agus gníomhaíochtaí tráchtála eile a bhaineann le craolachán.

De réir mar a éilíonn an reachtaíocht, cuireann RTÉ seirbhísí ilphléacs maidir le teilifís trastíre dhigiteach ar fáil do chraoltóirí náisiúnta, seirbhísí RTÉ féin ina measc, ag teacht leis na taraifí margaidh foilsithe. Déantar an tseirbhís ilphléacs seo a bhainistiú ar leithligh ó bhainistiú na rannán craolta laistigh de RTÉ. Soláthraíonn RTÉ Transmission Network DAC (ag trádáil mar 2rn), fochuideachta RTÉ, seirbhísí tarchurtha agus dáilte d'oibritheoirí ilphléacs (lena n-áirítear RTÉ) agus do chraoltóirí fuaime náisiúnta agus gar-náisiúnta, lena n-áirítear RTÉ. Cuireann 2rn an líonra tarchurtha ar fáil do chraoltóirí áitiúla freisin agus cuireann spás túir/crainn breise ar fáil ar cíos do raon úsáideoirí neamhchraolacháin tríú páirtí.

Tá RTÉ struchtúrtha faoi na rannáin seo a leanas: Tráchtáil, Ábhar, Nuacht & Cúrsaí Reatha, Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht, Líonra agus na rannáin thacaíochta Oibríochtaí & Seirbhísí Léiriúcháin, Teicneolaíocht & Athchóiriúchán, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Rannán líonra, atá lonnaithe go hiomlán taobh istigh de 2rn, a rinne an bhainistíocht maidir leis an tarchuradóireacht, an dáiliúchán agus bearta gaolmhara mar a luaitear thuas. Rannán Tráchtála RTÉ a dhéanann an bhainistíocht ar an mbeartaíocht tráchtála uile seachas: na bearta a dhéanann 2rn, seirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil (féach thuas) agus an díolachán maidir le seirbhísí cartlannaíochta agus leabharlannaíochta a thagann faoi bhainistíocht an Rannáin Ábhair. Bunaíodh an rannán Tráchtála de bhun an leagan leasaithe de Pholasaí agus Nós Imeachta Cóirthrádála RTÉ a fhoilsiú ionas gur léire an deighilt idir an bheartaíocht seirbhíse poiblí agus an bheartaíocht tráchtála ag RTÉ. Maidir le gach rannán, déanann an Príomh-Stiúrthóir agus Feidhmeannas RTÉ athbhreithniú ar thuairiscí na bainistíochta inmheánaí gach mí. Tá liosta mionsonraithe de ghníomhaíochtaí RTÉ de réir an rannán agus eintitis dhlíthiúil leagtha amach i nóta 20 leis na ráitis airgeadais seo.

Chomh maith leis na rannáin, ritheann RTÉ Ceannáras na Corparáide agus an rannán Corparáideach. Is é a bhaineann le Ceannáras na Corparáide gníomhaíochtaí riaracháin ginearálta agus gníomhaíochtaí eile a thagann chun cinn ar leibhéal eintitis a bhaineann le rialachas RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Maidir leis an rannán Corparáideach, áirítear gníomhaíochtaí a mbítear ina mbun go lárnach thar ceann na rannán, agus déantar an costas sin a leithdháileadh i gcomhréir leis na prionsabail leithdháilte costas atá leagtha amach i nóta 1(c). Ní dhéantar costas na Ceanncheathrún Corparáide a leithdháileadh chuig rannáin agus déantar é a thuairisciú faoi Gach Mír Eile.

**(b) Faisnéis rannóige agus anailís eile**

Gearrtar seirbhísí tarchurtha agus craolacháin, lena n-áirítear seirbhísí ilphléacs, ar an rannán maidir le Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht ar bhonn na dtaraifí foilsithe. Tugann 2rn sonrasc do RTÉ de réir na taraifí foilsithe maidir le soláthar seirbhísí tarchurtha agus leithdháilte mar oibritheoir ilphléacs agus mar chraoltóir fuaime. Gearrtar costais arna dtabhú ag tacú le cainéil theilifíse agus raidió RTÉ ar na cainéil sin ar bhonn na dtaraifí foilsithe. Tuairiscítear gnéithe eile den taraif mar mhír réitithe idir costas mhíreanna intuairiscithe agus an costas iomlán. Déantar seirbhísí eile 2rn a shonrasc ag rátaí margaidh cuí.

Déantar idirbhearta idir gníomhaíochtaí ar mhaithe le cuspóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus gníomhaíochtaí ar mhaithe le deiseanna tráchtála a bhaint amach ag rátaí an mhargaidh.

Is ionann an fhaisnéis rannóige i nóta 2(d) agus an fhaisnéis lena mbaineann leis na rannáin thuas. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i sceideal 2(e).

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Eolas Rannóige (ar lean)

Tugann Nóta 2(e) anailís ar chostas comhlán/glan na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus (easnamh)/barrachas de réir cainéil agus seirbhíse. Ina theannta sin, tugtar costais chomhlána an ábhair dúchasaigh de réir seánra craolta. Tuairiscítear anailís idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí ar bhealach a thagann leis na prionsabail a úsáidtear chun ioncam agus costais mar atá leagtha amach thuas a thuairisciú.

Déantar costais na rannán maidir le Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíochta, Ábhar agus Nuacht & Cúrsaí Reatha a dháileadh go hiomlán chuig na cainéil theilifíse agus raidió agus seirbhísí ar líne cuí de réir na bprionsabal leithdháilte costais arna leagan amach i nóta 1(c). Déantar costais tacaíochta rannán eile a leithdháileadh chuig na rannán a bhfuil siad mar thaca leo ag úsáid na bprionsabal cuntasaíochta costas cuí.

Déantar na gníomhaíochtaí eile nach mbaineann le cainéil nó le seirbhísí a chomhbhailiú le chéile faoin gcatagóir "Eile" agus áirítear orthu 2rn, seirbhísí ilphléacs a chur ar fáil, RTÉ Guide agus gníomhaíochtaí neamh-chainéil.

**(c) Leathdháileadh na táille ceadúnais**

Tá tuairisc mhionsonraithe ar sheirbhísí ag gach seirbhís de chuid RTÉ a thugann soiléiriú ar an tslí a chuireann an cainéal nó an tseirbhís le cuspóirí RTÉ maidir le seirbhís phoiblí.

Ag teacht le gnáthchleachtas i measc eagraíochtaí meán seirbhíse poiblí (PSManna) ar feadh an AE, dáileann RTÉ maoiniú poiblí ar sheirbhísí ar leithligh i gcomhréir le glanchostas na seirbhíse poiblí. Cinntear costas glan seirbhíse poiblí trí ranníoc ó bhearta tráchtála a asbhaint as costas comhlán a bhain leis an tseirbhís phoiblí a sheachadadh.

Áirítear ar an gcostas comhlán seirbhíse poiblí a bhaineann le gach cainéal agus seirbhís de chuid RTÉ na costais a thabhaítear i gcur le chéile agus i seachadadh na seirbhíse. Ní áirítear ann aon chostas a thabhaítear is deiseanna tráchtála á saothrú a bhainfeadh le soláthar na seirbhíse. Leithroinntear na costais sin in aghaidh an ioncaim tráchtála lena mbaineann siad d'fhonn an ranníoc tráchtála a ríomh. Cuirtear barrachais ar ghníomhaíochtaí tráchtála nach mbaineann go díreach le cainéil ar leith nó seirbhís ar leith leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin a bhfuil sé ar a gcumas ioncam suntasach a ghineadh (RTÉ One, RTÉ Two, RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, seirbhísí ar líne) i gcomhréir le costas comhlán poiblí na seirbhísí.

Déantar ioncam ón táille ceadúnais a chur ar dtús i leith na gcainéal seirbhíse poiblí agus na seirbhísí sin ar teoranta an acmhainn atá ag baint leo chun ioncam tráchtála a ghnóthú dá stuaim féin agus a dhéantar a mhaoiniú den chuid is mó dá bhrí sin le hioncam ón táille ceadúnais, mar atá riachtanach, d'fhonn freastal don tseirbhís phoiblí a chur ar fáil go leanúnach. Is iad na seirbhísí atá i gceist Ceolfhoirne RTÉ, RTÉ Raidió na Gaeltachta, RTÉ lyric fm, foráil reachtúil maidir le clár a sholáthar do TG4, cainéil bhreise DTT agus craolachán digiteach fuaime (DAB) ('cainéil eile'), Ceanncheathrú na Corparáide agus costais airgeadais.

Dáiltear an chuid eile den táille ceadúnais idir seirbhísí a d'fhéadfadh ioncam suntasach tráchtála a sholáthar i gcomhréir leis an gcostas glan a bhaineann leis na seirbhísí poiblí. Áirítear ar na seirbhísí sin: RTÉ One, RTÉ Two, RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus seirbhísí ar líne. Ní chuirtear aon ioncam ón táille ceadúnais i leith 2rn, seirbhísí ilphléacs á gcur ar fáil ag RTÉ ná aon chostais a thabhaítear is deiseanna tráchtála á saothrú.

# Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa
## (ar lean)

### 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Eolas Rannóige (ar lean)

**(d) Ioncaim, costais agus barrachas/(easnamh) de réir an Rannáin (oibríochtaí leanúnacha), ag teacht le struchtúr eagrúcháin RTÉ, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020**

| | MÍREANNA INTUAIRISCITHE | | | | | EILE | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Tráchtáil Rannán €'000 | Ábhar Rannán €'000 | Nuacht & Cúrsaí Reatha Rannán €'000 | ACM Rannán €'000 | Líonra Rannán €'000 | Gach Eile Míreanna €'000 | Comhdhlúthú Coigeartuithe* €'000 | Grúpa Iomlán €'000 |
| **Ioncam** | | | | | | | | |
| Ioncam ó fhógraíocht | 97,504 | - | - | - | - | - | (474) | 97,030 |
| Ioncam Urraíochta | 8,888 | - | - | - | - | - | - | 8,888 |
| Ioncam ó shaoráidí | 2,721 | - | - | - | - | 23 | (66) | 2,678 |
| Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí | 3,644 | - | - | - | - | - | - | 3,644 |
| Ioncam ó tharchur, crann agus túir | - | - | - | - | 26,492 | - | (16,835) | 9,657 |
| Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus díolacháin ghaolmhara | 8,428 | 444 | - | - | - | - | - | 8,872 |
| Ioncam tráchtála eile | 38 | - | - | - | - | 3,752 | (40) | 3,750 |
| Ioncam tráchtála | 121,223 | 444 | - | - | 26,492 | 3,775 | (17,415) | 134,519 |
| Dáileadh ioncam ón táille cheadúnais | - | 120,083 | 34,275 | 37,492 | - | 4,773 | - | 196,623 |
| | **121,223** | **120,527** | **34,275** | **37,492** | **26,492** | **8,548** | **(17,415)** | **331,142** |
| **Costais de réir chatagóir aschuir**** | | | | | | | | |
| Costais chláracha agus aischuir - de réir foinse | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | - | (116,105) | (54,822) | (1,079) | - | - | - | (172,006) |
| Cláracha coimisiúnaithe | - | (37,056) | (38) | (475) | - | - | - | (37,569) |
| Cláracha de dhéantús na hÉireann | - | (153,161) | (54,860) | (1,554) | - | - | - | (209,575) |
| Cláracha a ceannaíodh - in Éirinn | - | (3,551) | - | (96) | - | - | - | (3,647) |
| Cláracha a ceannaíodh - Thar Lear | - | (22,846) | - | (1,457) | - | - | - | (24,303) |
| | - | (179,558) | (54,860) | (3,107) | - | - | - | (237,525) |
| Gnáthchostais craolacháin, tarchurtha & aschuir eile | (8,069) | (4,301) | - | (41,546) | (17,254) | (107) | 620 | (70,657) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | - | - | - | (13,698) | - | (3,101) | 16,799 | - |
| Costais díolacháin | (8,165) | - | - | - | - | - | 170 | (7,995) |
| | **(16,234)** | **(183,859)** | **(54,860)** | **(58,351)** | **(17,254)** | **(3,208)** | **17,589** | **(316,177)** |
| **Ioncam agus costais neamh-leithdháilte** | | | | | | | | |
| Ceannáras na Corparáide | - | - | - | - | - | (5,010) | - | (5,010) |
| Bainteach le DTT | - | - | - | - | - | (895) | 352 | (543) |
| Ús iníoctha | - | - | - | - | (698) | (279) | 8 | (969) |
| Shócmhainní a dhiúscairt | - | - | 1 | - | (14) | 5 | - | (8) |
| **Barrachas/(Easnamh) Rannán** | **104,989** | **(63,332)** | **(20,584)** | **(20,859)** | **8,526** | **(839)** | **534** | **8,435** |
| Glan ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | 1,366 | - | 1,366 |
| **Barrachas/(Easnamh) roimh cháin ioncaim** | **104,989** | **(63,332)** | **(20,584)** | **(20,859)** | **8,526** | **527** | **534** | **9,801** |
| Cáin ioncaim | | | | | | | | (1,863) |
| **Barrachas don bhliain** | | | | | | | | **7,938** |

* Ioncam agus costais neamhthuilleamaí i measc chuideachtaí an Ghrúpa a chur as an áireamh.

** Áirítear ar chostais de réir chatagóir aschuir dímheas, amúchadh agus glan-mhaoiniú (costais)/ioncam agus ní áirítear costais oibriúcháin Cheanncheathrú na Corparáide.

**Nochtadh Rannóige Breise**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam tráchtála: | | | | | | | | |
| Custaiméirí seachtracha | 120,683 | 444 | - | - | 9,657 | 3,735 | - | 134,519 |
| Ioncam ó ranna oibriúcháin eile | 540 | - | - | - | 16,835 | 40 | (17,415) | - |
| | 121,223 | 444 | - | - | 26,492 | 3,775 | (17,415) | 134,519 |

Baineann €199 milliún d'ioncaim iomlán an Ghrúpa le haon chustaiméir amháin de chuid na ranna tuairiscithe go léir.

Ar na míreanna a bhaineann le hábhar ach nach airgead tirim a thugtar san áireamh le costais intuairiscithe na rannóige, tá said seo a leanas:

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dímheas agus amúchadh | 558 | 4,072 | 2,077 | 1,465 | 5,693 | 244 | (566) | 13,543 |
| Difríocht idir muirear pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | 61 | 464 | 214 | 110 | 45 | 9 | - | 903 |

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Eolas Rannóige (ar lean)

**d) Ioncaim, costais agus barrachas/(easnamh) de réir an Rannáin (oibríochtaí leanúnacha), ag teacht le struchtúr eagrúcháin RTÉ, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019**

| | MÍREANNA INTUAIRISCITHE | | | | | EILE | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Tráchtáil Rannán €'000 | Ábhar Rannán €'000 | Nuacht & Cúrsaí Reatha Rannán €'000 | ACM Rannán €'000 | Líonra Rannán €'000 | Gach Eile Míreanna €'000 | Comhdhlúthú Coigeartuithe* €'000 | Grúpa Iomlán €'000 |
| **Ioncam** | | | | | | | | |
| Ioncam ó fhógraíocht | 101,404 | - | - | - | - | - | (723) | 100,681 |
| Ioncam Urraíochta | 11,738 | - | - | - | - | - | - | 11,738 |
| Ioncam ó shaoráidí | 2,987 | - | - | - | - | 22 | (148) | 2,861 |
| Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí | 5,701 | - | - | - | - | - | - | 5,701 |
| Ioncam ó tharchur, crann agus túir | - | - | - | - | 27,283 | - | (17,567) | 9,716 |
| Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus díolacháin ghaolmhara | 10,722 | 466 | - | - | - | - | - | 11,188 |
| Ioncam tráchtála eile | 33 | - | - | - | - | 3,959 | (40) | 3,952 |
| Ioncam tráchtála | 132,585 | 466 | - | - | 27,283 | 3,981 | (18,478) | 145,837 |
| Dáileadh ioncam ón táille cheadúnais | - | 124,746 | 30,440 | 35,148 | - | 5,914 | - | 196,248 |
| | **132,585** | **125,212** | **30,440** | **35,148** | **27,283** | **9,895** | **(18,478)** | **342,085** |
| **Costais de réir chatagóir aschuir**** | | | | | | | | |
| Costais chláracha agus aischuir - de réir foinse | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | - | (137,560) | (53,296) | (415) | - | - | 504 | (190,767) |
| Cláracha coimisiúnaithe | - | (43,222) | (55) | (1,100) | - | - | - | (44,377) |
| Cláracha de dhéantús na hÉireann | - | (180,782) | (53,351) | (1,515) | - | - | 504 | (235,144) |
| Cláracha a ceannaíodh - in Éirinn | - | (3,201) | - | (143) | - | - | - | (3,344) |
| Cláracha a ceannaíodh - Thar Lear | - | (22,214) | - | (1,158) | - | - | - | (23,372) |
| | - | (206,197) | (53,351) | (2,816) | - | - | 504 | (261,860) |
| Gnáthchostais craolacháin, tarchurtha & aschuir eile | (8,127) | (4,525) | - | (43,010) | (19,089) | (385) | 806 | (74,330) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | - | - | - | (14,119) | - | (2,944) | 17,063 | - |
| Costais díolacháin | (9,062) | - | - | - | - | - | 64 | (8,998) |
| | **(17,189)** | **(210,722)** | **(53,351)** | **(59,945)** | **(19,089)** | **(3,329)** | **18,437** | **(345,188)** |
| **Ioncam agus costais eile** | | | | | | | | |
| Ceanncháras na Corparáide | - | - | - | - | - | (5,581) | 2 | (5,579) |
| Cúrsaí DTT | - | - | - | - | - | (1,279) | 571 | (708) |
| Ús iníoctha | - | - | - | - | (691) | (355) | 8 | (1,038) |
| Shócmhainní a dhiúscairt | - | 19 | - | - | (17) | 286 | - | 288 |
| **Barrachas/(Easnamh) Rannán** | **115,396** | **(85,491)** | **(22,911)** | **(24,797)** | **7,486** | **(363)** | **540** | **(10,140)** |
| Glan ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | 994 | - | 994 |
| Míreanna Eisceachtúla | - | - | - | - | - | 256 | - | 256 |
| **Barrachas/(Easnamh) roimh cháin ioncaim** | **115,396** | **(85,491)** | **(22,911)** | **(24,797)** | **7,486** | **887** | **540** | **(8,890)** |
| Cáin ioncaim | | | | | | | | 1,689 |
| **Easnamh don bhliain** | | | | | | | | **(7,201)** |

* Ioncam agus costais neamhthuilleamaí i measc chuideachtaí an Ghrúpa a chur as an áireamh.

** Áirítear ar chostais de réir chatagóir aschuir dímheas, amúchadh agus glan-mhaoiniú (costais)/ioncam agus ní áirítear costais oibriúcháin Cheanncheathrú na Corparáide.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Nochtadh Rannóige Breise** | | | | | | | | |
| Ioncam tráchtála: | | | | | | | | |
| Custaiméirí seachtracha | 131,713 | 466 | - | - | 9,716 | 3,941 | - | 145,837 |
| Ioncam ó ranna oibriúcháin eile | 872 | - | - | - | 17,567 | 40 | (18,478) | - |
| | 132,585 | 466 | - | - | 27,283 | 3,981 | (18,478) | 145,837 |

Baineann €200 milliún d'ioncaim iomlán an Ghrúpa le haon chustaiméir amháin de chuid na ranna tuairiscithe go léir.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar na míreanna a bhaineann le hábhar ach nach airgead tirim a thugtar san áireamh le costais intuairiscithe na rannóige, tá said seo a leanas: | | | | | | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 233 | 4,093 | 1,331 | 1,441 | 6,914 | 363 | (572) | 13,803 |
| Difríocht idir muirear pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | 44 | 469 | 214 | 102 | - | 10 | - | 839 |

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Eolas Rannóige (ar lean)

**(e) Anailís ar ioncaim, costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020**

| | RTÉ One €'000 | RTÉ2 €'000 | RTÉ Radio 1 €'000 | RTÉ 2fm €'000 | RTÉ lyric fm €'000 | RTÉ RnaG €'000 | Tacaíocht TG4 €'000 | RTÉ Ceolfhoirne €'000 | Cúrsaí Corparáide Corparáide €'000 | DTT DTT €'000 | Ar Líne Seirbhísí €'000 | Eile Cainéil €'000 | Eile €'000 | Comhdhlúthú Coigeartuithe €'000 | Grúpa Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Costais chláracha a dhéantar in Éirinn | | | | | | | | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | (73,165) | (24,406) | (26,844) | (5,001) | (3,770) | (9,765) | (5,496) | (11,701) | - | - | (11,065) | (793) | - | - | (172,006) |
| Cláracha coimisiúnaithe | (25,539) | (6,959) | (1,037) | (21) | (110) | (106) | (1,908) | - | - | - | (542) | (1,347) | - | - | (37,569) |
| | **(98,704)** | **(31,365)** | **(27,881)** | **(5,022)** | **(3,880)** | **(9,871)** | **(7,404)** | **(11,701)** | **-** | **-** | **(11,607)** | **(2,140)** | **-** | **-** | **(209,575)** |
| **Costais chláracha - de réir seánra** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Na hEalaíona | (887) | - | (1,887) | - | (141) | (44) | - | - | - | - | - | - | - | - | (2,959) |
| Reiligiún | (2,420) | - | (180) | - | - | (145) | - | - | - | - | - | - | - | - | (2,745) |
| Fíorasach eile | (25,037) | (3,020) | (2,924) | (23) | (168) | (1,371) | (179) | - | - | - | (488) | - | - | - | (33,210) |
| Fíorasach | (28,344) | (3,020) | (4,991) | (23) | (309) | (1,560) | (179) | - | - | - | (488) | - | - | - | (38,914) |
| Drámaíocht | (15,918) | (133) | (614) | - | - | (7) | (360) | - | - | - | (38) | - | - | - | (17,070) |
| Siamsaíocht | (18,672) | (326) | (2,685) | (2,506) | (419) | (509) | (1,619) | - | - | - | (2,392) | - | - | - | (29,128) |
| Ceol | (407) | (315) | (1,412) | (1,427) | (2,685) | (1,713) | (233) | (11,701) | - | - | - | (793) | - | - | (20,686) |
| Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir | (34,186) | (22) | (14,930) | (630) | (429) | (4,783) | (4,954) | - | - | - | (7,230) | - | - | - | (67,164) |
| Spórt | (1,088) | (23,787) | (3,249) | (436) | - | (1,088) | (30) | - | - | - | (1,459) | - | - | - | (31,137) |
| Cláracha do Dhaoine Óga | (89) | (3,762) | - | - | (38) | (211) | (29) | - | - | - | - | (1,347) | - | - | (5,476) |
| Cláracha de dhéantús na hÉireann | **(98,704)** | **(31,365)** | **(27,881)** | **(5,022)** | **(3,880)** | **(9,871)** | **(7,404)** | **(11,701)** | **-** | **-** | **(11,607)** | **(2,140)** | **-** | **-** | **(209,575)** |
| Cláracha faighte | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Éire | (2,934) | (595) | - | - | - | - | - | - | - | - | (96) | (22) | - | - | (3,647) |
| - Thar lear | (13,166) | (9,262) | - | - | - | - | - | - | - | - | (1,456) | (419) | - | - | (24,303) |
| Gnáthchostais craolacháin, tarchurtha agus aschuir eile | (12,078) | (8,340) | (5,430) | (4,175) | (561) | (521) | (15) | (154) | (5,010) | (895) | (9,235) | (1,071) | (3,698) | 406 | (50,777) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | (2,177) | (2,114) | (1,938) | (1,056) | (1,068) | (1,056) | - | - | - | - | - | (4,289) | - | - | (13,698) |
| Glan Ús iníoctha | - | - | - | - | - | - | - | - | (279) | - | - | - | - | - | (279) |
| Glan ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | - | - | - | 1,366 | - | - | - | - | - | 1,366 |
| **Costas Comhlán Ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Poiblí** | **(129,059)** | **(51,676)** | **(35,249)** | **(10,253)** | **(5,509)** | **(11,448)** | **(7,419)** | **(11,855)** | **(3,923)** | **(895)** | **(22,394)** | **(7,941)** | **(3,698)** | **406** | **(300,913)** |
| **Barrachas ar Ghníomhaíochtaí Tráchtála** | **57,526** | **13,900** | **14,757** | **6,092** | **419** | **-** | **-** | **619** | **46** | **-** | **6,987** | **-** | **13,617** | **128** | **114,091** |
| **Dáileadh ar Ranníoc ó Ghníomhaíochtaí Seirbhíse Neamhphoiblí nach mBaineann go Sonrach le Cainéal** | **7,068** | **2,830** | **1,931** | **562** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **1,226** | **-** | **(13,617)** | **-** | **-** |
| **Glanchostas Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí roimh Dháileadh ar Mhaoiniú Poiblí** | (64,465) | (34,946) | (18,561) | (3,599) | (5,090) | (11,448) | (7,419) | (11,236) | (3,877) | (895) | (14,181) | (7,941) | (3,698) | 534 | (186,822) |
| **Maoiniú Poiblí** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Dáileadh ioncam ón táille cheadúnais | 68,869 | 37,330 | 19,828 | 3,845 | 5,090 | 11,448 | 7,419 | 11,236 | 3,877 | 895 | 15,147 | 7,941 | 3,698 | - | 196,623 |
| **Barrachas roimh cháin ioncaim** | **4,404** | **2,384** | **1,267** | **246** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **966** | **-** | **-** | **534** | **9,801** |
| Cáin ioncaim | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | (1,863) | - | (1,863) |
| **Barrachas don bhliain** | **4,404** | **2,384** | **1,267** | **246** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **966** | **-** | **(1,863)** | **534** | **7,938** |

Áirítear ar ioncam tráchtála seachtrach €1.3 milliún ó dhíolachán lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, ioncam a rinneadh go príomha sa RA. Tá €0.5 milliún atá lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann san áireamh sna sócmhainní iomlána in 2020 (2019: €0.6 million).

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Eolas Rannóige (ar lean)

### (e) Anailís ar ioncaim, costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | RTÉ One €'000 | RTÉ2 €'000 | RTÉ Radio 1 €'000 | RTÉ 2fm €'000 | RTÉ lyric fm €'000 | RTÉ RnaG €'000 | Tacaíocht TG4 €'000 | RTÉ Ceolfhoirne €'000 | Cúrsaí Corparáide Corparáide €'000 | Maidir le DTT €'000 | Ar Líne Seirbhísí €'000 | Eile Cainéil €'000 | Eile €'000 | Comhdhlúthú Coigeartuithe €'000 | Grúpa Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Costais chláracha a dhéantar in Éirinn | | | | | | | | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | (76,707) | (36,055) | (27,570) | (5,190) | (4,686) | (9,998) | (5,542) | (15,403) | - | - | (9,177) | (943) | - | 504 | (190,767) |
| Cláracha coimisiúnaithe | (29,095) | (8,423) | (1,014) | (30) | (123) | (76) | (2,056) | - | - | - | (1,302) | (2,258) | - | - | (44,377) |
| | (105,802) | (44,478) | (28,584) | (5,220) | (4,809) | (10,074) | (7,598) | (15,403) | - | - | (10,479) | (3,201) | - | 504 | (235,144) |
| **Costais chláracha - de réir seánra** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Na hEalaíona | (889) | - | (1,797) | - | (236) | (60) | - | - | - | - | - | - | - | - | (2,982) |
| Reiligiún | (2,418) | - | (153) | - | - | (145) | - | - | - | - | - | - | - | 1 | (2,715) |
| Fíorasach eile | (23,014) | (5,670) | (2,952) | - | (198) | (1,384) | (178) | - | - | - | (946) | - | - | 52 | (34,290) |
| Fíorasach | (26,321) | (5,670) | (4,902) | - | (434) | (1,589) | (178) | - | - | - | (946) | - | - | 53 | (39,987) |
| Drámaíocht | (22,491) | (189) | (615) | - | - | (3) | (274) | - | - | - | (132) | - | - | - | (23,704) |
| Siamsaíocht | (20,959) | (754) | (3,265) | (2,815) | (444) | (502) | (1,983) | - | - | - | (2,033) | - | - | 4 | (32,751) |
| Ceol | (940) | (412) | (1,481) | (1,318) | (3,210) | (1,808) | - | (15,403) | - | - | - | (943) | - | 20 | (25,495) |
| Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir | (33,585) | (44) | (14,911) | (634) | (660) | (4,762) | (5,037) | - | - | - | (6,072) | - | - | 407 | (65,298) |
| Spórt | (1,304) | (35,413) | (3,410) | (453) | - | (1,194) | (73) | - | - | - | (1,296) | - | - | 19 | (43,124) |
| Cláracha do Dhaoine Óga | (202) | (1,996) | - | - | (61) | (216) | (53) | - | - | - | - | (2,258) | - | 1 | (4,785) |
| Cláracha de dhéantús na hÉireann | (105,802) | (44,478) | (28,584) | (5,220) | (4,809) | (10,074) | (7,598) | (15,403) | - | - | (10,479) | (3,201) | - | 504 | (235,144) |
| Cláracha faighte | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Éire | (1,985) | (1,152) | - | - | - | - | - | - | - | - | (143) | (64) | - | - | (3,344) |
| - Thar lear | (12,797) | (8,932) | - | - | - | - | - | - | - | - | (1,158) | (485) | - | - | (23,372) |
| Gnáthchostais craolacháin, tarchurtha agus aschuir eile | (12,826) | (9,385) | (5,206) | (4,211) | (597) | (549) | (16) | (354) | (5,583) | (1,279) | (8,686) | (1,114) | (3,924) | 655 | (53,075) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | (2,207) | (2,229) | (1,970) | (1,101) | (1,113) | (1,101) | - | - | - | - | - | (4,398) | - | - | (14,119) |
| Glan Ús iníoctha | - | - | - | - | - | - | - | - | (355) | - | - | - | - | - | (355) |
| Glan ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | - | - | - | 994 | - | - | - | - | - | 994 |
| **Costas Comhlán Ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Poiblí** | **(135,617)** | **(66,176)** | **(35,760)** | **(10,532)** | **(6,519)** | **(11,724)** | **(7,614)** | **(15,757)** | **(4,944)** | **(1,279)** | **(20,466)** | **(9,262)** | **(3,924)** | **1,159** | **(328,415)** |
| **Barrachas ar Ghníomhaíochtaí Tráchtála** | **56,450** | **21,264** | **14,631** | **6,328** | **553** | **-** | **-** | **2,863** | **308** | **-** | **6,784** | **-** | **14,459** | **(619)** | **123,021** |
| **Dáileadh ar Ranníoc ó Ghníomhaíochtaí Seirbhíse Neamhphoiblí nach mBaineann go Sonrach le Cainéal** | **7,303** | **3,563** | **1,925** | **567** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **1,102** | **-** | **(14,460)** | **-** | **-** |
| **Glanchostas Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí roimh Dháileadh ar Mhaoiniú Poiblí** | (71,864) | (41,349) | (19,204) | (3,637) | (5,966) | (11,724) | (7,614) | (12,894) | (4,636) | (1,279) | (12,580) | (9,262) | (3,925) | 540 | (205,394) |
| **Maoiniú Poiblí** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Dáileadh ioncam ón táille cheadúnais | 67,181 | 38,654 | 17,952 | 3,400 | 5,966 | 11,724 | 7,614 | 12,894 | 4,636 | 1,279 | 11,761 | 9,262 | 3,925 | - | 196,248 |
| Míreanna eisceachtúla | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 256 | - | 256 |
| **(Easnamh)/Barrachas roimh Cháin Ioncaim** | **(4,683)** | **(2,695)** | **(1,252)** | **(237)** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **(819)** | **-** | **256** | **540** | **(8,890)** |
| Cáin ioncaim | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1,689 | - | 1,689 |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain** | **(4,683)** | **(2,695)** | **(1,252)** | **(237)** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **(819)** | **-** | **1,945** | **540** | **(7,201)** |

Áirítear ar ioncam tráchtála seachtrach €2.0 milliún ó dhíolachán lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, ioncam a rinneadh go príomha sa RA. Tá €0.6 milliún atá lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann san áireamh sna sócmhainní iomlána in 2019 (2018: €0.1milliún), is mar gheall, den chuid is mó, gur glacadh le IFRS 16 *Léasanna* an t-ardú sin.

# Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa
## (ar lean)

### 2. Príomhghníomhaíochtaí agus Eolas Rannóige (ar lean)

**(f) Anailís ar tháillí líonra maidir le seirbhísí uile RTÉ**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| RTÉ One | **2,177** | 2,433 |
| RTÉ2 | **2,114** | 2,229 |
| RTÉ Radio 1 | **1,938** | 2,038 |
| RTÉ 2fm | **1,056** | 1,113 |
| RTÉ lyric fm | **1,068** | 1,122 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | **1,056** | 1,191 |
| Eile | **4,289** | 4,485 |
| | **13,698** | 14,611 |

### 3. Costais oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh agus gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt)

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Costais maidir le Fostaithe (nóta 7) | **149,795** | 145,467 |
| Costais eile a bhaineann le pearsanra (conraitheoirí san áireamh) | **22,954** | 30,317 |
| Costais Oibríochta a bhaineann le Pearsanra | **172,749** | 175,784 |
| | | |
| Costais na gclár coimisiúnaithe go díreach | **34,319** | 40,727 |
| Costais na gclár ceannaithe go díreach | **27,723** | 27,427 |
| Cóipcheart maidir le spóirt agus cúrsaí eile | **12,768** | 21,391 |
| Conarthaí maidir le craoladh seachtrach | **3,755** | 5,945 |
| Ciorcaid chumarsáide | **2,318** | 3,162 |
| Priontáil an RTÉ Guide agus costais a bhaineann leis sin | **992** | 1,199 |
| Leictreachas don líonra | **1,945** | 2,346 |
| Ceadúnais cheoil | **7,368** | 8,131 |
| Polasaithe árachais | **1,692** | 1,722 |
| Taisteal agus Cothabháil na foirne | **1,745** | 2,874 |
| Costais eile tríú páirtí | **40,317** | 47,065 |
| Costais Oibriúcháin nach mbaineann le pearsanra roimh dhímheas agus amúchadh | **134,942** | 161,989 |
| **Iomlán na gCostas Oibriúcháin (roimh dhímheas agus amúchadh agus mhíreanna eisceachtúla)** | **307,691** | 337,773 |

## 4. (Ioncam)/Caiteachas Airgeadas

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Infheistíocht i gComhfhiontar | **(237)** | (289) |
| Ioncam Airgeadais | **(237)** | (289) |
| Ioncam ó ús maidir le sócmhainní scéime (nóta 21) | **(13,205)** | (18,978) |
| Costas úis maidir le dliteanais scéime (nóta 21) | **11,839** | 17,984 |
| Glan ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | **(1,366)** | (994) |
| **Ioncam ó ghnóthaí airgeadais a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim** | **(1,603)** | (1,283) |
| Ús agus costais airgeadais maidir le hiasachtaí | **819** | 800 |
| Costas úis ar shuimeanna taisce sa bhanc | **29** | - |
| Muirear airgeadais - léasú | **50** | 60 |
| Fálú ar an sreabhadh airgid - athrangaithe ó Ioncam Cuimsitheach Eile | **-** | 104 |
| Díchornadh lascaine ar chostais athstruchtúraithe | **71** | 74 |
| Caillteanais, arna lua ag luach cóir, ar ionstraimí airgeadais díorthaigh nach sonraítear mar fhálúchán maidir le sreabhadh airgid | **733** | 188 |
| **Costas Airgeadais a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim** | **1,702** | 1,226 |

## 5. Barrachas/(Easnamh) roimh Cháin Ioncaim

Tagann an t-ioncam ó tháille an cheadúnais teilifíse a fhaigheann RTÉ trí "dheontas i gcabhair" faoi réir ag cáin chorparáide le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Tá caillteanas trádála a thugtar ar aghaidh chun críche cánach is ionann is €651 milliún ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2020. Mar gheall ar an éiginnteacht a bhaineann leis an tráth a mbainfí leas dáiríre as na caillteanais seo níor aithníodh ach sócmhainn chánach iarchurtha €13.801 milliún.

## 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ)

**(a) Forléargas ar chúrsaí bainistíochta maidir le riosca airgeadais**

***(i) Timpeallacht riosca***

Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca maidir le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin.

Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord RTÉ as creat oibre bainistíochta an Ghrúpa maidir le cúrsaí riosca a chur ar bun agus maoirseacht a dhéanamh ina leith agus tá polasaithe ceadaithe ag an mBord maidir leis na réimsí is mó a mbeadh baol ag baint leo maidir le riosca airgeadais don Ghrúpa. Rannóg Cistíochta an Ghrúpa atá freagrach as an mbainistíocht maidir leis na bearta cistíochta uile, agus sin de réir na bpolasaithe cistíochta, an bhainistíocht maidir le hairgead tirim, riosca maidir le malairt eachtrach agus riosca maidir le creidmheas chontrapháirtithe san áireamh.

Is in Éirinn a dhéantar an chuid is mó de ghnó RTÉ. Dá bhrí sin, is in airgeadra an euro den chuid is mó a ainmnítear an sreabhadh airgid oibriúcháin agus infheistíochta. Is maidir le híocaíocht ar chláracha ceannaithe a ainmnítear in airgeadra dollar Stáit Aontaithe Mheiriceá nó sterling is mó a thagann baol maidir le hairgeadra eachtrach i gceist. Tá de pholasaí ag RTÉ fálú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ag tús na bliana airgeadais ar mhórchuid na bpríomhshuimeanna geallta in airgeadra eachtrach trí réamhchonarthaí in airgeadra dollar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sterling a cheangal. Bíonn dáta aibíochta is lú ná 16 mí ón 31 Nollaig 2020 le gach réamhchonradh i malairt eachtrach. Ní dhéantar na réamhchonarthaí seo i malairt eachtrach a lua le ceangal fálúcháin go sonrach ó thaobh na cuntasaíochta de ach feictear ina dhiaidh sin féin gur fálú eacnamaíochta dáiríre atá i gceist leo.

Déantar dí-ainmniú ar ionstraimí airgeadais tráth na socraíochta nó an díolacháin.

## 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

***(ii) Rangú na n-ionstraimí airgeadais***

Déantar na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais airgeadais ar fad, taobh amuigh de na bearta soláthair agus dliteanais a bhaineann le fostaithe, a lua ar an gcostas amúchta, ach amháin na sócmhainní díorthaigh/(dliteanais díorthaigh) a rangaítear mar seo a leanas:

| GRÚPA | Ionstraimí airgeadais díorthaigh arna lua ar an luach cóir trí Ráiteas Ioncaim | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh a ndéantar fálú ina leith | | Sócmhainní/(dliteanais) arna lua ar an gcostas amúchta | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **-** | - | **-** | - | **582** | 346 | **582** | 346 |
| **Iomlán Sócmhainní Airgeadais Neamhreatha** | **-** | - | **-** | - | **582** | 346 | **582** | 346 |
| **Sócmhainní Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **45,077** | 40,515 | **45,077** | 40,515 |
| Infheistíochtaí leachtacha | **-** | - | **-** | - | **10,000** | 29,000 | **10,000** | 29,000 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **-** | - | **77,165** | 40,149 | **77,165** | 40,149 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **3** | 326 | **-** | - | **-** | - | **3** | 326 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Reatha** | **3** | 326 | **-** | - | **132,242** | 109,664 | **132,245** | 109,990 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais** | **3** | 326 | **-** | - | **132,824** | 110,010 | **132,827** | 110,336 |
| **Dliteanais Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **-** | - | **(65,000)** | (60,000) | **(65,000)** | (60,000) |
| Sochair fhostaithe | **-** | - | **-** | - | **(8,852)** | (11,557) | **(8,852)** | (11,557) |
| Deontais chaipitil | **-** | - | **-** | - | **(4,408)** | (4,518) | **(4,408)** | (4,518) |
| Dliteanas Léasa | **-** | - | **-** | - | **(1,972)** | (2,688) | **(1,972)** | (2,688) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **(4,560)** | (2,533) | **(4,560)** | (2,533) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **(79)** | (10) | **-** | - | **-** | - | **(79)** | (10) |
| **Dliteanais Neamh-Reatha Iomlána** | **(79)** | (10) | **-** | - | **(84,792)** | (81,296) | **(84,871)** | (81,306) |
| **Dliteanais Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **(77,038)** | (85,230) | **(77,038)** | (85,230) |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| Sochair fhostaithe | **-** | - | **-** | - | **(20,473)** | (10,655) | **(20,473)** | (10,655) |
| Deontais chaipitil | **-** | - | **-** | - | **(403)** | (3,386) | **(403)** | (3,386) |
| Dliteanas Léasa | **-** | - | **-** | - | **(467)** | (436) | **(467)** | (436) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **(341)** | - | **-** | - | **-** | - | **(341)** | - |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais Reatha** | **(341)** | - | **-** | - | **(98,381)** | (99,707) | **(98,722)** | (99,707) |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais** | **(420)** | (10) | **-** | - | **(183,173)** | (181,003) | **(183,593)** | (181,013) |

## 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

| RTÉ | Ionstraimí airgeadais díorthaigh arna lua ar an luach cóir trí Ráiteas Ioncaim | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh a ndéantar fálú ina leith | | Sócmhainní/(dliteanais) arna lua ar an gcostas amúchta | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
| **Sócmhainní Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | - | - | - | - | **39,227** | 33,674 | **39,227** | 33,674 |
| Infheistíochtaí leachtacha | - | - | - | - | **10,000** | 29,000 | **10,000** | 29,000 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | - | - | - | - | **64,487** | 33,194 | **64,487** | 33,194 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **3** | 326 | - | - | - | - | **3** | 326 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Reatha** | **3** | 326 | - | - | **113,714** | 95,868 | **113,717** | 96,194 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais** | **3** | 326 | - | - | **113,714** | 95,868 | **113,717** | 96,194 |
| **Dliteanais Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | - | - | - | - | **(10,000)** | (5,000) | **(10,000)** | (5,000) |
| Sochair fhostaithe | - | - | - | - | **(8,679)** | (11,413) | **(8,679)** | (11,413) |
| Dliteanas Léasa | - | - | - | - | **(657)** | (1,146) | **(657)** | (1,146) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | - | - | - | - | **(4,560)** | (2,533) | **(4,560)** | (2,533) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **(79)** | (10) | - | - | - | - | **(79)** | (10) |
| **Dliteanais Neamh-Reatha Iomlána** | **(79)** | (10) | - | - | **(23,896)** | (20,092) | **(23,975)** | (20,102) |
| **Dliteanais Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | - | - | - | - | **(257,695)** | (261,200) | **(257,695)** | (261,200) |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Sochair fhostaithe | - | - | - | - | **(20,404)** | (10,613) | **(20,404)** | (10,613) |
| Dliteanas Léasa | - | - | - | - | **(241)** | (214) | **(241)** | (214) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **(341)** | - | - | - | - | - | **(341)** | - |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais Reatha** | **(341)** | - | - | - | **(278,340)** | (272,027) | **(278,681)** | (272,027) |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais** | **(420)** | (10) | - | - | **(302,236)** | (292,119) | **(302,656)** | (292,129) |

Is ionstraimí airgeadais a thomhaistear ar luach cóir tríd an mbarrachas nó tríd an easnamh iad na réamhchonarthaí i malairt eachtrach.

### 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(b) Riosca Creidmheasa**

***Forléargas***

Is ionann riosca creidmheasa agus an baol go dtarlódh caillteanas airgeadais don Ghrúpa sa chás go mainneodh custaiméir nó frithpháirtí le hionstraim airgeadais déanamh de réir choinníollacha conartha.

Is ionann an tsuim a thugtar anonn maidir le sócmhainní airgeadais agus an tsuim uasta a mbeifí i mbaol a chaillte maidir le nochtadh do riosca creidmheasa. Seo a leanas an tsuim uasta maidir le nochtadh do riosca creidmheasa ar an dáta tuairiscithe:

| | | Suim carraeireachta Grúpa | | Suim carraeireachta RTÉ | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Nithe infhaighte trádála | 12 | **45,038** | 40,252 | **39,189** | 33,410 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 13 | **10,000** | 29,000 | **10,000** | 29,000 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 14 | **77,165** | 40,149 | **64,487** | 33,194 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | **3** | 326 | **3** | 326 |
| | | **132,206** | 109,727 | **113,679** | 95,930 |

Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa a bhaineann lena sócmhainní airgeadais mar a leagtar amach thíos.

**Riosca Creidmheasa maidir leis an Státchiste**

Tá nochtadh i gceist don Ghrúpa maidir le riosca creidmheasa maidir leis na frithpháirtithe lena bhfuil cuntais bhainc ag an nGrúpa agus lena ndéantar idirbheartaíocht ar na margaí airgeadais. Tá na hinfheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, agus ionstraimí airgeadais díorthaigh i seilbh contrapháirtithe airgeadais a bhfuil rátáil creidmheasa íosta de BBB+ acu de réir rátáil Standard & Poors.

Is cistí na hinfheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá infheistithe le hinstitiúidí airgeadais in Éirinn a thagann faoi Scéim Ráthaíochta Bainc Rialtas na hÉireann agus uasteorainn leis na méid a choinnítear le banc nó institiúid amháin tráth ar bith. Le hinstitiúidí de chuid na hÉireann agus de chuid na Ríochta Aontaithe atá ionstraimí airgeadais díorthaigh agus níor tharla aon chaillteanas don Ghrúpa mar gheall ar mhainneachtain fhrithpháirtithe den sórt sin a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

**Riosca Creidmheasa maidir le custaiméirí**

Tá árachas creidmheasa ag an nGrúpa agus socraítear teorainneacha creidmheasa do na custaiméirí ar fad. I bhfianaise chineál mhargadh na fógraíochta agus margaí eile ina mbíonn RTÉ ag feidhmiú, bhí nochtadh suntasach i gceist do RTÉ maidir le gníomhaireachtaí fógraíochta faoi leith agus custaiméirí eile i rith na bliana. Tá de pholasaí ag RTÉ teorainneacha a leagan síos maidir leis an tsuim chomhthiomsaithe dá mbeadh nochtadh maidir le gach custaiméir faoi leith. Bíonn an nochtadh sin agus na huasteorainneacha a ghabhann leis faoi réir ag athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach.

Ba ionann an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscithe íochta de réir réigiúin tíreolaíochta:

| | Suim carraeireachta Grúpa | | Suim carraeireachta RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Éire | **43,357** | 38,120 | **37,728** | 32,022 |
| An Ríocht Aontaithe | **1,587** | 2,062 | **1,458** | 1,280 |
| Réigiúin eile | **94** | 70 | **3** | 108 |
| Nithe infhaighte trádála | **45,038** | 40,252 | **39,189** | 33,410 |

## 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Ba ionann an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscithe de réir chineál an chustaiméara:

| | Suim carraeireachta Grúpa | | Suim carraeireachta RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Féichiúnaithe neamhghníomhaireachta | **10,381** | 13,526 | **5,803** | 7,975 |
| Féichiúnaithe eile - gníomhaireachta | **34,657** | 26,726 | **33,386** | 25,435 |
| Nithe infhaighte trádála | **45,038** | 40,252 | **39,189** | 33,410 |

Is ionann féichiúnaí gníomhaireachta agus gníomhaire nó gníomhaireacht fógraíochta, eadhon, duine, comhlacht nó cuideachta a roghnaíonn nó a chuireann spás fógraíochta in áirithe thar ceann an fhógróra.

Is leis an bhféichiúnaí is mó atá ag an nGrúpa a bhaineann €5.03 milliún (11%) de luach na suime a thugtar anonn maidir le nithe infhaighte trádála amhail an 31 Nollaig 2020 (2019: €3.7 million).

Seo a leanas an ré a bhain le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscithe:

| | | Grúpa | | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Comhlán | Lagú | Glan | Comhlán | Lagú | Glan |
| | 2020 | 2020 | 2020 | 2020 | 2020 | 2020 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Níl dlite thar théarma | **19,119** | **-** | **19,119** | **17,794** | **-** | **17,794** |
| Dlite thar théarma 0-30 lá | **21,125** | **(258)** | **20,867** | **17,555** | **(33)** | **17,522** |
| Dlite thar théarma 31-120 lá | **4,783** | **(440)** | **4,343** | **3,758** | **(392)** | **3,366** |
| Níos mó ná 120 lá | **1,262** | **(553)** | **709** | **880** | **(373)** | **507** |
| | **46,289** | **(1,251)** | **45,038** | **39,987** | **(798)** | **39,189** |

| | | Grúpa | | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Comhlán | Lagú | Glan | Comhlán | Lagú | Glan |
| | 2019 | 2019 | 2019 | 2019 | 2019 | 2019 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Níl dlite thar théarma | 20,719 | - | 20,719 | 17,278 | - | 17,278 |
| Dlite thar théarma 0-30 lá | 16,750 | (531) | 16,219 | 13,591 | (288) | 13,303 |
| Dlite thar théarma 31-120 lá | 2,780 | (329) | 2,451 | 2,352 | (227) | 2,125 |
| Níos mó ná 120 lá | 1,254 | (391) | 863 | 986 | (282) | 704 |
| | 41,503 | (1,251) | 40,252 | 34,207 | (797) | 33,410 |

# Nótaí atá mar chuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa
## (ar lean)

### 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht maidir le soláthar do lagú maidir le Nithe Infhaighte Trádála i rith na bliana:

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | **1,251** | 1,435 | **798** | 842 |
| (Scaoilte)/soláthraíodh i rith na bliana | **-** | (40) | **-** | 100 |
| Díscríobh ar dhrochfhiacha i rith na bliain | **-** | (144) | **-** | (144) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **1,251** | 1,251 | **798** | 798 |

Ní mheastar go bhfuil aon nochtadh do riosca creidmheasa maidir le réamhíocaíochtaí.

**(c) Riosca Leachtachta**

Is ionann an riosca leachtachta agus an baol nach mbeidh an Grúpa in acmhainn dualgas airgeadais a shásamh de réir mar a bhíonn dlite. Is é cur chuige atá ag RTÉ maidir le bainistíocht ar chúrsaí leachtachta go gcinntítear oiread agus is féidir go mbíonn dóthain leachtachta ann chun dliteanais airgeadais a shásamh nuair a dhlitear sin, faoi ghnáthchúinsí oibre agus faoi chúinsí anáis, gan caillteanas doghlactha a thabhú ná dul i mbaol dochar do dhea-chlú an Ghrúpa.

Leagtar amach sna táblaí a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais, íocaíochtaí úis a ghabhann le hiasachtaí san áireamh chomh maith leis an sreabhadh glan airgid neamhlascainithe is féidir a chur i leith ionstraimí airgeadais díorthaigh.

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais:

| **31-Noll-20** | Suim ghlanluacha | Sreabhadh airgid chonarthaí | Laistigh de 1 bhliain | 1-2 bliana | 2-5 bliana | Níos mó ná 5 bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **65,000** | **68,538** | **782** | **2,265** | **22,952** | **42,539** |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **420** | **420** | **341** | **79** | **-** | **-** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **81,598** | **81,598** | **77,038** | **4,560** | **-** | **-** |
| Sochair fhostaithe | **29,325** | **29,345** | **20,473** | **2,648** | **2,839** | **3,385** |
| | **176,343** | **179,901** | **98,634** | **9,552** | **25,791** | **45,924** |

| **31-Noll-19** | Suim carraeireachta | Sreabhadh airgid chonarthaí | Laistigh de 1 bhliain | 1-2 bliana | 2-5 bliana | Níos mó ná 5 bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 60,000 | 63,924 | 702 | 692 | 14,480 | 48,050 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 10 | 10 | - | 10 | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 87,763 | 87,763 | 85,230 | 2,533 | - | - |
| Sochair fhostaithe | 22,212 | 22,303 | 10,655 | 7,803 | 1,040 | 2,805 |
| | 169,985 | 174,000 | 96,587 | 11,038 | 15,520 | 50,855 |

## 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais (gan dliteanais idirchuideachtaí a áireamh):

| 31-Noll-20<br>RTÉ | Suim ghlanluacha<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí<br>€'000 | Laistigh de 1 bhliain<br>€'000 | 1-2 bliana<br>€'000 | 2-5 bliana<br>€'000 | Níos mó ná 5 bliana<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **10,000** | **10,595** | **157** | **1,652** | **8,786** | **-** |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **420** | **420** | **341** | **79** | **-** | **-** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **262,255** | **262,255** | **257,695** | **4,560** | **-** | **-** |
| Sochair fhostaithe | **29,083** | **29,099** | **20,404** | **2,639** | **2,817** | **3,239** |
| | **301,758** | **302,369** | **278,597** | **8,929** | **11,603** | **3,239** |

| 31-Noll-19<br>RTÉ | Suim carraeireachta<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí<br>€'000 | Laistigh de 1 bhliain<br>€'000 | 1-2 bliana<br>€'000 | 2-5 bliana<br>€'000 | Níos mó ná 5 bliana<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 5,000 | 5,359 | 79 | 78 | 5,202 | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 10 | 10 | - | 10 | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 263,733 | 263,733 | 261,200 | 2,533 | - | - |
| Sochair fhostaithe | 22,026 | 22,113 | 10,613 | 7,794 | 1,013 | 2,693 |
| | 290,769 | 291,215 | 271,892 | 10,415 | 6,215 | 2,693 |

Mar a nochtadh i nóta 15, tá saoráid iasachta téarmaí agus áis creidmheasa imrothlaigh ag an nGrúpa le Banc na hÉireann chomh maith le háis iasachta tionscadail agus áis cumainn iasachtaí téarmaí le Barclays Bank PLC. Tá cúnaint iasachta ag an dá shaoráid sin agus má sháraítear iad amach anseo d'fhéadfadh go mbeadh ar an nGrúpa nó ar an gcuideachta na hiasachtaí a aisíoc níos luaithe ná mar a luaitear sna táblaí thuas. Léiríonn na híocaíochtaí úis sna táblaí thuas réamhrátaí úis an mhargaidh amhail an dáta tuairiscithe agus d'fhéadfadh athrú teacht ar na méideanna sin de réir mar a thagann athrú ar rátaí úis sa mhargadh. Seachas iasachtaí agus íosachtaíochtaí lena mbaineann ús, níltear ag súil go dtarlóidh an sreabhadh airgid a áirítear san anailís aibíochta thuas i bhfad níos luaithe nó ag méideanna mórán difriúla.

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí saoráid rótharraingthe €10 milliún ag RTÉ, nár tarraingíodh chomh maith le háis iasachta tearmaí €5 milliún, nár tarraingíodh, agus áis creidmheasa imrothlaigh €10 milliún, nár tarraingíodh.

**(d) Riosca airgeadra**

Is é an euro airgeadra feidhme eintitis uile an Ghrúpa. Mar gheall ar nádúr ghnéithe áirithe den ghnó, go háirithe cláracha teilifíse cheannaithe agus cearta ón iasacht, bíonn nochtadh ann i gcás RTÉ don toradh ar athruithe i rátaí malartaithe airgeadra eachtrach. Is iad dollar na Stát Aontaithe agus sterling na hairgeadraí a dtagann an riosca seo chun cinn maidir leo.

Réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach den chuid is mó a úsáideann an Grúpa chun fálúchán eacnamaíochta a dhéanamh ar an riosca airgeadra. Déantar athrú ar luach cóir réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach a lua sa Ráiteas Ioncaim. Amhail an 31 Nollaig 2020 ba ionann luach cóir na sócmhainne díorthaí gaolmhaire agus €3,000 agus ba ionann dliteanas díorthach agus €341,000 (2019: sócmhainn €326,000).

Déanann an Grúpa agus RTÉ ar a laghad 60% dá nochtadh airgeadra eachtrach buiséadaithe a fhálú maidir le cláracha teilifíse cheannaithe agus cearta ó thar lear.

Ní raibh aon sócmhainní ábhartha ag an nGrúpa ná ag an gCuideachta ainmnithe in airgeadra eachtrach amhail an 31 Nollaig 2020 ná 2019.

Ní raibh aon dliteanais airgeadais ag RTÉ ainmnithe in airgeadra eachtrach ach amháin iad sin a leagtar amach sna táblaí seo a leanas.

### 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**Briseadh síos ar shuimeanna iníoctha trádála de réir airgeadra**

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Euro | **4,950** | 6,390 |
| GBP | **80** | 116 |
| USD | **126** | 34 |
| Eile | **34** | 27 |
| | **5,190** | 6,567 |

**Briseadh síos ar shuimeanna iníoctha trádála de réir airgeadra**

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| **RTÉ** | | |
| Euro | **4,075** | 6,064 |
| GBP | **67** | 115 |
| USD | **126** | 34 |
| Eile | **34** | 26 |
| | **4,302** | 6,239 |

Bhí na rátaí malartaithe suntasacha seo i bhfeidhm i rith na bliana:

| | Meánráta | | Spot-ráta an Dáta Tuairiscithe | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| EUR €1 = USD $ | **1.1422** | 1.1195 | **1.2271** | 1.1234 |
| EUR €1 = GBP £ | **0.8897** | 0.8778 | **0.8990** | 0.8508 |

Sa bhainistíocht a dhéantar maidir le rioscaí airgeadra, féachann an Grúpa leis an tionchar ó athruithe gearrthéarmacha ar thuilleamh an Ghrúpa a mhaolú. Baineann an Grúpa úsáid as conarthaí réamhcheannacháin airgeadra eachtrach chun an luaineacht a eascraíonn as an nochtadh seo d'airgeadra eachtrach a laghdú. Mar thoradh air sin, maolaíonn an Grúpa an riosca suntasach ó ghluaiseachtaí i rátaí malairte eachtraigh.

**Grúpa**
Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €26,721 (31 Nollaig 2019: €19,515) ar Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtrach ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2020.

**RTÉ**
Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €25,215 (31 Nollaig 2019: €19,371) ar Ráiteas Ioncaim RTÉ ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtrach ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2020.

## 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(e) Riosca Ráta Úis**

Amhail an 31 Nollaig 2020 bhí iasachtaí iomlána €65.0 milliún ag an nGrúpa (2019: €60.0 million).

Ar an 6 Nollaig 2019, chuaigh RTÉ i mbun saoráid creidmheasa imrothlach le Banc na hÉireann dar luach €20 milliún chun críocha caipitil oibre. Áirítear sa chomhaontú saoráid creidmheasa imrothlaigh €10 milliún nach raibh tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2020 agus saoráid iasachta téarmaí €10 milliún a bhí tarraingthe go hiomlán amhail an 31 Nollaig 2020.

An 1 Feabhra 2019, chuaigh an Grúpa i mbun comhaontú do shaoráid iasachta do thionscadail, trína fhochuideachta 2rn, le Barclays Bank Ireland PLC agus Banc na hÉireann, i leith méid comhlán €60 milliún a raibh €55 milliún de tarraingthe amhail an 31 Nollaig 2020.

D'fhágfadh gluaiseacht 1% sa ráta úis tionchar chun sochair nó chun dochair ab ionann is €0.9 milliún ar an Ráiteas Ioncaim.

Ar an dáta tuairiscithe, bhí próifíl rátaí úis na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ mar seo a leanas:

| Grúpa | Suim carraeireachta 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Ionstraimí Ráta Seasta** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **38,000** | 29,000 |
| **Ionstraimí Ráta Inathraithe** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **49,165** | 40,149 |

| RTÉ | Suim carraeireachta 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Ionstraimí Ráta Seasta** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **38,000** | 29,000 |
| **Ionstraimí Ráta Inathraithe** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **36,487** | 33,194 |

D'fhágfadh gluaiseacht 1% maidir leis an ráta úis ar na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ toradh chun sochair nó chun dochair ar an Ráiteas Ioncaim ab ionann is €0.7 milliún (glan ar cháin).

## 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(f) Luachanna córa**

Taispeántar sa tábla seo a leanas luach cóir na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais, maille lena leibhéal san ordchóras maidir le luach cóir. Ní luaitear eolas maidir le luach cóir sócmhainní airgeadais ná dliteanas airgeadais nach ndéantar a mheas ar an luach cóir sa chás gur meastachán réasúnta ina leith sin an luach coinneála.

| Grúpa[1] | Suim Carraeireachta 2020 €'milliún | Luach cóir leibhéal 2 2020 €'milliún | Suim Carraeireachta 2019 €'milliún | Luach cóir leibhéal 2 2019 €'milliún |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | - | - | 0.3 | 0.3 |
| **Dliteanais airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **0.4** | **0.4** | - | - |
| **Dliteanais airgeadais nach meastar ar a luach cóir** | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **65.0** | **65.0** | 60.0 | 60.0 |

| RTÉ [1] | Suim Carraeireachta 2020 €'milliún | Luach cóir leibhéal 2 2020 €'milliún | Suim Carraeireachta 2019 €'milliún | Luach cóir leibhéal 2 2019 €'milliún |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | - | - | 0.3 | 0.3 |
| **Dliteanais airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **0.4** | **0.4** | - | - |
| **Dliteanais airgeadais nach meastar ar a luach cóir** | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **10.0** | **10.0** | 5.0 | 5.0 |

1 Ní dhearna an Grúpa ná RTÉ luach cóir a nochtadh maidir le hionstraimí airgeadais de leithéid suimeanna trádála infhála agus iníoctha ná sochair fhostaithe, ó tharla gur neastachán réasúnta ar an luach cóir an luach coinneála ina leith a fhoilsítear ar leathanaigh 138 agus 139.

Bhí an luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh bunaithe ar an ordlathas luachála cothroime. Rinneadh an luach cóir ar réamhchonarthaí i malartú eachtrach agus ar an mbabhtáil ráta úis a ríomh de réir an mhodh luachála seo a leanas:

Leibhéal 2: ionchuir, seachas na praghsanna gan choigeartú a luaitear ar mhargaí gníomhacha maidir le sócmhainní agus dliteanais den chineál céanna, is féidir a bhreathnú maidir leis an tsócmhainn nó an dliteanas, más go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthú ó phraghsanna).

Níor tháinig aon athrú i rith na tréimhse tuairiscithe seo ná an tréimhse roimhe seo ar an modh luachála maidir le Leibhéal 2 ná ar na hionstraimí a ndéantar luacháil orthu leis an modh oibre seo. Níor tharla aon aistriú idir leibhéil san ordlathas luach cóir.

## 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Léiríonn na táblaí seo a leanas na teicnící luachála a úsáideadh chun luachanna córa Leibhéal 2 a thomhas, chomh maith leis na hionchuir suntasacha neamh-inbhraite a úsáideadh.

**Ionstraimí airgeadais a thomhaistear ag luach cóir**

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir suntasacha neamh-inbhraite | Idirchaidreamh idir ionchuir suntasacha neamh-inbhraite agus tomhas ar luach cóir |
|---|---|---|---|
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | Bunaítear luachanna córa ar mheastacháin do chonarthaí comhchosúla arna dtrádáil i margadh gníomhach. | Níl infheidhme | Níl infheidhme |

**Ionstraimí airgeadais nach dtomhaistear ag luach cóir**

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir suntasacha neamh-inbhraite |
|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | Sreabhadh airgid lascainithe bunaithe ar rátaí úis luaite le hiasachtaithe. | Níl infheidhme |

**(g) Ionstraimí airgeadais díorthaigh**

Leagtar amach thíos an sreabhadh airgid de réir conarthaí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais díorthaigh:

| 31-Noll-20 | Suim ghlanluacha €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1 bhliain €'000 | 1-2 bliana €'000 | 2-5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| **Glandliteanais dhíorthacha** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | **(417)** | **(417)** | **(338)** | **(79)** | **-** |

| 31-Noll-20 | Suim ghlanluacha €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1 bhliain €'000 | 1-2 bliana €'000 | 2-5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **RTÉ** | | | | | |
| **Glandliteanais díorthacha** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | **(417)** | **(417)** | **(338)** | **(79)** | **-** |

## 23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

| 31-Noll-19 | Suim carraeireachta<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí<br>€'000 | Laistigh de 1 bhliain<br>€'000 | 1-2 bliana<br>€'000 | 2-5 bliana<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| **Glansócmhainní díorthacha** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | 316 | 316 | 326 | (10) | - |

| 31-Noll-19 | Suim carraeireachta<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí<br>€'000 | Laistigh de 1 bhliain<br>€'000 | 1-2 bliana<br>€'000 | 2-5 bliana<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **RTÉ** | | | | | |
| **Glansócmhainní díorthacha** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | 316 | 316 | 326 | (10) | - |

Déantar aon ghnóthachan nó caillteanas ag eascairt as athrú ar luach cóir réamhchonarthaí i malairt eachtrach a lua go díreach sa Ráiteas Ioncaim.

Amhail an 31 Nollaig 2020 bhí iasachtaí iomlána €65.0 milliún ag an nGrúpa (2019: €60.0 million). Rinne an Grúpa babhtáil ar ráta úis arb ionann é is €40 milliún d'fhonn ráta seasta a dhéanamh den ráta athraitheach ar iasachtaí 2014 go dtí tráth na haibíochta i mí Mheitheamh 2019. Nuair a bunaíodh an fálú, rinneadh an Grúpa an caidreamh fálaithe a ainmniú go foirmiúil. In 2019, rinneadh an tsaoráid a athmhaoiniú agus bhí an fálú gan éifeacht.

## 24. Ceangaltais, Teagmhais agus Barántais Airgeadais

**(a) Ceangaltais chaipitil**

| | Grúpa 2020<br>€'000 | Grúpa 2019<br>€'000 | RTÉ 2020<br>€'000 | RTÉ 2019<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith | **4,949** | 3,229 | **4,672** | 2,999 |
| Údaraithe ach gan conradh socraithe ina leith | **476** | 962 | **77** | 498 |
| | **5,425** | 4,191 | **4,749** | 3,497 |

**(b) Ceangaltais maidir le ceannachán clár/ceart**

| | Grúpa 2020<br>€'000 | Grúpa 2019<br>€'000 | RTÉ 2020<br>€'000 | RTÉ 2019<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith | **62,134** | 87,804 | **62,134** | 87,804 |

**(c) Dliteanais theagmhasacha**
De bharr nádúr a oibríochtaí, tá an Grúpa ina pháirtí in imeachtaí éagsúla dlí le tríú páirtithe a d'eascair i rith gnáthchúrsaí gnó. Cé nach féidir a thomhas go cruinn an dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na himeachtaí éagsúla, tá an Bord sásta go bhfuil soláthar dóthanach déanta don toradh is dócha a bheidh ar na himeachtaí sin.

**(d) Barántais**
Amhail an 31 Nollaig 2020 cheangail RTÉ le saoráid barántais dar luach €3.5 milliún a rachaidh in éag ar an 31 Iúil 2021.

**(e) Seirbhísí teilifíse digití i dTuaisceart Éireann**
Tá comhfhiontar nasctha ag RTÉ le TG4 maidir le seirbhísí teilifíse digiteacha a chur ar fáil i dTuaisceart Éireann agus tá dliteanas cistíochta ar RTÉ faoin gcomhaontú sin a thiocfaidh in éag i mí Deireadh Fómhair 2024. Ba ionann an gealltanas a bhí fós ann amhail an 31 Nollaig 2020 agus €2.0 milliún.

## 25. Deonaithe

**(a) Deontais Chaipitil**

| | Grúpa 2020 €'000 | Grúpa 2019 €'000 | RTÉ 2020 €'000 | RTÉ 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | **7,904** | 7,946 | **-** | - |
| Deontais a fuarthas maidir le togra 700 MHz | **170** | - | **-** | - |
| Scaoilte chuig an Ráiteas Ioncaim | **(282)** | (42) | **-** | - |
| Amúchadh ar dheontas caipitil | **(2,981)** | - | **-** | - |
| | **4,811** | 7,904 | **-** | - |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **4,408** | 4,518 | **-** | - |
| Dliteanais reatha | **403** | 3,386 | **-** | - |
| | **4,811** | 7,904 | **-** | - |

D'eisigh an DTCAGSM deontas caipitil a thosaigh sa bhliain 2017 le RTÉ Transmission Network DAC, fochuideachta de chuid RTÉ i ndáil le socrú do bhanda minicíochta Speictream 700 MHz a ghlanadh faoi mar a ordaítear faoi threoracha ón AE. Tá an ghluaiseacht maidir leis an deontas i rith na bliana i gcomhréir le polasaí cuntasaíochta an Ghrúpa.

**(b) Deontais Eile**

Le linn na bliana, bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) deontas €585,000 ar RTÉ (2019: €585,000) chun cláir a bhaineann le heolaíocht a dhéanamh. Fuarthas €535,000 le linn na bliana (2019: €605,000).

Bronnadh deontas €16,400 (2019:€215,900) ar RTÉ €513,896) faoin scéim Fuaim & Fís de chuid BAI agus an Scéim Cartlannaíochta i leith maoiniú clár agus an leabharlann cartlannaíochta a dhigitiú. Le linn na bliana, fuair RTÉ €169,102 (2019: €159,665) maidir le deontais a bronnadh.

Bronnadh deontas €1,109,000 ar RTÉ ón gClár Náisiúnta Éire Ildánach in 2020 (2019:nialas). Fuarthas ranníocaíocht €1,109,000 de sin in 2020 (2019: €50,000) le cur i dtreo an chostais a bhain le tionscnamh bunaithe ar chultúr lenar áiríodh plean teilgin náisiúnta ealaíon a bhí mar chuid de *RTÉ Shine Your Light Solstice*, promóisin shaincheaptha RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona a chruthú agus comórtas náisiúnta ealaíona digití do leanaí - *This is Art*.

Bhronn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán dhá dheontas ar RTÉ in 2020 arbh fhiú €218,476 san iomlán iad maidir le tionscadail chun comóradh a dhéanamh ar Chogadh na Saoirse agus ar an nGorta Mór. Fuarthas €80,125 i rith na bliana.

## 26. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

**(a) Idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta**

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh mar Chorparáid Craolacháin Seirbhíse Poiblí faoi *Údarás Craolacháin na hÉireann, 1960*. Is é an Rialtas a cheapann comhaltaí Bhord RTÉ. Meastar go dtagann an Grúpa faoi rialú an Rialtais agus áirítear dá bhrí sin an Rialtas mar pháirtí gaolmhar de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin sna caighdeáin chuntasaíochta. Tá an cás eisceachta sin faoi IAS 24 Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara trína mbíonn díolúine maidir leis na coinníollacha faoi nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa maidir leis an Rialtas agus eintitis a bhaineann leis an Rialtas murar díol suntais aon idirbheart amháin as féin nó murar díol suntais idirbhearta éagsúla ar a dtabhairt le chéile.

I mbun an ghnáthghnó dó bhí an grúpa páirteach in idirbhearta leis an Rialtas, agus le heintitis a bhaineann leis an Rialtas, maidir le seirbhísí fógraíochta agus seirbhísí eile den chineál céanna a chur ar fáil, chomh maith le ceannachán agus díolachán ar earraí agus ar sheirbhísí le ranna Rialtais agus eintitis atá faoi rialú Rialtas na hÉireann. Is é An Post a bhailíonn an táille ceadúnais teilifíse thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Amhail an 31 Nollaig 2020, ba ionann an t-iomlán a bhí iníoctha le gnóthais fhochuideachtaí de chuid RTÉ agus €189.3 milliún (2019: €185.4 million).

## 26. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**(b) Idirbhearta le daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta** [1]

Chun críche na gcoinníollacha maidir le nochtadh a thagann faoi IAS 24 *Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara* is iad a thagann faoi scáth an téarma "daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta" (i.e. na daoine sin a dtugtar údarás dóibh agus a leagtar freagracht orthu maidir le pleanáil, stiúradh agus rialú a dhéanamh ar bheartaíocht na cuideachta) comhaltaí Bhord RTÉ, an Príomh-Stiúrthóir, Feidhmeannas RTÉ agus na feidhmeanna corparáide a thuairiscíonn go díreach chuig an bPríomh-Stiúrthóir. €3.4 milliún an tsuim iomlán i gcúiteamh a híocadh le pearsanra bainistíochta in 2020 (2019: €4.0 milliún). Bhí an tsuim sin comhdhéanta de thuarastail agus de shochair ghearrtéarmacha d'fhostaithe de €2.6 milliún (2019: €3.0 milliún), sochair pinsin iar-fhostaíochta de €0.4 milliún (2019: €0.4 milliún) agus sochair fhoirceanta de €0.4 milliún (2019: €0.6 million).

Ba ionann luach ceannacháin RTÉ ó chuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórthábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2020 agus €1.4 milliún (2019: €1.3 milliún) agus ba maidir le cláracha coimisiúnaithe den chuid is mó an caiteachas sin. Ba ionann luach díolacháin RTÉ le cuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórthábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2020 agus €0.1 milliún (2019: nialas). Ba ionann luach dliteanais faoi réir conartha ó chuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórthábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2020 agus €0.4 milliún (2019: €0.7 milliún). Ní raibh aon suim ábhartha ag seasamh amach ag deireadh ceachtar den dá bhliain.

Ba ionann luach na ranníocaíochtaí cláir a d'íoc RTÉ le comhaltaí Boird, le daoine eile a bhfuil mórthábhacht leo ar an lucht bainistíochta agus le daoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu leo i rith na bliana 2020 agus nialas (2019: nialas).

***Téarmaí agus coinníollacha na n-idirbheart le páirtithe gaolmhara***

Is ar na téarmaí céanna atá i réim maidir le hidirbhearta neamhthuilleamaíocha a dhéantar an díolachán agus an ceannachán le páirtithe gaolmhara.

1 Tugtar san áireamh le páirtithe gaolmhara daoine den lucht bainistíochta mórthábhachta, a gcuid gaolta gairide agus eintitis sheachtracha atá faoina smacht.

## 27. Dliteanas Léasa

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Dliteanais Léasa** | | | | |
| **Ana anailísiú mar** | | | | |
| Neamhreatha | **1,972** | 2,799 | **657** | 897 |
| Cúrsaí | **467** | 719 | **241** | 464 |
| | **2,439** | 3,518 | **898** | 1,361 |
| **Anailís aibíochta** | | | | |
| Bliain 1 | **467** | 719 | **241** | 464 |
| Bliain 2 | **432** | 512 | **202** | 253 |
| Bliain 3 | **359** | 478 | **205** | 214 |
| Bliain 4 | **207** | 381 | **71** | 192 |
| Bliain 5 | **197** | 229 | **59** | 58 |
| Ar aghaidh | **777** | 1,199 | **120** | 180 |
| | **2,439** | 3,518 | **898** | 1,361 |

Níl aon riosca suntasach leachtachta i ndán don chuideachta maidir lena dliteanais léasa. Déantar monatóireacht ar dhliteanais léasa laistigh d'fheidhm chistíochta na Cuideachta.

## 28. Ceadú an Bhoird

Cheadaigh Bord RTÉ na ráitis airgeadais atá ó leathanach 96 go dtí leathanach 150 maidir leis an mbliain dár críoch an 31 Nollaig 2020 ar an 29 Aibreán 2021.

# Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Beartais Chuntasaíochta

## 1. Bunús na Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos liosta iomlán ár mbeartas cuntasaíochta. Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ ach amháin i gcás na gcaighdeán nua agus na leasuithe ar na caighdeáin arna leagan amach thíos.

**(a) Eintiteas tuairiscithe**

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht um Údaráis Craolacháin, 1960* agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amhail an 31 Nollaig 2020 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 comhdhéanta an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialaíonn sé (dá dtagraítear in éineacht mar an "Grúpa").

**(b) Ráiteas maidir le comhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha *Acht na gCuideachtaí 2014* a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin tá Ráiteas máthairchuideachta RTÉ maidir le Staid Airgeadais, Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a d'éileodh *Acht na gCuideachtaí 2014* de ghnáth. Tá leasú déanta ar Ráiteas Ioncaim Grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

**(c) Bunús an ullmhaithe**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

I euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000) a ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSanna ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na mbeartas cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar díobh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi. Le luacháil ar an scéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna beartais chuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

**(d) Caighdeáin nua agus athchóirithe a ghlacadh**

Ghlac an Grúpa le linn na bliana le roinnt leasuithe ar chaighdeáin an IFRS agus le léirmhínithe arna n-eisiúint ag an IASB a raibh éifeacht leo go ceann tréimhse bliana ag tosú an 1 Eanáir 2020 nó ina dhiaidh. Ar ghlacadh lei sna leasuithe agus nochtuithe, ní raibh aon tionchar ábhartha ar nochtuithe ná ar na méideanna arna dtuairisciú sna ráitis airgeadais seo.

**Leasuithe ar Thagairtí maidir leis an gCreat Coincheapúil i gCaighdeáin IFRS**

Áirítear leasuithe iarmhartacha sna leasuithe ar Chaighdeáin lena mbaineann chun go mbeidh siad ag tagairt don *Chreat* nua. Ní dhéanann na leasuithe ar fad, áfach, na ráitis sin a uasdhátú, maidir le tagairtí do agus sleachta as an *gCreat*chun go dtagróidh said don *Chreat Coincheapúil*. Ní nuashonraítear roinnt ráiteas ach chun an leagan den Chreat a bhfuiltear ag tagairt dóibh a thabhairt le fios (*Creat* IASC ar ghlac an IASB leis in 2001, *Creat* IASB na bliana 2010, nó *Creat* na bliana 2018 a leasaíodh le déanaí) nó chun a thabhairt le fios nach bhfuil sainmhínithe sa Chaighdeán uasdhátaithe leis na sainmhínithe nua a forbraíodh sa *Chreat Coincheapúil* leasaithe. Is iad na Caighdeáin IFRS 2, IFRS 3, IFRS 6, IFRS 14, IAS 1, IAS 8, IAS 34, IAS 37, IAS 38, IFRIC 12, IFRIC 19, IFRIC 20, IFRIC 22, agus SIC-32 atá leasaithe. Níl aon tionchar ábhartha ar an nGrúpa maidir leis an gcaighdeán seo a ghlacadh.

**Leasuithe ar IFRS 3 Sainmhíniú ar ghnó**

Soiléirítear leis na leasuithe, cé go mbíonn aschuir ag gnónna de ghnáth, nach bhfuil gá le haschuir do shraith chomhtháite gníomhaíochtaí agus sócmhainní chun bheith incháilithe mar ghnó. Chun aitheantas a fháil mar ghnó ní mór ar a laghad ionchur agus próiseas substainteach a chuireann, le chéile, go mór le cumas aschuir a chruthú a bheith san áireamh i sraith gníomhaíochtaí agus sócmhainní faighte. Baineann na leasuithe an measúnú cibé an bhfuil nó nach bhfuil rannpháirtithe sa mhargadh ábalta ionchuir nó próisis a chur in áit aon ionchuir nó próisis atá ar iarraidh agus leanúint d'aschuir a thairgeadh. Tugtar isteach treoir bhreise leis na leasuithe sin freisin a chuidíonn a shocrú cibé an bhfuil nó nach bhfuil próiseas substainteach faighte. Tugtar isteach tástáil chomhtháite roghnach leis na leasuithe a cheadaíonn measúnú simplithe a dhéanamh ar cibé an ionann sraith gníomhaíochtaí agus sócmhainní faighte agus gnó nó nach ea. Faoin tástáil chomhtháite roghnach, ní hionann sraith gníomhaíochtaí agus sócmhainní faighte agus gnó má tá luach cóir na sócmhainní comhlána comhtháite den chuid is mó i sócmhainn inaitheanta aonair nó i ngrúpa de shócmhainní den chineál céanna. Cuirtear na leasuithe i bhfeidhm go hionchasach ar gach cónasc gnó agus fáil sócmhainní arb ionann dáta na fála agus an 1 Eanáir 2020 nó ina dhiaidh. Níl aon tionchar ábhartha ar an nGrúpa maidir leis an gcaighdeán seo a ghlacadh.

# Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**Leasuithe ar IAS 1 agus IAS 8 Sainmhíniú ar ábhar**
Déanann na leasuithe níos éasca é ábhar in IAS 1 a thuiscint agus níl sé i gceist leo athrú a dhéanamh ar an mbunchoincheap a bhaineann le hábharthacht sna Caighdeáin IFRS. Tá an coincheap eolas ábhartha a dhéanamh 'doiléir' le heolas neamhábhartha áirithe mar chuid den tsainmhíniú nua. Tá an tairseach d'ábharthacht a imríonn tionchar ar úsáideoirí athraithe ó d'fhéadfadh tionchar a imirt' go 'go bhféadfaí le réasún a cheapadh go mbeadh tionchar acu'. Tá tagairt don sainmhíniú maidir le hábhar in IAS 1 curtha in ionad an tsainmhínithe maidir le hábhar in IAS 8. Chomh maith leis sin rinne an IASB leasuithe ar Chaighdeáin eile agus ar an *gCreat Coincheapúil* ina bhfuil sainmhíniú 'd'ábhar' nó ina bhfuil tagairt don téarma 'ábhar' chun seasmhacht a chinntiú. Níl aon tionchar ábhartha ar an nGrúpa maidir leis an gcaighdeán seo a ghlacadh.

**(e) Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós**
Níl éifeacht fós le roinnt caighdeán nua, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe agus níor cuireadh i bhfeidhm iad is na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Níl i gceist ag an nGrúpa na caighdeáin seo a chur i bhfeidhm roimh an am; déanfar, ina ionad sin, iad a chur i bhfeidhm ón dáta éifeachta de réir mar a shocraítear sin i gcomhréir le dáta a n-aontú ag an AE. Áirítear orthu sin:

| | |
|---|---|
| • IFRS 17 Conarthaí Árachais | Dáta feidhmithe le deimhniú ag IASB |
| • IFRS 10 agus IAS 28 (leasuithe) Díol nó Deonachán Sócmhainní idir Infheisteoir agus a Fhiontar Comhlachaithe nó Comhfhiontar | Dáta feidhmithe le deimhniú ag IASB |
| • Leasuithe ar IAS 1 Rangú Dliteanas mar Reatha nó Neamhreatha | Dáta feidhmithe le deimhniú ag IASB |
| • Leasuithe ar IFRS 3 Tagairt don Chreat Coincheapúil | Dáta feidhmithe le deimhniú ag IASB |
| • Leasuithe ar IAS 16 Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh - Fáltais roimh Úsáid Bheartaithe | Dáta feidhmithe le deimhniú ag IASB |
| • Leasuithe ar IAS 37 Conarthaí Dochraideacha - Costas a a bhaineann le Conradh a Chomhlíonadh | Dáta feidhmithe le deimhniú ag IASB |
| • Leasuithe ar IFRS 1 Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta a Ghlacadh den Chéaduair, IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais, IFRS 16 Léasanna, agus IAS 41 Talmhaíocht | Dáta feidhmithe le deimhniú ag IASB |

Ní dóigh leis na stiúrthóirí go mbeidh tionchar ábhartha ag glacadh na gcaighdeán atá liostaithe thuas ar ráitis airgeadais an Ghrúpa sna tréimhsí amach anseo.

## 2. Aitheantas Ioncaim

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascainí socraíochta nó lascainí ó thaobh méid.

Tá IFRS 15 i bhfeidhm i ndáil le gach sruth ioncaim an Ghrúpa seachas ar ioncam ón táille ceadúnais a thagann faoin IAS 20 *Cuntasaíocht maidir le Deontais ón Rialtas agus Cúnamh ón Rialtas a Nochtadh*. Déantar na sruthanna ioncaim eile, mar atá leagtha amach thíos, a aithint nuair a aistrítear na seirbhísí nó earraí atá geallta chuig na custaiméirí. Tá cur chuige 5 chéim glactha ag an nGrúpa maidir le tráthú aitheantais ioncaim bunaithe ar oibleagáidí feidhmíochta i gconarthaí custaiméirí. Is éard atá i gceist leis seo an conradh le custaiméirí a aithint, na hoibleagáidí feidhmíochta a aithint, praghas an idirbhirt a ríomh, an praghas a leithroinnt chuig na hoibleagáidí feidhmíochta laistigh den chonradh agus ioncam a aithint nuair atá na hoibleagáidí feidhmíochta bainte amach.

**(a) Ioncam ón gceadúnas teilifíse**
Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) mar ghníomhaire bailithe na táille ceadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón Táille Ceadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DTCAGSM, glan ó chostais bailiúcháin. Ina theannta sin, íocann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta (DEASP) ioncam ón táille ceadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse "saor in aisce". Íocann an DEASP an t-ioncam seo chuig an DTCAGSM gach mí.

Mar a fhoráiltear in Alt 123 den *Acht um Údarás Craolacháin 2009* arna leasú le hAlt 69 den *Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011* íocann an DTCAGSM "deontas i gcabhair" neamh-inaisíoctha le RTÉ ó na táillí ceadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón DEASP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bailiúcháin, tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta agus suimeanna eile a íoctar le TG4 arna chinneadh ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón táille ceadúnais atá iníoctha ag an DEASP. Déantar an t-ioncam eile ar fad ón táille ceadúnais a áireamh ar thuairisc a fháil ó An Post ar líon na gceadúnas a ceannaíodh i rith an tréimhse.

**(b) Ioncam fógraíochta agus urraíochta**

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin ghníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl.

**(c) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó áiseanna**

Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus áiseanna ón úsáid a bhaineann an tríú pháirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

**(d) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí**

Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an *RTÉ Guide* a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus bíonn sé luaite glan ó tháillí dlite don dáileoir agus don mhiondíoltóir deiridh. Ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Ceolfhoirne RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlite.

**(e) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar**

Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

## 3. Tuairisciú Rannóige

Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán IFRS 8 *Rannóga Oibriúcháin* a leagan amach sna sceidil 2(d) agus 2(f). Is iad na rannóga príomhrannóga tuairiscithe ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i sceideal 2(e).

I nóta 2(d), déantar an t-ioncam tráchtála a lua maidir leis an roinn Tráchtála den chuid is mó. Tuairiscítear ioncam 2rn sa Rannóg Líonraí. Luaitear an t-ioncam ó dhíolachán na cartlainne agus na leabharlainne sa rannán Ábhair. Luaitear ioncam ó sheirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil agus roinnt cineálacha beaga eile ioncaim maidir le réimsí eile. Is feidhm é tuairisciú an ioncaim ón táille ceadúnais laistigh de gach rannóg den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh.

Déantar costais arna dtabhú ag rannóg agus ar son rannóige a lua taobh istigh den rannóg sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na rannóga sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail cuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláracha teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar na rannáin maidir le hÁbhar agus Nuacht & Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Tá RTÉ ag cur lena aschur neamhlíneach agus is ar na hardáin dhigiteacha atá níos mó clár á gcraoladh den chéad uair anois agus le haistriú chuig cur chuige ar líne ar dtús i ndáil le clúdach nuachta. Chun an straitéis ar líne ar dtús seo a léiriú, leithroinntear cuid chuí den costas maidir leis an ngnáthbhonneagar bailithe nuachta a leithroinnt ar na seirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláir chraolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

## 4. Fardail Cláracha

Déantar fardail cláracha a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail clár dúchasach is cláracha a dhéanann RTÉ intí nó cláracha a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc cláracha in-tí costais dhíreacha cláracha lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc cláracha coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gcláracha dúchasacha go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail cláracha faighte agus cláracha agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardal cláracha faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcraoltóir. Gearrtar fardail cláracha faighte chuig an Ráiteas Ioncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Gnéchláracha: | 75% ar an gcéad tarchur |
| | 25% ar an dara tarchur |
| Sraitheanna: | 99% ar an gcéad tarchur |
| | 1% ar an dara tarchur |

# Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal chearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gceart. Sa chás go n-eisíonn RTÉ focheadúnais maidir le cearta spóirt don tríú páirtí, déantar an t-ioncam agus an costas a ghabhann leis sin a lua ar bhonn glan sa Ráiteas faoin Ioncam. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas Ioncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á gcraoladh.

## 5. Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí airgeadraí feidhme eintitis an ghrúpa faoi seach ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ar an dáta tuairiscithe go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm an dáta sin. Áirítear aon ghnóthachain nó aon chaillteanais mar thoradh ar athrú ar rátaí malartaithe i ndiaidh dháta an idirbhirt mar ghnóthachan nó caillteanas malartaithe sa Ráiteas Ioncaim.

## 6. Maoin, Innealra agus Trealamh

**(a) Aitheantas agus tomhas**

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ag costas stairiúil glan ar dhímheas carntha agus ar aon chaillteanas lagaithe carntha.

Áirítear ar chostas caiteachas a bhaineann go díreach le sócmhainn a éadáil. Áirítear ar chostas sócmhainne féin-tógtha costais ábhair agus saothair dhírigh agus aon chostas eile a bhain go díreach le bail oibre a chur ar an tsócmhainn don úsáid bheartaithe chomh maith leis na costais a bhain le nithe a bhaint anuas agus a thabhairt den láthair chomh maith leis an láthair ar a mbeidís a athchóiriú. Déantar bogearraí a cheannaítear atá riachtanach le go n-oibreodh trealamh a chaipitliú mar chuid den trealamh sin.

Sa chás gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn agus gur féidir costas na rannóige ar tháinig sé ina áit a thomhas go hiontaofa áirítear costais dá éis sin i suim charraeireachta sócmhainne nó aithnítear ina sócmhainn ar leith í, mar is cuí. Cuirtear gach costas deisithe agus cothabhála eile de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim sa tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Luaitear stoic de mhionpháirteanna breise ag a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé is lú agus cuirtear san áireamh iad i dtionscadail Chaipitil atá ar bun.

**(b) Dímheas**

Soláthraítear dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh, seachas talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn na líne dírí thar a saol úsáideach measta, lúide luach iarmharach measta.

Seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Foirgnimh | 2.5% | - | 25% |
| Innealra & trealamh | 7.5% | - | 20% |
| Fearais & feistis | 10% | - | 25% |

Is ionann tionscadail chaipitil atá ar bun is an costas a bhaineann le maoin, innealra agus trealamh a cheannach agus a shuiteáil sula gcuirtear ag obair iad. Muirearaítear dímheas ar shócmhainní ó dháta a gcoimisiúnaithe.

Sa chás go mbíonn saolré úsáideach éagsúil ag páirteanna de rannóg maoine, innealra nó trealaimh is mar mhíreanna (mór-chomhpháirteanna) maoine, innealra nó trealaimh ar leithligh a dhéantar cuntas orthu agus dímheastar iad dá réir.

**(c) Lagú**

De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar suim charraeireachta foirgneamh, innealra agus trealaimh a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

**(d) Costais iasachta**

Mar chuid de chostas na sócmhainne a dhéantar caipitliú ar chostais iasachta a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a cheannach, a thógáil nó a tháirgeadh agus a ghlacann tréimhse shuntasach lena réiteach dá húsáid bheartaithe. Déantar gach costas iasachta eile a chuntas sa tréimhse inar tharla siad. Bíonn costais iasachta comhdhéanta d'ús agus costais eile a thabhaíonn eintiteas maidir le cistí a fháil ar iasacht.

## 7. Sócmhainní Doláimhsithe

**(a) Aitheantas agus tomhas**

A mhéid is gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn amach anseo agus gur féidir costas na sócmhainne a thomhas go hiontaofa a aithnítear sócmhainn doláimhsithe, sócmhainn neamh-airgeadaíochta nach bhfuil substaint fhisiceach ag baint léi. Meastar an tsócmhainn a bheith so-aitheanta nuair atá sí indeighilte nó go n-eascraíonn sí ó chearta conarthacha nó ó chearta dlíthiúla eile, cibé acu an mbíonn na cearta sin inaistrithe nó indeighilte ón nGrúpa nó ó chearta agus oibleagáidí eile, nó nach mbíonn.

Iompraítear sócmhainní doláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh fabhraithe agus aon chaillteanais lagaithe fabhraithe. Baineann sócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa go hiomlán le bogearraí.

Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ina dhiaidh sin ach amháin má chuireann sé le tairbhe eacnamaíochta na sócmhainne ar leith lena mbaineann sé amach anseo.

**(b) Amúchadh**
Déantar sócmhainní doláimhsithe, a bhfuil saolta eacnamaíochta úsáideacha teoranta acu, a amúchadh go dtí an ráiteas ioncaim ar bhonn na líne dírí thar a saolta úsáideacha measta ón dáta a mbíonn siad ar fáil le húsáid. I gcás bogearraí ríomhaire, is 3 go 5 bliana de ghnáth a bhíonn sna saolta eacnamaíocha úsáideacha.

**(c) Lagú**
De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar suim charraeireachta shócmhainní doláimhsithe a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

## 8. Ionstraimí airgeadais

**(a) Ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh**
Tá ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh comhdhéanta de thrádáil agus nithe infhaighte eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh), infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, airgead tirim srianta, iasachtaí agus iasachtaíochtaí, ioncam carntha, sochair fostaithe agus trádáil agus nithe iníoctha eile.

Aithnítear ar dtús ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh ag luach cóir. Ina dhiaidh sin tomhaistear ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh mar a leagtar amach thíos.

***Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí***
Ag costas a aithnítear infheistíochtaí RTÉ i bhfochuideachtaí ina Ráiteas ar Staid Airgeadais, lúide caillteanais lagaithe.

***Suimeanna infhaighte trádála agus eile***
Tugtar nithe infhaighte trádála agus eile ag costas amúchta a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo. Iompraítear nithe infhaighte trádála ag suim an tsonraisc bhunaigh lúide aon lagú maidir le suimeanna a bhféadfadh sé tarlú nach bhféadfaí iad a in-aisghabháil. Aithnítear lagú mar sin má tá fianaise oibiachtúil ann i ndiaidh na céad aitheanta go bhféadfadh sé nach bhféadfaí in-aisghabháil a dhéanamh ar iarmhéid go hiomlán ná cuid de.

***Infheistíochtaí leachtacha***
Tá infheistíochtaí leachtacha comhdhéanta de thaiscí gearrthéarmacha agus infheistíochtaí sócmhainne reatha ag a bhfuil dáta aibíochta nach mó ná trí mhí ón dáta a bhfuarthas iad ach nach lú ná dhá mhí dhéag ó dháta dheireadh na bliana. Ó tharla aibíocht na n-infheistíochtaí seo lasmuigh den am lena rangú mar airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim faoi IAS 7 *Ráitis faoi Shreabhadh Airgid*, caitear le hiarmhéideanna gaolmhara amhail is gur sócmhainní airgeadais iad agus tugtar iad ag luach cóir ar dháta tionscanta agus luaitear iad mar chostas amúchta ina dhiaidh sin. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

***Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim***
Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim comhdhéanta d'iarmhéideanna bainc agus taiscí inghlaoite atá inchomhshóite go héasca go dtí suimeanna airgid thirim a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag a luachanna iompair nó gar dó agus bíonn faoi réir riosca neamh-shuntasach go n-athróidh luach. Sa chás is go rangaítear taiscí inghlaoite mar choibhéisí airgid thirim, is aibíocht trí mhí nó níos lú ón dáta a bhfuarthas iad a bhíonn leis na hiarmhéideanna bainteacha. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

***Fiachais agus Iasachtaí***
Taifeadtar fiachais agus iasachtaí ar a bhfuil ús ar dtús ag luach cóir, an luach cóir ar an gcomaoin infhaighte, glan ar chostais idirbheartaíochta a bhaineann. Ina dhiaidh sin tomhaistear iasachtaí ar ráta athraitheach ag costas amúchta ag baint leasa as an modheolaíocht ráta úis atá in éifeacht.

***Suimeanna iníoctha trádála agus eile***
Tugtar nithe iníoctha trádála agus eile ag costas amúchta, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo.

**(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh**
Tá an Grúpa nochtaithe do rioscaí margaidh a bhaineann le hathruithe ar rátaí úis agus ar rátaí malartaithe airgeadra. Tá an Grúpa i mbun bhabhtáil ar ráta úis chun bainistiú a dhéanamh ar athruithe ar rátaí úis ar iasachtaí an Ghrúpa. Baintear leas as réamhchonarthaí airgeadra eachtrach chun athruithe ar Dollar SAM agus Steirling a bhainistiú maidir le hidirbheartaíochtaí tuartha. Ní théann an Grúpa i mbun conarthaí díorthaigh amhantracha.

Trí lascainiú a dhéanamh ar an sreabhadh airgid measta ar an socrú babhtála chun luach reatha a léiriú ag baint leasa as an ráta margaidh cuí a chinntear luach cóir na babhtála ar ráta úis. Cinntear luach cóir na réamhchonarthaí airgeadra eachtrach bunaithe ar luach reatha an réamhphraghais atá tugtha.

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cóir ar dtús agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin go dtí luach cóir gach dáta tuairiscithe. Rangaíonn an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh mar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bharrachas nó easnamh nó mar fháluithe sreabhaidh airgid. Cuirtear aon ghnóthachain ná caillteanais a bhíonn mar thoradh ar athruithe ar luach cóir na ndíorthach isteach díreach sa Ráiteas Ioncaim, seachas an chuid de na fáluithe sreabhaidh airgid atá ag obair agus a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (mar a bhfuil cur síos thíos air).

***Fáluithe Sreabhaidh Airgid***
Nuair a chuirtear tús le fálú sreabhaidh airgid ainmníonn agus cláraíonn an Grúpa go foirmiúil an gaol fáluithe inar mian leis an nGrúpa a chur i bhfeidhm i gcuntasaíocht fálaithe agus an cuspóir bainistithe riosca agus straitéis le tabhairt faoin bhfálú.

Nuair a ainmnítear ionstraim airgeadais díorthaigh ar fhálú sreabhaidh airgid dliteanas aitheanta, aithnítear cuid éifeachtach aon chaillteanais nó gnóthachain ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go dtí díreach sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach. Aithnítear cuid neamhéifeachtach aon ghnóthachain nó caillteanais láithreach sa Ráiteas Ioncaim. Athrangaítear an méid a charntar i gcothromas sa Ráiteas Ioncaim sa tréimhse chéanna a mbíonn tionchar ag an ní fálaithe ar an mbarrachas nó ar an easnamh.

Mura mbeidh an ionstraim fálaithe ag comhlíonadh na gcritéar do chuntasaíocht fhálaithe nó má tharraingítear siar an t-ainmniúchán cuirtear deireadh go hionchasach leis an gcuntasaíocht fhálaithe.

## 9. Sochair d'Fhostaithe

**(a) Oibleagáidí sochair scoir**
Déanann an Grúpa, trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, Scéim Pinsin Ranníoca Sainithe RTÉ, Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ (scéim chumaisc a bhfuil gnéithe shainithe agus ranníoca shainithe léi) agus scéimeanna ranníoca sainithe eile ranníocaíochtaí pinsin do líon suntasach fostaithe.

Maidir leis na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe agus le gné ranníocaíochtaí sainithe Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ, fabhraítear ranníocaíochtaí agus aithnítear iad sa Ráiteas Ioncaim sa tréimhse a saothraíonn na fostaithe cuí iad.

Maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ, scéim sochair shainithe aoisliúntais maoinithe agus gné sochair shainithe de Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ, nochtar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanais na scéime ó mheasúnú achtúireach, á ríomh ag baint leasa as an modh creidmheasa aonaid teilgthe, mar shóchmhainn/dliteanas sa Ráiteas ar Staid Airgeadais. An tsuim a chuirtear in aghaidh an Ráitis Ioncaim ná costas achtúireach na sochar pinsean a ghealltar d'fhostaithe a saothraíodh le linn na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a deonaíodh do chomhaltaí i rith na bliana.

Cinneann an Grúpa an (t-ioncam)/costas úis glan tríd an ráta lascaine a úsáidtear chun an oibleagáid shochair shainithe a thomhas ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm leis an dliteanas/(sócmhainn) sochair shainithe glan ag tús na tréimhse, ag cur san áireamh athruithe i rith na tréimhse mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Léirítear an costas/(t-ioncam) úis glan mar mhír airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Déantar atomhais ar an dliteanas sochair sainithe glan, torthaí ar shócmhainní an phlean agus tionchar na teorann sócmhainne a aithint láithreach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Nuair a athraítear sochair aon phlean, déantar an t-athrú ar an sochar a bhaineann le seirbhís san am atá caite a aithint láithreach sa Ráiteas Ioncaim.

**(b) Sochair Foirceanta**
Aithnítear sochair scoir mar chaiteachas nuair is léir go mbíonn an Grúpa tiomanta, is gan aon fhéidearthacht ann tarraingt siar, do phlean mionsonraithe fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint a rinneadh le hiomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear sochair d'iomarcaíochtaí deonacha mar chaiteachas má tá tairiscint ar iomarcaíocht dheonach déanta ag an nGrúpa, más dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus gur féidir an líon glactha a mheas go hiontaofa.

**(c) Sochair ghearrthéarmacha**
Ar bhonn neamh-lascainithe a thomhaistear oibleagáidí sochair fostaithe agus déantar iad a chur san áireamh de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís.

## 10. Cáin Ioncaim

**(a) Aitheantas**
Tá cáin ioncaim comhdhéanta de cháin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear caiteachas cáin ioncaim sa Ráiteas Ioncaim seachas a mhéid a bhaineann sé le rannóga a aithnítear go díreach i gcothromas agus sa chás sin a aithnítear i gcothromas.

**(b) Cáin reatha**
Is ionann cáin reatha agus an cháin ionchasach iníoctha ar ioncam incháinithe don bhliain, ag baint leasa as na rátaí cánach achtaithe nó atá achtaithe go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon leasú ar cháin iníoctha maidir le blianta roimhe sin. Tá cáin chorparáide na hÉireann dlite ar ioncam inchánaithe an Ghrúpa. Bhí ioncam a saothraíodh ó tháille ceadúnais an Ghrúpa roimh an 31 Nollaig 2006 díolmhaithe ó cháin chorparáide.

**(c) Cáin iarchurtha**

Aithnítear cáin iarchurtha leis an modh clár comhardaithe ina soláthraítear do dhifríochtaí idir an tsuim de shócmhainní agus dliteanais a iompraítear do chríocha tuairiscithe airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críocha cánach. Níl sócmhainní ná dliteanais cánach iarchurtha faoi réir lascainiú agus déantar iad a thomhais ag rátaí cánach a mheastar a bhainfidh leis an tréimhse a bhfíoraítear an tsócmhainn nó a socraítear an dliteanas bunaithe ar na rátaí cánach agus na dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substainteach ar dháta deireadh na bliana.

Aithnítear dliteanais chánach ar mhaithe le gach difríocht sealadach cánach seachas chéad aithint sócmhainne nó dliteanais in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach mbíonn tionchar aige ar an mbrabús cuntasaíochta ná ar an mbrabús ná ar an gcaillteanas inchánaithe tráth a ndéantar an t-idirbheart.

A mhéid agus is dócha a bheidh brabúis inchánaithe ar fáil ina aghaidh agus ar féidir an difríocht shealadach a úsáid a aithnítear sócmhainn cánach. Déantar sócmhainní cánach a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad a mhéid is nach dóigh níos mó go mbainfear an sochar cánach bainteach amach.

Déantar sócmhainní agus dliteanais cánach a fhritháireamh má tá ceart dlí infheidhmithe ann sócmhainní agus dliteanais chánach a fhritháireamh agus go mbaineann siad le cáin ioncaim atá á ghearradh ag an údarás céanna cánach ar an eintiteas céanna inchánaithe.

## 11. Ioncam agus Costais Airgeadais

Tá ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam ó ús ar airgead tirim agus d'infheistíochtaí leachtacha agus gluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

Tá caiteachais airgeadais comhdhéanta d'ús ar iasachtaí, ús diúltach ar thaiscí, díscaoileadh na lascaine ar chostas athstruchtúrtha agus gluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

## 12. Ioncam Díbhinne

Tugtar díbhinní a íocadh agus a fuarthas ó chuideachtaí an ghrúpa san áireamh i ráitis airgeadais na cuideachta maidir leis an tréimhse a ndearnadh na díbhinní atá i gceist a fhógairt agus a aontú lena linn.

## 13. Deonaithe

Aithnítear deontais sa Ráiteas Ioncaim sa bhliain airgeadais lena mbaineann. Aithnítear deontais mar ioncam nó baineadh iad ón gcostas a ghabhann leo, chomh fada agus atá dearbhú réasúnach faighte go gcomhlíonfaidh an Grúpa le haon choinníollacha atá leis an deontas agus go bhfaighfear an deontas. Déantar ioncam ón táille ceadúnais a chuntas i gcomhréir leis an IAS 20 *Cuntasaíocht maidir le Deontais ón Rialtas agus Cúnamh ón Rialtas* a nochtadh.

Déantar deontais caipitil a lua mar ioncam iarchurtha agus a thabhairt san áireamh leis an Ráiteas Ioncaim ar bhonn atá ag teacht leis an bpolasaí dímheasa maidir leis na sócmhainní atá i gceist.

## 14. Léasanna

***An Grúpa ina léasaí***

Measann an Grúpa cibé an léas é conradh nó an bhfuil léas mar chuid den chonradh, nuair a chuirtear tús leis an gconradh. Aithníonn an Grúpa sócmhainn ceart ar úsáid agus dliteanas léasa comhfhreagrach i leith gach socrú léasa inarb é an Grúpa an léasaí, seachas i gcás léasanna gearrthéarmacha (arna sainmhíniú mar théarma léasachta 12 mhí nó níos lú). Maidir leis na léasanna sin, aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chostas oibriúcháin ar bhonn na líne dírí thar thréimhse an léasa.

Déantar an dliteanas léasa a thomhas ar dtús ag luach reatha na n-íocaíochtaí léasa nach bhfuil íoctha ag an dáta tosaithe, arna lascainiú trí úsáid a bhaint as a ráta iasachta incriminteach.

Tá sócmhainní ceart ar úsáid comhdhéanta de thomhas tosaigh an dliteanais léasa chomhfhreagraigh, íocaíochta léasa a rinne ag an lá tosaithe nó roimhe, lúide aon tionscnaimh léasa a fuarthas agus aon chostais dhíreacha tosaigh. Déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe.

Déantar sócmhainní ceart ar úsáid a dhímheas sa tréimhse níos giorra de théarma an léasa agus saol úsáideach na sócmhainne bunaidh. Tosaíonn an dímheas ag dáta tosaithe an léasa.

# Gealltanais Feidhmíochta 2020
## Athnuachan RTÉ don chéad ghlúin eile

### Réamhrá
I ndeireadh na bliana 2019, chuir RTÉ a Straitéis Leasaithe 2020-2024 faoi bhráid an Rialtais, plean chun meáin chumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann a thabhairt ar chaoi inmharthanachta agus lena ndírítear ar chuid mhór de na réimsí deacrachta a chuirtear roimh RTÉ. Leagtar amach ann meascán nua de sheirbhísí beo agus ar líne saor in aisce, agus cuireann sin ábhar iontach agus éagsúil ar fáil don lucht féachana ag amanna agus ar dheiseanna a oireann dóibh féin. Déantar an méid a cheart do RTÉ seasamh dó a athrú chomh maith don am i láthair agus don am atá le teacht, ag cur le fís na heagraíochta agus mar léargas ar an bhfís sin: *A bheith ina chrann seasta ag cultúr na hÉireann trí spéis an lucht féachana agus éisteachta a shásamh le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach, iléagsúlacht dhomhain na tíre a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú*. Rinneadh pleananna na bliana 2020 a chur in oiriúint áfach (agus leanadh den athrú sin i rith na bliana) mar fhreagra ar an tionchar a bhí ag na neamhchinnteachtaí agus ag na dúshláin a bhí ann de bharr na paindéime Covid-19.

Tugtar léargas ar an gcomhthéacs sin i dTiomantais 2020 agus leagtar sé thiomantas faoi thrí cheannteideal nó cuspóirí straitéiseacha amach ann: Lucht Féachana agus Éisteachta, Ábhar agus Inbhuanaitheacht.

**An Lucht Féachana agus Éisteachta – Ábhar a chur ar fáil a bhaineann le lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ar fad, ag freastal ar gach duine, gach áit**

1. A chinntiú go mbeidh an lucht féachana agus éisteachta i gcroílár na gcinntí a dhéantar
2. A bheith san áit a bhfuil an lucht féachana – teacht a bheith ag an uile dhuine ar na seirbhísí, barr feabhais a chur ar an ábhar líneach agus digiteach ar dtús a ghlacadh

**Ábhar – Lucht féachana agus éisteachta a shásamh le meascán d'ábhar ar ardchaighdeán a thugann léargas ar scéalta na tíre a chur ar fáil**

3. Ábhar iontaofa, dúshlánach agus spéisiúil a chur ar fáil
4. Cultúr na hÉireann a Chosaint
5. Iléagsúlacht a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú

**Inbhuanaitheacht – Todhchaí na meán seirbhíse poiblí a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe**

6. Todhchaí na Meán Seirbhíse Poiblí a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe

**Tionchar Covid-19 ar thorthaí thiomantais 2020**

Bhí tionchar mór ag an bpaindéim ar imeachtaí na bliana seo, agus ar an aschur a bhí RTÉ ábalta a léiriú agus a choimisiúnú, agus, dá bhrí sin, tá sé le brath ar na torthaí i gcomórtas leis na spriocanna tiomantais. De bharr na srianta leanúnacha chun sláinte poiblí a chosaint, cuireadh mórimeachtaí spóirt agus mórimeachtaí eile, chomh maith le léiriúcháin a bhí beartaithe ar athló nó ar ceal. Mar thoradh air sin níor léiríodh go leor den mhéid ábhair lena mbaineann costas breise a bhí beartaithe a léiriú - d'ainneoin dea-iarrachtaí. Chuir RTÉ an t-ábhar a bhí á chur ar fáil in oiriúint agus leasaíodh é, agus bhain líon ollmhór den lucht féachana agus éisteachta leas as an gceangal nuachta, faisnéise siamsaíochta, cultúir agus go leor leor eile. Ar nós go leor gnónna, bhraith RTÉ luaineacht shuntasach airgeadais freisin i rith na bliana 2020. Thit ioncaim tráchtála agus ioncaim ón táille cheadúnais go suntasach agus bhí tionchar ag dúshláin léiriúcháin agus fachtóirí eile ar an mbonn costais. Cuireadh isteach ar an lucht féachana agus éisteachta a thomhais chomh maith, rud a d'fhág bearnaí in obair allamuigh i rith na bliana nó athruithe ar mhodheolaíochtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghnéithe inchomparáide ó bhliain go bliain.

Faoi réir Alt 102(3) an Achta, cuireadh Ráiteas Bliantúil RTÉ faoi Ghealltanais Feidhmíochta *2019 (ASPC)* faoi bhráid an BAI agus an Aire i mí Aibreáin 2020. Foilsíodh leagan de ina dhiaidh sin ar RTÉ.ie Cuirtear achoimre ar chomhlíonadh thiomantais na bliana 2020 i láthair anseo ag teacht le halt 102(5) den Acht. Ag teacht le halt 102(4) den Acht, rinneadh tuarascáil ar leithligh atá níos mionsonraithe maidir le gealltanais a chomhlíonadh nó eile a chur faoi bhráid an BAI agus an Aire i mí Aibreáin 2021.

## An Lucht Féachana agus Éisteachta

**Ábhar a chur ar fáil a bhaineann le lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ar fad, ag freastal ar gach duine, gach áit.**

| Gealltanas | Tionchair Phoiblí Bheartaithe | Spriocbheart | Toradh |
|---|---|---|---|
| **1. A chinntiú go mbeidh an lucht féachana agus éisteachta i gcroílár na gcinntí a dhéantar** | Tá riachtanais an lucht féachana agus éisteachta lárnach i ndáil le PSM a chur ar fáil in Éirinn.<br><br>Braitheann muintir na hÉireann go bhfuil úinéireacht acu ar a PSM agus go bhfuil ceangal acu leis. | • An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ ábhartha do mhuintir na hÉireann ag >80% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. D'aontaigh 75% de dhaoine fásta in Éirinn, 5 phointe faoi bhun na sprice agus ar aon chéim le 2019. D'fhéadfadh sé go raibh tionchar ag na gnéithe agus na dúshláin ar leith a bhain leis an mbliain 2020 ar dhearcthaí ábhartha. Féach léargas sa Réamhrá maidir le tionchar Covid-19. Tá RTÉ fós tiomanta don scór seo a fheabhsú. |
| | | • An dearcadh i measc an phobail go bhfuil ábhar agus seirbhísí den scoth ag RTÉ a choinneáil ag >75% | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas. D'aontaigh 72% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin. Sin 4 phointe níos airde i gcomórtas le 2019, ach fós níos lú ná an sprioc. Féach léargas sa Réamhrá maidir le tionchar Covid-19: níor féadadh go leor den t-ábhar lena mbaineann costas breise a bhí beartaithe ar dtús don bhliain a chur ar fáil. |
| **2. A bheith san áit a bhfuil an lucht féachana – teacht a bheith ag an uile dhuine ar na seirbhísí, barr feabhais a chur ar an ábhar líneach agus digiteach ar dtús a ghlacadh** | Tá riachtanais meán i ngach réimse de shochaí na hÉireann bainte amach.<br><br>Tá daoine óga gafa le hábhar Éireannach agus seirbhísí.<br><br>Spreagfaidh nuálaíocht i léiriúchán meán rannpháirtíocht na ndúchasach digiteach le hábhar Éireannach.<br><br>Beidh teacht éasca agus láithreach ag daoine ar ábhar Éireannach ar ghaireas dá rogha féin. | • An meánsciar den lucht féachana agus éisteachta a mhealltar chuig seirbhísí uile RTÉ a choinneáil ag 90% nó os a chionn (daoine 18+) | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • An meánsciar den lucht féachana agus éisteachta a mhealltar chuig seirbhísí uile RTÉ a choinneáil ag >90% nó os a chionn (daoine 18-34) | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • Cur le meánsciar seachtainiúil RTÉ trí dheiseanna soghluaiste agus ar líne go dtí >56% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • Sciar teilifíse RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad) ag 27% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • Sciar raidió RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad) ag ≥30% | Rinneadh maith den ghealltanas. Is ionann sin agus an meastachán is fearr, ó tharla gur éiríodh as obair allamuigh i gcomhair an tsuirbhé náisiúnta ar lucht éisteachta (JNLR) i R1 agus i R2 den bhliain 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19. |
| | | • Scála tomhais nua a fhorbairt maidir leis an Am a Caitheadh ar RTÉ agus tuairisciú ar dhaoine fásta 15+ agus daoine fásta in aois 15-34 | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • An dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chláracha agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse deiseanna ag >70% | Rinneadh maith den ghealltanas |

# Gealltanais Feidhmíochta 2020
## (ar lean)

### Ábhar

**Lucht féachana agus éisteachta a shásamh le meascán d'ábhar ar ardchaighdeán a thugann léargas ar scéalta na tíre a chur ar fáil**

| Gealltanas | Tionchair Phoiblí Bheartaithe | Spriocbheart | Toradh |
|---|---|---|---|
| **3. Ábhar iontaofa, dúshlánach agus spéisiúil a chur ar fáil** | I ré seo na bréagnuachta, tá foinse nuachta iontaofa ag muintir na hÉireann.<br><br>Coinnítear an dream is cumhachtaí i sochaí na hÉireann cuntasach, agus tugtar éagóir agus droch-chleachtas in institiúidí Éireannacha chun solais.<br><br>Cuirtear leis an oideachas in Éirinn trí dhearcthaí agus bealaí foghlama éagsúla a áireamh | • Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ ábhar N&CA atá iontaofa ar fáil a choinneáil ag ≥80% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • An dearcadh i measc an phobail go spreagann RTÉ díospóireacht náisiúnta/plé polaitíochta a choinneáil | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • An dearcadh i measc an phobail go gcoinníonn RTÉ ar an eolas mé a choinneáil ag ≥80% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| **4. Cultúr na hÉireann a Chosaint** | Spreagtar plé poiblí agus tugtar léargas ar shochaí chomhaimseartha na hÉireann.<br><br>Rachaidh an oidhreacht closamhairc shaibhir a chuirtear ar fáil trí chartlann PSM den chineál is nua-aimseartha chun leasa mhuintir na hÉireann.<br><br>Neartaítear an mórtas atá againn as ár n-aitheantas náisiúnta trína bheith rannpháirteach sa taithí chultúir agus spóirt a cheanglaíonn le chéile muid mar náisiún.<br><br>Feicfidh leanaí na hÉireann a dtaithí féin agus cloisfidh siad a nglór féin ar an scáileán, ar raidió agus ar líne.<br><br>Tiocfaidh méadú ar shuntasacht na Gaeilge agus beidh ina cuid lárnach de thírdhreach na meán Éireannach. | • An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ ina chuid thábhachtach den saol in Éirinn a choinneáil ≥80% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • An dearcadh i measc an phobail go ligeann RTÉ dom imeachtaí náisiúnta a thapú a choinneáil ag ≥80% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • An dearcadh i measc an phobail go dtugann RTÉ an méid ama ceart do chláir do leanaí a choinneáil ag ≥50%. | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • Na daoine i measc an phobail a bhfuil de dhearcadh acu go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge a choinneáil ag ≥60% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil ≥3% | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas. Is ionann sin agus an meastachán is fearr, ó tharla gur éiríodh as obair allamuigh i gcomhair an tsuirbhé náisiúnta ar lucht éisteachta (JNLR) i R1 agus i R2 den bhliain 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19. |
| | | • 'Soláthar 365' TG4 a shásamh i gcomhréir le hAlt 120 den Acht | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas. Bhí uaireanta 2020 beagán níos giorra ná an leibhéal a bhí ag teastáil, ó tharla go raibh tionchar mór ag srianta Covid-19 ar dheiseanna léirithe ábhair. Tá mar sprioc ag RTÉ an t-easnamh sin a chúiteamh in 2021, tríd an riachtanas a shásamh i dtréimhse dhá bhliain, ag brath ar shrianta. |

| Gealltanas | Tionchair Phoiblí Bheartaithe | Spriocbheart | Toradh |
|---|---|---|---|
| **5. Iléagsúlacht a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú** | Feiceann gach duine as gach cuid de shochaí na hÉireann go bhfuil ionadaíocht déanta ar a dtaithí féin ina n-eagraíocht PSM agus braitheann go bhfuil siad san áireamh.<br><br>Tá feasacht níos mó ar an éagsúlacht a bhaineann le sochaí na hÉireann agus comhtháthú sóisialta níos fearr.<br><br>Tá PSM cruthaitheach agus nuálach ar bhonn leanúnach ag Éirinn.<br><br>Tagann fás ar gheilleagar cruthaitheach na hÉireann agus déantar é a neartú agus a fhorbairt.<br><br>Tugtar ardán d'aos dána na hÉireann atá i mbun oibre cheana féin agus atá ag teacht chun cinn agus déantar iad a cheiliúradh.<br><br>Insítear scéalta iontacha mhuintir na hÉireann ar bhealach a dtuigeann cách iad agus ar bhealach cumhachtach.<br><br>Déanfar síneadh a chur leis an mbealach a mbíonn teacht ar na healaíona agus déanfar go daonlathach é agus cuirfidh sin le luach atá ag an bpobal ar an gcultúr agus oidhreacht ar leith atá againn. | • An dearcadh i measc an phobail go léiríonn RTÉ sochaí reatha na hÉireann a mhéadú go dtí ≥80% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. D'aontaigh 72% de dhaoine fásta in Éirinn, 8 bpointe faoi bhun na sprice agus ar aon chéim le 2019. Tá RTÉ fós tiomanta go hiomlán d'fheabhas a chur ar mar a thugann sé léargas ar shochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann. |
| | | • Cur leis an dearcadh i measc an phobail go bhfuil réimse nua daoine agus glórtha ar an aer ag RTÉ go dtí ≥62% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. D'aontaigh 52% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin, 10 bpointe faoi bhun na sprice. Cé gur tháinig corr aghaidh agus guth nua chun cinn, bliain dhúshlánach a bhí inti do chúrsaí léiriúcháin, agus faraor cuireadh roinnt cláracha a bhí beartaithe ar ceal.<br><br>Bhí sprioc uaillmhianach fáis ann agus tá RTÉ fós go hiomlán tiomanta d'ionadaíocht iléagsúil a fheabhsú. |
| | | • Ardsciar den ábhar a chuirtear ar fáil ar bhandaí FM Raidió RTÉ a choinneáil ina ábhar dúchasach arna chraoladh den chéad uair ag ≥80% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • Uaireanta an chloig d'ábhar dúchais mar % d'iomlán na n-uaireanta an chloig le linn buaicthráthanna ar RTÉ One a choinneáil ag ≥75%. | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • An dualgas maidir le caiteachas faoin reachtaíocht a chomhlíonadh | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí caiteachas 2020 faoi bhun an leibhéil a bhí ag teastáil, ó tharla an drochthionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar dheiseanna léirithe ábhair. Tá mar sprioc ag RTÉ an t-easnamh sin a chúiteamh in 2021, trí an riachtanach a shásamh i dtréimhse dhá bhliana, ag brath ar shrianta. |
| | | • An dearcadh i measc an phobail go bhfuil dea-thionchar ag RTÉ One ar chúrsaí drámaíochta na tíre a mhéadú go ≥70% | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas. D'aontaigh 69% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin, 1 phointe faoi bhun na sprice. |
| | | • Sástacht an phobail le caighdeán an chultúir agus na n-ealaíon ar RTÉ a choinneáil ag ≥67% | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas. D'aontaigh 65% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin, 2 phointe faoi bhun na sprice. Bhí tionchar ag na srianta ar thaibhléirithe ealaíon agus cultúir ach go háirithe. |
| | | • An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ réimse leathan de cheol ceolfhoirne ar fáil a choinneáil ag ≥56% | Sprioc cúlghairithe in 2020 |

# Gealltanais Feidhmíochta 2020
## (ar lean)

### Inbhuanaitheacht

**Todhchaí na Meán Seirbhíse Poiblí a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe**

| Gealltanas | Tionchair Phoiblí Bheartaithe | Spriocbheart | Toradh |
|---|---|---|---|
| **6. Todhchaí PSM a Chosaint** | Tá cosaint ag todhchaí PSM in Éirinn agus tá sé inbhuanaithe.<br><br>Déantar é a rith go héifeachtach agus go héifeachtúil.<br>Tacaítear leis trí ghníomhaíochtaí tráchtála RTÉ.<br><br>Tá sé oscailte, cuntasach agus trédhearcach.<br><br>Neartaítear agus tugtar cosaint do dhlisteanacht PSM in Éirinn. | • An buiséad bliantúil a shásamh. | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • Punann seirbhísí RTÉ a chur ar fáil taobh istigh den sprioc maidir le costas oibriúcháin buiséadaithe. | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • Gníomhaíochtaí tráchtála RTÉ a oibriú go héifeachtach chun an glantoradh is fearr a bhaint as gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí RTÉ agus spriocanna maidir le hioncam tráchtála Grúpa a bhaint amach. | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | | • Is ionann an caiteachas iomlán ar ábhar agus ar dháileachán mar % de na Costais Oibriúcháin agus ≥80% | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas. D'fhág srianta a bhain le Covid-19 go raibh caiteachas i ndáil le hábhar laghdaithe go mór mar gheall ar an srian a cuireadh ar chúrsaí léiriúcháin agus ar imeachtaí. Cé go raibh Costais Oibríochta eile laghdaithe chomh maith bhí ráta an chiorraithe i gcaiteachas i ndáil le hábhar i bhfad níos airde. |
| | | • An sprioc PROC* bainte amach<br><br>*Costais Oibriúcháin Cúrsaí Pearsanra | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas. Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, ba ionann PROC agus sciar níos airde de Chostais Oibríochta. |
| | | • Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ tábhachtach do shochaí na hÉireann a choinneáil ag ≥85% | Rinneadh maith ar chuid mhór den ghealltanas. D'aontaigh 84% de dhaoine fásta in Éirinn leis sin, 1 phointe faoi bhun na sprice. |
| | | • Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ iontaofa a choinneáil ag ≥75% | Rinneadh maith den ghealltanas |

# Eolas Tuairiscithe agus Staitistice Eile

## An Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta

Bunaíodh Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ ar bhonn reachtúil faoi Alt 96 den *Acht Craolacháin 2009* Cuirtear deis ar fáil don lucht féachana agus don lucht éisteachta tuairim a thabhairt maidir le toradh saothair RTÉ agus maidir le RTÉ maith a dhéanamh den sainchúram poiblí a leagtar air. Cuirtear comhairle ar Bhord RTÉ maidir le saincheisteanna sonracha a bhaineann le sainchúram poiblí RTÉ agus le riachtanais an lucht féachana agus éisteachta.

Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar réimse leathan leasanna agus cúlraí agus is é Bord RTÉ a cheapann iad, ag glacadh riachtanais an *Achta Craolacháin 2009*. san áireamh. Ceapann Bord RTÉ chomh maith duine de chomhaltaí an Bhoird (folamh faoi láthair ar feitheamh ceapacháin Boird) mar chomhalta ex-officio ar an gComhairle. Tá tuilleadh faisnéise maidir le Comhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta agus le comhaltaí na Comhairle ar fáil ar https://about.rte.ie/ie/comhairle-lucht-feachana-agus-eisteachta-rte/

## Tuarascáil Cóirthrádála RTÉ 2020

Tá RTÉ tugtha dá chinntiú go gcloítear i mbun trádála le prionsabail na cóiriomaíochta agus go n-oibrítear taobh istigh de chreat dlí an AE agus den reachtaíocht náisiúnta araon. Mheas RTÉ gur chuí, sa bhreis air sin, polasaí agus nós imeachta dá chuid féin a chur i bhfeidhm, Polasaí agus Nós Imeachta Cóirthrádála RTÉ, a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin RTÉ.

Bunaíodh an Coiste maidir le Cóirthrádáil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Pholasaí agus na Nósanna Imeachta. Is fochoiste é de chuid Bhord RTÉ. Ba iad comhaltaí an fhochoiste le linn na bliana 2020 Deborah Kelleher (Cathaoirleach) agus Ian Kehoe. Tá an fochoiste seo freagrach as maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar an bpolasaí maidir le cóirthrádáil i ndáil lena chur i bhfeidhm agus is féidir leis an bhfochoiste athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an bpolasaí chomh maith le hathbhreithniú ar an bpróiseas maidir le gearáin. Rinne an tOifigeach Cóirthrádála, Eleanor Bleahane, tuairisciú go díreach leis an bhfochoiste i rith na bliana 2020. Lean an tOifigeach Cóirthrádála de chomhairle agus treoir a thabhairt faoi chúrsaí cóirthrádála do réimsí ábhartha in RTÉ le linn na bliana 2020.


Níor tháinig gearán ar bith i rith na bliana 2020.

## Tuairisc faoi Alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta 2014*

Éilítear ar RTÉ faoi Alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta* tuairisc bhliantúil a ullmhú maidir leis an nochtadh cosanta a dhéantar faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014*. I gcomhlíonadh an choinníll sin, deimhníonn RTÉ nach ndearnadh aon nochtadh cosanta i rith na bliana dar críoch amhail an 31 Nollaig 2020.


# Eolas Tuairiscithe agus Staitistice Eile
## (ar lean)

### IARRATAÍ UM SHAORÁIL FAISNÉISE (“SF”) CHUIG RTÉ




Foinse: RTÉ

### GEARÁIN A RINNEADH LE HÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA HÉIREANN (BAI) MAIDIR LE HÁBHAR CRAOLTA DE CHUID RTÉ




Foinse: RTÉ

# Stair Airgeadais

| | IFRS 2020 €'000 | IFRS 2019 €'000 | IFRS 2018 €'000 | IFRS 2017 €'000 | IFRS 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **RÁITEAS IONCAIM** | | | | | |
| Ioncam ó cheadúnais teilifíse | **196,623** | 196,248 | 189,055 | 186,068 | 179,081 |
| Ioncam tráchtála | **134,519** | 145,837 | 150,050 | 151,508 | 158,237 |
| **Ioncam iomlán** | **331,142** | **342,085** | **339,105** | **337,576** | **337,318** |
| Costais Oibriúcháin (roimh dhímheas agus amúchadh agus mhíreanna eisceachtúla) | **(307,691)** | (337,773) | (339,803) | (334,520) | (343,448) |
| **EBITDA roimh mhíreanna eisceachtúla** | **23,451** | **4,312** | **(698)** | **3,056** | **(6,130)** |
| Dímheas agus amúchadh | **(13,543)** | (13,803) | (12,417) | (12,330) | (13,562) |
| (Caillteanas) / gnóthachtáil shócmhainní a dhiúscairt | **(8)** | 288 | 5 | 5,004 | 119 |
| Míreanna eisceachtúla [1] | **-** | 256 | (548) | 69,896 | - |
| **Brabús/(caillteanas) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin tar éis míreanna eisceachtúla** | **9,900** | **(8,947)** | **(13,658)** | **65,626** | **(19,573)** |
| Glan (chostas)/ioncam airgeadais | **(99)** | 57 | 520 | (2,115) | 217 |
| Cáin | **(1,863)** | 1,689 | 135 | (21,418) | (297) |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | **7,938** | **(7,201)** | **(13,003)** | **42,093** | **(19,653)** |
| **CLÁR COMHARDAITHE** | | | | | |
| **Sócmhainní reatha agus neamhreatha** | | | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | **60,982** | 71,028 | 67,846 | 66,114 | 70,137 |
| Sócmhainní doláimhsithe | **4,772** | 6,311 | 5,695 | 3,212 | 2,020 |
| Sócmhainn phinsin | **150,816** | 110,404 | 49,556 | 50,910 | 29,064 |
| Fardail | **26,669** | 27,689 | 31,245 | 34,871 | 35,427 |
| Infheistíochtaí airgid agus leachtacha | **87,165** | 69,149 | 66,961 | 107,119 | 17,698 |
| Sócmhainní eile | **71,509** | 63,511 | 60,246 | 59,706 | 53,706 |
| **Iomlán sócmhainní** | **401,913** | **348,092** | **281,549** | **321,932** | **208,052** |
| **Dliteanais reatha agus neamhreatha** | | | | | |
| Sochair d'fhostaithe - costas athstruchtúrtha | **13,411** | 14,332 | 16,675 | 23,055 | 12,895 |
| Dliteanais eile | **190,358** | 178,452 | 169,344 | 189,765 | 154,902 |
| Iomlán dliteanas | **203,769** | 192,784 | 186,019 | 212,820 | 167,797 |
| Cothromas | **198,144** | 155,308 | 95,530 | 109,112 | 40,255 |
| **Iomlán cothromais agus dliteanas** | **401,913** | **348,092** | **281,549** | **321,932** | **208,052** |
| **SREABHADH AIRGID** | | | | | |
| Airgead tirim glan ginte/(insúite) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | **22,560** | 8,025 | (21,156) | (7,448) | (5,402) |
| Sreabhadh airgid glan maidir le héadáil ar mhaoin, innealra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **(8,178)** | (14,287) | (18,205) | (11,386) | (8,538) |
| Glanfháltais ó mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol | **20** | 305 | 17 | 109,963 | 127 |
| **FOSTAITHE** | | | | | |
| **Líon iomlán na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig** | **1,866** | 1,831 | 1,822 | 1,924 | 1,984 |
| **FTE iomlán amhail an 31 Nollaig** | **1,758** | 1,714 | 1,691 | 1,746 | 1,834 |

1 Tugtar san áireamh le míreanna eisceachtúla, an gnóthachan ó thalamh a dhiúscairt, costas tionscadail ionas go bhféadfaí an díolachán a dhéanamh, athstruchtúrú agus muirir eile

Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

**T:** +353 1 208 3111
**F:** +353 1 208 3080

**E:** info@RTÉ.ie
www.RTÉ.ie

twitter.com/rte
linkedin.com/company/rte